An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil chomhairliúcháin maidir le *Aistear* a nuashonrú: Céim 2

Bealtaine 2024

## An Clár Ábhar


FORBHREATHNÚ AR NA PRÍOMHTHORTHAÍ Ó CHOMHAIRLIÚCHÁN CHÉIM 2 4

CUID 1: RÉAMHRÁ ... 7

**1.1 Réamhrá:** ... 7

**1.2 An comhthéacs beartais le haghaidh *Aistear* nuashonruithe** ... 8

**1.3 Na príomhtheachtaireachtaí le haghaidh *Aistear* nuashonruithe** ... 8

**1.3 Straitéis cumarsáide** ... 10

**1.4 Forbhreathnú ar an tuarascáil** ... 10

CUID 2: MODHEOLAÍOCHT ... 12

**2.1 Dearadh** ... 12

**2.2 Bailiú sonraí** ... 12

2.2.1 Guthanna nach gcloistear chomh minic céanna a chuimsiú sa chomhairliúchán ... 13

**2.3 Anailís ar shonraí** ... 14

2.3.1 Fócasghrúpaí ... 14

2.3.2 Aighneachtaí scríofa ... 15

2.3.3 Ceistneoirí ... 16

CUID 3: TORTHAÍ ... 17

**3.1 Fócasghrúpa** ... 17

3.1.1 Aitheantas ... 17

3.1.2 Caidrimh ... 29

3.1.3 Athbhreithnithe molta, ábhair mhachnaimh agus moltaí sonracha ... 31

3.1.4 *Aistear* a bhaint amach sa chleachtas ... 38

**3.2 Aighneachtaí scríofa** ... 47

3.2.1 Freagra ginearálta ar an *Aistear* nuashonraithe ... 47

3.2.2 Coincheapa agus téarmaíocht nua ... 49

3.2.3 An Ghaeilge ... 51

3.2.4 Idirghníomhaíochtaí agus Caidrimh ... 53

3.2.5 Babaithe, naíonáin agus páistí óga a aithint mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu ... 56

3.2.6 Ilchineálacht, cothromas agus ionchuimsiú ..... 59
3.2.7 Foghlaim trí shúgradh agus eispéiris phraiticiúla ..... 60
3.2.8 Leanúnachas an eispéiris agus dul chun cinn na foghlama ..... 63
3.2.9 Prionsabail na Luathfhoghlama agus na Luathfhorbartha ..... 65
3.2.10 Réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú ..... 67
3.2.11 Tacú le hOideoirí ..... 71

**3.3 Ceistneoirí ar líne ..... 72**

3.3.1 Ceistneoir na nGairmithe ..... 72
3.3.2 Ceistneoir do na tuismitheoirí/caomhnóirí ..... 93

CUID 4: ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR 'COMHAIRLIÚCHÁIN CHÉIM 2 LE BABAITHE, NAÍONÁIN, AGUS PÁISTÍ ÓGA' ..... 113

**4.1 Achoimre ar Chéim a hAon ..... 113**

**4.2 Céim 2 ..... 113**

4.2.1 Modheolaíocht ..... 114
4.2.2 Sampláil ..... 115
4.2.3 Anailís ar Shonraí ..... 117

**4.3 Príomhthorthaí ..... 117**

CUID 5: CONCLÚID ..... 120

**5.1 Gníomhartha agus príomhábhair mhachnaimh a tháinig as an gcomhairliúchán ..... 120**

**5.2 Coinníollacha fabhracha chun *Aistear* nuashonraithe a bhaint amach ..... 123**

**5.3 An chéad chéim eile i ndáil le nuashonrú *Aistear* ..... 124**

AGUISÍNÍ ..... 125

**Aguisín 1: Moltaí ó fhócasghrúpaí chun téarmaíocht / teanga a athrú (fócasghrúpaí) ..... 125**

**Aguisín 2: Aghaidh ar na Prionsabail (fócasghrúpaí) ..... 132**

**Aguisín 3: Leasuithe ginearálta ar an téacs, mar a mhol freagróirí sna haighneachtaí ar líne ..... 141**

Réamhrá den *Aistear* nuashonraithe ..... 141
Leathnaigh an cuspóir (lch 10) ..... 141
Aguisíní an Chreata ..... 141
Taifeadadh, pleanáil agus measúnú ..... 142
Grafaicí sa Chreat ..... 142

Comhroinnt eolais ..... 142
Gluais ..... 142
ETIM ..... 143
**Aguisín 4: Aiseolas maidir le Prionsabail na Luathfhoghlama agus na Luathfhorbartha: ..... 144**
**Aguisín 5: Aiseolas a bhaineann le Téamaí *Aistear* ..... 159**
**Aguisín 6: Treoirlínte don Dea-Chleachtas ..... 178**
**Aguisín 7: Impleachtaí do Luath-Thumoideachas/Suíomhanna Béarla (aighneachtaí scríofa) ..... 182**
**Aguisín 8: Aistriúcháin Ghaeilge mhalartacha a mholtar (aighneachtaí scríofa) ..... 184**
**Aguisín 9: Teimpléad aighneachtaí scríofa ..... 185**
**Aguisín 10: Grafaic eolais a léiríonn Prionsabail Aistear le haghaidh Luathfhoghlama agus Luathfhorbartha ..... 189**

## Forbhreathnú ar na príomhthorthaí ó chomhairliúchán chéim 2

D'eascair na príomhthorthaí seo a leanas as próiseas comhairliúcháin Chéim 2 chun nuashonrú a dhéanamh ar *Aistear - Creatchuraclam na Luath-Óige*:

- **Freagairt dhearfach ar an iomlán:** Ar an iomlán, ba dhearfach an fhreagairt ó na freagróirí ar an dréachtcháipéis nuashonraithe maidir le *Aistear*.

- **Aithne agus struchtúr:** Aithníodh go mbeadh taithí agus cur amach ag lucht a úsáide air a bhuí leis na nuashonruithe a moladh, maille le hinrochtaineacht fheabhsaithe agus ionramháil éasca.

- **Coincheapa agus téarmaíocht nua:** Chuir na freagróirí fáilte roimh athruithe ar an téarmaíocht go ginearálta, amhail 'babaithe, naíonáin agus páistí óga' a chur in ionad 'páistí' agus 'oideoir' a chur in ionad 'cleachtóir'. Glacadh go dearfach le coincheapa nua a tugadh isteach freisin, amhail 'oideolaíocht mhall chaidreamhach', 'an t-oideoir gníomhaíoch', agus 'an páiste gníomhaíoch'. Mar sin féin, bhí éileamh ar níos mó soiléireachta agus mínithe ar théarmaí nua. Sainaithníodh gur dearcadh rud beag 'traidisiúnta' ar an teaghlach a bhí i gceist leis an sainmhíniú a cuireadh ar fáil ar an 'tuismitheoir' sna moltaí, agus moladh sainmhíniú níos leithne ar an téarma sin.

- **Cé dó a bhfuil *Aistear* ceaptha?:** Thuairiscigh roinnt freagróirí nár shoiléir an úsáid a bhíothas a bhaint as oideoir le cur síos orthu siúd uile a úsáideann *Aistear* agus gur ghá tuilleadh machnaimh a dhéanamh air sin. Go sonrach, éilíodh infheictheacht níos mó ar fheighlithe páistí agus ar thuismitheoirí sa Chreat. Ina theannta sin, d'iarr roinnt freagróirí go mbeadh an t-oideoir níos infheicthe san fhís do *Aistear*.

- **An Ghaeilge:** B'iontach dearfach an fhreagairt a bhí ann maidir leis an nGaeilge a chur san áireamh, agus bhíothas den tuairim gur cuid lárnach den stair chultúrtha agus theangeolaíoch í. Mhol roinnt freagróirí réasúnaíocht níos soiléire maidir le téarmaí Gaeilge a úsáid agus iad a chomhtháthú ar bhealach níos éifeachtaí sa cháipéis. Éilíodh freisin go dtabharfaí níos mó aitheantais don tábhacht a bhaineann leis na teangacha eile a bhíonn le cloisteáil ag na páistí ina bpobail.

- **Idirghníomhaíochtaí agus caidrimh:** Bhí tromlach na bhfreagróirí den tuairim chéanna go dtarraingíonn na moltaí níos mó airde ar thábhacht na n-idirghníomhaíochtaí agus na gcaidreamh. Glacadh go maith leis an oideolaíocht mhall chaidreamhach, agus leagadh béim ar a thábhachtaí atá caidrimh agus idirghníomhaíochtaí ardchaighdeáin.

- **Aitheantas do chearta na bpáistí:** D'aontaigh tromlach na bhfreagróirí go leagann na moltaí béim ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu. Cuireadh imní in iúl maidir le léiriú uilíoch ar an óige a bheith á chur i láthair agus an gá atá le dul níos faide ar aghaidh ná cearta rannpháirtíochta. I measc na n-ábhar imní úd ar leag na freagróirí béim orthu,

bhí uilíocht fhéideartha an Chreata, an téarmaíocht timpeall ar an tsaoránacht a bhfuil aighneas ann fúithi, teannas idir cearta agus freagrachtaí, agus an gá atá leis an sainmhíniú ar chur chuige bunaithe ar chearta a leathnú. I measc na moltaí a tugadh, bhí creataí idirnáisiúnta a chur san áireamh agus é sin ar bhonn follasach, amhail *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (1989)* (CNACL) agus *Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (2015)*. Moladh béim a chur ar an tsaoránacht dhomhanda freisin agus mhol freagróirí tagairtí sonracha do CNACL agus do fhreagrachtaí na hÉireann ina leith sin.

- **Míniú breise agus gluais:** Mhol na freagróirí míniúcháin bhreise ar théarmaí nua, agus d'éiligh a bhformhór go mbeadh gluais chuimsitheach ann de théarmaí.

- **Ilchineálacht, cothromas agus ionchuimsiú:** D'aontaigh tromlach na bhfreagróirí go ndéanann na moltaí coincheapa na hilchineálachta, an chothromais agus an ionchuimsithe a leabú. Mar sin féin, tháinig díol imní chun cinn i ndáil leis an téarma 'comhionannas' a bheith á bhaint. Luaigh roinnt freagróirí go bhféadfaí an t-ionchuimsiú a fhí isteach sa cháipéis ó thús deireadh ar bhealach ní ba réidhe. Tá sé tábhachtach na guthanna nach bhfuil ionadaíocht chomh láidir acu sa chomhairliúchán seo a aithint. Níl peirspictíochtaí babaithe, naíonáin ná páistí óga ó phobail nach gcloistear uathu go minic chomh feiceálach céanna sa chomhairliúchán le peirspictíochtaí daoine eile. Cé gur ghlac tuismitheoirí ó na pobail seo páirt, beidh rannpháirtíocht leanúnach le pobail a chuimsíonn éagsúlacht leathan guthanna nach gcloistear chomh minic céanna riachtanach, de réir mar a thugtar Aistear nuashonraithe isteach in earnáil na luath-óige sna blianta amach romhainn. Cabhróidh an obair seo lena chinntiú go mbeidh na hacmhainní a fhorbraíonn CNCM chun tacú le hoideoirí luathbhlianta ag dul leis an gcreat nuashonraithe, le samplaí de chleachtais ionchuimsitheacha san áireamh agus go dtarraingeofaí aird ar cad a dhéanann na cleachtais seo ionchuimsitheach.

- **Foghlaim trí shúgradh agus eispéiris phraiticiúla:** Aontaíonn tromlach na bhfreagróirí go leagann na moltaí béim ar an bhfoghlaim trí shúgradh agus eispéiris phraiticiúla. Cuireadh fáilte roimh an mbéim ar shúgradh ar a shon féin agus ar an aitheantas a tugadh don cheart chun súgartha. Éilíodh sainmhíniú níos leithne ar na healaíona laistigh den cháipéis, agus béim ar an léiriú cruthaitheach. Cuireadh fáilte roimh na tagairtí don timpeallacht lasmuigh agus d'éiligh roinnt freagróirí níos mó béime fós a leagan ar pháistí a nascadh leis an domhan nádúrtha. Chuir roinnt freagróirí imní in iúl go bhféadfadh an bhéim ar shúgradh ról toiliúil an duine fásta maidir le bheith ag tacú leis an bhfoghlaim a shárú.

- **Leanúnachas an eispéiris agus dul chun cinn na foghlama:** Aithníodh go raibh tábhacht ag baint le haistrithe agus chuir na freagróirí fáilte roimh fhócas níos mó ar aistrithe i rith an lae agus ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Mar sin féin, éilíodh soiléireacht maidir leis an aistriú a measadh a bheith ag tarlú ó *Aistear* a úsáid i dtimpeallachtaí bunscoile agus ról na bhfeighlithe páistí maidir

le haistrithe laethúla. Cuireadh imní in iúl maidir le leanúnachas an eispéiris agus dul chun cinn na foghlama, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an aistriú ón luath-óige go dtí an bhunscoil.

- **Prionsabail na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha:** Chuir tromlach na bhfreagróirí fáilte roimh an laghdú ar líon na bprionsabal ó dhá cheann déag go naoi gcinn. Tugtar le fios san aiseolas go bhfuil Prionsabail agus Téamaí fite fuaite ina chéile, ach táthar ag éileamh léiriú amhairc níos soiléire ar na hidirnaisc sin. Cuireadh imní in iúl gur baineadh deiseanna foghlama samplacha agus éilíodh cur chuige forbartha comhsheasmhach.

- **Réimsí nach mór tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu:** Thug na freagróirí dá n-aire go bhfuil roinnt réimsí ann nach mór tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu. Áirítear leo sin:

    - ETIM
    - Litearthacht Dhigiteach/Teicneolaíochtaí
    - Litearthacht
    - Uimhearthacht
    - Measúnú, pleanáil agus taifeadadh.

- **Tacú le hoideoirí:** Shainaithin na freagróirí roinnt coinníollacha fabhracha a mheas siad a bheith riachtanach chun *Aistear* nuashonraithe a chur i bhfeidhm sa chleachtas. I measc na samplaí tá: an gá atá le ham le dul i dtaithí ar an *Aistear* nuashonraithe, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus cur i bhfeidhm náisiúnta comhordaithe na hoiliúna ar bhonn céimneach

# Cuid 1: Réamhrá

## 1.1 Réamhrá:

Tá *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* 15 bliana ar an bhfód anois, ó foilsíodh ar dtús é i mí Dheireadh Fómhair 2009. Agus na hathruithe móra i soláthar an oideachais luath-óige in Éirinn á n-aithint, lena gcuimsítear forbairtí, beartais, straitéisí, dul chun cinn curaclaim agus measúnaithe go náisiúnta, agus taithí saoil páistí, thug an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) faoi *Aistear* a nuashonrú. Is é is aidhm don nuashonrú a chinntiú go leanfaidh an Creat de bheith ag tacú le heispéiris foghlama agus forbartha ardchaighdeáin do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga in Éirinn sna blianta romhainn amach.

Cuirtear torthaí Chéim 2 den phróiseas comhairliúcháin i láthair sa cháipéis seo. Díríodh sa chéim sin den phróiseas nuashonraithe ar theagmháil ghníomhach a dhéanamh le páirtithe leasmhara ar mhaithe lena ndearcthaí a bhailiú ar na nuashonruithe a mholtar ar *Aistear.* Bhí Céim 1 ar siúl ó Bhealtaine 2021 go hAibreán 2022, agus le linn na tréimhse sin, iarradh ar pháirtithe leasmhara, babaithe, naíonáin, páistí óga, tuismitheoirí, oideoirí agus daoine eile ina measc, a gcuid tuairimí a roinnt maidir le láidreachtaí *Aistear* mar aon lena moltaí chun feabhsuithe agus nuashonruithe a dhéanamh. Tá an tuarascáil chomhairliúcháin ó Chéim 1 ar fáil anseo.

Cuireadh tús le Céim 2 an 11 Meán Fómhair 2023, nuair a foilsíodh dréachtmholtaí le haghaidh *Aistear* nuashonraithe. Ina dhiaidh sin, reáchtáladh comhairliúchán chun aiseolas a bhailiú ar na moltaí, agus tugadh chun críche é i mí na Samhna 2023. Sa tuarascáil seo, tugtar breac-chuntas ar na torthaí ón gcomhairliúchán sin agus pléitear na himpleachtaí a bhaineann leo maidir leis na nuashonruithe ar *Aistear* a thabhairt chun críche. Mar a rinneadh i gCéim 1, thug buíon taighdeoirí ó Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil an tSrutháin Mhilis agus Luath-óige Éireann (O'Toole, Walsh, Kerrins, Doherty, Forde, Kelleher, McCartney, Stafford, Stokes, Matson, agus Mooney, 2024), faoi chomhairliúchán ar leith le babaithe, naíonáin agus páistí óga thar ceann CNCM. Is féidir teacht ar an tuarascáil ón gcomhairliúcháin le babaithe, naíonáin agus páistí óga le linn Chéim 1 anseo agus roinnfear an tuarascáil ó Chéim 2 ag an gcéad chruinniú eile de Bhord na Luath-óige agus na Bunscoile i mí Aibreáin 2024.

Cuireadh dearadh taighde chun feidhme agus bailíodh méid suntasach sonraí, bunús na tuarascála seo, trí mhodhanna éagsúla. Tugtar breac-chuntas orthu seo i gCuid 2: Modheolaíocht, ina sonraítear dearadh an taighde, na modhanna bailithe sonraí agus an próiseas anailísithe sonraí. Cuirtear na torthaí ó na fócasghrúpaí, ceistneoirí, agus aighneachtaí i láthair i gCuid 3. Rinneadh anailís ar na sonraí ar fad a bailíodh ag baint úsáid as na modhanna bailithe sonraí éagsúla sin trí phróiseas dian láidir chun na téamaí suntasacha a tháinig chun cinn a aithint agus rinneadh anailís agus tuairisciú ar gach tacar sonraí as féin. Fiú leis an obair shaincheaptha, dírithe chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do phobail nach gcloistear chomh minic céanna i gcomhairliúcháin churaclaim, bhí ionadaíocht ó na pobail sin measartha beag. Léiríonn sé seo an tábhacht atá le rannpháirtíocht leanúnach agus mhéadaithe ag CNCM, agus acu siúd atá ag obair ar a son, leis na pobail agus leo siúd atá ag obair go dlúth leo. Cabhróidh an rannpháirtíocht seo linn, mar eagraíocht, tuiscint níos fearr a fháil ar conas is féidir linn dearadh ár gcomhairliúcháin agus ár dtaighde a fheabhsú chun rannpháirtíocht níos leithne i bhforbairt curaclaim a chumasú agus a spreagadh, agus conas is féidir linn na torthaí a chur in iúl go héifeachtach do rannpháirtithe ó na pobail. In ainneoin an teorannaithe seo, cuirtear moltaí láidre ar fáil sna torthaí lena gcuirfear bonn eolais faoin leagan deiridh d'Aistear nuashonraithe.

## 1.2 An comhthéacs beartais le haghaidh *Aistear* nuashonruithe

Táthar ag tabhairt faoi nuashonrú ar *Aistear* faoi láthair, tráth a bhfuil athrú agus fás suntasach ag tarlú san earnáil luath-óige. I dteannta leis na tionscnaimh agus na forbairtí beartais ar tarraingíodh aird orthu sa Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir le *Aistear* a Nuashonrú ó Chéim 1 (CNCM, 2022), tá forbairtí móra ag tarlú fós sa réimse seo agus tá na forbairtí sin á gcur san áireamh leis an nuashonrú. I measc na bhforbairtí suntasacha tá an *Plean Forfheidhmithe um na Chéad 5 Bliana le haghaidh 2023-2025* a nuashonraíodh, agus ina leagtar amach gníomhartha le haghaidh na dtrí bliana atá romhainn. I measc na n-athruithe ó bhonn sin in earnáil na luath-óige, moltar príomhtheachtaireachtaí tábhachtacha sa nuashonrú atá ar bun faoi láthair ar *Aistear*, agus pléifear an t-aiseolas air sin sa chuid ina dhiaidh seo.

## 1.3 Na príomhtheachtaireachtaí le haghaidh *Aistear* nuashonruithe

Bhí na moltaí le haghaidh an *Aistear* nuashonraithe bunaithe ar roinnt príomhtheachtaireachtaí a tháinig chun cinn le linn Chéim 1. Tháinig na teachtaireachtaí sin ó fhoinsí éagsúla, ina measc athbhreithniú litríochta ó French agus McKenna (2022), comhairliúchán lenar bhain babaithe, naíonáin agus páistí óga a rinne O'Toole, Walsh, Kerrins, Doherty, Forde, Kelleher, McCartney, Stafford, Stokes, Matson, agus Mooney (2023), agus Tuarascáil Chomhairliúcháin CNCM ó Chéim 1 (2023). Bhí na foinsí sin ina mbunchloch agus treoir ag forbairt na moltaí nuashonraithe, agus tugtar breac-chuntas orthu i dTábla 1.

**Tábla 1: Na príomhtheachtaireachtaí a chuir bonn eolais faoi na moltaí le haghaidh *Aistear* nuashonraithe**

| | |
|---|---|
| 1 | Dearctar ar an mbabaí, ar an naíonán agus ar an bpáiste óg mar: gníomhaíoch, inniúil agus muiníneach. |
| 2 | Dearctar ar an oideoir mar: inniúil, muiníneach, gníomhaíoch agus machnamhach. |
| 3 | Struchtúr *Aistear* a choimeád ach rannáin faoi leith a nuashonrú:<br>• Trí na Prionsabail a choimeád, a nuashonrú agus iad a bheith níos feiceálaí<br>• Trí na Téamaí a choimeád agus a nuashonrú agus na Prionsabail a fhí iontu<br>• Trí na Treoirlínte don Dea-Chleachtas a choimeád ach iad a nuashonrú. |
| 4 | Trí níos mó airde a tharraingt ar thábhacht na n-idirghníomhuithe agus na gcaidreamh:<br>• Trí dhíriú ar chaidrimh iontaobhacha a fhorbairt le babaithe, naíonáin agus páistí óga trí oideolaíocht mhall chaidreamhach<br>• Trí dhearbhú an athuair a thábhachtaí atá cur chuige a bheadh bunaithe ar phríomhdhuine<br>• Trí cheangail fheabhsaithe a chothú le cairde, pobail agus comharsanachtaí. |
| 5 | Béim bhreise a leagan ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu: |

| | |
|---|---|
| | • Trí fhócas breise a leagan ar an gceart go ndéanfaí machnamh cuí ar a gcuid barúlacha lena n-áirítear an ceart chun páirt bhríoch a ghlacadh agus tionchar a imirt ar na cinntí a théann i bhfeidhm orthu<br>• Tríd an téarma 'páistí' a bhaint amach agus na haoisraonta forluiteacha a leanas a chur isteach ina áit, mar atá, 'babaithe' (breith go 18 mí), 'naíonáin' (12 mhí go 3 bliana) agus 'páistí óga' (2.5 go 6 bliana) d'fhonn aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le gach céim faoi leith aisti féin<br>• Trí níos mó aitheantais a thabhairt do ghuthanna/teangacha éagsúla ilchineálacha na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga<br>• Tríd an tábhacht a bhaineann le cearta agus le freagrachtaí atá ag teacht chun cinn a chur chun cinn, lena n-áirítear a n-áit sa saol a fhiosrú agus a shainaithint agus; an chaoi le bheith ag maireachtáil ar bhonn inbhuanaithe a fhoghlaim. |
| 6 | Coincheapa na hilchineálachta, an chothromais agus an ionchuimsithe a leabú a thuilleadh:<br>• Trí níos mó feasachta agus tuisceana a léiriú ar shochaí ilchineálach chomhaimseartha na hÉireann lena n-áirítear ilchineálacht ó thaobh aoise, inscne, stádas teaghlaigh, creidimh, dearcadh saoil, eitneachta, lena n-áirítear ballraíocht i bpobal an Lucht Siúil, de<br>• Trí dhíriú ar mheas a léiriú agus ilchineálacht a cheiliúradh agus, ag am céanna, ár gcuid comhchosúlachtaí agus ceangail a thabhairt faoi deara agus a mhóradh<br>• Trí dhíriú ar stair agus scéal cultúrtha agus teanga na hÉireann. |
| 7 | Béim a leagan ar lárnacht na foghlama tríd an súgradh agus trí eispéiris phraiticiúla agus í a athdhearbhú:<br>• Trí éagsúlacht mhór a spreagadh ó thaobh cineálacha súgartha agus eispéireas praiticiúil de, taobh istigh agus amuigh faoin aer<br>• Trí bhéim a leagan ar thábhacht an ama, an spáis, na saoirse, na roghanna agus na n-acmhainní<br>• Trí bhéim a leagan ar an súgradh agus foghlaim amuigh faoin aer agus aird a tharraingt ar na tairbhí a thagann le súgradh taitneamhach dúshlánach fiontrach. |
| 8 | Tacú le níos mó leanúnachais i dtaca leis an eispéireas foghlama agus le dul chun cinn na foghlama:<br>• Trí bhéim bhreise a leagan ar an bhfoghlaim a tharlaíonn sna chéad trí bliana den saol. Trí léiriú a thabhairt ar a thábhachtaí atá sé tacú le gach aistriú – laistigh agus lasmuigh de |

shuíomhanna, i gcaitheamh an lae, seomra-go-seomra agus ón réamhscoil go dtí an bhunscoil agus an scoil speisialta

- Trí dhíriú ar ailíniú curaclaim idir *Aistear* agus *Creatchuraclam na Bunscoile* (2023)

- Trí dhearbhú an athuair an tábhacht atá le foghlaim agus forbairt iomlánaíoch, lena n-áirítear meonta dearfacha foghlama, a thabhairt faoi deara, a bhreathnú, a thaifeadadh, a phleanáil agus a mheasúnú.

## 1.3 Straitéis cumarsáide

Bhí sé mar aidhm ag próiseas nuashonraithe Aistear dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara ó earnáil an oideachais agus an chúraim ina hiomláine, guthanna nach gcloistear chomh minic céanna ina measc. Tá CNCM dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'fheasacht fhairsing agus chuimsitheach ar Chéim 2 de nuashonrú *Aistear*, agus don rannpháirtíocht leis sin. Baineadh úsáid as uirlisí cumarsáide éagsúla agus rinneadh nuashonrú ar chuid shuíomh gréasáin CNCM maidir le Forbairtí Oideachais Luath-Óige ionas gurbh fhéidir teacht ar an eolas ar fad go héasca agus ar na hábhair agus uirlisí a bhain leis. Cuireadh físeán gearr eolais ar fáil ar an suíomh gréasáin maidir leis na hathruithe a mholtar, mar aon le cáipéis ina raibh Ceisteanna Coitianta (i mBéarla agus i nGaeilge). Is i ríomhchumarsáid CNCM info@ncca a fuarthas faisnéis maidir leis an gcaoi ar féidir le daoine aonair agus eagraíochtaí a bheith rannpháirteach sna himeachtaí agus gníomhaíochtaí éagsúla comhairliúcháin. Foilsíodh ailt faisnéise i bhfoilseacháin ghairmiúla agus roinneadh na príomh-nuashonruithe agus an phríomhfhaisnéis ar ardáin mheáin shóisialta CNCM (X, Facebook agus Instagram) leis an rannpháirtíocht ab airde agus ab fhéidir i gCéim 2 de phróiseas an nuashonraithe a chinntiú. Scaipeadh faisnéis ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear ar líonraí na Meithle Forbartha maidir leis an Nuashonrú ar *Aistear*, an Bhoird don Oideachas Luath-Óige agus Bunscoile, agus na gCoistí Contae agus Cathrach um Chúram Páistí. Ina theannta sin, scaipeadh an teachtaireacht ar bhonn níos leithne trí ghrúpaí tuismitheoirí agus naíonán agus liostáladh leabharlanna chun an t-eolas a roinnt le teaghlaigh.

## 1.4 Forbhreathnú ar an tuarascáil

Le Cuid 2 den tuarascáil, tugtar forbhreathnú mionsonraithe ar an anailís sonraí a rinneadh ar thrí shraith sonraí ar leith: fócasghrúpaí, aighneachtaí scríofa, agus ceistneoirí ar líne. I gCuid 3, tugtar breac-chuntas sa tuarascáil ar na príomhthorthaí ón bpróiseas comhairliúcháin. Ag dul ar aghaidh go Cuid 4, tá achoimre feidhmiúcháin ina ndéantar achoimre ar thorthaí chomhairliúchán Chéim 2 lenar bhain babaithe, naíonáin agus páistí óga (O'Toole, Walsh, Kerrins, Doherty, Forde, Kelleher, McCartney, Stafford, Stokes, Matson, agus Mooney, 2024). Ar deireadh, le Cuid 5 cuirtear clabhsúr ar an tuarascáil agus cuirtear i láthair roinnt príomhghníomhartha agus príomhábhair mhachnaimh a bhfuil gá leo chun an *Aistear* nuashonraithe a chur i gcrích, bunaithe ar léargais a bailíodh le linn an chomhairliúcháin. Tarraingítear aird inti ar dhálaí fabhracha a shainaithin na freagróirí chun an *Aistear* nuashonraithe a chur i gcrích go rathúil agus tugtar breac-chuntas inti ar na chéad chéimeanna eile chun an Creat a thabhairt chun críche.

# Cuid 2: Modheolaíocht

## 2.1 Dearadh

Ba é cuspóir chomhairliúchán Chéim 2 a chinntiú go mbeadh bealach ag aon duine nó eagraíocht a bhí ag iarraidh tuairim a chur in iúl ar an nuashonrú a mholtar ar *Aistear* sin a dhéanamh agus baineadh sin amach trí réimse modhanna chun aiseolas a thabhairt. Rinneadh dearadh na modheolaíochta a struchtúrú timpeall ar na príomhtheachtaireachtaí a tháinig chun cinn ó Chéim 1 den chomhairliúchán (féach Tábla 1). Ba iad sin an bunús leis na sonraí ar fad a bailíodh agus chinntigh sin leanúnachas sna modhanna bailithe sonraí uile agus chuir sé le cumarsáid chiallmhar maidir leis an gcomhairliúchán.

D'oibrigh CNCM i bhfoirne ina raibh breacairí nótaí agus taighdeoirí neamhspleácha le haghaidh bailiú sonraí agus anailís araon chun piarmheasúnú agus meabhrachas a chumasú (Chenail, 2011). Mar shampla, ag gach fócasghrúpa ar líne, ba é a bhí san fhoireann, éascaitheoir ó CNCM agus breacaire nóta neamhspleách. Tar éis gach ceann de na fócasghrúpaí ar líne, bhí cruinniú mioncheistithe idir an t-éascaitheoir agus na breacairí nóta. Maidir leis an anailís, d'oibrigh beirt bhall den fhoireann oideachais luath-óige in CNCM le taighdeoir neamhspleách ar na sonraí ó na fócasghrúpaí, na haighneachtaí ar líne agus na sonraí ó na ceistneoirí. Tháinig na baill foirne le chéile go rialta leis an taighdeoir neamhspleách, agus bhí siad rannpháirteach i 'bplé machnamhach' mar a rinne Braun agus Clarke (2022) cur síos air. Le linn na seisiún sin, chomhoibrigh pearsanra CNCM leis an taighdeoir chun téamaí a bhí ag teacht chun cinn a phlé agus chun cinntí a dhéanamh, agus é mar aidhm leis sin an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag claontacht an taighdeora a íoslaghdú. De bhrí go raibh idir shonraí cáilíochtúla (sonraí fócasghrúpaí/aighneachtaí) agus sonraí cainníochtúla (ceistneoirí) i gceist leis na sonraí a bailíodh, úsáideadh modhanna difriúla anailísithe sonraí.

## 2.2 Bailiú sonraí

Bhain modhanna éagsúla le haiseolas a thabhairt leis an mbailiú sonraí le linn Chéim 2 (féach Tábla 2). Ba iad an dá cheistneoir ar líne, a ndearnadh idirdhealú orthu do ghairmithe agus do thuismitheoirí/caomhnóirí, na príomhuirlisí cainníochtúla a bhí inrochtana ar shuíomh gréasáin CNCM. Fuarthas 735 freagra gairmiúil ar an gceistneoir san iomlán, agus as an méid sin bhí 725 freagra i mBéarla agus 8 gcinn i nGaeilge. Thug 248 tuismitheoir/caomhnóir freagra ar an gceistneoir, agus bhí gach ceann díobh i mBéarla.

Chuir 23 údar aighneachtaí cáilíochtúla ar líne isteach, agus cuimsíodh leis sin cúigear aonair agus 18 n-eagraíocht. Bhí aighneacht amháin ann ó eagraíocht i nGaeilge agus aistríodh í ar mhaithe le hanailís a dhéanamh, rud a chuir leaganacha Gaeilge agus Béarla ar fáil don taighdeoir. Reáchtáladh fócasghrúpaí ar líne agus cinn aghaidh ar aghaidh araon, inar roinn na rannpháirtithe a n-aiseolas ar *Aistear* bunaithe ar na príomhtheachtaireachtaí a dtugtar breac-chuntas orthu i dTábla 1. I measc na bhfócasghrúpaí, bhí oideoirí luathbhlianta, lucht acadúil, grúpaí abhcóideachta, tuismitheoirí, múinteoirí bunscoile, Eagraíochtaí Náisiúnta Saorálacha um Chúram Leanaí, seirbhísí tacaíochta, agus grúpaí agus daoine aonair leasmhara eile. Idir Meán Fómhair 2023 agus Samhain 2023, reáchtáladh 11 fhócasghrúpa ar an iomlán, agus bhí deich gcinn acu i mBéarla agus ceann amháin i nGaeilge.

Ina theannta sin, reáchtáladh imeacht comhairliúcháin aghaidh ar aghaidh do pháirtithe leasmhara i mBaile Átha Cliath an 14 Samhain 2023, ar ar fhreastail 69 duine ó eagraíochtaí éagsúla laistigh d'earnáil na Luath-Óige, mar aon le roinnt oideoirí.

**Tábla 2: Forbhreathnú ar bhailiú sonraí i gComhairliúchán Chéim 2**

| Modh comhairliúcháin | Rannpháirtithe/Freagróirí | Líon |
|---|---|---|
| Fócasghrúpa ar líne | 49 | 7 |
| Fócasghrúpa ina rabhthas i láthair go pearsanta | 29 | 4 |
| Ceistneoirí oideoirí ar líne | 735 | N/B |
| Ceistneoirí tuismitheoirí/caomhnóirí ar líne | 248 | N/B |
| Aighneachtaí scríofa | 23 | N/B |
| Imeacht ina rabhthas i láthair go pearsanta | 69 | 1 |

### 2.2.1 Guthanna nach gcloistear chomh minic céanna a chuimsiú sa chomhairliúchán

Leis na torthaí ó Chéim 1, tarraingítear aird ar an ngá atá le bheith ag obair le agus ag cloisteáil ó phobail nach gcloistear chomh minic céanna i gcomhairliúcháin churaclaim. Cuireadh imní in iúl de bharr nár tagraíodh go sonrach do pháistí ó chultúir, inniúlachtaí agus cúlraí éagsúla (CNCM, 2023, lch. 54). Mar fhreagairt ar an léargas sin ó Chéim 1, cuimsíodh i ndearadh taighde Chéim 2 sampláil bhreithiúnais d'aon ghnó chun babaithe, naíonáin, páistí óga[1], tuismitheoirí agus oideoirí a shainaithint a d'fhéadfadh dearcadh difriúil a chur ar fáil.

D'eagraigh an Fhoireann Luath-Óige in CNCM ceithre fhócasghrúpa aghaidh ar aghaidh i gceantair faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach chun dul i dteagmháil le hoideoirí agus tuismitheoirí. Príomhghné den phróiseas samplála ba ea an gá le guthanna na rannpháirtithe a chosaint agus meas a léiriú orthu. Bhain an tsampláil bhreithiúnais le bheith ag obair le comhghleacaithe ó eagraíochtaí a bhíonn ag obair leis na spriocghrúpaí sin agus a bhíonn ag tacú leo, a d'fheidhmigh mar mhaoir lena chinntiú gur mhothaigh na rannpháirtithe slán agus go raibh meas orthu agus iad ag cur leis an gcomhairliúchán.

I measc na rannpháirtithe sna fócasghrúpaí bhí tuismitheoirí atá ag cur fúthu in Ionad Soláthair Dhírigh, oideoirí agus bainisteoirí ó dhá shuíomh i limistéir faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch a bhíonn ag obair le babaithe, naíonáin, páistí óga, agus a dteaghlaigh, agus fócas ann ar theaghlaigh den Lucht Siúil, mionghrúpaí, agus páistí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Reáchtáladh fócasghrúpa

---

[1] I gCéim 2, leanadh den phróiseas maidir le dul i gcomhairle le babaithe, naíonáin agus páistí óga trí bhíthin chomhiarrachtaí na buíne a chuimsigh Ollscoil Mhá Nuad, Luath-Óige Éireann agus Ollscoil an tSrutháin Mhilis (O'Toole *et al.*, 2024). Bhí sé de chúram ar an mbuíon go sonrach a chinntiú gur chuimsigh a sampla do Chéim 2 guthanna nach gcloistear chomh minic céanna.

ar leith le tuismitheoirí babaithe, naíonán agus páistí óga a fhreastalaíonn ar sheirbhís pobail. Seachas díreach aiseolas a sholáthar ar an dréacht-Chreat, fiafraíodh d'oideoirí sna seisiúin sin go sonrach faoin gcaoi a bhféadfadh *Aistear* tacú lena gcuid oibre le babaithe, naíonáin agus páistí óga, agus lena dteaghlaigh. I gcás na dtuismitheoirí, rinneadh na ceisteanna faoi *Aistear* nuashonraithe a mholtar a athfhrámáil chun fiosrú a dhéanamh faoina raibh i gceist le heispéiris agus deiseanna foghlama tábhachtacha dá bpáistí i suíomhanna luathbhlianta dar leo ionas go bhféadaidís rannchuidiú gan mionsonraí an Chreata a bheith ar eolas acu.

## 2.3 Anailís ar shonraí

Sa chuid seo tugtar breac-chuntas ar an bpróiseas anailísithe sonraí i gcás gach tacair sonraí: fócasghrúpaí, aighneachtaí scríofa agus ceistneoirí ar líne.

### 2.3.1 Fócasghrúpaí

Bhí an t-aiseolas ón imeacht comhairliúcháin aghaidh ar aghaidh mar aon leis an aiseolas ón seacht bhfócasghrúpa ar líne agus ón gceithre cinn aghaidh ar aghaidh sna sonraí sin maidir le fócasghrúpaí. D'oibrigh taighdeoir neamhspleách, an Dr Jennifer Pope, Coláiste Mhuire Gan Smál, le baill den fhoireann Luath-Óige in CNCM i bpróiseas atriallach a bhain le ciall a bhaint. Laistigh de na fócasghrúpaí, thug na héascaitheoirí aghaidh ar na ceithre réimse a spreagadh:

- Cad iad na rudaí is mó a d'fhoghlaim tú ó Phríomhtheachtaireachtaí na moltaí?
- Cad é do dhearcadh ar fhís agus cuspóir molta *Aistear*?
- Céard é do dhearcadh ar na Prionsabail agus Téamaí nuashonraithe molta *d'Aistear*?
- Treoirlínte don Dea-Chleachtas agus Tacaíocht d'Oideoirí.

**Ba é cuspóir na hanailíse a rinneadh ar shonraí na bhfócasghrúpa ná patrúin (téamaí/topaicí) a shainaithint sna sonraí a bailíodh. Ba í anailís théamach, mar a shainmhíníonn Braun agus Clarke (2022), agus a dtugtar breac-chuntas uirthi i dTábla 3, an mhodheolaíocht a glacadh. Tábla 3: Forléargas ar na sé chéim den anailís sonraí ó Braun agus Clarke (2022)**

| | |
|---|---|
| 1 | Dul i dtaithí ar shonraí, trí athscríbhinní agallaimh, sonraí suirbhéanna agus smaointe tosaigh a bhreacadh síos |
| 2 | Cóid tosaigh a ghiniúint ar bhonn córasach ar fud an tacair sonraí ina iomláine |
| 3 | Téamaí a chuardach trí chóid a thiomsú ina gcatagóirí |
| 4 | Athbhreithniú a dhéanamh ar théamaí agus léarscáil théamach a ghiniúint don anailís |
| 5 | Téamaí a shainiú agus a ainmniú trí chatagóirí a bheachtú agus scéal iomlán na sonraí a fhionnadh |
| 6 | An tuarascáil a chur i dtoll a chéile – deis dheireanach chun anailís a dhéanamh sna sleachta a roghnaíodh lena gcur san áireamh |

Sa chéad chéim, rinneadh anailís ar nótaí agus achoimrí an fhócasghrúpa agus códaíodh iad ina n-iomláine seachas ar bhonn ceist ar cheist trí úsáid a bhaint as Anailís Théamach Mhachnamhach ar dtús. I gcéim 2, rinneadh na sonraí a chódú go córasach ina n-iomláine agus a athchódú i gcéim 3 ansin. Bhain céim 4 le téamaí tosaigh a ghiniúint agus léarscáileanna amhairc a fhorbairt. Rinneadh na téamaí sin a forbraíodh i gcéim 4 a bheachtú ar aon dul le códú breise agus tiomsú na sonraí ina dhiaidh sin. Sainaithníodh fothéamaí freisin chun fíorléiriú ar na sonraí a chur ar fáil. Rinneadh na téamaí uileghabhálacha deireanacha i gcéim 5 a scríobh amach le haghaidh chéim 6 ansin. Sainaithníodh na príomhshleachta as tacar sonraí na nótaí fócasghrúpa arbh iad ab fhearr le scéal na sonraí a léiriú nó a insint laistigh de na téamaí agus na fothéamaí.

Cé gur measadh anailís théamach mhachnamhach a bheith ina modh úsáideach anailíse chun patrúin agus croí tacair sonraí a ghabháil, baineadh úsáid as tuilleadh anailís dioscúrsa cháilíochtúil chun anailís ní ba chuimsithí agus ní b'ionadaí a sholáthar ar na sonraí. Is é rud a d'eascair as sin ná gur cuireadh táblaí sonracha le chéile inar tiomsaíodh moltaí sonracha ó thaobh téarmaíochta, cur i láthair nó athruithe ar fhocail de, mar shampla. Ba é an réasúnaíocht leis sin ná comharthaí eolais úsáideacha a ghiniúint chun bonn eolais a chur faoin gcéad chéim eile den phróiseas maidir le *Aistear* a nuashonrú. Ó thaobh cúrsaí eiticiúla de, braitheadh freisin go raibh sé tábhachtach guth a bheith ag na rannpháirtithe a raibh ábhair imní shonracha acu agus éisteacht leo agus na hábhair imní sin a thaifeadadh dá réir. Ní thabharfaí an raon iomlán le déanamh amhlaidh le hanailís théamach amháin.

### 2.3.2 Aighneachtaí scríofa

Roinneadh 23 aighneacht scríofa, lena n-áirítear aistriúchán ar an aighneacht i nGaeilge, le hanailísí neamhspleách, an Dr Mary Moloney, Coláiste Mhuire Gan Smál. Bhí ceithre chuid sa teimpléad d'aighneachtaí scríofa. Ba dheis chun tráchtaireachtaí ginearálta a dhéanamh maidir le *Aistear* a bhí sa chéad chuid, bhain an dara cuid le Prionsabail *Aistear*, bhain an tríú cuid le Téamaí *Aistear*, agus bhain an ceathrú cuid leis na Treoirlínte don Dea-Chleachtas. I bhfianaise raon na n-aighneachtaí a fuarthas agus an t-aiseolas saibhir a thug eagraíochtaí agus daoine aonair, rinneadh an anailís ar na haighneachtaí scríofa de réir an oird a bhí sa teimpléad ar mhaithe le soiléire agus cur i láthair. Ag baint úsáid as an bpróiseas sé chéim a leag Braun agus Clarke (2022) amach agus a ndearnadh tagairt dó thuas i gcomhthéacs na hanailíse ar shonraí na bhfócasghrúpaí, thug an t-anailísí a d'oibrigh le baill den Fhoireann Luath-Óige in CNCM faoi anailís théamach atriallach agus chríochnúil. Ba éard a bhí i gceist leis an bpróiseas códaithe ná cóid a chur ar dheighleáin sonraí (códú i gcodanna) nó líne ar líne de réir mar ba chuí. Forbraíodh agus nuashonraíodh táblaí mionsonraithe sonraí le linn phróiseas na hanailíse sonraí. Bhí tráchtaireacht shuntasach ó gach aighneacht sna táblaí seo a thug comhthéacs maidir leis na cóid a cuireadh i bhfeidhm, chomh maith le topaicí uileghabhálacha a forbraíodh agus na cóid á ndaingniú le himeacht aimsire. Ag an bpointe seo, fuarthas réidh le téamaí/topaicí nach raibh ach aighneacht scríofa nó dhó ag baint leo, agus fágadh cóid a daingníodh tuilleadh.

Mar a bhí i gceist le hanailís an fhócasghrúpa, cuireadh próiseas breise i bhfeidhm. Tugadh faoi anailís shuimitheach inneachair, lenar bhain eochairfhocail agus inneachar a chomhaireamh agus a chur i gcomparáid ar fud na tuarascála. Le comhcheangal na gcineálacha cur chuige sin i leith anailís sonraí, is amhlaidh a cuireadh le déine agus iontaofacht na hanailíse. Ní hamháin gur tugadh aghaidh ar cheisteanna sonracha i dteimpléad comhairliúcháin CNCM leis an gcur chuige sin ach cuireadh léargais chuimsitheacha ar fáil freisin ar fhairsinge agus doimhneacht na ndearcthaí agus na dtuairimí i ndáil leis na moltaí ar fud réimsí éagsúla. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin go ndéanfar gach aighneacht ar tugadh cead í a fhoilsiú chomh maith leis an anailís seo a fhoilsiú ar líne in éineacht leis an tuarascáil chomhairliúcháin seo ar shuíomh gréasáin CNCM.

### 2.3.3 Ceistneoirí

Réitíodh dhá cheistneoir, ceann do ghairmithe (735 freagra) agus ceann eile do thuismitheoirí/caomhnóirí (248 freagra). Rinneadh iad sin a óstáil ar an ardán Survey Hero. Roinneadh an dá cheistneoir i gcúig chatagóir ceisteanna:

- Ceisteanna Aitheantais
- Príomhtheachtaireachtaí na Moltaí
- Prionsabail
- Téamaí
- Tacú le *Aistear*.

Bhí an séú cuid sa cheistneoir gairmiúil ar an ailíniú idir an *Aistear* nuashonraithe agus *Creatchuraclam na Bunscoile* (An Roinn Oideachais, 2023) agus bhí nasc ann freisin chuig an teimpléad d'aighneachtaí scríofa d'aon duine ag a raibh spéis tuilleadh eolais a chur ar fáil. Bhí cuid ag deireadh an cheistneora do thuismitheoirí/caomhnóirí chun tráchtanna breise a dhéanamh faoin gcaoi a bhféadfaí tacú le hoideoirí maidir le *Aistear* nuashonraithe a úsáid agus bhí cuid eile ann le haghaidh aon trácht eile ba mhian leo a dhéanamh.

Íoslódáladh na freagraí uile ina gcomhaid 'Freagra táblaithe' agus 'Freagra aonair' ach úsáid a bhaint as Microsoft Excel le haghaidh na gceistneoirí do Ghairmithe agus do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí araon le go bhféadfadh taighdeoir neamhspleách, Sarah Murphy, anailís a dhéanamh orthu, i gcomhar le baill den fhoireann Luath-Óige in CNCM. Rinneadh anailís ar na sonraí sa chomhad Excel um Fhreagraí táblaithe agus rinneadh iad a chros-sheiceáil leis an gcomhad Excel um Fhreagraí aonair ach úsáid a bhaint as an bhfoirmle COUNTIF. Úsáideadh na sonraí ansin chun graif a chur ar fáil lena léirítear na torthaí. Rinneadh anailís ar na ceisteanna Téacs Shaoir sna comhaid um Fhreagra aonair do Ghairmithe agus do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí araon agus cruthaíodh táblaí agus cairteacha ansin chun na sonraí a léiriú. Tá téacs tuairisciúil faoi gach cairt ag déanamh cur síos ar thábhacht shonrach na cairte sin.

# Cuid 3: Torthaí

## 3.1 Fócasghrúpa

Ar fud an phróisis a bhain le hanailís théamach, sainaithníodh ceithre théama uileghabhálacha arbh iad ab fhearr a ghabh scéal foriomlán shonraí na bhfócasghrúpaí. Mar a leagtar amach i bhFíor 1, ba iad na téamaí sin 'Aithint', 'Caidrimh', 'Athbhreithnithe molta' agus '*Aistear* nuashonraithe a bhaint amach sa chleachtas'. Tháinig roinnt fothéamaí chun cinn freisin, agus cuirfear síos ar gach téama agus fothéama anois agus sonraí samplacha in éindí leo[2].

**Fíor 1: Téamaí agus fothéamaí ó anailís na bhfócasghrúpaí**

| Aitheantas | Caidrimh | Athbhreithnithe molta | *Aistear* nuashonraithe a bhaint amach sa chleachtas |
|---|---|---|---|
| • Aitheantas don pháiste an-óg<br>• Páistí a aithint mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu<br>• Cumas gníomhúcháin a aithint<br>• An t-oideoir a aithint mar ghairmí gníomhaíoch<br>• Aitheantas do shochaí atá ag athrú<br>• Aitheantas do na gnéithe dearfacha de *Aistear* agus forbairt ar láidreachtaí<br>• Aitheantas don tábhacht a bhaineann le haistrithe<br>• An gá atá le tuilleadh aitheantais | • Dúshláin i leith caidrimh a fhorbairt agus a chothú | • Teanga dhearfach<br>• Ábhair imní faoi fhriotal/téarmaíocht ar leith<br>• Úsáid na Gaeilge<br>• Inrochtaineacht<br>• Grafaic faisnéise<br>• An fhís do *Aistear*<br>• Cuspóir *Aistear*<br>• Prionsabail *Aistear*<br>• Téamaí *Aistear* | • Taifeadadh, measúnú agus pleanáil<br>• Ilchineálacht, cumas gníomhúcháin, cearta agus ilchultúrachas<br>• Treoraíocht agus tacaíocht don Ghaeilge<br>• Acmhainní molta<br>• Treoir Chleachtais *Aistear Síolta*<br>• Tuilleadh treoraíochta agus tacaíochta do thuismitheoirí<br>• Fís chomhroinnte agus freagairt chomhordaithe i leith cur i bhfeidhm ar bhonn céimneach<br>• Na dúshláin i leith *Aistear* a bhaint amach sa chleachtas a aithint |

### 3.1.1 Aitheantas

Tagann an chéad téama a sainaithníodh ar fud shonraí an fhócasghrúpa faoin gceannteideal 'Aitheantas'[3]. Ar an iomlán, bhí an fhreagairt ar nuashonrú *Aistear* an-dearfach. Tugadh aghaidh ar na príomhghnéithe faoin téama 'Aitheantas' le linn na bpléití fócasghrúpa, mar sin féin, bhí an téama seo le feiceáil go háirithe nuair a bhí na fócasghrúpaí ag plé leis na príomhtheachtaireachtaí laistigh den *Aistear* nuashonraithe agus nuair a fiafraíodh díobh faoin bhfís in *Aistear*.

#### 3.1.1.1 Aitheantas don pháiste an-óg

[2] Tabhair faoi deara go bhfuil idir ráitis dhíreacha ó rannpháirtithe agus nótaí a ghlac breacairí nóta na bhfócasghrúpa sna sleachta sa chuid seo.

[3] Sa tuarascáil seo, sainmhínítear aitheantas de réir Merriam-Webster: '*the action of recognising, the state of being recognised*'. Cuimsíonn sé admháil, eolas nó an mothúchán a bhaineann le casadh ar dhuine nó rud éigin roimhe sin agus aire speisialta a fháil.

A mhéid a bhaineann leis an bpáiste, sonraíodh gur aithníodh sa Chreat nuashonraithe a thábhachtaí atá an luath-óige go háirithe dóibh siúd ó bhreith go trí bliana d'aois. Bhí comhaontú láidir ann ar fud na bhfócasghrúpaí maidir le 'babaithe, naíonáin agus páistí óga' a úsáid. Aithníodh freisin gur úsáideadh é sin go comhsheasmhach ar fud an Chreata. Sonraíodh gur *beart dearfach a bhí ann gach céim a lua.* Sonraíodh go dtugann an *Aistear* nuashonraithe *an infheictheacht do pháistí faoi bhun 3 bliana d'aois nach raibh acu roimhe seo, b'fhéidir.* Shonraigh fócasghrúpa eile *gur minic a dhírítear beartais ar pháistí níos sine, agus mar sin de is mór againn go bhfuiltear ag cur babaithe san áireamh.* Ar an mbealach céanna, shonraigh grúpa eile *toisc gur tugadh scéim COLÓ isteach, cuireadh fócas ar pháistí d'aois na réamhscoile, agus dá bhrí sin tá sé iontach tábhachtach páistí faoi bhun 3 bliana d'aois a chur i dtábhacht*. Shonraigh grúpa eile go bhfuil sé *iontach a fheiceáil go bhfuil sé briste síos ina chatagóirí do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga. Tá siad le feiceáil i ngach réimse den Chreat, go háirithe sna téamaí. Is gnách go ndírítear beartais ar an aoisraon páistí níos sine agus mar sin de is iontach an rud é go gcuirtear babaithe san áireamh anseo.* Ó thaobh an scéil idirnáisiúnta de, sonraíodh laistigh d'fhócasghrúpa eile *go raibh fáilte roimh an téarmaíocht athbhreithnithe seo ó tharla go léireoidh sí na haoiseanna agus na céimeanna éagsúla d'fhorbairt babaithe, naíonán agus páistí óga*. *Léirítear an dea-chleachtas sa Nua-Shéalainn, san Astráil agus san Iorua.*

### 3.1.1.2 Páistí a aithint mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu

Bhí an t-aitheantas dearfach gur saoránaigh iad páistí óga a bhfuil cearta acu ailínithe go maith leis an aitheantas don infheictheacht do pháistí ó bhreith go 3 bliana d'aois agus na céimeanna forbartha. Cuireadh fáilte mhór roimhe sin ar fud na bhfócasghrúpaí freisin, go háirithe i ndáil le babaithe. Mar shampla, shonraigh grúpa amháin gurb *iontach an rud é a fheiceáil go bhfuil aitheantas ann dár bpáistí is óige mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu.* Luaigh fócasghrúpa eile go raibh *fáilte roimh chur chuige bunaithe ar chearta agus go bhfuiltear ag bogadh ar aghaidh ó chur chuige bunaithe ar riachtanais*. Shonraigh grúpa eile go raibh sé *an-dearfach a fheiceáil go bhfuil friotal na gceart do pháistí leabaithe sa Chreat, lena n-áirítear na naisc le CNACL agus le cearta na bpáistí chun súgartha, chun machnamh saor, chun forbartha, srl.* Bhíothas dearfach freisin *go bhfuil snáithe intuigthe de chearta na bpáistí ag an croílár.*

Ar an mbealach céanna, bhí fócasghrúpa eile den tuairim go *leagtar béim sna cáipéisí nuashonraithe ar pháistí óga mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu agus go bhfuil na cáipéisí i dtiúin go maith le páistí*. An tráth céanna, bhí plé eile dearfach freisin agus taifeadadh an méid seo a leanas:

> *Ní saoránaigh na todhchaí iad babaithe, naíonáin agus páistí – ní saoránaigh an lae amárach iad – is saoránaigh anois iad.*

Mar sin féin, le linn plé i bhfócasghrúpa amháin, cuireadh ceist an bhfuil gach oideoir ar an eolas faoi chearta gach páiste:

> *[Tá sé] dearfach go dtarraingítear aird in* Aistear *gur saoránaigh iad babaithe, naíonáin agus páistí óga a bhfuil cearta acu. Mar sin féin, an bhfuil gach oideoir ar an eolas faoi chearta gach páiste?*

### 3.1.1.3 Cumas gníomhúcháin a aithint

Ar fud na bhfócasghrúpaí, b'ábhar mór plé é an téarma 'cumas gníomhúcháin'. Ghlac na rannpháirtithe go láidir le coincheap an 'pháiste ghníomhaíoch' agus d'aithin siad an tábhacht a bhaineann le cumas gníomhúcháin na bpáistí. Luaigh grúpa amháin:

> *I gcás babaithe, is saoránaigh iad trí rannpháirtíocht an phobail agus tríd an teaghlach – féachann siad orthu féin mar shaoránaigh – mar chuid den phobal agus*

*bíonn cumas gníomhúcháin acu agus is mian leo go n-éistear leo, go gcloistear iad, go léirítear meas orthu agus go dtugtar cumhacht dóibh.*

Chuir fócasghrúpa amháin in iúl gur *thaitin an téarma 'saoránaigh ghníomhaíocha den domhan a bhfuil cearta acu' [leo] chun cur síos ar pháistí, ó tharla gur minic nach dtugtar aird chuí ar a mhéid atá ar eolas ag páistí agus ar a mhéid is féidir leo a dhéanamh.* Agus iad ag tagairt don téarma 'gníomhaíoch', mheas grúpa eile gur *téarma fíorspéisiúil é* agus ba mhór acu go dtugann sé aitheantas do chearta na bpáistí. D'aithin grúpa eile go dearfach an *bhéim ar réim áirithe teanga a chur chun cinn go follasach, m.sh. oideoir gníomhaíoch, páiste gníomhaíoch, oideolaíocht mhall chaidreamhach* agus d'iarr go n-úsáidfí go comhsheasmhach í ar fud na cáipéise.

Cé gur chuir rannpháirtithe ó ghrúpaí éagsúla fáilte roimh chumas gníomhúcháin linbh a chur san áireamh ann, ag cur mothúcháin amhail *Fáiltímid roimh 'gníomhaíoch' a chur le híomhá an pháiste* agus *Fáiltímid roimh chuimsiú cumais gníomhúcháin linbh*, cuireadh ábhair imní éagsúla in iúl maidir le coincheap an chumais gníomhúcháin.

Ar an gcéad dul síos, cuireadh imní in iúl faoi léirmhíniú an téarma 'cumas gníomhúcháin' agus faoin gcaoi a gcuirfí i bhfeidhm sa chleachtas é. D'ainneoin na mínithe a cuireadh ar fáil sna fonótaí agus sa ghluais, bhí roinnt grúpaí den tuairim go raibh gá le soiléiriú breise. D'aontaigh grúpa amháin leis an téarma 'gníomhaíoch' ach chuir siad i dtábhacht go raibh gá le tuilleadh mínithe:

*Comhaontú don fhocal 'gníomhaíoch' ach teastaíonn tuilleadh scagtha/mínithe.*

Tarraingíodh ceisteanna anuas faoina inrochtana atá an téarma do chách, lena n-áirítear do thuismitheoirí agus dóibh siúd a bhfuil Béarla acu mar dhara teanga. Bhí faitíos ar scata go ndéanfadh daoine neamhshuim den Chreat/den choincheap nó go bhfuil seans ann nach mbeidís rannpháirteach ann dá mba rud é nach mbeadh an téarma inrochtana dóibh: *Más ceist rómhór é 'gníomhaíoch', seans go ndéanfaí neamhshuim de?*

Chuir na rannpháirtithe imní in iúl freisin maidir leis an eisiachas gairmiúil a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an téarma agus an tionchar a bheadh aige ar thuismitheoirí agus oideoirí a d'fhéadfadh a mheas nach bhfuil sé inrochtana:

*An bhfuil an téarma seo inrochtana do chách? Do thuismitheoirí? Dóibh siúd a bhfuil Béarla acu mar dhara teanga? Cad is ciall leis? An ndéanfaidh daoine beag de nó an bhfuil seans ann nach bpléifidh siad leis an gcreat ach focal den sórt sin a fheiceáil san fhís? An téarma gairmiúil amháin é 'gníomhaíoch'?*

Áiríodh ar na moltaí sainmhíniú níos soiléire ar an téarma a ionchorprú sa téacs mar aon le samplaí seachas tagairt a dhéanamh dó i bhfonóta. Mhol roinnt rannpháirtithe go gcuirfí mínitheoir sa doiciméad chun tuiscint níos fearr a chur ar fáil ar an téarma, mar aon le bheith ag brath ar ghluais.

Ábhar imní eile ar tarraingíodh aird air ba ea an gá go gcothódh oideoirí cumas gníomhúcháin na bpáistí, agus aithníodh dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa chleachtas. Chuir grúpa amháin i dtábhacht an t-am agus an cothú a theastaíonn ó pháiste chun cumas gníomhúcháin a fhorbairt, agus dúradh go mbíonn muinín ag teastáil ó pháiste chun dearcthaí a chur in iúl, agus go bhfuil tábhacht ollmhór ag baint le ról an oideora:

*Tógann sé roinnt mhaith ama le go mbeadh páiste gníomhaíoch, teastaíonn cothú an oideora uaidh – ní mór muinín a bheith aige chun dearcthaí a chur in iúl, tá ról an oideora ríthábhachtach ina leith sin.*

Aithníodh cineál cómhalartach an chumais gníomhúcháin, a mbíonn baint ag an bpáiste gníomhaíoch agus ag an oideoir gníomhaíoch araon leis, agus fáiltíodh roimhe i ngrúpaí áirithe. Luadh an chaoi a gcumasaíonn *Aistear* oideoirí chun oideolaíocht mhall chaidreamhach a úsáid, rud a chuireann le cumasú an chumais gníomhúcháin sa pháiste.

### 3.1.1.4 An t-oideoir a aithint mar ghairmí gníomhaíoch

Cuireadh fáilte roimh an téarma 'oideoir' ar fud na bhfócasghrúpaí. Sonraíodh gur céim thábhachtach é sin ó thaobh stádas gairmiúil na ndaoine siúd a bhíonn ag obair le páistí óga a aithint agus glacadh leis. Shonraigh grúpa amháin gur *aontaíodh gur téarma uilíoch cuimsitheach é seo chun cur síos a dhéanamh orthu siúd a bhfuil baint acu le foghlaim agus forbairt páistí*. Sonraíodh go n-úsáideann an Roinn Oideachais an téarma *Oideoir Luathbhlianta* agus *gur maith an rud é comhsheasmhacht a bheith ann laistigh den earnáil*. Shonraigh grúpa eile: *Is maith linn an téarma 'oideoir' – cuireann sé comhsheasmhacht le scileanna a chothú agus tá sé go deas a fheiceáil go bhfuil tuismitheoirí agus feighlithe páistí san áireamh ann.*

Tharraing grúpa amháin aird ar an gcaoi a bhfuil an téarma 'oideoir' *Tábhachtach d'oideoirí ó thaobh aitheantas gairmiúil agus creideamh sa tábhacht a bhaineann lena ról agus lena bhfeidhm féin laistigh den chóras oideachais*. Shonraigh fócasghrúpa an *cumasú – cuirfidh oideoirí fáilte roimh an bhfriotal dearfach agus neartóidh sé an méid atá siad a dhéanamh.* Ar an mbealach céanna, luaigh grúpaí eile go *ndéantar ról an oideora a ghairmiúlú – aitheantas do na scileanna, don eolas agus do na buanna is gá chun tabhairt faoin ról.*

Shonraigh grúpa eile *go bhfuil an ról ríthábhachtach agus admhaíodh go bhfuil an gairmí faoi stiúir cleachtais atá bunaithe ar theoiric.* Ar an iomlán, cuireadh fáilte roimh íomhá an oideora. I measc na bpríomhghnéithe d'íomhá an oideora ar cuireadh fáilte rompu, bhí: an t-oideoir gníomhaíoch, an t-oideoir mar ghairmí machnamhach agus an t-aitheantas don ghairmiúlú.

Cuireadh fáilte an-dearfach roimh an téarma 'cumas gníomhúcháin' i ndáil leis an oideoir. Ba léir gur bhraith na fócasghrúpaí gur léirigh coincheap an oideora ghníomhaíoch stádas gairmiúil an oideora ar bhealach dearfach. Shonraigh grúpa amháin gur *bealach machnamhach agus eiticiúil é chun smaoineamh ar ár gcleachtas – tacaíonn sé le hoideoirí a bheith muiníneach as a gcumas gairmiúil*. Chuir grúpa amháin fáilte roimh *an athrú ar úsáid na teanga, a dhearfaí atá an téarma 'oideoirí gníomhaíocha' maidir leis an gcaoi a labhraímid fúthu siúd a bhíonn ag obair le babaithe, naíonáin agus páistí óga.* An tráth céanna, shonraigh grúpa eile go raibh *fáilte roimh 'chumas gníomhúcháin' san fhís don pháiste agus don oideoir araon*. *Ráitis an-soiléir agus an-ghonta*.

Shonraigh fócasghrúpa eile:

> *Bhí na rannpháirtithe sásta leis an bhfocal 'gníomhaíoch' agus mheas siad gur maith an rud é go n-úsáidtear an téarma i ndáil le páistí agus le hoideoirí araon. Aithnítear gairmiúlacht na n-oideoirí ann – is féidir leo a bheith muiníneach as na cinntí a dhéanann siad nuair a cheadaítear dóibh a bheith gníomhaíoch. Luadh go dtugann an téarma aitheantas níos fearr do na hoideoirí.*

Chuir grúpa eile in iúl i ndáil le *cumas gníomhúcháin agus an t-oideoir – ní rud é gur leabhar ar an tseilf é* Aistear *agus an méid sin amháin, ach is amhlaidh a thacaíonn sé le hoideoirí na teidil seo a ghlacadh chucu féin*.

I ndáil le cumas gníomhúcháin agus cigireacht, mhaígh na rannpháirtithe i bhfócasghrúpa amháin, le go mbeadh oideoirí in ann a gcuid inniúlachtaí gníomhaíocha a úsáid go héifeachtúil, go mbeadh sé tábhachtach do Chigirí agus do dhaoine eile an cumas gníomhaíoch atá acu a aithint agus meas a léiriú air le linn dóibh tacaíocht a chur ar fáil:

> *Uaireanta, bíonn oideoirí faoi bhrú. Dúradh go dtugann an bhéim ar chumas gníomhaíoch deis d'oideoirí chun bogadh ar luas na bpáistí, rud a thugann tús áite do riachtanais agus láidreachtaí an pháiste.*

Mar sin féin, bhí ceist ann i gceann de na fócasghrúpaí faoin gcaoi a *dtráchtann na moltaí ar oideoir 'muiníneach' ach go bhfuil easpa muiníne ann i measc oideoirí. Tá siad ag fáil teachtaireachtaí contrártha leis na blianta anuas. D'fhéadfadh sé go gcuirfí in aghaidh athruithe breise agus an teanga nua*.

### 3.1.1.5 Aitheantas do shochaí atá ag athrú

Sna fócasghrúpaí uile, aithníodh go bhfuil an *Aistear* nuashonraithe tráthúil agus go léirítear níos fearr ann na hathruithe i sochaí na hÉireann le blianta beaga anuas. Aithníodh go bhfuil sochaí na hÉireann níos éagsúla anois, agus go léiríonn an cineál teanga a úsáidtear san *Aistear* nuashonraithe an méid sin ar bhealach níos cruinne.

Ina thaobh sin, áfach, rinneadh roinnt moltaí, go háirithe i ndáil le cúrsaí téarmaíochta. A mhéid a bhaineann le struchtúir an teaghlaigh atá ag athrú, ceistíodh an téarma 'tuismitheoir' i roinnt fócasghrúpaí. Shonraigh grúpa amháin *go bhféadfadh an téarma 'tuismitheoir' a bheith teoranta go leor, toisc go gcuireann sé dearcadh sách teoranta agus 'traidisiúnta' ar an teaghlach i láthair. Ní tuismitheoir fola é an príomhchúramóir uaireanta. Braitheadh gur gá é sin a léiriú.*

Sonraíodh *go bhfuil sé dearfach an bhéim ar ilchineálacht chultúir na hÉireann a fheiceáil.* Laistigh de ghrúpa eile, sonraíodh go raibh *na rannpháirtithe den tuairim go ndéantar tagairt shuntasach di (ilchineálacht) in* Aistear, *gur maith an rud é an bhéim ar an bpobal (pobal leathan) freisin.* Mar sin féin, shonraigh grúpa amháin gur *gá béim a leagan ar an bhfíoras nach mór gach cultúr a cheiliúradh i dtimpeallacht ilchultúrtha agus gur gá an fíoras sin a chur i dtábhacht, ó tharla gur luadh gur minic a thuairiscítear go mbítear ag súil go bhforbródh páistí den Lucht Siúil agus páistí Romacha, go háirithe, cultúr ceannasach an tsuímh*. Thug siad le fios *go bhféadfadh sé go mbeadh sé ina chuidiú ina leith sin tagairt níos láidre a dhéanamh do scéalta ilchultúrtha ilchineálacha agus don bhéaloideas, do scéalta ó chultúir éagsúla, a léiríonn cultúir na bpáistí sna suíomhanna ar leith.* Bhí roinnt moltaí breise le meas maidir leis an téarmaíocht a úsáidtear sa chomhthéacs sin de shochaí níos ilchineálaí agus leagtar béim ar na moltaí sin go sonrach in Aguisín 1: Moltaí ó fhócasghrúpaí chun téarmaíocht / teanga a athrú (fócasghrúpaí)**.**

Leagadh béim freisin ar athrú na sochaí i ndáil leis an athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht, cé nár luadh é sin ach go hachomair seachas téama a chruthú:

> *Is amhlaidh atá* Aistear *ag dul in oiriúint d'athruithe sochaíocha amhail an t-athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht agus nascann* Aistear *na téamaí sin ar ais le comhthéacs na hÉireann agus a thábhachtaí atá an pobal, seantuismitheoirí san áireamh.*

Mar sin féin, luadh freisin an gá atá le tuilleadh tacaíochta agus treoraíochta sa réimse seo: *Braitheann an inbhuanaitheacht chomh mór sin, agus téann sé dian orm í a chur i bhfeidhm san fhíorshaol, agus ní mór dom tuilleadh a fhoghlaim agus í a fhiosrú mar thaithí saoil do pháistí.* Tharraing grúpa eile aird ar an gcaoi a raibh *fáilte roimh chuimsiú na hinbhuanaitheachta – ach tá éiginnteacht ann faoin gcaoi a gcuirfí i gcrích í sa chleachtas agus ceistíodh an chaoi a dtacófaí le hoideoirí chun dul i ngleic leis sin.* Chuir cuid de na fócasghrúpaí fáilte roimh an tagairt shonrach don saol amuigh faoin aer. Tharraing na fócasghrúpaí aird freisin ar a thábhachtaí atá na heispéiris a bhíonn ag páistí amuigh faoin aer, in éindí le tuismitheoirí mar shampla, agus sonraíodh go bhfuil *rochtain ar an saol amuigh faoin aer iontach tábhachtach anseo*. *Bímid ag cur fúinn in árasáin gan ghairdíní agus níl againn ach balcóiní beaga bídeacha*.

### 3.1.1.6 Aitheantas don Ghaeilge agus d'oidhreacht agus do chultúr na hÉireann

Ar an iomlán, cuireadh fáilte roimh an gcuimsiú agus roimh an aitheantas do ról na Gaeilge agus oidhreacht na hÉireann. Shonraigh grúpa amháin gur *Maith an rud é a fheiceáil gur cuireadh cultúr na hÉireann san áireamh – tá tábhacht ag baint lenár gcultúr mar scéalaithe, rud a chuireann ar chumas páistí foghlaim faoina gcuid féiniúlachtaí trí bhíthin scéalta. Tá níos mó Gaeilge uainn sa leagan Béarla, cosúil le Te Whāriki*. Shonraigh grúpa eile gur *aontaíodh go dtugann an fhís deis dúinn le bheith buíoch as ár dteanga agus ár n-oidhreacht*. Tugtar breac-chuntas ar thráchtanna eile ó na fócasghrúpaí uile i dTábla 4.

**Tábla 4: Rogha tráchtanna faoin aitheantas don Ghaeilge agus d'oidhreacht agus do chultúr na hÉireann**

| |
|---|
| *Cuirimid fáilte mhór roimh níos mó Gaeilge a bheith ann in* Aistear *agus ár bhféiniúlacht mar shaoránaigh de chuid na hÉireann a bheith á gcur in iúl in* Aistear *(mar a léirítear le creata/curaclaim eile i dtíortha eile). Muid féin a cheiliúradh agus an chéad bhlaiseadh di i suíomhanna Luathbhlianta mura ndéantar ceiliúradh uirthi sa Bhaile.* |
| *Léirítear meas ar an nGaeilge agus ar chultúr na hÉireann in* Aistear. |
| *Cuspóir* Aistear *– fáilte a chur roimh úsáid na Gaeilge ar fud na cáipéise agus tá sé tábhachtach go dtugaimid aitheantas don teanga náisiúnta. Déantar é sin ar bhealach indéanta agus thacódh sé le seirbhísí an cúpla focal a úsáid.* |
| *Is breá linn go gcuirtear an Ghaeilge san áireamh sa chreat; is linne í.* |
| *Tá an Ghaeilge fite fuaite ann go barántúil – frásaí agus seanfhocail.* |

Thaitin an bhéim níos láidre ar chultúr na hÉireann leis na rannpháirtithe freisin. Mar sin féin, bhí roinnt cúiseanna amhrais agus moltaí ar fud na bhfócasghrúpaí, ina measc:

> *Úsáid na dtéarmaí Gaeilge ar fud an Chreata – léiríonn sé sin na pléití a bhí ann i gCéim 1 (fócasghrúpaí) a bhain lenár gcultúr agus ár dteanga a choinneáil beo. D'fhéadfaí dul chun cinn a dhéanamh air sin, áfach, agus an Ghaeilge a thabhairt isteach in ainmneacha na bprionsabal agus na dtéamaí le go mbeadh brí níos láidre léi.*

> *Ba bhreá liom cur chuige a fheiceáil atá cosúil le creat Te Whāriki agus na téamaí a bheith i nGaeilge, agus ar an gcaoi sin is teanga úsáideach sholáimhsithe a bheadh inti a chuirfí i bhfeidhm sa phraitic. Más i nGaeilge atá na príomhchodanna de* Aistear *nach mór dóibh labhairt orthu agus dul i ngleic leo, tá bealach fiúnach ann ansin leis an nGaeilge a úsáid agus í a thabhairt isteach in* Aistear.

Sonraíodh i bhfócasghrúpa amháin gur *aontaíodh go dtugann an fhís deis dúinn le bheith buíoch as ár dteanga agus ár n-oidhreacht*. Bhí na rannpháirtithe sásta go luaitear cultúr na hÉireann go sonrach anois ach ar bhealach nach gcuireann daoine eile as an áireamh, rud atá tábhachtach. Moladh go ndéanfaí an sainmhíniú ar 'oidhreacht' ní ba leithne – *tá níos mó i gceist léi ná 'Scéalaíocht' (m.sh. saibhreas teanga a fhorbairt sna ceantair Ghaeltachta mar chuid d'oidhreacht an phobail sin).*

Cé gur moladh úsáid agus spreagadh na Gaeilge ar fud an Chreata, luadh go mbeadh sé go deas níos mó tagairtí a fheiceáil d'úsáid agus ceiliúradh na dteangacha eile atá i láthair sa suíomh ionas go bhfaigheadh babaithe, naíonáin agus páistí óga taithí ar go leor teangacha go luath nuair is féidir.

### 3.1.1.7 Aitheantas do na gnéithe dearfacha de *Aistear* agus forbairt ar láidreachtaí

Tríd an bplé sna fócasghrúpaí, ba léir go raibh neart dearfachta ann i leith *Aistear.* Aithníodh nach rabhthas ag iarraidh an iomarca athruithe a ionchorprú leis an bpróiseas a bhaineann le *Aistear* a nuashonrú ach go léireodh sé dea-chleachtais agus forbairtí reatha laistigh de réimse na luath-óige go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Aithníodh go raibh meas mór ar *Aistear* laistigh den réimse agus gur tráthúil an próiseas nuashonraithe seo toisc go gcuireann sé leis an méid a raibh ag éirí go maith leis seachas an iomarca gnéithe a athrú. Is féidir teacht ar rogha tráchtanna ó na fócasghrúpaí uile a tharraingíonn aird air sin i dTábla 5.

**Tábla 5: Tógáil ar láidreachtaí *Aistear***

| |
|---|
| *Is scéal an-dearfach é* Aistear *in earnáil na luath-óige.* |
| *Braitheadh go raibh saintaithí de shaghas éigin ann idir na nuashonruithe a moladh agus an* Aistear *a bhí ann roimhe seo, agus cuirfidh an earnáil fáilte roimhe sin.* |
| *Tugadh aitheantas freisin do sholúbthacht agus do chineál inoiriúnaithe* Aistear *sa chleachtas. Sonraíodh gur coinníodh an méid sin ar bun san* Aistear *nuashonraithe*. |
| *Ní mór gach rud a dhéanaimid anseo a bheith saincheaptha, agus éascaíonn creat ar nós* Aistear *é sin.* |

Chuir fócasghrúpa eile fáilte roimh an gcaoi a *dtreoraíonn, a bhfeabhsaíonn agus a síneann* Aistear *cuir chuige churaclaim atá i bhfeidhm faoi láthair*. Soraíodh nach ann do chur chuige ginearálta amháin a oireann do chách: *Tugtar aitheantas do chuir chuige churaclaim eile sa phointe seo agus léiríonn sé an chaoi a gcuideoidh/dtacóidh Aistear le hoideoirí.*

### 3.1.1.8 Aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le haistrithe

Chuir na fócasghrúpaí fáilte roimh an aitheantas d'aistrithe agus do chaidrimh mar chuid ríthábhachtach d'eispéiris luatha páistí. Cuireadh fáilte roimh an gcaoi ar frámaíodh na haistrithe ó thaobh na n-aistrithe laethúla is beag ach is suntasach fós, mar aon leis na haistrithe suntasacha traidisiúnta ón mbaile chuig an suíomh luath-óige agus chuig an mbunscoil.

Shonraigh grúpa amháin an méid seo a leanas:

> *Ag leanúint ar aghaidh ón oideolaíocht mhall, feiceann tú a thábhachtaí atá an cur chuige bunaithe ar phríomhdhuine inar féidir leat moilliú agus aithne a chur ar do ghrúpa, rud a chuidíonn le haistrithe agus le naisc a chothú leis an mbaile agus leis an bpobal. Cuidíonn sé le haistrithe aithne mhaith a bheith ar na páistí.*

Sonraíodh i ngrúpaí eile:

*Cuirimid fáilte roimh 'aistrithe' a chur san áireamh toisc go mbainfidh sé an fócas ó mhí Mheán Fómhair agus mí an Mheithimh amháin, tarlaíonn aistrithe i rith an lae, cén chuma atá orthu, moilliú agus na haistrithe a chur in iúl.*

*Is breá linn an bhéim ar aistrithe – iad leathnaithe amach chun aistrithe laethúla a chuimsiú. Tabharfaidh sé deis do na daltaí díriú air sin ina gcuid oibre ó lá go lá.*

Bhí sé sin nasctha le beartas freisin; *Tá sé go deas a fheiceáil conas a leagtar béim ar Aistrithe – ag teacht le beartas comhaimseartha maidir le hobair na Roinne ar aistrithe agus na foirmeacha éagsúla a ghlacann siad.* Ó thaobh aistrithe chuig an mbunscoil de, aithníodh gur acmhainn mhaith é 'Mo Scéal' agus go gcuireann sé go maith leis an réimse seo. Cuireadh na tuairimí seo a leanas in iúl freisin:

*Cuireann an bhéim ar aistrithe deis ar fáil chun naisc atá le déanamh idir suíomhanna luath-óige agus bunscoileanna a spreagadh agus a normalú.*

*Is ionchuimsiú dearfach iad aistrithe – tá sé go deas feasacht bhreise a fheiceáil ar a thábhachtaí atá aistrithe, go háirithe maidir le naisc a dhéanamh le múinteoirí bunscoile.*

Mhol cuid de na grúpaí go mbeadh tuilleadh béime ann ó thaobh aistrithe de, áfach:

*Aistrithe – an bhféadfadh CNCM níos mó a rá faoi seo? Ní hamháin an t-aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil ach aistrithe ó nóiméad go nóiméad ar fud taithí páiste freisin.*

Shonraigh grúpa eile gur *gá tuilleadh airde a thabhairt ar an aistriú ón bhfeighlí páistí go dtí an réamhscoil*. Moladh freisin go bhféadfaí an t-aistriú go Cúram Páistí d'Aois Scoile a aithint agus a chur san áireamh. Luadh an nasc idir cóimheasa páiste - duine fásta agus aistrithe freisin; *ciallaíonn sé freisin gur féidir le duine fásta dul i dteagmháil le páiste duine le duine nuair is gá. Is iad na cóimheasa maithe a chumasaíonn an fhreagrúlacht sin. Éascaíonn na cóimheasa aistrithe freagrúla do gach páiste.*

### 3.1.1.9 An gá atá le tuilleadh aitheantais

Bhí na fócasghrúpaí an-dearfach maidir leis na príomhghnéithe a dtarraingítear aird orthu thuas a bheith á n-aithint laistigh den *Aistear* nuashonraithe. Mar sin féin, tarraingíodh roinnt pointí anuas ar fud na bhfócasghrúpaí a tharraing aird ar an ngá leis na réimsí seo a leanas a aithint a thuilleadh laistigh de *Aistear* nuashonraithe.

#### 3.1.1.9.1 Íomhá an oideora agus an cur síos ar an oideoir a fhorbairt a thuilleadh

Spreagadh pléití laistigh de na fócasghrúpaí maidir leis an téarmaíocht a bhaineann leis an oideoir a shoiléiriú. Chuir grúpa amháin imní in iúl faoin téarma 'páirtithe tábhachtacha eile', agus luaigh siad fochialla diúltacha agus mhol teanga ní b'ionchuimsithí, go háirithe maidir le hionchuimsiú feighlithe páistí san earnáil. Leagadh béim ar an gcaoi ar cheart d'fheighlithe páistí mothú go gcuirtear san áireamh sna cáipéisí iad.

I ngrúpa eile, bhí díospóireacht ann maidir le breathnú ar fheighlithe páistí mar *dhaoine fásta eile*, agus béim láidir á leagan ar an gcaoi ar *oideoirí iad feighlithe páistí.* Cheistigh roinnt rannpháirtithe an úsáid a bhaintear as 'oideoir' i ndáil le *Aistear* agus múinteoirí bunscoile, agus iad ag fiafraí an mbeadh sé teoranta don oideachas luath-óige, ó tharla gur bhain sé le páistí ó bhreith go 6 bliana d'aois roimhe seo.

Tháinig ábhair imní éagsúla chun cinn maidir leis an téarma 'oideoir' i ndáil le tuismitheoirí. Cé go n-aithnítear gurb iad na tuismitheoirí na príomhoideoirí sa Bhunreacht, bhí moltaí ann go ndéanfaí leagan ar leith de *Aistear* do thuismitheoirí. Cheistigh grúpa amháin, *Cé hé an t-oideoir?* agus chuir siad i dtábhacht an gá atá le haitheantas dá ról gairmiúil:

> *Cé hé an t-oideoir? D'oibríomar go han-dian dár dteideal gairmiúil agus tá aitheantas don ról gairmiúil seo uainn – an féidir leagan ar leith de* Aistear *a chur ar fáil do thuismitheoirí?*

I measc na bpointí breise a tharraing grúpaí éagsúla anuas, bhí an gá le cuid ar leith do thuismitheoirí in *Aistear*, ceistiú faoi cé acu a dhéanann nó nach ndéanann tuismitheoirí cinntí *gairmiúla*, agus ábhair imní faoin méid a mbítear ag súil leis ó thuismitheoirí maidir le rochtain ar thacaíocht agus seirbhísí. Rud dearfach ba ea gur téarma uilíoch le haghaidh earnáil ilchineálach é 'oideoir' dar le roinnt rannpháirtithe, rud atá ar aon dul le taighde a aithníonn gurb iad na tuismitheoirí na príomhoideoirí. Leag siad béim ar a thábhachtaí atá sé athruithe ó 'cleachtóirí' a ailíniú agus Treoir Chleachtais *Aistear Síolta* (ASPG) a nuashonrú. Mar sin féin, rinneadh machnamh freisin ar an ualach a chuirtear ar thuismitheoirí agus ar an ngá atá le hionchais a fhrámú go cúramach, go háirithe nuair a chuirtear dearcadh na dtuismitheoirí san áireamh:

> *Is gá athrú ón gcleachtóir a ailíniú agus an Treoir Chleachtais a nuashonrú. Tá cur síos ar oideoir sa ghluais agus tá sé leathan go leor chun gach duine ag a bhfuil baint le foghlaim agus forbairt páistí a chlúdach.*

Tháinig ceist chun cinn arís agus arís eile maidir le lucht léite *Aistear*, agus pléadh cibé acu an bhfuil sé ann do thuismitheoirí, d'oideoirí nó d'fheighlithe páistí:

> *An do thuismitheoirí* Aistear*? An féidir le tuismitheoirí rochtain a fháil air? An bhfuil cáipéis á cur ar fáil againn atá in ann tacú le tuismitheoirí dáiríre nó an amhlaidh a dhéantar idirghabháil air trí shuíomh an chúraim?*

D'éiligh roinnt rannpháirtithe go mbeadh leaganacha éagsúla den cháipéis ann chun freastal orthu siúd atá ag lorg eolais agus orthu siúd a bhfuil sé i gceist acu í a úsáid lena bpáiste:

> *Cé gur aontaíodh laistigh den fhócasghrúpa gur do thuismitheoirí, d'oideoirí agus d'fheighlithe páistí atá sí, d'aontaigh na rannpháirtithe uile gur gá breithniú a dhéanamh ar leaganacha éagsúla den cháipéis, ionas go mbeidh sí inrochtana do thuismitheoirí ar mian leo tuilleadh eolais a fháil; murab ionann agus na tuismitheoirí úd atá ag iarraidh í a úsáid lena bpáiste.*

Mar atá thuasluaite, i measc na bpríomhghnéithe d'íomhá an oideora ar cuireadh fáilte rompu, bhí:

- an t-oideoir gníomhaíoch
- an t-oideoir mar ghairmí machnamhach
- an t-aitheantas don ghairmiúlacht.

Cé gur cuireadh fáilte an-dearfach roimh an téarma 'oideoir' ar fud na bhfócasghrúpaí, iarradh freisin go ndéanfaí íomhá agus infheictheacht an oideora a fhorbairt a thuilleadh laistigh den *Aistear* nuashonraithe. A mhéid a bhaineann le haitheantas breise, sonraíodh go bhféadfaí castachtaí an róil a aithint a thuilleadh. Mar shampla, obair le gníomhaireachtaí eile, cásanna dúshlánacha agus an fíoras go bhféadfaí cuid de na téarmaí dearfacha a úsáidtear san fhís don pháiste a chur i bhfeidhm ar an oideoir freisin chun aitheantas a thabhairt do ról níos leithne na n-oideoirí.

Thug roinnt rannpháirtithe le fios go raibh éagothroime ann san fhís don pháiste agus gur cheart é sin a athmheas. Shonraigh grúpa amháin go bhfuil an *Aistear* nuashonraithe *dírithe níos mó ar an mbabaí, ar an naíonán agus ar an bpáiste óg ná mar atá sé ar an oideoir, agus seans gur cheart níos mó cothromaíochta a bheith ann ina thaobh sin*.  Bhraith siad gur *léiriú é sin ar an gCreat ina iomláine agus gur gá breithniú a dhéanamh air.*

Shonraigh grúpa amháin go bhfuil *dul chun cinn iontach déanta agus tugann sé sin sofheictheacht mhaith d'oideoirí laistigh den fhís, ach arís eile, d'fhéadfaí é a neartú ar fud na cáipéise*. Bhraith grúpa eile *nach bhfuil an tsofheictheacht a thugtar d'oideoirí láidir a dóthain ar fud na cáipéise*. *Caithfidh cothromaíocht a bheith ann idir an infheictheacht d'oideoirí agus an infheictheacht do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga.* Ar an mbealach céanna, shonraigh grúpa eile: *Luaitear íomhá an pháiste […] laistigh de chaidrimh ghrámhara, ceangail shlána agus caidrimh chothaitheacha ach ní luaitear iad in íomhá an oideora.*

Bhraith fhócasghrúpa eile go raibh *Íomhá an oideora tearcfhorbartha sa nuashonrú*. Rinne an grúpa sin an moladh seo a leanas freisin:

> *Cuid de na fhocail dheasa san fhís don pháiste a bhogadh síos chuig an oideoir (an fócas ar chúram, grá gairmiúil, meas). An páiste neadaithe i gcaidrimh – teastaíonn an rud céanna ó oideoirí – teastaíonn tacaíocht uathu, go léireofaí meas orthu, go n-aithneofaí an méid eolais agus na heispéiris saoil uathúla a chuireann siad ar fáil.*

An tráth céanna, chuir grúpa eile in iúl *gur gá fócas a bheith ann ar luach an oideora ar fud an Chreata ina iomláine. Sonraíodh nach mbaineann ráitis ghutha an pháiste ach leis an bpáiste féin – cén bhaint atá ag an oideoir leo?* Tharraing an grúpa céanna seo aird freisin ar a thábhachtaí atá *scileanna agus eolas an oideora, go háirithe do pháistí a mbaineann tráma dóibh. Teastaíonn tacaíocht uathu le bheith machnamhach – le cur chuige neamhchlaontachta a ghlacadh – is gá na hoideoirí a chothú, cúram a dhéanamh díobh freisin.*

I ngrúpa amháin bhí ceist ann maidir le *tacaíochtaí agus seirbhísí gan bheith ar fáil* d'oideoirí gníomhaíocha. Tarraingíodh aird freisin ar an gcaoi ar ghá tuilleadh aitheantais a thabhairt do ról tacaíochta an teaghlaigh ar bhealach níos leithne. Shonraigh grúpa amháin:

> *An gá le ról an oideora a leabú i dtacaíocht don teaghlach in* Aistear. *Is tairseach iad suíomhanna luathbhlianta chun cuidiú a chur ar fáil, seans gur tusa an t-aon duine is féidir leo a iarraidh, caithfidh tú a bheith comhbhách. Caithfear gur nasc le seirbhísí eile thú.*

Shonraigh tuismitheoirí laistigh d'fhócasghrúpa freisin *an luach a thugann siad don chomhairle agus don tacaíocht ó na hoideoirí, agus luadh freisin an chaoi a gcuireann na suíomhanna tacaíocht ar fáil chomh maith, mar shampla cuidiú leo aturnae a aimsiú nó bia nó acmhainní eile a sheoladh abhaile chuig teaghlaigh*.

#### 3.1.1.9.2 Aitheantas do shaincheisteanna níos leithne

Cé go raibh na fócasghrúpaí an-dearfach ar an iomlán maidir le *Aistear* a nuashonrú, le linn na bpléití, braitheadh go láidir an gá atá le haitheantas a thabhairt do na saincheisteanna níos leithne agus do na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le *Aistear* nuashonraithe a chur i bhfeidhm sa chleachtas. A mhéid a bhaineann le *Aistear* nuashonraithe a thuiscint agus a chur i bhfeidhm sa chleachtas, sonraíodh na héagsúlachtaí maidir le cáilíochtaí agus taithí sa réimse. Bhraith na fócasghrúpaí go raibh sé tábhachtach aitheantas a thabhairt do na héagsúlachtaí maidir le cáilíochtaí agus taithí laistigh den réimse mar aon leis an gcaoi a bhféadfaí bríonna éagsúla a bhaint as gnéithe áirithe de *Aistear*, cuir i gcás coincheap an chumais gníomhúcháin, nó níos measa fós, an chaoi a bhféadfaí neamhaird a dhéanamh díobh, dá mba rud é nach dtuigfí iad. D'fhiafraigh grúpa amháin:

> *Cén leibhéal rochtana a bheidh ag baint leis na smaointe in* Aistear *do gach oideoir? Leis an téarmaíocht nua atáthar a thabhairt isteach, beidh gá le míniú agus tacaíocht (oiliúint).*

Sonraíodh i ngrúpa amháin *cé go raibh fáilte roimh chomhsheasmhacht na teanga nua ar fud na cáipéise, gur cuireadh imní in iúl go bhféadfadh cuid den téarmaíocht a bheith dúshlánach d'oideoirí, agus beidh tacaíocht ag teastáil uathu sa réimse seo.* Moladh an ghluais.

Cé go raibh na fócasghrúpaí dearfach arís agus arís eile maidir le príomhghnéithe an dea-chleachtais, cuir i gcás oideolaíocht mhall chaidreamhach (a phléitear sa chéad chuid eile), éilíodh go n-aithneofaí go bhféadfadh saincheisteanna agus coinníollacha foirne, dualgais riaracháin agus ceanglais chigireachta maolú a dhéanamh ar an méid a bhfuiltear ag tacú leis le *Aistear* nuashonraithe. Shonraigh na fócasghrúpaí, chun go bhféadfaí na príomhtheachtaireachtaí in *Aistear* nuashonraithe a bhaint amach, gur gá ailíniú agus comhoibriú láidir níos leithne a bheith ann ar fud na bpáirtithe leasmhara uile, gníomhaireachtaí cigireachta agus tacaíochta ina measc, agus nach mór beartas a bheith i bhfeidhm ionas go mbeidh gach duine *ar aon intinn*.

A mhéid a bhaineann leis an bhfís, shonraigh grúpa amháin gur *maith an rud é cur chuige bunaithe ar láidreachtaí a fheiceáil i leith na físe don oideoir, ach gur gá trácht a dhéanamh ar an gcomhoibriú atá ann cheana idir oideoirí agus idir oideoirí agus gníomhaireachtaí seachtracha. Níor cheart breathnú ar an bhfís seo ina haonar.*

Cé go raibh na fócasghrúpaí dearfach maidir le haitheantas a thabhairt do ghairm na luath-óige, éilíodh go mbeadh aitheantas níos mó ann sa tsochaí don ghairm sin agus go n-aithneodh tuismitheoirí an luach a bhaineann le súgradh a thuilleadh. Mhol grúpa amháin fógraí teilifíse chun

aird a tharraingt ar ról an tsúgartha. Thug oideoir i gceann de na fócasghrúpaí sampla de thuismitheoirí sa suíomh nach dtuigeann luach an tsúgartha i gcónaí.

### 3.1.1.9.3 An baile agus an timpeallacht níos leithne a aithint

Luadh nach bhfuil gach páiste, go háirithe san aoisraon ó bhreith go 3 bliana d'aois, i suíomhanna luath-óige. Éilíodh aitheantas níos fearr do ról na timpeallachta baile nó eispéiris lasmuigh de shuíomhanna i gcás cuid de na fócasghrúpaí. Mar shampla, luadh i ngrúpa amháin *nach bhfuil gach páiste ó bhreith go 3 bliana d'aois i suíomhanna agus mar sin de, sonraíodh gur cheart é sin a aithint freisin agus tá sé tábhachtach fócas a chur air sin. Teastaíonn eagraíochtaí lasmuigh de shuíomhanna chun obair a dhéanamh air sin.*

An tráth céanna, luaigh grúpa eile *gur gá teaghlaigh a chur san áireamh a thuilleadh, nach mór don Chreat teachtaireacht láidir a thabhairt gur leithne an t-oideachas agus an cúram a chuirtear ar fáil do bhabaithe, naíonáin agus páistí ná an méid a tharlaíonn sna suíomhanna*.

Shonraigh fócasghrúpa amháin *leis an chuma atá ag teacht ar an earnáil, is amhlaidh a éireoidh cúram a dhéanamh de pháistí sa bhaile i bhfad níos gairmiúlaithe agus rialaithe, agus mar sin de ní mór dúinn tuiscint a fhorbairt go bhféadfaidh an curaclam seo a bheith bunaithe ar an mbaile.*

An tráth céanna, luaigh grúpa eile an *gá atá le* Aistear *a thabhairt taobh amuigh den suíomh, go háirithe i gcás na bpáistí idir 0 agus 3 bliana d'aois. Níl rochtain ag gach tuismitheoir ar shuíomhanna/eolas faoi* Aistear, *agus mar sin de is gá dúinn an fhís do* Aistear *a thabhairt isteach sa phobal chun dearcthaí/meon na sochaí a athrú (an chaoi a léirímid meas ar an bpáiste agus an páiste mar shaoránach).*

### 3.1.2 Caidrimh

Ba é 'Caidrimh' an dara téama a sainaithníodh ó shonraí na bhfócasghrúpaí. Sonraíodh an *tábhachtach bhunúsach a bhaineann le caidrimh*. Ó chur chuige i leith córais éiceolaíochta (Bronfenbrenner, 2000), sainaithníodh go raibh tábhacht le caidrimh ar fud na gcóras uile, a raibh baint dhíreach ag páistí agus teaghlaigh leo agus caidrimh ghairmiúla agus idirghníomhaireachta níos leithne freisin.

Ó thaobh an mhicreachórais a bhaineann go díreach le páistí óga, bhí príomhfhócas ann ar an oideolaíocht mhall chaidreamhach. Luaitear roinnt samplaí ó na fócasghrúpaí anseo:

> *Seasann an oideolaíocht mhall chaidreamhach amach domsa, an t-am a chur i leataobh chun taitneamh a bhaint as na rudaí beaga.*

> *Cuirtear fáilte roimh an oideolaíocht mhall chaidreamhach – an gá d'oideoirí moilliú, a bheith ann san am i láthair, breathnú ar na páistí. Féadfaidh an lá dul thart go han-tapa agus a bheith dírithe ar thascanna, ar ghnáthaimh, agus éileoidh an oideolaíocht mhall chaidreamhach go n-athrófaí meonta – an gá atá le smaoineamh chun cinn ar an lá agus am a aimsiú le moilliú.*

> *An oideolaíocht mhall chaidreamhach – tá sí i bhfad níos croíúla agus níos séimhe – agus beidh na páistí faoi bhláth sa chineál timpeallachta sin. Beidh sé tábhachtach cur ar chumas tuismitheoirí an t-athrú sa chleachtas a thabhairt faoi deara lena bpáistí féin – gnéithe simplí agus an tábhacht a bhaineann le caidrimh á haithint anois.*

Sonraíodh freisin an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 freisin ó thaobh caidrimh de, *is gá fócas a chur ar chaidrimh le tuismitheoirí agus le teaghlaigh an athuair i ndiaidh Covid agus tá sé tábhachtach béim a fheiceáil in* Aistear *maidir lena lárnaí atá na naisc sin*.

Tharraing fócasghrúpa amháin aird ar a thábhachtaí atá sé glacadh le gach duine agus caidrimh a chothú le tuismitheoirí agus mhol siad an méid seo a leanas: *coinníonn roinnt suíomhanna tuismitheoirí amach, go háirithe i ndiaidh Covid, caithfear a leagan amach in* Aistear *nach mór fáilte a chur roimh thuismitheoirí sna suíomhanna, ní féidir iad a choinneáil i gcéin. Tá grúpa dúshlánach tuismitheoirí againn, agus is féidir rath a bheith orainn. Meas a léiriú ar thuismitheoirí i gcónaí – é a dhéanamh go fiúntach.*

Sonraíodh i ngrúpa eile freisin:

> *Nochtar pearsantachtaí na bpáistí nuair a úsáidtear an oideolaíocht seo, rud a thacaíonn le hoideoirí caidrimh a thógáil leis na páistí. Ba cheart tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí ionas go mbeidh na hoideoirí in ann an úsáid cheart a bhaint as oideolaíocht mhall chaidreamhach. Tugann an oideolaíocht mhall chaidreamhach deis níos fearr d'oideoirí chun naisc a dhéanamh idir na rudaí atá na páistí a dhéanamh. Tugann sí deis dóibh freisin chun cuidiú le páistí teanga a fhorbairt. Is mó an deis a bhíonn ag páistí forbairt a dhéanamh agus a bheith ag obair ar a luas féin nuair a úsáidtear oideolaíocht mhall chaidreamhach. Dúradh go raibh sé tábhachtach go raibh sé scríofa amach anois gur féidir moilliú – ní gá go mbeadh sprioc faoi leith/'bosca le ticeáil' ag gach idirghníomhaíocht idir an t-oideoir agus an páiste. Luadh tuiscint na gcigirí ar an gcoincheap.*

Cé gur shonraigh grúpa eile, i ndáil leis an oideolaíocht mhall, go bhfuil *na baill foirne éiginnte faoi seo toisc nach mbíonn siad ag iarraidh go gceapfaí go mbeadh "faic ar bun acu" – ní mór tacú leo agus an teachtaireacht a threisiú go bhfuil gach idirghníomhaíocht mar chuid de seo agus gur gá an tábhacht a bhaineann le caidrimh a chur i gcuimhne. Ní cheart a mheas gurb ionann 'mall' agus 'leisciúil' – caithfidh an teachtaireacht sin a bheith soiléir – baineann luach le bheith mall.*

Sonraíodh an tábhacht a bhaineann le meas arís agus arís eile freisin. Chuir roinnt fócasghrúpaí fáilte roimh an téarma 'grá gairmiúil':

> *Is iontach an rud é a fheiceáil go bhfuil béim ar an oideolaíocht mhall chaidreamhach agus ar chaidrimh dhearfacha ('grá gairmiúil').*

Tugadh an-tacaíocht don chur chuige bunaithe ar phríomhdhuine freisin, *sainaithníodh go raibh an tábhacht a bhaineann le Ceangal, an príomhdhuine, follasach anois, níl sí intuigthe a thuilleadh mar a bhí sa leagan ó 2009*. Luadh freisin go bhfuil *an-tábhacht ag baint le rud a thabhairt faoi deara, agus cé go bhfeicimid rudaí, ní hionann é sin agus rudaí a thabhairt faoi deara*.

Laistigh d'fhócasghrúpa amháin, tharraing tuismitheoirí aird ar an tábhacht a bhaineann le hoideoirí a bheith ag obair lena bpáistí, go háirithe ó thaobh tráma de. I ndáil le haoisghrúpaí measctha, sonraíodh *go bhféadfadh sé go mbeadh deis uathúil ag feighlithe páistí chun tacú le caidrimh ar fud aoisghrúpaí measctha*.

Ó thaobh na dtuismitheoirí de, luaigh siad na caidrimh dhearfacha a bhí acu leis na baill foirne freisin, a thug treoraíocht agus tacaíocht dóibh. Tharraing tuismitheoirí in ionad soláthair dhírigh aird ar na caidrimh dhearfacha a bhí ag a bpáistí lena n-oideoir:

> *Tá na múinteoirí rímhaith, an-chineálta, ní bhíonn siad ag béiceadh riamh, [baineadh ainm an oideora] – tá sí thar barr ar fad'. Tá caidreamh an-mhaith againn uile le [baineadh ainm an oideora], is breá leis na páistí agus na tuismitheoirí [í] agus tá muinín acu as an bhfoireann'... [tá na páistí] ag foghlaim go leor leor, go háirithe cúrsaí cumarsáide.*

Laistigh d'fhócasghrúpa eile le tuismitheoirí, sonraíodh *ós rud é gur teaghlach aontuismitheora muidne, bítear ag brath go mór ar na suíomhanna chun tacú le teaghlaigh toisc nach bhfuil an tacaíocht le fáil aon áit eile.* Sonraíodh freisin *a thábhachtaí atá ceangail le cairde, pobail agus comharsana, tá sé cosúil le Bronfenbrenner, agus an páiste sa lár ag idirghníomhú leis an oiread sin daoine.* Sonraíodh freisin a thábhachtaí atá caidrimh leis an bpobal áitiúil. Cuireadh in iúl gur cheart go mbeadh an caidreamh sin cómhalartach.

#### 3.1.2.1 Dúshláin i leith caidrimh a fhorbairt agus a chothú

Cé go raibh comhaontú láidir ann faoina thábhachtaí atá caidrimh agus an oideolaíocht mhall chaidreamhach, sainaithníodh dúshláin sa chleachtas freisin.

Shonraigh fócasghrúpa amháin an méid seo a leanas:

> *A lárnaí atá sé caidrimh a fhorbairt agus a chothú, tá sé sin mar bhonn taca faoin obair a dhéantar sa phobal. Pléann oideoirí an gá atá le* Aistear *chun aird a tharraingt ar an bhfíoras nach bhfoghlaimíonn páistí ach amháin má bhraitheann siad go bhfuil siad slán go sóisialta agus ó thaobh na mothúchán de agus má tá a dtuismitheoirí ceart go leor agus má thacaíonn an suíomh luath-óige leo. Ní féidir leis an Rialtas breathnú ar obair agus tacaíocht do thuismitheoirí/teaghlaigh ann*

*mar ghné bhreise do shuíomhanna luath-óige. Tá sé lárnach chun tacú le foghlaim agus forbairt na bpáistí.*

Sonraíodh freisin gur cheart aitheantas a thabhairt in *Aistear* nuashonraithe do na dúshláin is féidir teacht chun cinn freisin ó thaobh caidrimh le páistí a mbíonn a n-iompraíocht dúshlánach agus le tuismitheoirí.

A mhéid a bhaineann le caidrimh agus an macrachóras a mbíonn tionchar aige ar an gcleachtas, sonraíodh i gceann de na fócasghrúpaí *go ndéanaimid iarracht chun oideolaíocht mhall chaidreamhach a dhéanamh, tá sé sin an-tábhachtach anseo, tógann sé roinnt mhaith ama le muinín a chothú. Cén chaoi ar féidir é sin a dhéanamh leis na cóimheasa atá leagtha amach ag Tusla? Ní mór breathnú orthu arís, go háirithe nuair a bhíonn riachtanais bhreise i gceist nó nuair a bhíonn páistí agat a bhfuil taithí acu ar thráma, a léiríonn crá, srl.* Oideoirí a bhíonn ag obair i gceantair a aithnítear a bheith faoi mhíbhuntáiste, tharraing siad aird ar an gcaoi ar gá níos mó baill foirne a bheith ag obair le páistí óga, ag gabháil thar na cóimheasa, lena chinntiú go soláthraíonn siad na hidirghníomhaíochtaí a theastaíonn ó na páistí agus na teaghlaigh a mbíonn siad ag obair leo.

### 3.1.3 Athbhreithnithe molta, ábhair mhachnaimh agus moltaí sonracha

Ba é an tríú téama a sainaithníodh ná 'Athbhreithnithe molta, ábhair mhachnaimh agus moltaí sonracha'. Cé go raibh na freagraí foriomlána laistigh de na fócasghrúpaí dearfach i leith an *Aistear* nuashonraithe, tarraingíodh aird ar roinnt saincheisteanna, ábhair imní agus athbhreithnithe sonracha ar fud na bhfócasghrúpaí. Rinneadh na moltaí ginearálta agus na moltaí sonracha sin a thiomsú a thuilleadh ach úsáid a bhaint as anailís dioscúrsa cháilíochtúil. Rinneadh na príomhréimsí le breithniú a thiomsú in Aguisín 1: Moltaí ó fhócasghrúpaí chun téarmaíocht / teanga a athrú (fócasghrúpaí) chun tuilleadh breithnithe a éascú san *Aistear* nuashonraithe.

Cé go raibh tuairimí éagsúla ann laistigh de na fócasghrúpaí agus ina measc maidir le téarmaíocht ar leith, cuirtear i láthair an comhdhearcadh iomlán ar fud na bhfócasghrúpaí sa chuid seo. Tharraing na fócasghrúpaí aird ar ghnéithe dearfacha agus ar ábhair imní fhéideartha ó thaobh na teanga de sna réimsí seo a leanas a bhfuil achoimre orthu thíos:

- Aithníodh athruithe dearfacha ar theanga, téarmaí agus frásaíocht/téarmaíocht, lena n-áirítear an ghluais a chuimsiú
- Teanga nuashonraithe chun sochaí atá ag athrú agus dea-chleachtais atá ann go hidirnáisiúnta faoi láthair a léiriú
- Breithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht agus ar an lucht léite
- Téarmaí nua a mbeidh tuilleadh mínithe, soiléirithe agus tacaíochta ag teastáil ina leith
- Cuireadh imní in iúl faoi théarmaí ar leith
- Moladh athruithe nó leasuithe sonracha ar an téacs.

#### 3.1.3.1 Teanga dhearfach

Mar a luadh níos luaithe, ba dhearfach an fhreagairt ar an téarmaíocht a úsáideadh i ndáil le páistí óga, go háirithe an tagairt a rinneadh do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga. Cuireadh fáilte roimh an téarma 'cumas gníomhúcháin' agus 'gníomhaíoch' i ndáil le páistí agus oideoirí. Tarraingíodh

aird freisin ar an téarma 'meas' mar théarma dearfach. Tharraing roinnt fócasghrúpaí aird ar na tagairtí an-dearfach a rinneadh don súgradh agus don tábhacht a bhaineann leis an súgradh. Cuireadh fáilte roimh na téarmaí 'grá gairmiúil' agus 'lúcháireach' freisin.

### 3.1.3.2 Ábhair imní faoi fhriotal/téarmaíocht ar leith

Bhí ceisteanna ann roinnt uaireanta faoin téarma 'tuismitheoirí' mar théarma a d'fhéadfadh a bheith róchúng. I measc na moltaí a bhí ann, bhí úsáid níos leithne a bhaint as an téarma 'cúramóir' nó 'teaghlach'. Bhí ceisteanna ann maidir leis an téarma 'oideoir' i ndáil le tuismitheoirí agus an ról gairmiúil. Luadh an téarma 'cothromas' arís agus arís eile i bpléití na bhfócasghrúpaí. Ar an iomlán, cuireadh fáilte roimh an téarma 'cothromas', mar sin féin bhí roinnt ceisteanna ann maidir leis an réasúnaíocht a bhain leis an téarma 'comhionannas' a bhaint. Mar shampla, tráchtadh ar an méid seo a leanas:

*Cothromas – ní maith an smaoineamh é comhionannas a chailleadh – ní mór é a shainmhíniú ar bhealach níos soiléire.*

*Ar son athrú ar an téarmaíocht ó chomhionannas go cothromas – an ceart 'ceartas' a chur san áireamh?*

Cuireadh roinnt ábhair imní in iúl maidir le teanga na hilchineálachta agus faoina chinntiú go mbeadh an Creat a ionchuimsithí agus is féidir, agus feasacht ann ar an tsochaí agus ar struchtúir an teaghlaigh atá ag athrú. Na pointí mionsonraithe sonracha maidir le teanga agus téarmaíocht a tarraingíodh anuas ar fud na bhfócasghrúpaí, cuireadh i dtoll a chéile iad agus cuirtear i láthair iad in Aguisín 1: Moltaí ó fhócasghrúpaí chun téarmaíocht / teanga a athrú (fócasghrúpaí)

### 3.1.3.3 Úsáid na Gaeilge

Ar an iomlán, cuireadh fáilte roimh an nGaeilge a bheith á cuimsiú ar fud na bhfócasghrúpaí, ach cuireadh roinnt pointí forálacha in iúl maidir le cur i gcéill agus imní faoi eisiamh dóibh siúd atá díreach i ndiaidh teacht chuig an tír nó nach labhraíonn an teanga. Mar sin féin, bhíothas den tuairim gur togra dearfach é sin agus go raibh an-fháilte roimhe. D'éiligh roinnt rannpháirtithe go méadófaí an fócas ar théarmaí Gaeilge, mar shampla, na téamaí a bheith ann i nGaeilge mar a dhéantar le *Te Whāriki* sa Nua-Shéalainn nó focail bhreise a chuimsiú ar fud an Chreata ar nós 'súgradh'. A mhéid a bhaineann le haistriúcháin Ghaeilge agus ciall na dtéarmaí, sainaithníodh roinnt earráidí nó fadhbanna féideartha maidir le léirmhíniú focal, an t-aistriúchán ar sheanfhocail, srl. (féach Aguisín 1: Moltaí ó fhócasghrúpaí chun téarmaíocht / teanga a athrú (fócasghrúpaí)).

### 3.1.3.4 Inrochtaineacht

Cé go raibh aiseolas dearfach ann maidir le tuin agus cur i láthair an *Aistear* nuashonraithe, tarraingíodh roinnt ceisteanna anuas maidir le hinrochtaineacht *Aistear* mar aon le roinnt ábhair imní maidir le tuin acadúil na cáipéise. Tarraingíodh anuas é sin i ndáil leis na leaganacha Béarla agus Gaeilge den cháipéis. I gcomhréir leis an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim, agus chun glacadh le hilchineálacht na bhfoghlaimeoirí, moladh go gcuimseofaí modhanna iolracha de *Aistear* amhail tuilleadh íomhánna, srl. Cuireadh imní in iúl faoin inrochtaineacht d'oideoirí a bhfuil leibhéil éagsúla oideachais agus cáilíochtaí acu. Moladh freisin gur cheart go ndéanfaí aistriúchán ar *Aistear* go teangacha éagsúla. Mhol fócasghrúpa amháin go gcoinneofaí dathchódú na dtéamaí freisin.

Moladh roinnt uaireanta freisin gur cheart go mbeadh leagan ar leith ann a cheapfaí go sonrach do thuismitheoirí. Sonraíodh go bhfuil Béarla mar theanga bhreise ag roinnt tuismitheoirí, go bhféadfadh fadhbanna litearthachta a bheith ag cuid acu agus moladh go rachadh an Áisíneacht

Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA) i mbun an phróisis chun cáipéis inrochtana a scríobh. Mar sin féin, cuireadh i dtábhacht gur cheart go léireofaí meas sa cháipéis ar thuismitheoirí seachas é a bheith ina leagan *éasca*. Moladh gur cheart í a scríobh i stíl a mbeadh tuismitheoir in ann é a mhíniú do thuismitheoir eile

Moladh freisin gur cheart go mbeadh leagan de *Aistear* ann a cheapfaí go sonrach do pháistí ina n-úsáidfí scéalta sóisialta, b'fhéidir, lena chinntiú gurbh fhurasta dáimh a bheith acu leis agus go mbeadh sé sothuigthe dóibh.

### 3.1.3.5 Grafaic faisnéise

Cuireadh fáilte an-dearfach roimh na grafaicí faisnéise athbhreithnithe iomlána. Moladh go ndéanfaí grafaicí faisnéise breise a chuimsiú nó a fhorbairt. Lena n-áirítear:

*An bhféadfaí na naisc idir na prionsabail a thaispeáint ar bhealach éigin i léaráid?*

*Ba cheart an fhís a léiriú sa léaráid.*

*Bheadh íomhá/grafaic a bhaineann le measúnú cabhrach agus úsáideach.*

### 3.1.3.6 An fhís do *Aistear*

D'iarramar faoin bhfís do *Aistear* sna fócasghrúpaí agus ar an iomlán, is amhlaidh a bhí freagairt iontach dearfach ann, go háirithe i ndáil leis an bhfís don pháiste. Mar a tarraingíodh aird air níos luaithe, cuireadh fáilte roimh íomhá an pháiste mar dhuine gníomhaíoch, mar shaoránach a bhfuil cearta aige ó chur chuige bunaithe ar láidreachtaí. Cuireadh fáilte dhearfach roimh an tagairt dhíreach do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga ar fud an Chreata freisin. Sainaithníodh gur gné an-dearfach í an tábhacht a bhaineann le cairdeas agus caidrimh. Mar sin féin, sonraíodh i ngrúpaí áirithe go bhféadfaí tuilleadh béime a chur ar chumas na bpáistí:

*Is é rud atá i gceist leis an bhfís ná cumasú agus meas – ní insint ar pháistí mar dhaoine leochaileacha.*

*Friotal álainn/séimh ar íomhá an pháiste – a n-indibhidiúlacht, a scéal in éineacht leis an gcineáltas agus an meas.*

Mar sin féin, aithníodh i bhfócasghrúpa amháin, cé gur dhearfach an cur chuige bunaithe ar láidreachtaí i leith breathnú ar an bpáiste, *nach mór dúinn a aithint freisin go mbeidh tacaíocht de dhíth ar roinnt páistí agus rochtain a fháil ar a bhfuil de dhíth orthu le foghlaim agus le mothú go maith.* Shonraigh grúpa amháin freisin:

*Ba cheart dúinn breathnú ar chumas na bpáistí dul i ngleic lena bhfoghlaim féin agus mheasamar 'nach raibh [an nuashonrú] sách láidir i ndáil le cumas na bpáistí.*

Cuireadh fáilte roimh an téarma 'oideoir' agus ba dhearfach an tuairim maidir le híomhá an oideora mar dhuine gníomhaíoch. Mar sin féin, bhí ceisteanna ann maidir lena chuimsithí atá an téarma, fiafraíodh 'cé hé an t-oideoir?'. An téarma gairmiúil é nó an féidir leis ionadaíocht a dhéanamh do gach duine fásta agus tuismitheoirí san áireamh? D'iarr roinnt fócasghrúpaí go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar íomhá an oideora ar fud an Chreata chun léiriú níos fearr a thabhairt ar chastacht na hoibre maidir le scileanna agus eolas na n-oideoirí a aithint agus ar an sainchúram níos leithne maidir le tacaíocht do theaghlaigh agus obair le gníomhaireachtaí seachtracha. Sainaithníodh an tábhacht a bhaineann le caidrimh leis na hoideoirí freisin agus moladh go n-úsáidfí roinnt den

téarmaíocht chomhchosúil i ndáil le caidrimh d'oideoirí, m.sh. (an fócas ar chúram, grá gairmiúil, meas). Tugadh le fios freisin gur gá an fhís don oideoir a bheith níos leithne chun an ról a léiriú ar bhealach níos fearr, agus shonraigh grúpa amháin gur *maith an rud é cur chuige bunaithe ar láidreachtaí a fheiceáil i leith na físe don oideoir, ach gur gá trácht a dhéanamh ar an gcomhoibriú atá ann cheana idir oideoirí agus idir oideoirí agus gníomhaireachtaí seachtracha. Níor cheart breathnú ar an bhfís seo ina haonar.* I ngrúpa amháin, ceistíodh freisin cé acu a thugtar nó nach dtugtar a dhóthain tosaíochta do chúram san fhís.

### 3.1.3.6 Cuspóir *Aistear*

A mhéid a bhaineann leis an gcuspóir go sonrach, cuireadh fáilte roimh an bpointe go *stiúrann, méadaíonn agus leathnaíonn [sé] cuir chuige churaclaim atá ann cheana – ní cur chuige ginearálta a fheileann do chách. Tugtar aitheantas do chuir chuige churaclaim eile sa phointe seo agus léiríonn sé an chaoi a gcuideoidh/dtacóidh* Aistear *le hoideoirí.* Mar sin féin, tarraingíodh cúpla ceist anuas laistigh de na fócasghrúpaí.

Shonraigh grúpa amháin:

> *I ndáil leis an bpointe urchair deiridh sa Chuspóir: Léirítear meas ar ár stair agus ár scéal cultúrtha agus teangeolaíoch agus tugtar téarmaí i nGaeilge isteach mar chuid de seo; cheap ceann de na grúpaí go raibh sé dearfach béim a chur ar chultúr na hÉireann ach gur cheart pointe urchair breise a chur leis chun cultúir eile a chuimsiú agus chun cabhrú le féinaitheantas a fhorbairt do chách.*

Shonraigh grúpa eile freisin go bhfuil an pointe deireanach eisiatach. Mhol siad go mbeadh sé níos láidre dá mbainfí an focal 'ár'. Shonraigh siad gur fánach a bhfuil idir meas a léiriú ar ár dteanga agus ár gcultúr féin agus náisiúnachas. Measadh freisin go bhfuil an téarma 'stair teanga' róchúng, agus moladh go bhféadfaí *teanga an Lucht Siúil/teanga chomharthaíochta na hÉireann a lua in éineacht leis an nGaeilge.*

I ngrúpa amháin, shonraigh na rannpháirtithe *go n-aithnítear na tuismitheoirí mar phríomhoideoirí sa chuspóir – rud nach léirítear ar fud na cáipéise, áfach. Mheas siad go raibh an chuma ar an gcáipéis gur le haghaidh oideoirí i suíomh í.* Shonraigh ceann de na fócasghrúpaí *go bhféadfadh tuismitheoirí a bheith den tuairim nach n-oireann* Aistear *dóibhsean ó tharla go luaitear sa chéad líne gur le haghaidh oideoirí é, ach tá cuspóir* Aistear *an-soiléir a mhéid a bhaineann leis na príomhphrionsabail a shainaithint*.

I measc na dtuairimí eile maidir leis an gcuspóir, bhí:

> *Ó shuíomh amháin go suíomh eile' sa tríú pointe urchair, tugtar aistrithe seachtracha amháin le fios, ach is gá béim a chur ar aistrithe inmheánacha (laistigh de sheomra, laistigh de shuíomh agus le suíomhanna eile).*
>
> *D'fhéadfadh Aistear aghaidh a thabhairt ar aistrithe go cúram páistí d'aois scoile. Tá an cúigiú pointe urchair an-leathan – 'spreagann sé obair idirdhisciplíneach' – an mbeidh treoir ann ar an gcaoi a dtarlóidh sé sin? Ní féidir ráiteas mar sin a dhéanamh gan tacú leis.*

### 3.1.3.7 Prionsabail *Aistear*

Ar an iomlán, bhí na fócasghrúpaí dearfach maidir leis na Prionsabail i gcoitinne. Bhí tacaíocht an-dearfach ann chun líon na bPrionsabal a laghdú ó 12 cheann go 9 gcinn. Cuireadh fáilte roimh an laghdú ar Spriocanna Foghlama freisin. Shonraigh grúpa amháin *go ndéantar an t-eolas níos*

*inrochtana ach líon na bPrionsabal a laghdú. Cuirtear fáilte roimh ábhar na dTéamaí a chomhtháthú laistigh de na Prionsabail – ba cheart go mbeadh tionchar ag na Prionsabail ar gach gné d'eispéiris foghlama na bpáistí. Tacóidh na spriocanna foghlama le hoideoirí agus iad ag pleanáil eispéiris foghlama.*

Measadh go raibh na prionsabail fite fuaite ar bhealach níos follasaí ar fud cháipéis an Chreata. Sonraíodh *má bhreathnaíonn tú ar an mbealach a chuirtear an dearadh le chéile, tá na téamaí fite fuaite sna prionsabail, tá na 9 gcinn idirghaolmhar, tá sé déanta go han-mhaith.*

Thaitin le grúpa eile an chaoi ar *léiriú atá sa fhriotal a úsáideadh sna prionsabail siar ar an bhfocal 'gníomhaíoch', neadaíonn siad an fhís don pháiste agus cruthaíonn an cineál teanga a úsáidtear ar fud na cáipéise sreabhadh – ní hé nach luaitear na coincheapa ach in aon áit amháin*.

Leagtar amach réimse Príomhphointí maidir leis na Spriocanna Foghlama agus na Prionsabail i dTábla 6.

**Tábla 6: Príomhphointí maidir le Spriocanna Foghlama agus Prionsabail**

| | |
|---|---|
| 1 | Cuirtear fáilte roimh an laghdú ar spriocanna foghlama agus roimh bhaint na n-uimhreacha. |
| 2 | Cuireadh fáilte roimh na Prionsabail a laghdú ó 12 cheann go 9 gcinn. Sonraíodh go ndearna CCI cleachtadh mapála agus chreid siad go raibh gach ceann de na 12 bhunphrionsabal fós le feiceáil sna 9 gcinn nuashonraithe. |
| 3 | Ach na spriocanna foghlama a laghdú, tá spás níos oscailte agus níos soiléire ann chun plé machnamhach a dhéanamh, murab ionann agus a bheith ag ticeáil boscaí. |
| 4 | Tá na prionsabail an-fhócasaithe, bhí an 12 cheann iomarcach don fhoghlaimeoir/scoláire. Bhíothas in ann cúrsaí a láimhseáil go maith leis na grúpálacha, ach ó tharla go bhfuil an léaráid chomh soiléir sin, níl gá le grúpáil a thuilleadh. Mar sin tá siad soiléir i dtaca lena chéile. Roimhe seo bhí prionsabail agus téamaí ann agus bhíothas ag iarraidh gach uile rud a dhéanamh amach ach anois, tá sé níos gonta agus níos comhcheangailte agus níos comhtháite. |
| 5 | Ach na prionsabail agus na spriocanna a laghdú, déantar níos inrochtana é do thuismitheoirí chomh maith ach tá sé sách tuairisciúil lena thaispeáint go mbaineann luach lena mbíonn oideoirí a bhreathnú. |
| 6 | Ach na prionsabail a chomhbhrú ó 12 cheann go 9 gcinn, déanfar éascaíocht do na hoideoirí a bhíonn ag obair leo. |
| 7 | Cuirtear fáilte roimh an laghdú ar líon na Spriocanna Foghlama. Níl siad chomh saintreorach céanna leis na cinn roimhe seo agus tugann siad níos mó neamhspleáchais d'oideoirí chun freastal ar pháistí san áit a bhfuil siad lena gcuid riachtanas. Tá siad gonta ó thaobh na teanga de agus spreagfaidh siad machnamh criticiúil an oideora chun pleanáil a dhéanamh de réir mar is cuí. |

B'iomaí moladh sonrach ann a bhain leis na Prionsabail go díreach, agus cuireadh na moltaí sin uile i dtoll a chéile ach úsáid a bhaint as anailís dioscúrsa cháilíochtúil agus leagtar amach iad in Aguisín 2: Aghaidh ar na Prionsabail (fócasghrúpaí).

Sna fócasghrúpaí uile, áfach, bhí roinnt moltaí agus tuairimí ann maidir le hinrochtaineacht i ndáil leis na Prionsabail agus na Téamaí. Bhí moladh ann go ndéanfaí roinnt Prionsabal a

chomhcheangal a thuilleadh, m.sh. d'fhéadfaí súgradh agus eispéiris phraiticiúla a cheangal le foghlaim agus forbairt iomlánaíoch. A mhéid a bhaineann le cur i láthair na bPrionsabal, rinneadh na moltaí seo a leanas, a leagtar amach i dTábla 7, i ndáil le hábhar agus cur i láthair físiúil.

**Tábla 7: Moltaí chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na bPrionsabal**

| | |
|---|---|
| Cur i Láthair Físiúil | • *An bhféadfaí na naisc idir na Prionsabail a thaispeáint ar bhealach éigin i léaráid?*<br>• *Cuirtear fáilte roimh an ngrafaic nua. Bhí roinnt plé ann maidir le cé acu a thugann an ghrafaic le tuiscint go hintuigthe go bhfuil nasc díreach idir roinnt Prionsabal agus na téamaí nó nach dtugann. Bhíothas ar aon intinn, nuair a bhreathnaítear ar an ngrafaic agus í daite, nach baineann an mearbhall sin le hábhar ach is amhlaidh an cás nuair a bhreathnaítear uirthi agus í dubh agus bán.*<br>• *Pictiúir a úsáid*<br>• *Cuirtear fáilte roimh infheictheacht na bPrionsabal sa ghrafaic faisnéise agus laistigh de na téamaí. Measadh gurb é an fáth a ndearnadh neamhaird díobh roimhe seo ná mar gheall nár tharraing an ghrafaic faisnéise a úsáideadh aird ach ar na téamaí amháin.*<br>• *Tá na naisc idir Prionsabail agus Téamaí soiléir. Tá an-tábhacht ag baint le dathanna – ní léir é sin sna dréachtmholtaí, m.sh. na ceithre théama agus na dathanna gaolmhara.*<br>• *A mhéid a bhaineann leis an gcur i láthair, ba cheart go mbeadh gach prionsabal ar aon leathanach amháin chun níos mó spáis a thabhairt ó amharc, agus in aigne daoine, chun na Prionsabail a thuiscint.* |
| Foclaíocht | • *Ábhar feabhsaithe ach níor cailleadh é. Is rud maith i gcónaí é simpliú a dhéanamh – is minic is fearr méid beag ná méid mór. Tá sé tábhachtach na príomhtheachtaireachtaí a bheith ceart.*<br>• *Moladh go bhféadfaí breathnú ar an gcaoi a gcuirtear i láthair iad. D'iarr roinnt rannpháirtithe go dtiocfaidh na grúpaí ar ais – 3 ghrúpa de 3 mhír, b'fhéidir*<br>• *Tá sé dearfach go bhfuil teanga na n-aidhmeanna, na dtéamaí agus na spriocanna foghlama nasctha leis na prionsabail ar bhealach níos soiléire. Sa leagan deireanach bhí sé ní ba dheacra na prionsabail agus na téamaí a ailíniú. Anois tá an teanga níos soiléire.*<br>• *Prionsabail – tá go leor acu ann fós d'ainneoin go bhfuil cuid acu súite isteach i gcinn eile. Sonraíodh go raibh na 3 chuid ó leagan 2009 an-chabhrach chun iad a rangú agus iad a dhéanamh inrochtana do léitheoirí.* |

Cuireadh fáilte roimh ráitis ghutha an pháiste i ngach Prionsabal – agus go háirithe tá an ceann deireanach i ngach Prionsabal bunaithe ar cheartas sóisialta. Moladh freisin go bhféadfaí 'cumarsáid' a úsáid in ionad 'guth' i ráiteas an pháiste. An tráth céanna, shonraigh grúpa eile go *n-áirítear 'riachtanais' i ráitis ghutha an pháiste – ar cheart dúinn imeacht ó mhúnla easnaimh?* Sonraíodh freisin nach mbaineann ráitis ghutha an pháiste ach leis an bpáiste féin – iarradh *cén bhaint atá ag an oideoir leo?* Luadh nach léirítear oideolaíocht mhall chaidreamhach i ráitis ghutha an pháiste ach oiread.

### 3.1.3.8 Téamaí *Aistear*

Ba bheag an plé a rinneadh a bhain go díreach leis na Téamaí, ach bhí aiseolas dearfach ann maidir leis na spriocanna foghlama a choimeád agus na ceithre théama a choinneáil ar bun. Cuireadh ábhair imní in iúl i ngrúpa amháin, a thug le fios gurbh fhearr inléiteacht agus dathchódú an leagain roimhe seo.

Maidir leis an saol amuigh faoin aer, chuir na rannpháirtithe fáilte roimh an gceangal idir Aidhm 3 de Thaiscéalaíocht agus Smaointeoireacht agus gníomhaíochtaí lasmuigh, agus aithníodh na dearcthaí atá ag athrú i leith spásanna lasmuigh i ndiaidh COVID. Moladh an téarma 'súgradh fiontrach' chun cumas gníomhúcháin na bpáistí a chur chun cinn.

Tugadh aitheantas don inbhuanaitheacht ar fud na cáipéise, agus sonraíodh dúshláin i seomra na mbabaithe mar gheall ar na Rialacháin maidir leis an Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016:

*Baineann deacracht leis an inbhuanaitheacht, sa chiall thraidisiúnta, i seomra na mbabaithe de bharr na rialachán ó Tusla.*

I dtéama na Folláine, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le folláine an oideora. Tharraing roinnt rannpháirtithe aird ar an gcaoi nach ann don téarma 'gluaiseacht' agus mhol siad go gcuirfí béim ar an tagairt don fhéinrialú agus don chomhrialú. Sainaithníodh 'toiliú' mar ghné ríthábhachtach chun meas a léiriú ar choirp agus iad a chothú.

Cuireadh imní in iúl maidir leis an téarma 'gné spioradálta' i dtéama na Folláine, agus moladh go ndéanfaí machnamh ar roghanna malartacha ar nós 'ionadh' nó 'aireachas'. Moladh comhbhá agus buíochas mar ghnéithe a bhféadfaí tuilleadh béime a chur orthu.

Maidir le Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht, moladh an téarma 'ETIM' a úsáid chun feasacht a mhúscailt ar théarmaí a bhaineann níos mó leis an matamaitic agus chun na téarmaí sin a chuimsiú. Cuireadh i dtábhacht an gá atá le comhtháthú i measc coincheapa ETIM:

*Idirdhealaíonn sé ETIM ach ba cheart tarraingt ar a chéile agus fágann sé sin go bhfuil sé níos mearbhlaí, tá siad nasctha.*

Sa téama Féiniúlacht agus Muintearas, tarraingíodh aird le sampla ar a thábhachtaí atá sé féiniúlacht teaghlach den Lucht Siúil a aithint agus tacú léi, lena n-áirítear an ceangal atá acu leis an Eaglais Chaitliceach. Gríosaíodh go gcinnteofaí ionchuimsitheacht agus acmhainní do theaghlaigh den Lucht Siúil sa cháipéis.

Is féidir teacht ar mholtaí breise a bhaineann leis na Téamaí in Aguisín 1: Moltaí ó fhócasghrúpaí chun téarmaíocht / teanga a athrú (fócasghrúpaí).

## 3.1.4 *Aistear* a bhaint amach sa chleachtas

Ba é an ceathrú téama agus an ceann deiridh a sainaithníodh san anailís a rinneadh ar shonraí na bhfócasghrúpaí ná '*Aistear* a bhaint amach sa chleachtas'. Cé gur ceistíodh na rannpháirtithe go sonrach faoi threoraíocht agus tacaíocht, tháinig na gnéithe sin chun cinn go nádúrtha le linn na bpléití ag pointí éagsúla. Dá bhrí sin, rinneadh scrúdú ar an tacar sonraí ina iomláine chun teacht ar na torthaí a chuirtear i láthair thíos. Leagtar amach na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le *Aistear* a bhaint amach sa chleachtas i bhFíor 2. Ina theannta sin, sainaithníodh roinnt dálaí uile-chórais a d'éascódh cur i bhfeidhm *Aistear*.

**Fíor 2: Príomhréimsí ar cheart aghaidh a thabhairt orthu le haghaidh tuilleadh treorach agus tacaíochta**

- Taifeadadh, measúnú agus pleanáil
- Ilchineálacht, cumas gníomhúcháin, cearta agus ilchultúrachas
- Forbairt Páistí, Folláine, Oideolaíocht chaidreamhach agus spraíúil
- Inbhuanaitheacht
- An Ghaeilge
- Aistrithe
- Feighlithe páistí – tuilleadh samplaí laistigh den timpeallacht bhaile

### 3.1.4.1 Taifeadadh, measúnú agus pleanáil

Ar an iomlán, ba é an príomhréimse tosaíochta ba mhinice a sainaithníodh a raibh tuilleadh treorach agus tacaíochta ag teastáil ina leith ná taifeadadh, measúnú agus pleanáil. Sonraíodh go bhfuil mearbhall ann faoin réimse seo go ginearálta, agus is amhlaidh a bhíonn léirmhínithe difriúla ann ar ról na mbreathnuithe mar aon le fochialla diúltacha féideartha maidir le coincheap an mheasúnaithe. Shonraigh grúpa amháin an *gá le tuiscint chomónta chomhroinnte ar a bhfuil i gceist le measúnú sa suíomh Luathbhlianta*. Mar shampla, shonraigh grúpa amháin:

> *Tá gá le soiléireacht maidir lena bhfuiltear ag labhairt faoi nuair a dhéanaimid tagairt don mheasúnú. Cuspóir na mbreathnuithe – déantar breathnú ar mhaithe le breathnú, ní ar mhaithe le cigireacht – déantar d'aon ghnó é seachas díreach chun grianghraf a bheith ann le haghaidh comhaid.*

Moladh gur cheart do CNCM ról ceannasach a ghlacadh sa réimse seo agus gur cheart do ghníomhaireachtaí eile aithris a dhéanamh air chun tuiscint chomónta chomhroinnte a éascú ar a bhfuil i gceist le measúnú. Tarraingíodh aird ar threoraíocht lena dtugtar aghaidh ar phríomhghnéithe, cuir i gcás ról an taifeadta go ginearálta, ról na teicneolaíochta agus na cáipéisíochta, ach úsáid a bhaint as punanna digiteacha, srl. Shonraigh grúpa amháin *teanga agus*

*fianaise a thabhairt d'oideoirí chun súgradh a thaispeáint*. Tarraingítear aird sa tábla seo[4] thíos ar na gnéithe sonracha den mheasúnú, taifeadadh agus pleanáil ar mheas na rannpháirtithe ba cheart aghaidh a thabhairt orthu.

**Tábla 8: Moltaí sonracha a bhaineann le taifeadadh, measúnú agus pleanáil**

| | |
|---|---|
| Ginearálta | • *Ba cheart do CNCM ról ceannasach a ghlacadh maidir le pleanáil agus measúnú*<br>• *Pleanáil agus measúnú – ríthábhachtach go mbeidh CNCM i gceannas anseo*<br>• *Ba cheart go leagfaí amach in* Aistear *próisis mheasúnaithe agus ba cheart do luchtanna eile é a leanúint (m.sh. an Roinn Oideachais).*<br>• *Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí mheán an mheasúnaithe – níl dóthain treorach ann maidir le 'pleanáil agus measúnú'*<br>• *Tá treoirlínte maidir le measúnú riachtanach d'oideoirí*<br>• *Treoir maidir le breathnú/taifeadadh*<br>• *Mearbhall san earnáil maidir le pleanáil, taifeadadh agus measúnú*<br>• *Gá le tuiscint chomónta chomhroinnte ar a bhfuil i gceist le measúnú sa suíomh Luathbhlianta* |
| Moltaí | • *Grafaic faisnéise le haghaidh measúnú*<br>• *Ní mór a bheith feasach leis na hábhair faoi na fochialla diúltacha a bhaineann le measúnú agus ní mór a bheith soiléir maidir lena bhfuiltear ag labhairt faoi nuair a dhéanaimid tagairt don mheasúnú.*<br>• *Tuilleadh treorach ar thaifeadadh sa cháipéis dheireanach, m.sh. teimpléid*<br>• *Teimpléid a fhorbairt le haghaidh breathnuithe lena roinnt le tuismitheoirí*<br>• *Taifeadadh – dialann foghlama*<br>• *Aistear an pháiste a thaifeadadh… taifeadadh oideolaíochta, íomhá ar Aistear an pháiste*<br>• *An chaoi a ndéanann páistí taifead agus féinmheasúnú trí shúgradh*<br>• *Teanga agus fianaise a thabhairt d'oideoirí chun súgradh a thaispeáint*<br>• *Punanna digiteacha/measúnú*<br>• *Cothromaíocht cheart a bhaint amach idir bheith ann san am i láthair agus measúnú, úsáid a bhaint as teicneolaíocht*<br>• *Déantar breathnú ar mhaithe le breathnú, ní ar mhaithe le cigireacht – déantar d'aon ghnó é seachas díreach chun grianghraf a bheith ann le haghaidh comhaid.* |
| Saincheisteanna eile | • *Am neamhtheagmhála íoctha le haghaidh taifeadadh agus measúnú* |

### 3.1.4.2 Ilchineálacht, cumas gníomhúcháin, cearta agus ilchultúrachas

Príomhréimse eile a sainaithníodh a raibh gá le tuilleadh treoraíochta agus tacaíochta ina leith ba ea an réimse a bhaineann le hilchineálacht, cearta agus cumas gníomhúcháin a chur chun cinn. Mar a tarraingíodh aird air sa phlé roimhe seo, éilíodh eiseamláirí breise den chumas gníomhúcháin

[4] Gineadh na táblaí sa chuid seo ó anailís dioscúrsa ábhair agus soláthraítear sleachta iontu as na nótaí ó na fócasghrúpaí uile ar léiriú ar an réimse iad agus nach bhfuil uileghabhálach.

sa chleachtas ar fud na réimsí fócais agus measadh gur réimse é sin a mbeadh treoraíocht bhreise ag teastáil ina leith. Mar a shonraítear sa tábla thíos, éilíodh go dtacófaí le cothromas agus ilchineálacht freisin chun cur i bhfeidhm fiúntach a chinntiú.

**Tábla 9: Moltaí sonracha a bhaineann le hilchineálacht, cumas gníomhúcháin, cearta agus ilchultúrachas**

| | |
|---|---|
| Ginearálta | • *An féidir oiliúint a chur ar chleachtóirí luathbhlianta chun go mbeadh níos mó feasachta acu ar an ilchultúrachas?*<br>• *Tacaíocht chun oibriú le teaghlaigh ilchineálacha*<br>• *Laistigh den soláthar díreach tá dúshlán ann maidir le nasc a dhéanamh leis an bpobal níos leithne* |
| Moltaí | • *Cumas gníomhúcháin – é a mhíniú agus é a thaispeáint*<br>• *Teastaíonn tacaíocht i ndáil le saoránach domhanda chun é a chur chun feidhme go fiúntach*<br>• *Seiceálacha cuaille eolais is uirlis mhachnaimh maidir le: ilchineálacht, cothromas agus ionchuimsiú*<br>• *Cothromas a mhíniú maille le samplaí*<br>• *Ábhair a fhorbairt le haghaidh na bpíosaí nua den chreat (m.sh. oidhreacht)* |

### 3.1.4.3 Treoraíocht agus tacaíocht don Ghaeilge

Tarraingíodh aird freisin ar an ngá atá le tuilleadh treoraíochta agus tacaíochta ó thaobh na Gaeilge de. Measadh go raibh gá le tacaíochtaí éagsúla a fhorbairt chun tacú leis an réimse leathan seirbhísí a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge. Bhí ceist i ngrúpa amháin freisin maidir leis an gcaoi le focail Ghaeilge a chuimsiú le babaithe. Sa tábla thíos tarraingítear aird ar léiriú de thuairimí agus moltaí maidir le tuilleadh treoraíochta agus tacaíochta.

**Tábla 10: Moltaí sonracha a bhaineann leis an nGaeilge**

| | |
|---|---|
| Ginearálta | • *Tacaíochtaí do sheirbhísí i mBéarla atá ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn*<br>• *Luadh glantosaitheoirí maidir le cur chun cinn na Gaeilge sna seirbhísí ina bhfuil oideoirí nach bhfuil Gaeilge acu ón scoil*<br>• *Teastaíonn tacaíochtaí maidir leis an aistriú ó réamhscoileanna Béarla go scoileanna Gaeilge* |
| Moltaí | • *A mhéid a bhaineann le gach suíomh agus an píosa a bhaineann leis an nGaeilge, moladh go gcuirfí tuilleadh acmhainní ar fáil chun an Ghaeilge a chur chun cinn – físeáin, srl. ina léirítear cleachtas sa Ghaeltacht agus lasmuigh di.*<br>• *An tumoideachas a léiriú le físeán*<br>• *Acmhainní sonracha a fhorbairt do Naíonraí, agus do réamhscoileanna atá i mbun an Ghaeilge a chur chun cinn*<br>• *Ábhair a fhorbairt faoi na canúintí do na Gaeltachtaí, ábhair eile a fhorbairt don Ghaeilge do ghlantosaitheoirí* |

| | |
|---|---|
| | • *Ábhair chun tacú le tuismitheoirí i suíomh lán-Ghaeilge/leath-Ghaeilge (ábhair dóibh siúd atá in ann agus nach bhfuil in ann Gaeilge a labhairt araon)* |

### 3.1.4.4 Réimsí eile le haghaidh tuilleadh treoraíochta agus tacaíochta

Sna fócasghrúpaí uile, luadh an inbhuanaitheacht go pointe áirithe mar aon leis an ngá atá le tacaíocht sa chleachtas agus ceisteanna faoin gcuma a bheadh air sin sa chleachtas, rud is féidir a fheiceáil i Tábla 11.

**Tábla 11: Moltaí sonracha a bhaineann leis an inbhuanaitheacht**

| | |
|---|---|
| Ginearálta | • *An chaoi a dtacófaí le hoideoirí chun dul i ngleic leis an inbhuanaitheacht sa chleachtas*<br>• *Ba cheart saincheisteanna ar nós na hinbhuanaitheachta (agus cinn eile a dteastaíonn tuilleadh mínithe agus tacaíochta ina leith) a léiriú sa Treoir*<br>• *An dúshlán a bhaineann leis an inbhuanaitheacht sa chleachtas*<br>• *Cuireadh imní in iúl maidir leis an gcaoi leis an inbhuanaitheacht a léiriú san fhíorshaol do pháistí*<br>• *Braitheann an inbhuanaitheacht chomh mór sin, agus téann sé dian orm í a chur i bhfeidhm san fhíorshaol, agus ní mór dom tuilleadh a fhoghlaim agus í a fhiosrú mar thaithí saoil do pháistí.* |

Tharraing na fócasghrúpaí aird freisin ar réimsí breise a dteastaíonn tacaíocht ina leith maidir le forbairt, folláine, súgradh agus foghlaim an pháiste. Iarraidh go sonrach go mbeadh treoir agus samplaí ann a bheadh saincheaptha d'fheighlithe páistí laistigh de shuíomhanna baile. Cuimsíonn na riachtanais a sainaithníodh treoir maidir le garspriocanna forbartha, tacaíocht maidir le tuiscint a bhaint as na bealaí éagsúla a gcuireann páistí iad féin in iúl, straitéisí maidir le forbairt teanga a chothú, forléargas cuimsitheach ar fholláine maille le samplaí a dtacaítear leo, treoir maidir le curaclam atá ag teacht chun cinn agus curaclam ar bhonn fiosraithe, agus oideolaíocht mhall chaidreamhach a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, éilíodh treoir shonrach maidir le foghlaim ar bhonn fiosraithe a dhéanann forbairt ar spéiseanna na bpáistí agus a chuireann a gcuid foghlama chun cinn, béim leanúnach ar shúgradh maille le haitheantas go bhféadfadh forbairt ghairmiúil bhreise a bheith ag teastáil ó oideoirí sa réimse seo. Thairis sin, chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh gá le treoir maidir le tacaíocht a thabhairt do pháistí ó bhreith go 3 bliana d'aois, oideolaíocht mhall chaidreamhach a ionchorprú, agus samplaí sonracha a sholáthar is infheidhme laistigh de thimpeallacht bhaile.

### 3.1.4.5 Acmhainní molta

Tháinig moltaí chun cinn ó na fócasghrúpaí maidir le hacmhainní chun cleachtas a fheabhsú agus a threorú. Áirítear leis na moltaí sin comhthéacsanna éagsúla a ionchorprú i bhfíseáin, réimse cleachtas a chur i láthair, acmhainní éagsúla a chur ar fáil lena mbreithniú (ach a bheith ar an airdeall gan ábhair atá ann cheana a mhacasamhlú), a chinntiú go mbíonn an rogha ag oideoirí cóipeanna crua de *Aistear* a fháil ar chostas agus ar éileamh, béim a chur ar úsáid físeán agus pictiúr ar mhaithe le héifeachtúlacht, fíorshamplaí inláimhsithe a sholáthar le linn forbairt ghairmiúil, agus a bheith i bhfách le treoir maidir le measúnú ina mbeadh samplaí praiticiúla iomadúla seachas a bheith ag brath ar eiseamláirí amháin.

### 3.1.4.6 Treoir Chleachtais *Aistear Síolta*

Moladh Treoir Chleachtais *Aisteach Síolta* (ASPG). Sonraíodh gur eiseamláir é ASPG de thacaíocht churaclaim, agus go raibh sé úsáideach do na daltaí. Cuireadh roinnt imní in iúl mar aon le mearbhall maidir le cé acu a bheadh sé as feidhm anois nó nach mbeadh. Éilíodh go gcoinneofaí ar bun agus go dtabharfaí cothrom le dáta é i gcomhréir leis an *Aistear* nuashonraithe agus go

bhféadfadh sé a bheith ina bhealach áisiúil chun tacaíocht agus treoraíocht a chur ar fáil maidir leis na topaicí a dtarraingítear aird orthu thuas. Moladh go bhféadfadh hipearnaisc a bheith ann laistigh den *Aistear* nuashonraithe le gnéithe agus acmhainní sonracha laistigh de ASPG.

### 3.1.4.7 Tuilleadh treoraíochta agus tacaíochta do thuismitheoirí

Sna fócasghrúpaí, bhí comhaontú ann maidir lena thábhachtaí atá sé tacaíocht agus treoraíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí, agus leagadh béim ar an bhfíorghá atá le cumarsáid éifeachtach le tuismitheoirí. I measc na bpríomhréimsí a sainaithníodh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na dtuismitheoirí, tá acmhainní a chruthú chun tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le súgradh agus le gníomhaíochtaí lasmuigh faoin aer, an fhoghlaim a tharlaíonn trí shúgradh a chur i *láthair*, agus treoraíocht a chur ar fáil maidir le *taifeadadh* a roinnt le tuismitheoirí.

De thoradh an phlé sin, rinneadh moltaí maidir leis an gcaoi is fearr le tacú le tuismitheoirí, go háirithe na tuismitheoirí siúd nach bhfuil líonra tacaíochta ná scileanna sonracha acu. I measc na straitéisí a moladh, tá ceardlanna a reáchtáil do thuismitheoirí faoi *Aistear* agus seisiúin a eagrú do thuismitheoirí laistigh de shuíomhanna luath-óige. Ina theannta sin, tharraing na rannpháirtithe aird ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh CNCM mínithe ar *Aistear* ar fáil do thuismitheoirí i dteanga atá inrochtana, i dteannta amharcléirithe, grafaicí agus téarmaí atá éasca do thuismitheoirí a thuiscint gan róshimpliú a dhéanamh ar an ábhar.

Chuimsigh na príomhbhreithnithe maidir le treoraíocht agus tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ilchineálachta agus inrochtaineachta. Áiríodh leis na moltaí imeachtaí oiliúna a eagrú do thuismitheoirí ó chúlraí cultúrtha éagsúla, acmhainní a mhéadú do thuismitheoirí, tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí nua nó dóibh siúd a thagann isteach sa chóras ó thíortha eile, agus riachtanais shonracha na dtuismitheoirí siúd ó chúlraí cultúrtha éagsúla a aithint.

### 3.1.4.8 Fís chomhroinnte agus freagairt chomhordaithe i leith cur i bhfeidhm ar bhonn céimneach

A mhéid a bhaineann le *Aistear* nuashonraithe a bhaint amach sa chleachtas, bhí pléití ann sna fócasghrúpaí uile faoin ngá atá le comhordú agus comhoibriú i measc na bpáirtithe leasmhara uile a raibh baint acu sa phróiseas. Rinne na fócasghrúpaí roinnt moltaí maidir le tacaíocht a thabhairt do *Aistear* ar an láthair. Sonraíodh i ngrúpa amháin gur *tharraing siad aird ar an tábhacht a bhaineann le fís chomhroinnte, a théann níos faide ná gnáthshuíomhanna oideachais chun prionsabail* Aistear *a leabú sa phobal agus sa tsochaí níos leithne.* Luaigh grúpa eile go raibh sé *tábhachtach go mbeadh tuiscint chomhroinnte ar* Aistear *– Gach duine ar an aon intinn, m.sh. tuismitheoirí, cleachtóirí, le linn na hoiliúna tosaigh agus cáilíochtaí eile, an Chigireacht.*

An tráth céanna, shonraigh fócasghrúpa eile *go gcaithfidh na seirbhísí tacaíochta* Aistear *a thuiscint freisin agus cur chuige atá bunaithe ar láidreachtaí a bheith acu – é seo a thabhairt aníos ó na fréamhacha agus a bheith i bhfách le páistí ní hamháin i suíomhanna nó nuair a fhágann siad na suíomhanna*.

Cuireadh i dtábhacht freisin gur cheart do CNCM ról ceannasach a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm an *Aistear* nuashonraithe ar bhonn céimneach agus go mbeadh mol láraithe ann le haghaidh acmhainní agus oiliúint chomhordaithe thráthúil ar fud na tíre. Leag na rannpháirtithe béim ar an ngá atá le plean náisiúnta don chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach a bheadh maoinithe go hiomlán agus a thiocfadh le foilsiú an Chreata athbhreithnithe do *Aistear*. Éilíodh go láidir go gcuirfí mol láraithe ar bun a bheadh ina ionad ilfhreastail le haghaidh na dtacaíochtaí ar líne uile. Bheadh ról ríthábhachtach ag an mol sin chun rochtain éasca a chur ar fáil ar eolas bailíochtaithe maidir le hacmhainní, FGL, agus mionsonraí riachtanacha eile d’oideoirí luathbhlianta. Ina theannta

sin, tarraingíodh aird sna pléití ar a thábhachtaí atá ceangal CNCM le hoiliúint, lena n-áirítear naisc a dhéanamh le gníomhaireachtaí eile, go háirithe i ndáil leis an nGaeilge. Tá sampla den mholadh a d'eascair as na sonraí ó na fócasghrúpaí maidir le hailíniú níos leithne agus cur i bhfeidhm comhordaithe *Aistear* nuashonraithe ar bhonn céimneach le feiceáil i dTábla 12.

**Tábla 12: Moltaí maidir le hailíniú níos leithne agus cur i bhfeidhm comhordaithe *Aistear* nuashonraithe ar bhonn céimneach**

- *Comhsheasmhacht maidir le teachtaireachtaí ar fud na n-ardán*
- *Togra le haghaidh sainoiliúna agus comhsheasmhacht ann go náisiúnta*
- *Tacaíochtaí córais chun fís an Chreata a fhíorú*
- *Tháinig gairmiúlú na hearnála chun cinn mar riachtanas, lenar cuireadh béim ar dheiseanna breisoiliúna cothroma, maoiniú feabhsaithe do chóimheasa páiste - duine fásta, agus forbairt ceannaireachta.*
- *Tá gá le tacaíocht ó mhórpháirtithe leasmhara chun glacadh le* Aistear *– tá baint ag go leor daoine ann agus ní mór go mbeadh gach duine díobh páirteach agus teanntásach*
- *An tábhacht a bhaineann le fís chomhroinnte, a théann níos faide ná gnáthshuíomhanna oideachais chun prionsabail* Aistear *a leabú sa phobal agus sa tsochaí níos leithne.*
- *Tábhachtach go mbeadh tuiscint chomhroinnte ar Aistear – Gach duine ar an aon intinn, m.sh. tuismitheoirí, cleachtóirí, le linn na hoiliúna tosaigh agus cáilíochtaí eile, an Chigireacht. Tá faitíos ann nach dtuigfidh na Cigirí é, go háirithe agus mic léinn ar socrúchán. Ní mór dúinn cultúr a fhorbairt ina mbeidh tuiscint chomhroinnte*
- *Moladh go ndéanfaí fógra faoin tábhacht a bhaineann le súgradh ar fheachtais teilifíse/meán sóisialta agus naisc a dhéanamh le seirbhísí eile, m.sh. Na Chéad 5 Bliana*
- *An leagan seo a chur in iúl agus tacú leis go rathúil ar fud na hearnála – le léachtóirí, oideoirí, lucht déanta beartas*
- *Béim ar an ngá le freagairt chomhordaithe i ndáil le hacmhainní a fhorbairt*
- *Tacaíochtaí ag teastáil dóibh siúd atá ag dul isteach i suíomhanna chun tacú le hoideoirí*
- *Coistí um Chúram Páistí, Better Start, NSAI – teastaíonn oiliúint i gcás gach ceann díobh, an cineál teanga a mhíniú agus céard a chiallaíonn sé/cén chuma atá air sa chleachtas*
- *Ailíniú idir gníomhaireachtaí seachtracha*
- *Tá tuilleadh cumarsáide agus comhoibrithe ag teastáil idir an Roinn Oideachais, Tusla, Better Start agus gníomhaireachtaí eile a thacaíonn le suíomhanna*
- *Tá gá le cur chuige atá bunaithe go hiomlán ar na páirtithe leasmhara*
- *Fite fuaite trí cháilíochtaí agus cáipéisí beartais*
- *Tá gá le comhpháirtíocht maidir le cur i bhfeidhm ar bhonn céimneach*
- *Oiliúint do gach duine – suíomhanna ina n-iomláine, an tír ina hiomláine*
- *Beartas – bíonn rudaí ag athrú i gcónaí – deacair coinneáil suas leo, maoiniú, cigireachtaí, ní stopann siad de bheith ag cur leis an méid atá siad ag iarraidh go ndéanfaimis*
- *Tá gá le comhoibriú ar fud eagraíochtaí, agus tá gá le comhthuiscint freisin i bhfoirm acmhainní, tacaíochtaí riachtanacha, srl. Dúradh go mbeadh sé seo thar a bheith tábhachtach do phobal na Gaeilge go háirithe*

Tharraing na fócasghrúpaí aird freisin ar a thábhachtaí atá comhordú agus ailíniú le gníomhaireachtaí cigireachta le haghaidh *Aistear* nuashonraithe, mar a chuirtear i dtábhacht sna freagraí samplacha i dTábla 13.

**Tábla 13: Freagraí samplacha maidir le rialú agus cigireacht**

- *Tá gá le hailíniú le cóimheasa níos fearr*

- *Ról na Cigireachta Luathbhlianta*
- *Ní mór do dhaoine a bhíonn i mbun cigireachta a bheith feasach ar an gcomhthéacs ina n-oibríonn siad – féadfaidh faitíos maidir le neamhchomhlíontacht a bheith iomarcach agus cosc a chur ar rannpháirtíocht iomlán in* Aistear.
- *Luadh cigireacht freisin i ndáil le ham a thabhairt d'oideoirí chun dul i dtaithí ar na hathruithe*
- *Ailíniú le cigireachtaí? Neamhspleáchas d'oideoirí?*
- *Léirithe ó thaobh cigireacht oideachais de?*
- *An mbeidh tacaíochtaí ann dóibh siúd a bheidh ag dul leis an gcigireacht chun tacú leis an gcáipéis sa chleachtas?*

I ndáil le breithnithe gairmiúla, oideachas agus FGL, bhí na fócasghrúpaí an-teanntásach agus bhí réimse moltaí acu. Ar an iomlán, sainaithníodh na réimsí a bhaineann le ham, spás agus íocaíocht/am in ionad agus FGL roinnte le bunscoileanna chun aistrithe a éascú a thuilleadh. Sainaithníodh forbairt ghairmiúil ar an láthair mar dheiseanna fiúntacha FGL freisin. Tarraingíodh aird ar Phobail Chleachtais sna fócasghrúpaí agus baineadh leas as samhlacha idirnáisiúnta ar nós na Nua-Shéalainne chun lárionaid sármhaitheasa nó fíorshamplaí ón gcleachtas a thabhairt. Rinneadh tagairt freisin don 'Tionscnamh um *Aistear* i nGníomh'. Cuireadh roinnt moltaí ar fáil sna fócasghrúpaí uile maidir le forbairt ghairmiúil ar an láthair sa chleachtas, cuir i gcás Pobail Chleachtais.

**Tábla 14: Freagraí samplacha maidir le FGL**

- *Am agus spás chun bheith rannpháirteach*
- *Aitheantas d'úsáideacht na bpobal cleachtais*
- *Samhail na Nua-Shéalainne le 'lárionaid sármhaitheasa'*
- *meantóireacht le haghaidh rannpháirtíocht leis an gcuraclam*
- *B'fhearr é seo a sholáthar i dtréimhse ghearr fhócasaithe de 3 nó 4 uair an chloig*
- *Baill foirne a íoc chun freastal ar fhorbairt ghairmiúil/am in ionad*
- *Gá le FGL íoctha (ba cheart é sin a leagan amach i gconarthaí mar chuid de na téarmaí agus coinníollacha maidir le laethanta oibre, srl.).*
- *Ní mór suíomhanna a dhúnadh le haghaidh FGL éigeantach*
- *Imeachtaí FGL comónta d'oideoirí réamhscoile agus do mhúinteoirí bunscoile chun cothú caidrimh agus comhroinnt faisnéise a éascú*
- *Seisiún oiliúna comhpháirteach d'oideoirí agus múinteoirí bunscoile maidir lena bhfuil i gceist le haistriú maith*
- *Pléadh na deacrachtaí a bhaineann le FGL a chur ar fáil d'oideoirí (ní féidir seirbhís a dhúnadh chun oiliúint a chur ar fáil, mar shampla)*
- *An tábhacht a bhaineann leis an bhfoghlaim chumaisc, praiticiúil*
- *Pobail chleachtais le deiseanna chun cleachtadh a chéile a bhreathnú.*
- *Chuirfí fáilte mhór roimh phobail chleachtais agus áiteanna le haghaidh machnaimh ar* Aistear *ar choinníoll go mbeidh na daoine cearta i gceannas orthu*
- *FG i suíomhanna/ar an láthair*
- *D'fhéadfaí tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil i suíomhanna. Mar shampla, tráthnóna a reáchtáil i suíomh samplach agus ligean do dhaoine teacht isteach agus* Aistear *a bhreathnú agus é i bhfeidhm*
- *Roghanna chun teagmháil a dhéanamh agus dea-chleachtas a roinnt*
- *Meantóireacht ar an láthair*
- *Caidrimh le piaraí, iad siúd atá go maith ag rud éigin a úsáid ar mhaithe le heiseamláiriú*

- *Measadh go raibh forbairt ghairmiúil leanúnach agus deiseanna meantóireachta fíor-riachtanach le haghaidh cur i bhfeidhm éifeachtach agus chun teoiric agus cleachtas a nascadh*

### 3.1.4.9 Na dúshláin i leith *Aistear* a bhaint amach sa chleachtas a aithint

A mhéid a bhaineann le *Aistear* a bhaint amach sa chleachtas, cuireadh imní in iúl i ndáil le cumas na n-oideoirí luathbhlianta ar an láthair faoi láthair. Tarraingíodh aird ar ábhair imní maidir le héagsúlachtaí in oiliúint agus cáilíochtaí maidir leis an ngá atá le treoraíocht agus tacaíocht. Mar sin féin, bhí ábhair imní eile ann freisin maidir le cumas i ndáil le ham agus fadhbanna a bhaineann le soláthar foirne, mar shampla. Shonraigh grúpa amháin gur *luadh tacaíochtaí, infheistíocht agus FGL ionas gur féidir 'na hionchais' arda do na hoideoirí sa dréachtcháipéis a bhaint amach.* Cuireadh imní in iúl go raibh *go leor leor ag tarlú san earnáil* agus go raibh gairmithe *trína chéile sa chleachtas*. Tarraingíodh anuas an ghéarchéim maidir le soláthar foirne, fadhbanna maidir le baill foirne a choinneáil agus an chaoi a mbíonn sé *deacair baill foirne a aimsiú agus a choinneáil*. Soláthraítear roinnt samplaí breise i dTábla 15 thíos. Mar a luadh níos luaithe, éilíodh aitheantas, luach agus meas níos mó ar ghairmiúlú na hearnála. Shonraigh grúpa amháin go bhfuil *aitheantas do chineál gairmiúil na hearnála agus do ról bunúsach na n-oideoirí maidir le* Aistear *a chur i bhfeidhm ach tá bóthar fada romhainn go fóill maidir le haitheantas a thabhairt d'oideoirí luath-óige*.

**Tábla 15: Freagraí samplacha maidir le *Aistear* a bhaint amach sa chleachtas**

- *Cuireann srianta ama i suíomhanna bac ar rannpháirtíocht in* Aistear, *rud a éilíonn am agus tacaíocht sannta*
- *Tá tacaíocht do thuilleadh baill foirne fíorthábhachtach – leis sin bheifí in ann na prionsabail a chur i bhfeidhm. Mheas an grúpa go mb'fhéidir nach ndéanfaí é a chur i bhfeidhm ina iomláine i bhfianaise na gcóimheas ísle baill foirne is páistí*
- *Dúshláin do sholáthróirí maidir le tionscnaimh nua a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach*
- *An t-am chun an chaoi ar féidir an creat a úsáid go praiticiúil a fheiceáil agus a thuiscint*
- *Teastaíonn am ó oideoirí chun machnamh agus smaoineamh a dhéanamh*
- *Tá am machnaimh sa suíomh níos tábhachtaí*
- *Tá sé tábhachtach muinín a chothú i measc oideoirí*
- *Imní maidir le* Aistear *a thabhairt isteach go tráthúil agus dúshláin san Earnáil*
- *Teastaíonn cothú ó fholláine an oideora*
- *Cleachtadh a fheabhsú gan é a athrú*
- *Tá cóimheasa an-mhaith ag teastáil agus táimid ag iarraidh go mbeidh na baill foirne in ann am ardcháilíochta a chaitheamh leis na páistí*

Tarraingíodh aird ar chomhsheasmhacht agus ailíniú comhoibríoch a chinntiú ar fud gach leibhéil den oideachas agus oiliúint laistigh de réimse na luath-óige. Sonraíodh samplaí de Bhreisoideachas agus d'Ardoideachas mar aon lena thábhachtaí atá sé go mbeadh an-eolas ag an uile dhuine ar an *Aistear* nuashonraithe, is é sin oiliúint do na hoiliúnóirí, mar a déarfá. Ar an mbealach céanna, tarraingíodh aird freisin ar oiliúint do ghníomhaireachtaí tacaíochta ar nós Better Start agus gníomhaireachtaí Cigireachta.

**Tábla 16: Freagraí samplacha maidir le hoiliúint níos leithne**

- *Sonraíodh gur dúshlán é an bealach ar féidir leis an Tríú Leibhéal tacú le mic léinn cleachtas ardcháilíochta a bhreathnú*
- *Córas atá cosúil le Droichead a chruthú*
- *Ní thugann céimeanna áirithe bunchloch na tuisceana atá ag teastáil maidir le* Aistear
- *Tá tábhacht mhór ag baint leis an áit a ndéanann mic léinn socrúchán – ní mór* Aistear *a leanúint i gceart agus tá gá le tacaíochtaí do bhaill foirne ón gcoigríoch le bheith rannpháirteach in* Aistear *cosúil le samhail Te Whāriki.*
- *Comhsheasmhacht a chinntiú maidir le heolas agus modúil* Aistear *ar fud cláir agus cúrsaí céime*

Shainaithin na fócasghrúpaí an tábhacht a bhaineann le ceannaireacht ó thaobh *Aistear* nuashonraithe a bhaint amach sa chleachtas. Sainaithníodh an cheannaireacht ar go leor bealaí ón mbunleibhéal laistigh den chleachtas luath-óige suas go leibhéal an bheartais.

**Tábla 17: Freagraí samplacha maidir le Ceannaireacht agus *Aistear* a bhaint amach sa chleachtas**

- *NCCA le ról ceannaireachta a ghlacadh*
- *An tábhacht a bhaineann le fís chomhroinnte, a théann níos faide ná gnáthshuíomhanna oideachais chun prionsabail* Aistear *a leabú sa phobal agus sa tsochaí níos leithne*
- *Ról ceannaireachta ainmnithe ag díriú ar* Aistear
- *Éilítear go mbeadh príomhoideoirí sa chleachtas bainteach cosúil le seaimpíní curaclaim Te Whāriki*
- *Tá éiteas an bhoird agus an bhainisteora tábhachtach, ní an t-oideoir amháin*
- *Ceannaireacht chun curaclam agus measúnú a bhrú chun cinn*
- *Ní mór tuiscint mhaith a bheith ag ceannairí scoile agus ceannairí suímh ar luach* Aistear
- *Tá príomhoideoir ag teastáil ó gach seomra mar aon le hoifigeach forbartha curaclaim*
- *Ról an oifigigh ionchuimsitheachta a chuimsiú – tábhachtach freisin*
- *Cúntóirí teanga*


## 3.2 Aighneachtaí scríofa

Fuair CNCM 23 aighneacht scríofa san iomlán. Is féidir teacht ar an teimpléad le haghaidh aighneachtaí scríofa in Aguisín 9:  Teimpléad aighneachtaí scríofa.

### 3.2.1 Freagra ginearálta ar an *Aistear* nuashonraithe

Ba fhreagra dearfach a léiríodh sna haighneachtaí ar an iomlán. Mar a léirítear i bhFíor 3, cuireadh in iúl i 13 cinn de na haighneachtaí, *tá struchtúr agus sláine na cáipéise ann go fóill*, agus chuir formhór na n-aighneachtaí (n=16, 70%) fáilte roimh thabhairt isteach coincheap agus téarmaíochta nua, úsáid na Gaeilge, agus an cur chuige bunaithe ar chearta atá le feiceáil ar fud na cáipéise.

**Fíor 3: Forbhreathnú ar na freagraí dearfacha ar na moltaí**





Leis na nuashonruithe a mholtar, *go mbeadh taithí agus cur amach ag lucht a úsáide air* agus tacóidh sé sin leo siúd *a bhí ag obair ar an leagan bunaidh de* Aistear *ó bhí 2009 ann*. Shonraigh freagróir amháin go bhfuil na nuashonruithe a mholtar *ag teacht go maith le struchtúr* Aistear, agus mheas sé, *tá sé níos trédhearcaí agus tá sé níos fusa le do bhealach a dhéanamh tríd anois.* Chuir na freagróirí fáilte roimh *Chreat aonair chun tacú le tuismitheoirí agus múinteoirí…[atá]…soiléir agus a thacaíonn le comhtháthú le Curaclam na Bunscoile*. Mar sin de, leis an *Aistear* nuashonraithe *ba cheart féachaint le fís chomhroinnte a chothú ar mhaithe leis an bhfoghlaim luathbhlianta*. Agus freagróir amháin ag tabhairt aitheantas don fhócas páistelárnach a bhaineann leis, shonraigh sé an chaoi a gcoinnítear ar bun sa cháipéis *fócas iomlánaíoch, aitheantas don fhoghlaim mar aistear ar feadh an tsaoil, agus an tábhacht a bhaineann le freagairt d'athruithe sochaíocha in Éirinn agus go hIdirnáisiúnta.*

### 3.2.2 Coincheapa agus téarmaíocht nua

Leagtar béim sna haighneachtaí ar an bhfáilte a chuirtear roimh choincheapa agus téarmaíocht nua ar an iomlán (Fíor 4).

**Fíor 4: Coincheapa agus téarmaíocht**




Mar a léirítear, chuir na freagróirí fáilte roimh 'babaithe, naíonáin agus páistí óga' a chur in ionad an téarma 'páistí'; agus 'oideoir' a chur in ionad an téarma 'cleachtóir', coincheapa nua a thabhairt isteach, lena n-áirítear oideolaíocht mhall chaidreamhach, an t-oideoir gníomhaíoch agus an páiste gníomhaíoch. Thug siad le fios go léiríonn athruithe ar an téarmaíocht athruithe laistigh d'earnáil na luath-óige *a úsáidtear níos minice inniu agus a léiríonn tiomantas an lucht déanta beartas náisiúnta maidir lena chinntiú go mbeidh an...earnáil cothrom le dáta i gcónaí, agus athruithe sochaíocha á gcuimsiú san am céanna*.

- **Babaithe, Naíonáin agus Páistí Óga:** Ach babaithe, naíonáin agus páistí óga a lua go sainiúil, *tacaítear le leanúnachas níos fearr maidir le heispéiris agus dul chun cinn ar fud na cáipéise ar an iomlán*, rud a chinntíonn *go dtugtar aird chuí ar a gcúram agus oideachas i gcuraclaim luath-óige, laistigh de shuíomhanna luath-óige agus ar a bhfud.*

*Léiríonn [sé] an dul chun cinn ach chomh maith leis sin an chaoi le freagairt d'indibhidiúlacht gach babaí, naíonáin agus páiste óig agus tugann an t-am, an tsaoirse agus an spás dóibh chun forbairt a dhéanamh ar luas socair faoi oideolaíocht mhall chothaitheach.*

Leis an méid sin uile, *glactar le próiseas agus obair san am i láthair seachas fócas ar an toradh*.

- **Oideoir:** Leis an téarma seo *léirítear tionscnaimh bheartais le déanaí, go háirithe Na Chéad 5 Bliana* (Rialtas na hÉireann, 2018), *Scileanna a Chothú* (Rialtas na hÉireann, 2022) agus *an Treoir don Chigireacht Oideachas Luathbhlianta* (An Roinn Oideachais, 2022). An téarma seo, *a bhaineann go ginearálta le duine a mhúineann nó a thugann oideachas, léiríonn sé ar bhealach níos cruinne féiniúlacht ghairmiúil na ndaoine siúd a oibríonn laistigh de ghairm an Oideachais agus an Chúraim Luath-Óige*. Mar sin féin, mheas freagróir amháin *nach mbeadh sé oiriúnach* 'oideoir' a úsáid *mar théarma uilechuimsitheach le haghaidh tuismitheoirí agus feighlithe páistí*, agus mhol go n-úsáidfí sa

Chreat na téarmaí *tuismitheoirí, oideoirí luathbhlianta agus feighlithe páistí…go follasach agus go comhsheasmhach…ó thús deireadh…, nó téarma níos leithne ar nós 'duine fásta' (mar a úsáideadh sa leagan bunaidh de* Aistear*)*. Ina theannta sin, mheas freagróir eile maidir le tagairt a dhéanamh don duine fásta mar oideoir agus don tuismitheoir mar chéad oideoir an pháiste, go bhfuil sé sin *ag meascadh suas ról gairmiúil an oideora*, agus leag freagróir eile béim ar an ngá atá *le hidirdhealú soiléir a dhéanamh idir ról na dtuismitheoirí agus oideoirí Oideachais agus Cúraim Luath-Óige maidir le cúrsaí spontáineachta agus intinniúlachta, leathadh freagrachta, fearann eolais.* Agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí á bhreithniú, d'éiligh dhá aighneacht go mbeadh feighlithe leanaí níos feiceálaí, agus gur *cheart go mbeadh a n-oideolaíocht uathúil le feiceáil sa cháipéis*. Má tá siad le Aistear *a úsáid ina iomláine, ní mór go bhfeicidís iad féin sa taifeadadh*.

- **Cumas gníomhúcháin:** Cuireadh fáilte roimh thabhairt isteach an choincheapa seo go forleathan. Mar *ghné lárnach den fhís…tá an-fháilte roimhe*, mar a léirítear anseo:

> *Cuireann sé i dtábhacht go dtarlaíonn eispéiris fhiúntacha foghlama agus forbartha nuair a bhíonn an spás agus an mhuinín ag páistí agus oideoirí chun a n-aistir a mhúnlú de réir mar a fhoghlaimíonn siad.*

> *Cuireann an úsáid a bhaintear as an bhfocal "gníomhaíoch" sa togra nua béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh a nguth féin ag páistí, agus maidir leis an oideoir a bheith gníomhaíoch, tarraingíonn sé sin aird ar a thábhachtaí atá a ról freisin.*

I gcás amháin, thug freagróir le fios gur baineadh *ró-úsáid* as an téarma 'gníomhaíoch', agus mhol sé go gcuirfí *an téarma 'neamhspleách'* ina ionad *i gcásanna áirithe*. I gcás eile, moladh in aighneacht go mbainfí an téarma 'gníomhaíoch', ag rá:

> *Tá sé tábhachtach go mbeadh an teanga ar fud an chreata inrochtana agus nuair is cuí, ba cheart teanga shimplí a úsáid. Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt do leibhéil éagsúla oideachais na ndaoine siúd a mbeifear ag súil leis go n-úsáidfidh siad* Aistear*, lena n-áirítear feighlithe páistí (nach bhfuil aon riachtanas cáilíochta ann dóibh), baill foirne i seirbhísí…bunaithe ar lárionad (a gceanglaítear orthu Cáilíocht Leibhéal 5 ar an CNC a bheith acu ar a laghad) agus tuismitheoirí.*

Cé go gcuirtear fáilte roimh an téarma 'gníomhaíoch' ar an iomlán, measadh i roinnt mhaith aighneachtaí, ó tharla gur téarmaíocht cuíosach nua atá i gceist leis, agus ós rud é go bhféadfadh sé nach bhfuil cur amach ag na daoine siúd a oibríonn san earnáil air, go bhfuil tuilleadh mínithe ag teastáil ar fud na cáipéise *lena chinntiú go dtuigtear ina iomláine é*. Tharraing na freagróirí aird ar an ngá atá le téarmaí nua a mhíniú laistigh den cháipéis, m.sh., Saoránach domhanda gníomhaíoch, oideolaíocht mhall chaidreamhach, oideachas inbhuanaitheachta, ETIM. D'éiligh a bhformhór (n=12, 52%) go mbeadh gluais chuimsitheach téarmaí ann.

### 3.2.3 An Ghaeilge

B'iontach dearfach an fhreagairt a bhí ann maidir leis an nGaeilge a chur san áireamh; bhíothas den tuairim gur *cuid lárnach dár stair agus scéal cultúrtha agus teangeolaíoch í*, agus go bhfuil sí *ríthábhachtach do thuiscint forbartha na bpáistí ar an bhféiniúlacht agus ar an muintearas*, mar a léirítear a thuilleadh anseo:

*Tá fáilte go mór roimh na nathanna Gaeilge a úsáidtear sa churaclam chomh maith.*

*Tá a lán focal as Gaeilge comhtháite sa cháipéis. Tá béim ar ár dteanga – ní fhaca mé í roimhe seo agus tá sé an-deas í a fheiceáil.*

Mar sin féin, d'éiligh beirt fhreagróirí go ndéanfaí machnamh ar *theangacha stairiúla eile a bhfuil baint acu le hoidhreacht chultúrtha na hÉireann*. Mhol siad beirt go gcuimseofaí teanga an Lucht Siúil, Caintis/Gaimis, *ar teanga thraidisiúnta í a labhraíonn Lucht Siúil na hÉireann*, chomh maith le *hUltais/Ullans*. Mhol siad beirt go soláthrófaí *réasúnaíocht shoiléir maidir leis na huaireanta a úsáidtear téarmaí Gaeilge*, mar shampla, *ós í an chéad teanga í*. Tá sé tábhachtach tuiscint a bheith ann maidir leis an gcúis *a bhfuil an Ghaeilge á cur san áireamh agus an chaoi a bhféadfaí í a úsáid*. Mar a léirítear i dTábla 18, tarraingíodh aird in aighneacht amháin ar an gcaoi a gcomhtháthaítear *Gaeilge agus cultúr na hÉireann* ach úsáid a bhaint as an nGaeilge.

**Tábla 18: An Ghaeilge agus Cultúr na hÉireann a Chomhtháthú**

| Téarma | An Ghaeilge agus Cultúr na hÉireann a Chomhtháthú |
|---|---|
| Meas | *Agus na cearta atá ag foghlaimeoirí óga sa spás seo á gcur i dtábhacht freisin* |
| Ionadh | *Agus béim á leagan freisin ar a thábhachtaí atá ionadh i saol an fhoghlaimeora óig* |
| Aoibhneas croí agus bród | *Agus croí an mhuintearais á ghabháil freisin ar bhealach aoibhinn* |
| Meitheal | *Agus coinníoll ríthábhachtach maidir le foghlaim i saol an fhoghlaimeora óig á ghabháil freisin* |

Os a choinne sin, cé go gur aithin freagróir amháin go gcuireann téarmaí agus focail Ghaeilge *béim ar chultúr agus teanga na hÉireann*, thug sé le fios, *nach n-oibríonn sé sin i gcónaí sa chleachtas ar fud na cáipéise…téarmaí ar nós macnas [playfulness] agus ionadh [wonder]…ní téarmaí iad a bhfuil brí ar leith acu sa Ghaeilge agus ní féidir iad a aistriú [go Gaeilge] i gceart*, ina ionad sin, is *smaointe coincheapúla nó téarmaí teoiriciúla iad a thógtar ó litríocht/smaointeoireacht an Oideachais agus an Chúraim Luath-Óige agus a aistrítear go Gaeilge*. Mar sin de:

*Bheadh sé níos cabhraí na focail a shuíomh i mBéarla laistigh d'eolas agus oideolaíocht an Oideachais agus an Chúraim Luath-Óige (chun an ghairmiúlacht agus na bunchlocha teoiriciúla láidre a threisiú) seachas laistigh de chultúr na hÉireann, is cultúr nach n-eascraíonn na coincheapa sin uaidh i gcónaí.*

Thug freagróir eile le fios freisin *Nach téarma uilíoch ar fud na gcanúintí é 'macnas'*, agus mhol go n-úsáidfí an focal '*spraíúlacht*' ina ionad. Áirítear tuilleadh moltaí maidir le hathruithe ar théarmaí in Aguisín 8: Aistriúcháin Ghaeilge mhalartacha a mholtar.

Cé gur mheas beirt fhreagróirí go bhfuil an Ghaeilge *comhtháite go maith in* Aistear agus go bhfuil sí *ionchorpraithe ar bhealach atá fite fuaite sa cháipéis*, is amhlaidh a cheistigh cúigear an úsáid a bhaintear as *focail, frásaí agus seanfhocail shimplí randamacha*, óir *d'fhéadfadh cuma fhánach a bheith air sin.* Le cur chuige den sórt sin, *ní dócha go n-úsáidfí iad ná go gcuideofaí leis an nGaeilge a leabú mar atá beartaithe*.

> *Ní mór na focail Ghaeilge a úsáidtear ar fud an chreata a úsáid ar bhonn laethúil laistigh de na suíomhanna chun an cur i gcéill fánach sin a sheachaint.*

Cé go leagtar béim *ar luach a chur ar an nGaeilge agus ar chultúr na hÉireann sa réamhrá do théama na cumarsáide*, ba cheart go mbeadh an bhéim sin le sonrú *ar fud na gceithre théama de* Aistear *agus na spriocanna foghlama gaolmhara, seachas i dtéama na cumarsáide amháin*. Mhol na freagróirí:

- An Ghaeilge a chur chun cinn *laistigh de na prionsabail freisin, toisc go dtacaíonn sé sin le páistí Éireannacha bród a bheith orthu as a dteanga bhaile*
- Na prionsabail agus na téamaí, agus na téarmaí 'babaithe, naíonáin agus páistí óga' a chur i láthair *i nGaeilge agus i mBéarla araon ar fud an chreata*.

Shonraigh freagróir amháin gur *idirghabháil fhiúntach é Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT) chun an Ghaeilge a leabú*, agus thug le fios go bhféadfaí tacú le seirbhísí chun an Ghaeilge a leabú ach *dul i ngleic le cur chuige pleanáilte den sórt sin*.

In aighneacht scríofa amháin, is ar an nGaeilge a cuireadh an fócas iomlán, agus iarradh:

> *go ndéanfaí **idirdhealú soiléir follasach** sa leagan nua de* Aistear *idir suíomhanna luath-thumoideachais – naíonraí sa Ghaeltacht agus lasmuigh di a fheidhmíonn go hiomlán trí mheán na Gaeilge – agus suíomhanna Béarla ina n-úsáidtear roinnt Gaeilge (lena n-áirítear suíomhanna ina bhfuil FCÁT i bhfeidhm). [béim san aighneacht]*

Tugtar tuilleadh aiseolais maidir leis na himpleachtaí a baineann le téarmaí agus frásaí Gaeilge a úsáid in Aguisín 7: Impleachtaí do Luath-Thumoideachas/Suíomhanna Béarla

Lena bhfuil fágtha den chuid seo, cuirtear na torthaí i láthair i bhformáid an teimpléid comhairliúcháin ó CNCM (féach Aguisín 9:  Teimpléad aighneachtaí scríofa).

### 3.2.4 Idirghníomhaíochtaí agus Caidrimh

Aontaíodh i bhformhór na n-aighneachtaí (n=16, 70%) go dtarraingíonn na moltaí níos mó airde ar thábhacht na n-idirghníomhaíochtaí agus na gcaidreamh idir babaithe, naíonáin, páistí óga, tuismitheoirí, oideoirí agus daoine tábhachtacha eile ina saol. Chuir siad fáilte go háirithe roimh an *aitheantas do réimse leathan caidreamh*, an focal *idirghníomhaíochtaí* a chur leis, mar aon le *haird ar chur chun cinn comhpháirtíochtaí, comhoibrithe agus ceangal le piaraí, teaghlach agus pobal na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga*. Ach úsáid a bhaint as an téarma 'idirghníomhaíochtaí', *tacaítear leis an ailíniú le Curaclam Teanga na Bunscoile agus san am céanna aithnítear fairsinge agus doimhne na n-idirghníomhaíochtaí a bhíonn ag babaithe, naíonáin agus páistí óga le daoine eile ina saol*. Rud eile atá suntasach freisin is ea *an frása 'ceangail chomhbhácha' taobh le cleachtas oideolaíochta, rud a thugann cur chuige i ndlúthpháirtíocht le fios agus atá ar aon dul le bunluachanna na Comhairle Múinteoireachta*.

Ar an iomlán, chuir na freagróirí fáilte roimh an bhfócas méadaithe ar chaidrimh dhearfacha a chothú, freagairt do riachtanais shainiúla na bpáistí, agus baint a bheith ag teaghlaigh agus pobail sa phróiseas foghlama, rud a *thacóidh le forbairt iomlánaíoch na bpáistí ar deireadh trí shúgradh, foghlaim agus caidrimh chothaitheacha*.

Cé gur chuir siad fáilte roimh choinneáil *an chur chuige bunaithe ar phríomhdhuine*, mhol freagróir amháin gur cheart tagairt a dhéanamh don chur chuige sin sna codanna seo a leanas den cháipéis:

- Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí
- Oideoirí Gníomhaíocha
- Teaghlach agus Pobal.


A mhéid a bhaineann le feighlithe páistí, ós rud é gurb iadsan *an príomhdhuine do na páistí atá faoina gcúram*, tá gá le cur síos níos ionchuimsithí ar an gcur chuige bunaithe ar phríomhdhuine a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs. Thairis sin, is ann do chásanna ina dtugann an feighlí páistí na páistí chuig an suíomh luath-óige agus ina dtógann sé abhaile ón suíomh iad. Dá bhrí sin, maidir leis an bpríomhdhuine laistigh den suíomh luath-óige, *seans nach mbíonn sé i dteagmháil leis an teaghlach go rialta, d'fhéadfadh sé go mbíonn sé i dteagmháil leis an bhfeighlí.* Dá dhroim sin, *ba cheart tagairt a dhéanamh don chomhthéacs sin go sonrach i gcomhpháirtíochtaí le tuismitheoirí agus an cur chuige bunaithe ar phríomhdhuine*.

Tríd is tríd, mheas na freagróirí go bhfuil coincheap na hoideolaíochta moille caidreamhaí, a mheastar a bheith *comhchiallach le cleachtas ardcháilíochta*, lárnach do chaidrimh agus idirghníomhaíochtaí ardcháilíochta.

> *An oideolaíocht mhall chaidreamhach, déanann sí cúrsaí a mhoilliú, coinníonn sí an cleachtas socair. Tugann sí aitheantas d'indibhidiúlacht gach páiste agus dá cheart chun foghlaim ar luas socair, óir tá gach páiste uathúil, agus is rud casta agus iomlánaíoch í an fhorbairt a dhéanann siad.*

Mar a léirítear i bhFíor 5, chuir formhór na bhfreagróirí (n=15, 65%) fáilte roimh thabhairt isteach na hOideolaíochta Moille Caidreamhaí.

**Fíor 5: Dearcthaí i leith idirghníomhaíochtaí, caidreamh agus oideolaíocht mhall chaidreamhach**




Rinneadh tagairt bhreise don chur chuige bunaithe ar phríomhdhuine anseo, agus moladh *go bhféadfaí tacú leis an oideolaíocht mhall chaidreamhach trí thagairt bhreise a dhéanamh don tábhacht a bhaineann leis an gcur chuige bunaithe ar phríomhdhuine, lena n-áirítear ról an phríomhdhuine maidir le tacú le forbairt na gcaidreamh le teaghlaigh, aistrithe isteach i suíomhanna, laistigh díobh agus amach uathu, agus i bhfoghlaim na bpáistí*. D'iarr freagróir amháin go dtarraingeofaí aird in Aistear ar na *tairbhí a bhaineann le duine fásta láidir amháin a bheith acu ina saol*.

Chomh maith le *haird níos mó a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le hidirghníomhaíochtaí ardcháilíochta, d'éirigh leis na moltaí aird a tharraingt ar thábhacht an chaidrimh idir an tseirbhís agus na tuismitheoirí*. Mar sin féin, cheistigh cúigear freagróirí an tagairt gurb iad na tuismitheoirí na daoine is tábhachtaí i saol an pháiste. D'áitigh siad, cé go bhféadfadh sé seo a bheith cruinn i gcás *fhormhór na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga*, nach bhfuil an ráiteas *go hiomlán cuimsitheach* maidir leis an *ilchineálacht mhéadaitheach i gcomhdhéanamh an teaghlaigh in Éirinn*, ná maidir leis *na dúshláin atá roimh theaghlaigh áirithe*.

*Is amhlaidh i gcás go leor páistí go bhfuil caomhnóirí nó cúramóirí eile acu in ionad tuismitheoirí; ní gá gurb iad na tuismitheoirí na daoine is tábhachtaí i saol an pháiste i gcónaí.*

Mura ndéantar tagairt ach do thuismitheoirí amháin, *imeallaítear daoine eile: cúramóirí, caomhnóirí, agus baill eile den teaghlach cosúil le seantuismitheoirí, daoine a chuireann go mór le saol na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga*. Dá bhrí sin, tá an téarma 'teaghlach/teaghlaigh' *níos cuimsithí d'ilchineálacht na struchtúr teaghlaigh, seachas 'tuismitheoirí'*.

### 3.2.5 Babaithe, naíonáin agus páistí óga a aithint mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu

D’aontaigh formhór na bhfreagróirí (n=16, 70%) go gcuireann na moltaí béim ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu chun páirt bhríoch a ghlacadh agus tionchar a imirt ar na cinntí a théann i bhfeidhm orthu. I dTábla 19 cuirtear i láthair na gnéithe a shainaithin na freagróirí mar ghnéithe an-ábhartha.

**Tábla 19: Babaithe, naíonáin agus páistí óga mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu**

| |
|---|
| *Athrú teanga ó riachtanais go cearta, léiríonn sé go bhfuiltear ag labhairt sa cháipéis ó thaobh cearta na bpáistí de anois, agus aithnítear go bhfuil ceart daonlathach ag páistí a bheith rannpháirteach*<br><br>*Leagtar béim ar an gcomhthéacs domhanda níos leithne ina maireann agus ina bhfoghlaimíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga, mar aon lena gcumas gníomhúcháin féin chun difríocht a dhéanamh.* |
| *Tarraingítear aird ar roghanna, tuairimí agus riachtanais babaithe, naíonán agus páistí óga.*<br><br>*Leagann sé béim ar an bhfíoras go bhfuil tábhacht ag baint le guth an pháiste agus aithníonn sé a bhfuil tábhachtach dóibh.* |
| *Léiríonn sé iad mar ghníomhaithe ar son an athraithe, saoránaigh a bhfuil cearta acu agus glacann sé leis na guthanna éagsúla agus difriúla a bhíonn ag páistí ar cheart iad a chloisteáil agus éisteacht leo de réir alt 12 de CNACL.* |
| *Freagraíonn an úsáid a bhaintear as ‘saoránach domhanda’ agus ‘rannpháirtíocht ghníomhach’ do chur chuige bunaithe ar chearta, arís eile.* |
| *Is ríthábhachtach an foghlaimeoir óg a ainmniú mar fhoghlaimeoir gníomhaíoch chun é a aithint mar dhuine aonair san eispéireas foghlama.* |

Mar sin féin, tharraing na freagróirí aird ar na hábhair imní seo a leanas:

1. **Páiste uilíoch:** Thug freagróir amháin le fios, *uaireanta, cuirtear léiriú uilíoch ar chineál óige ar leith i láthair sa dréachtchreat, nó…déantar talamh slán de thuairimí maidir le teaghlaigh agus tuismitheoirí.* Mar sin de, d’áitigh an freagróir sin, *tá sé fíorthábhachtach na cearta uilíocha atá ag an bpáiste a aithint, ach gan glacadh le páiste uilíoch.* Ar an mbealach céanna, luaigh freagróir eile, chomh maith le foghlaim faoina gcearta féin, gur gá do pháistí foghlaim faoi *chearta teoranta daoine eile*. Toisc *gur minic a fhreagraítear go diúltach do pháistí i ngeall ar a gcúlra, a n-eitneacht agus a bhféiniúlacht, ní mór aird a tharraingt sa chreat go bhfoghlaimíonn páistí freisin nach mbíonn an taithí saoil chéanna acu ar ‘chearta’ agus a bhíonn ag daoine eile…[agus]…ní mór é sin a lua go follasach sa chreat.*

2. **Téarmaíocht timpeall ar an tsaoránacht:** Chuir triúr freagróirí imní in iúl maidir leis an téarmaíocht timpeall ar an tsaoránacht, gur féidir *aighneas a bheith ann fúithi, [féadfaidh sí] a bheith mearbhlach, agus úsáidtear ar bhealach cúng teoranta í scaití.*

3. **Teannas idir cearta agus freagrachtaí:** Ar aon dul le saincheisteanna téarmaíochta timpeall ar an tsaoránacht, tharraing triúr freagróirí imní anuas faoin *nasc idir cearta agus freagrachtaí*, a d'fhéadfadh *teannas agus dúshláin a chruthú sa chleachtas.* Tá na hábhair teannais sin bainteach leis na nithe seo a leanas:

    - An riosca a bhaineann lena thabhairt le fios (agus a theagasc do pháistí) go mbaineann coinníollacha le cearta
    - An claonadh a bhíonn ag oideoirí béim a leagan ar fhreagrachtaí seachas ar chearta (i ngeall ar éiginnteacht faoin gcaidreamh idir cearta agus freagrachtaí).

    Chun aghaidh a thabhairt ar an teannas sin, is gá *míniú follasach a thabhairt go bhfuil cearta ag daoine ó dhúchas agus go bhfuil siad doshannta*, .i., *ní bhaineann coinníollacha le cearta – mar mhalairt ar fhreagrachtaí*, agus mar a sonraíodh, *fiú mura nglacann tú freagrachtaí ort mar a leagtar amach sa chreat, ní féidir na cearta atá agat a bhaint uait*. Cé gur *cuí* a aithint go bhfuil *freagrachtaí* ag páistí *a bhíonn ag teacht chun cinn*, ba cheart é sin *a scaradh a oiread agus is féidir ó chearta na bpáistí*.

4. **Ag dul níos faide ná cearta rannpháirtíochta:** Tharraing beirt fhreagróirí aird ar an ngá atá ann go rachadh na moltaí níos faide ná cearta rannpháirtíochta, agus mhol duine acu: *Ní bhaineann sé le bheith ag éisteacht le páistí agus an méid sin amháin, ach le bheith ag gníomhú ar an méid atá á chur in iúl acu*, agus luaigh an bheirt eile *deiseanna nár tapaíodh chun béim a leagan ar chearta na bpáistí a théann níos faide ná rannpháirtíocht*.

*Ní luaitear cearta sa Réamhrá, san Fhís, sa Chuspóir ná sa léiriú ina gcuirtear na Téamaí agus na Prionsabail i láthair.*

*Is annamh a úsáidtear teanga na gceart sna téamaí, sna haidhmeanna agus sna spriocanna.*

*Tá an sainmhíniú ar chur chuige bunaithe ar chearta sách cúng (fócas ar rannpháirtíocht) agus níl cearta na bpáistí chomh feiceálach agus a d'fhéadfaidís a bheith.*

D'éiligh freagróir amháin go dtabharfaí isteach an Creat chun *ceart an pháiste chun rochtain a fháil ar oideachas agus cúram luath-óige ardchaighdeáin a admháil/aithint i gcomhréir le Prionsabal 11 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (An Coimisiún Eorpach, 2018)*, agus mhol freagróir eile go leathnófaí an sainmhíniú ar 'bunaithe ar chearta'. Mar shampla:

*An tuiscint gur sealbhóirí ceart iad babaithe, naíonáin agus páistí óga a gcuirtear deiseanna fiúntacha ar fáil dóibh chun foghlaim a dhéanamh faoi chearta, trí na cearta céanna agus ar a son, agus tionchar a imirt ar chinntí i dtaca lena saolta.*

*Íomhá an bhabaí, an naíonáin agus an pháiste óig, d'fhéadfadh sí aitheantas a thabhairt do pháistí mar shealbhóirí ceart, mar an gcéanna leis an tagairt faoi 'shaoránaigh dhomhanda ghníomhaíocha'.*

As na 16 fhreagróir a chuir fáilte roimh an aitheantas agus an fócas ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga mar shaoránaigh, d'éiligh naonúr go gcuimseofaí creataí idirnáisiúnta go follasach: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (1989), Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (2015); Sprioc 4.7, go háirithe. Mhol freagróirí áirithe naisc níos fearr le samhail Lundy (2007) maidir le rannpháirtíocht, *le go mbeidh sé soiléir cé na cearta a bhíonn ag páistí maidir le bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht* Agus creat bunaithe ar chearta á chruthú *a chuireann le fothú acmhainní páistí mar shealbhóirí ceart agus fothú daoine fásta mar shealbhóirí dualgais, d'fhéadfaí é a threisiú ach tagairtí d'ailt shonracha nó ábhartha de CNACL agus do na ceithre chroíphrionsabal dá chuid a chuimsiú*. Go sonrach, airteagail 2, 13, 14, 16, 28 agus 29, *ba cheart aird a tharraingt orthu go follasach agus iad a liostú mar chearta sa chreat nuashonraithe*.

Arís eile, thug freagróir amháin le fios go bhféadfadh *Saoránacht Dhomhanda* a bheith níos láidre laistigh de na moltaí, go háirithe i gcomhthéacs *na foghlama i ngrúpaí*. Ní hamháin go bhfuil sé sin *tábhachtach laistigh den tuiscint chomhaimseartha ar fhorbairt agus ar fhoghlaim an pháiste, ach i ndáil le saoránacht dhomhanda freisin*. Luaigh freagróir amháin, *féadfaidh sé a bheith dúshlánach smaoineamh ar bhabaithe agus naíonáin, a bhfuil sé nádúrtha go mbíonn siad an-spleách ar phríomhchúramóirí chun freastal ar a gcuid riachtanas, mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu.* Dá bhrí sin, ach cur síos a dhéanamh ar an gcaoi le CNACL a achtáil don *bhabaí/naíonán trí bhíthin an oideora ghníomhaíoch, [thacófaí] le babaithe agus naíonáin mar Shaoránaigh dhomhanda ghníomhaíocha*.

Maidir le prionsabal na 'saoránach domhanda gníomhaíoch', mhol na freagróirí go ndéanfaí tagairt shonrach do CNACL, agus do *fhreagrachtaí* na hÉireann ina leith sin. Chuir siad in iúl an gá atá le haird a tharraingt ar choincheapa amhail *comhsmaointeoireacht leanúnach, ag tacú le teoiric oibre na bpáistí, agus cistí eolais…mar bhealach chun tacú le cearta na bpáistí chun rannpháirtíochta mar aon lena gcumas gníomhúcháin ina gcuid oideachais*.

### 3.2.6 Ilchineálacht, cothromas agus ionchuimsiú

D'aontaigh tromlach na bhfreagróirí (n=15, 65%) go ndéanann na moltaí coincheapa na hilchineálachta, an chothromais agus an ionchuimsithe a leabú, agus shonraigh siad *fócas infheicthe agus níos láidre a léiríonn cearta na bpáistí* arís eile. I dTábla 20 tugtar achoimre ar dhearcthaí na bhfreagróirí maidir leis an gcaoi a ndéanann na moltaí coincheapa na hilchineálachta, an chothromais agus an ionchuimsithe a leabú.

**Tábla 20: Ilchineálacht, cothromas agus ionchuimsiú a leabú**

| |
|---|
| *Léiríonn sé teanga níos ionchuimsithí maidir leis an ilchineálacht agus an comhionannas.* |
| *Tá feasacht agus léirthuiscint ar shochaí ilchineálach chomhaimseartha na hÉireann, lena n-áirítear aois, inscne, stádas teaghlaigh, reiligiún, dearcadh domhanda, eitneacht agus daoine den Lucht Siúil agus de phobal na Romach ina measc leabaithe sa chreat, go háirithe laistigh de théama na féiniúlachta agus an mhuintearais.* |
| *Dírítear ar an ilchineálacht a cheiliúradh agus meas a léiriú uirthi agus, ag am céanna, ár gcuid comhchosúlachtaí agus ceangail a thabhairt faoi deara agus a mhóradh.* |
| *Is ríthábhachtach an foghlaimeoir óg a ainmniú mar fhoghlaimeoir gníomhaíoch chun é a aithint mar dhuine aonair san eispéireas foghlama.* |
| *Ach úsáid fhollasach a bhaint as an bhfocal 'gníomhaíoch' maidir leis an bhfoghlaimeoir agus leis an oideoir araon, tacaítear leis an gcur chuige éiceolaíoch i leith cumas gníomhúcháin agus an gá atá ann don dhá pháirtí cumas gníomhúcháin a bheith acu ó thaobh chur i bhfeidhm an churaclaim de.* |
| *Tá fáilte mhór roimh an tús áite atáthar a thabhairt do 'ghuth' an pháiste agus tacaíonn sé le hailíniú le Creat Rannpháirtíochta na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus le hobair Laura Lundy.* |
| *Aithníonn sé stair chultúrtha agus teanga na hÉireann, mar aon le hionchorprú frásaí i nGaeilge ar fud an chreata.* |
| *Tarraingíonn sé aird ar a thábhachtaí atá an teanga bhaile mar chéad teanga an pháiste…aithníonn sé sin an gá atá le meas a léiriú ar theangacha agus eitneachtaí eile.* |
| *Ach 'ionchuimsiú' a chur isteach in ainmniú an phrionsabail, tacaítear le hailíniú beartais.* |
| *Aithníonn sé an tuiscint ó dhúchas a bhíonn ag an duine óg ar chothrom na Féinne.* |
| *Ceistíonn sé paraidímí ceannasacha ón tús, agus le linn an phróisis a bhaineann leis an gcuraclam a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina iomláine.* |

*Tacaíonn an frása 'rannpháirtíocht fhiúntach' le deiseanna cothroma agus inrochtana le haghaidh gach foghlaimeora óig.*

*Tá an úsáid a bhaintear as 'ilmhódúlacht na bpáistí' sna prionsabail agus sna téamaí an-éifeachtach.*

Cumarsáid neamhbhriathartha trí theanga chomharthaíochta agus 'lámh' ...léiríonn siad seomra ranga níos ionchuimsithí, go háirithe do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

Bhí imní ann maidir leis an athrú téarmaíochta ó *Comhionannas* go *Cothromas*. Cé go léiríonn an t-athrú sin *athrú beartais agus earnála*, thug roinnt freagróirí le fios *nár mhaith linn an téarma 'comhionannas' a chaitheadh uainn.* Mheas siad go raibh sé tábhachtach *go mbeadh oideoirí in ann idirdhealú a dhéanamh idir an dá rud*. Moladh gur cheart an ilchineálacht a leabú ar fud *Aistear* agus ní hamháin in Féiniúlacht agus Muintearas, agus i dtéamaí eile, go háirithe *féadfaidh Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht tagairt a dhéanamh d'fhoghlaim agus d'fhéiniúlachtaí ilteangacha*. Mar shampla, *d'fhéadfaí an Lucht Siúil agus a dteanga a chuimsiú agus a ainmniú*. Thug freagróir amháin le fios, *tá téarmaíocht na hilchineálachta teoranta sa chreat a mhéid a bhaineann le heisiamh agus leithcheal*. Cé gur thug freagróir amháin dá aire go dtarraingíonn na moltaí aird ar a thábhachtaí atá an t-ionchuimsiú, shonraigh sé *nach luaitear ionchuimsiú ach 7 n-uaire*. Agus é ag rá go bhfuil an t-ionchuimsiú *ríthábhachtach agus gur cheart go mbeadh sé fite fuaite gan uaim ar fud na cáipéise*, d'fhiafraigh sé *conas is féidir an tábhacht a bhaineann le hionchuimsiú a fhí isteach ar fud na cáipéise agus tacú leis ar bhealach iomlánaíoch*.

### 3.2.7 Foghlaim trí shúgradh agus eispéiris phraiticiúla

Anseo arís, d'aontaigh tromlach na bhfreagróirí (15, 65%) go ndéanann na moltaí béim a leagan ar lárnacht na foghlama tríd an súgradh agus trí eispéiris phraiticiúla agus í a athdhearbhú. Chuir siad fáilte roimh *an mbéim leanúnach ar an súgradh* agus luaigh duine amháin *an t-aitheantas soiléir follasach don cheart chun súgartha, agus úsáid na teanga bunaithe ar chearta ar fud an Chreata nuashonraithe*. Arís, áfach, mheas na freagróirí go bhféadfaí an cur chuige sin atá bunaithe ar chearta a threisiú ach tagairt fhollasach a dhéanamh do CNACL. Ar an iomlán, chuir na freagróirí fáilte roimh an bhfócas ar *shúgradh ar son an tsúgartha, na páistí ag déanamh rudaí ar a son féin*, agus an bhéim ar *thábhacht an ama, an spáis, na saoirse, na roghanna agus na n-acmhainní*. Chuir duine amháin acu fáilte go háirithe roimh an *aitheantas follasach go bhfoghlaimíonn agus go bhforbraíonn páistí ina gcuid ama féin agus ar a mbealach uathúil féin*, agus mhol duine eile an t-aitheantas don luath-óige *mar thréimhse ina mbítear seachas tréimhse ina n-ullmhaítear go gníomhach don chéad chéim eile*.

Mar a léirítear i bhFíor 6, mheas na freagróirí *go dtugann an fócas leanúnach ar an súgradh saoirse iontach d'oideoirí luath-óige le dul i mbun réimse eispéiris súgartha agus phraiticiúla*, taobh istigh agus taobh amuigh faoin aer, rud *a chuimsíonn ní hamháin na céadfaí, cuimhne mótair ach chomh maith leis sin a thugann tábhacht na forbartha iomlánaíche agus an chaoi a dtacaíonn sí leis an tábhacht shíceasóisialta mar aon leis an bhfoghlaim féin*.

*Tá ceart na bpáistí chun súgartha agus a gceart a bheith rannpháirteach sna healaíona agus sa chultúr nasctha go han-dlúth lena chéile sa chleachtas agus sa bheartas araon, arna gcosaint faoi alt comhroinnte i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Cuirimid fáilte mhór roimh an gcur chuige bunaithe ar shúgradh agus roimh an gcur chuige praiticiúil sa churaclam – tugann sé sin*

*an-deis don rannpháirteachas oscailte sna healaíona mar phróiseas lúcháireach spraíúil arna múnlú acu siúd a ghlacann páirt ann.*

**Fíor 6: Cineálacha súgartha**




Tharraing triúr freagróirí aird ar an gcaoi a dtacaíonn an bhéim ar shúgradh le rannpháirtíocht na bpáistí sna healaíona. Mar sin féin, éilíodh i dtrí aighneacht go ndéanfaí sainmhíniú níos leithne ar na healaíona laistigh den cháipéis freisin, agus shonraigh ceann amháin, *Is próiseas í an chruthaitheacht: d'fhéadfadh cruthú táirgí nó déantán a bheith i gceist leis sin, ach ní i gcónaí*.

Moladh go ndéanfaí an ráiteas seo a leanas ó *Dhréachtphrionsabail maidir leis an Rannpháirtíocht sna hEalaíona i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige* a ionchorprú sa Sprioc Foghlama seo a leanas:

Eispéiris luathlitearthachta a chur in iúl agus a fhorbairt trí chur in iúl cruthaitheach agus scileanna in úsáid amhail marc-chruthú; gearradh; tarraingt pictiúr; ealaín neamhbhuan; greamú; péinteáil; tógáil; priontáil, dealbhú; agus obair snáithe, fuáil agus fíodóireacht, mar a mbeadh an bhéim ar an bpróiseas, seachas ar an táirge' (lch 24).

Cé go bhfuil an *Aistear* nuashonraithe *ailínithe leis na Dréachtphrionsabail maidir leis an Rannpháirtíocht sna hEalaíona i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige…ní thugann sé aghaidh ar na*

*Dréachtphrionsabail ar bhealach cuimsitheach*. Dá réir sin, ba cheart *tagairt agus hipearnasc a dhéanamh ann leis na Prionsabail, a fhoilseofar in R1 2024*.

Cé gur mheas na freagróirí go gcuireann na moltaí béim níos mó ar shúgradh lasmuigh faoin aer, chuir siad i dtábhacht an gá atá le *tuilleadh béime ar an timpeallacht lasmuigh faoin aer*, ionas go bhféadfaí *babaithe, naíonáin agus páistí óga a cheangal agus a bheith ina gcuid den domhan nádúrtha seachas a bheith scartha amach uaidh*. Agus nasc a dhéanamh acu leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, mhol siad go bhfeabhsófaí an timpeallacht foghlama taobh amuigh ach an nasc idir súgradh agus *coincheap na maoirseachta ar an domhan* a neartú.

I gcás amháin, cé gur aontaigh freagróir amháin go ndéanann na moltaí béim a leagan ar lárnacht na foghlama tríd an súgradh agus trí eispéiris phraiticiúla agus í a athdhearbhú, thug sé le fios *gurb é ról toiliúil an duine fhásta maidir le tacú le foghlaim babaithe, naíonán agus páistí óga atá thíos leis sin*. Thug roinnt freagróirí le fios go raibh gá le béim bhreise maidir le ról an oideora sa súgradh, mar a leanas:

- Timpeallacht a chruthú chun freastal ar riachtanais gach páiste chun súgradh fiúntach faoi stiúir an pháiste agus súgradh marthanach a chinntiú
- Idirghníomhaíochtaí sa súgradh a chothú agus a bheith rannpháirteach sa súgradh le páistí
- Eispéiris súgartha a chur ar fáil nó a threorú nó iad a éascú, mar shampla, *Eispéiris dhomhanda maidir le Súgradh Coincheapúil* a cheapadh

Bhain tuairimí breise maidir le ról an oideora sa súgradh leis na nithe seo a leanas:

- Iniúchadh a dhéanamh ar na huaireanta a bhíonn *rannpháirtíocht daoine fásta* sa súgradh *cuí ar mhaithe le leas an pháiste agus cathain ba cheart dóibh seasamh siar ó shúgradh na bpáistí*
- Aird a tharraingt ar an bhfíoras go bhfuil an súgradh buntábhachtach chun tacú le foghlaim shóisialta agus mhothúchánach agus chun í a fheabhsú
- Sampla d'eispéiris phraiticiúla agus *súgradh ar bhonn fiosraithe* a chuimsiú chun cuidiú le tuiscint na n-oideoirí ar an téarma agus an chuma a bhíonn air sa chleachtas.

Beag beann ar an tábhacht a bhaineann leis an súgradh, thug freagróir amháin foláireamh go bhfuil *níos mó i gceist le* Aistear *ná súgradh amháin agus tá sé ríthábhachtach go dtuigfí an súgradh mar phrionsabal agus mar oideolaíocht araon.* Ag léiriú tuairimí níos luaithe maidir leis an oideoir toiliúil, luaigh an freagróir sin:


> *Tá an tuiscint ar shúgradh casta agus tá gá le tacaíocht do chleachtóirí le gur féidir leo bogadh níos faide ar aghaidh ná deiseanna a chur ar fáil le haghaidh súgartha agus an méid sin amháin, bíodh an súgradh struchtúrtha nó ná bíodh*.

Dá bhrí sin, *teastaíonn am agus tacaíocht* ó oideoirí réamhsheirbhíse agus inseirbhíse *chun oideolaíocht bunaithe ar shúgradh a thuiscint má táthar chun an fhís do na creataí seo a bhaint amach sa chleachtas*.

### 3.2.8 Leanúnachas an eispéiris agus dul chun cinn na foghlama

As an 23 aighneacht, chuir 70% (n=16) díobh aiseolas ar fáil a bhain le cé acu a thacaíonn nó nach dtacaíonn na moltaí le leanúnachas an eispéiris agus dul chun cinn na foghlama do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga. Mar a léirítear i bhFíor 7, cé gur aontaíodh i ndeich n-aighneacht gur thacaigh na moltaí le leanúnachas an eispéiris agus dul chun cinn an fhoghlama, agus gur cuireadh fáilte i naoi gcinn díobh roimh thabhairt isteach prionsabail maidir le *haistrithe*, cheistigh cúig cinn acu leanúnachas an eispéiris agus dul chun cinn na foghlama, go háirithe i gcomhthéacs an aistrithe ón oideachas luath-óige go dtí an bhunscoil.

**Fíor 7: Leanúnachas an eispéiris agus dul chun cinn na foghlama**




Rinne na freagróirí ceangal idir an prionsabal nua 'aistrithe' agus na nithe seo a leanas:

- An tábhacht a bhaineann le haistrithe do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga a aithint
- Aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann leis an ngluaiseacht idir suíomhanna réamhscoile agus bunscoile a éascú ar bhealach slán sábháilte
- Tacaíocht a thabhairt don tábhacht a bhaineann le tacú le dul chun cinn foghlama na bpáistí
- Tacaíocht a thabhairt don ailíniú agus don chomhtháthú le *Creatchuraclam na Bunscoile*
- Aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le haistrithe, ní hamháin ón mbaile go dtí an réamhscoil/ón réamhscoil go dtí an bhunscoil ach i rith an lae freisin.

*Chun dul chun cinn san fhoghlaim agus forbairt a chinntiú mar aon le leanúnachas ó thaobh eispéireas de, bíonn caidrimh chomhsheasmhacha ag teastáil agus freagracht chomhroinnte idir teaghlaigh, feighlithe páistí, agus oideoirí luathbhlianta.*

I bhfianaise na béime a chuirtear ar chomhpháirtíochtaí, ní mór tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar *an gcaoi a bhforbraítear an chomhpháirtíocht le tuismitheoirí*. Ina theannta sin, mar aitheantas ar *an aistriú suntasach do roinnt páistí óna mbaile chuig a bhfeighlí, agus chuig réamhscoil go minic i gcás oideachais agus cúraim luath-óige, ba cheart ról an fheighlí páistí in aistrithe den sórt sin a aithint go follasach*.

A mhéid a bhaineann le dul chun cinn san fhoghlaim agus san fhorbairt, cheistigh beirt fhreagróirí na nithe seo a leanas:

*Cén chaoi a bhféadfadh babaí, naíonán agus páiste óg caidreamh a bhunú leis na cúramóirí, daoine eile agus leis an timpeallacht de réir mar a dhéanann siad dul chun cinn ina gcuid foghlama agus forbartha?*

*Cén chaoi a bhféadfadh forbairt teacht ar dhul chun cinn le linn phríomhthréimhsí an aistrithe (is é sin ón réamhscoil go dtí an bhunscoil)?*

*Cén chaoi a dtacófar a thuilleadh leis an gcreat ach cáipéisí curaclaim a fhorbairt don suíomh réamhscoile?*

Mheas siad go ndéanfaí tairbhe do na moltaí dá mbeadh *mionsonraí breise ann ar an gcaoi ar féidir dul chun cinn a bhaint amach laistigh de Chreat* Aistear. D'fhiafraigh freagróir amháin an bhféadfaí machnamh a dhéanamh ar *chontanam dul chun cinn a chur ar fáil do na luathbhlianta*, agus d'fhiafraigh duine eile an bhféadfaí cáipéis cosúil le *Mo Scéal* a fhorbairt le go gcothófaí *dul chun cinn foghlama comhchosúil in eispéiris laethúla na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga*.

Shainaithin triúr freagróirí an t-ailíniú idir an Creat agus *Creatchuraclam na Bunscoile*, agus léirigh siad go gcuireann sé sin *comhsheasmhacht chun cinn ar fud chontanam an oideachais*. Rinne freagróir eile tagairt do *leanúnachas na teanga, na bprionsabal comhroinnte agus na tosaíochta don súgradh agus don fhoghlaim ghníomhach...ar fud na gCreataí*, agus thug duine eile le fios *go mbeidh fáilte roimh* leanúnachas den sórt sin *do chleachtóirí, go háirithe dóibh siúd in oideachas luathbhlianta agus i mbunscoileanna a thacaíonn leis an dá Chreat*.

Mar a léirítear i bhFíor 7, tharraing cúigear freagróirí ábhair imní anuas a bhain le leanúnachas an eispéiris agus dul chun cinn na foghlama ar fud na luath-óige agus na bunscoile. Go sonrach, d'iarr siad soiléireacht maidir leis an *aistriú ó* Aistear *a úsáid i suíomh na bunscoile*, ag tagairt don ráiteas, *is é Aistear an Creatchuraclam do gach uile pháiste ó bhreith go sé bliana d'aois i ngach suíomh seachas bunscoileanna agus scoileanna speisialta*. Dá bhrí sin, chuir siad imní in iúl, má scartar *Aistear* agus *Creatchuraclam na Bunscoile* óna chéile, *nach gcuimsítear na haistrithe socra ba cheart a bheith ann idir an réamhscoil agus an bhunscoil*, agus mar thoradh air sin tá seans ann *nach mbainfí amach ina iomláine* leanúnachas an eispéiris agus an dul chun cinn.

### 3.2.9 Prionsabail na Luathfhoghlama agus na Luathfhorbartha

As na 15 aighneacht inar cuireadh faisnéis ar fáil a bhain le Prionsabail na Luathfhoghlama agus na Luathfhorbartha, i naoi gcinn acu cuireadh fáilte roimh an laghdú ar líon na bPrionsabal ó 12 cheann go naoi gcinn, agus tugadh le fios go bhfuil sé sin *níos so-úsáidte agus daingníonn sé an fhaisnéis d'úsáideoirí*, rud a chuireann *Creat atá níos soláimhsithe ach atá fós fócasaithe* ar fáil. Ar bhonn níos leithne, thuairiscigh na freagróirí go raibh na Prionsabail ar an iomlán *soiléir agus níos mó i gcomhréir le taighde a rinneadh le déanaí* agus *le cleachtas reatha* (Féach Aguisín 4: Aiseolas maidir le Prionsabail na Luathfhoghlama agus na Luathfhorbartha:chun tuilleadh aiseolais a fháil ar na Prionsabail).

D'aontaigh dháréag den 23 freagróir (52%) go bhfuil na Prionsabail agus na Téamaí fite fuaite ina chéile agus go bhfuil siad le feiceáil ar fud Théamaí *Aistear*. Tá Prionsabail ar nós thábhacht an tsúgartha agus na n-eispéireas praiticiúil le feiceáil go soiléir, agus luaitear cinn eile cosúil leis an ilchineálacht, cothromas agus ionchuimsiú ar bhealach níos caolchúisí ó thús deireadh:

> *Is ea, infheictheacht mhéadaithe na bprionsabal in Féiniúlacht agus Muintearas maidir le páistí a bheith ag comhroinnt a gcuid scéalta cultúrtha, an inbhuanaitheacht agus cúram don chomhshaol a bheith á gcur isteach in Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht, lena n-áirítear bealaí iolracha le cumarsáid a dhéanamh in Cumarsáid agus Folláine, cuireann sé sin an fócas ar cheangail láidre, agus tá an nasc idir oideoirí agus babaithe, naíonáin agus páistí óga fite fuaite agus le feiceáil go soiléir i dtéamaí* Aistear.

Mhol freagróir amháin *leanúnachas na teanga* agus na téamaí á n-athbhreithniú taobh leis na prionsabail, agus shonraigh sé a úsáidí atá sé sin *chun tacú leis an tuiscint a bhaintear as an gcáipéis agus lena chinntiú go bhfuil comhtháthú ann idir Téamaí agus Prionsabail*. Cé gur thug freagróir amháin aiseolas dearfach den chuid is mó, thug sé le fios gur *minic a bhíonn [na Prionsabail] fite fuaite trí na Téamaí, ach i gcásanna eile níl sé chomh soiléir sin.* Dá réir sin, oideoir ag tús a ghairme, oideoir a rinne a oiliúint tosaigh roinnt mhaith blianta ó shin, nó oideoir is mac léinn, seans nach sainaithneoidís go bhfuil na Prionsabail agus na Téamaí fite fuaite ina chéile.  Is gá machnamh a dhéanamh ar *mhodh níos follasaí – níos infheicthe…chun a léiriú gurb amhlaidh atá na Prionsabail agus na Téamaí fite fuaite ina chéile*. D'fhéadfaí é sin *a bhainistiú trí hipearnaisc idir an dá rud; nó ar an mbealach ar ceapadh Síolta, trí 'chomharthaíocht' idir Téamaí agus Prionsabail*.

Cé gur thug freagróir amháin le fios, maidir le Fíor 2 ar leathanach11 de na dréacht-mholtaí (féach an ghrafaic faisnéise in Aguisín 10: Grafaic eolais a léiríonn Prionsabail Aistear le haghaidh Luathfhoghlama agus Luathfhorbartha), *go gcuireann sé grafaic láidir ar fáil ar an mbealach a bhfuil na Téamaí agus na Prionsabail fite fuaite ina chéile*, d'éiligh daoine eile go mbeadh *géire amhairc níos fearr* ann, mar a léirítear i dTábla 21. Baineann ábhair imní eile le deiseanna foghlama samplacha a bheith á mbaint, an gá atá le cur chuige forbartha comhsheasmhach ar fud chontanam an oideachais, béim mhéadaithe ar ionchuimsiú agus ar chothromas, agus prionsabail na Saoránachta Domhanda.

**Tábla 21: Moltaí maidir le hathrú**

| | |
|---|---|
| Géire Amhairc | *Léiríonn an léaráid an chaoi a bhfuil na prionsabail sa lár agus go bhfuil na téamaí ag lúbadh timpeall orthu. D'fhéadfadh cairt eile, lena dtaispeántar na naisc, a bheith cabhrach freisin.* |

| | |
|---|---|
| | *Déan athbhreithniú ar an ngrafaic faisnéise phlúchta lán téacs nach bhfuil téama soiléir ná breac-chuntais ar na prionsabail ann* |
| Deiseanna Foghlama Samplacha | *Cáintear baint na ndeiseanna foghlama samplacha, toisc go meastar go bhfuil luach ag baint leo chun an súgradh agus torthaí dearfacha do pháistí a thuiscint. Is iad prionsabail 3, 8 agus 9 na príomhphrionsabail a dtarraingítear aird orthu. I measc na moltaí tá idirdhealú níos soiléire i ndáil le haidhmeanna, tuilleadh soiléireachta maidir leis an bprionsabal Aistrithe, agus teanga acadúil a laghdú.* |
| Cur Chuige Forbartha Comhsheasmhach | *Cuirtear béim ar chur chuige forbartha comhsheasmhach ón réamhscoil go dtí an bhunscoil, in éineacht le hoiriúnuithe teanga do thuiscint níos fearr* |
| Ionchuimsiú agus Cothromas | *Aiseolas dearfach i ndáil le húsáid na Gaeilge…, ach tá gá le tuilleadh béime ar ionchuimsiú agus cothromas*<br><br>*D'fhéadfaí níos mó béime a chur ar fhéiniúlachtaí inscneacha agus an tslí a gceistíonn oideoirí steiréitíopaí inscne agus súgradh inscneach*<br><br>*Níl aon tagairt ann do chúrsaí cine ná do chiníochas, gnéasachas, cumasachas, aicmeachas, homafóibe* |
| Prionsabail na Saoránachta Domhanda | *Is féidir prionsabail na saoránachta domhanda a chomhtháthú tuilleadh* |

### 3.2.10 Réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú

Tugtar cuntas sa chuid seo ar na réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú go ginearálta, i réimsí ETIM agus na nEalaíon, Teicneolaíochtaí Digiteacha agus Litearthachta Digití. Mar a luadh in aighneacht amháin, *níl aon tacaíocht ann don eolaíocht, don litearthacht dhigiteach, d'fhoghlaim ETIM a dhíríonn ar phróisis amhail an innealtóireacht, agus dul chun cinn sa mhatamaitic.* Sainaithníodh gur réimsí iad an uimhearthacht, an litearthacht, an measúnú agus íomhá/ról an oideora ar gá aghaidh a thabhairt orthu (Féach Aguisín 5 chun tuilleadh sonraí a fháil).

#### 3.2.10.1 ETIM agus na hEalaíona

Cé go raibh freagróir amháin sásta gur cuireadh ETIM leis agus go raibh béim ar *an taiscéalaíocht trí mheán an tsúgartha*, cheistigh sé an tslí *a gcuirtear an téarmaíocht i láthair, eolaíoch vs eolaíocht, go dtí teicneolaíoch vs teicneolaíocht srl.* Anuas air sin, cheistigh an freagróir sin asláithreacht an acrainm ETIM, atá thar a bheith tábhachtach i ndáil le leanúnachas ar fud an chontanaim foghlama: *déantar tagairt don Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM) i gCreatchuraclam na Bunscoile.*

Mhol beirt fhreagróirí go leabófaí ETIM agus na hEalaíona, in ionad ETIM, laistigh den téama Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht:

> *Tá deis ann chun an téarma 'ETIM (agus na hEalaíona)' a shoiléiriú agus samplaí nithiúla a thabhairt de na cineálacha deiseanna foghlama atá ann faoi gach réimse.*
>
> *Luaitear téarmaí aonair, is é sin, eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic, sa téama sin; ach ní hé cuspóir STEAM (ETIM agus na hEalaíona) na réimsí aonair ar leith a scaradh ó chéile…[rud]…nach dtacaíonn le feidhm idirdhisciplíneach STEAM agus an idirghníomhaíocht idir na réimsí, atá fíorfhabhrach mar chur chuige a fhéadann Creatchuraclam na Luath-Óige a chumhdach ina iomláine.*

Luadh freisin go bhfuil *cigireacht á déanamh* ar shuíomhanna luath-óige *ag úsáid na gcritéar a bhaineann le ETIM/STEAM (Cigireacht na Roinne Oideachais, 2022). Chun go mbeadh comhsheasmhacht ar fud na ranna agus na gcáipéisí rialtais ba cheart…an téarma 'ETIM/STEAM'…a bheith follasach in Aistear.*

#### 3.2.10.2. Teicneolaíochtaí digiteacha agus litearthachtaí digiteacha

Toisc go n-imríonn an teicneolaíocht *tionchar ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn páistí leis an domhan, agus ar an gcaoi a dtuigeann siad é agus a bhfoghlaimíonn siad faoi…ba cheart í a léiriú inár gCreatchuraclam.* Thairis sin, maidir le tagairtí áirithe do theicneolaíochtaí digiteacha san *Aistear* nuashonraithe, tá tuilleadh mínithe agus soiléirithe ag teastáil i ndáil le haoisoiriúnacht, mar shampla:

- Meonta agus roghanna dearfacha lena léireofaí meas ar a gcuid roghanna maidir le cothú, sláinteachas, aclaíocht, scíth agus codladh, teicneolaíochtaí digiteacha agus gnáthaimh (lch 19).
- Blaiseadh de theicneolaíochtaí digiteacha mar ábhar taitnimh (lch 25).

Dúirt freagróir amháin go luaitear teicneolaíocht dhigiteach *10 n-uaire ar a laghad* sna moltaí agus thug le fios *go ndéantar an iomarca tagairtí di.* Cé gur admhaigh siad gur bhain tairbhí le húsáid na teicneolaíochta digití mar fhoinse mar chuid den churaclam, thug siad le fios go bhféadfaí *aird a*

*tharraingt air sin le samplaí áirithe nó in éineacht le nóta chun úsáid thomhaiste nó stuama a shonrú? m.sh. boscaí solais, oird ceisteanna vs am scáileáin (i gcás gníomhaíochtaí féachana éighníomhaí).*

Ar an dul céanna, thug duine eile le fios, dá mbeadh teicneolaíochtaí digiteacha san *Aistear* nuashonraithe, nach mór *téarmaí a shainmhíniú (m.sh., bréagáin leictreonacha, uirlisí digiteacha amhail áireamháin agus meánna, teicneolaíocht dhíphlugáilte nó féachaint ar scáileán);* agus *aoisoiriúnacht gach ceann acu* a mhíniú. Agus an moladh sin á dhéanamh, thug an freagróir treoir ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun suntais, i ndáil le ham scáileáin do pháistí ón mbreith go dtí cúig bliana d'aois.

### 3.2.10.3 Uimhearthacht

Tá príomhréimsí ón leagan reatha de *Aistear* (2009) *i ndáil le huimhearthacht agus matamaitic in easnamh.* Agus *an fócas ar fhorbairt na huimhearthachta leis an Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití (atá le foilsiú i mí Aibreáin 2024)* á chur san áireamh, *ba cheart don Aistear nuashonraithe tuilleadh airde a tharraingt ar thábhacht na huimhearthachta sa luath-óige.* Cé go bhfuil freagróirí ar son 'Uimhearthacht ag teacht chun cinn' a chur leis an ngluais, d'iarr siad go gcoinneofaí *an sainmhíniú is leithne ar 'uimhearthacht' ('Uimhearthacht – tuiscint a fhorbairt ar uimhreacha agus ar choincheapa matamaiticiúla')…ón leagan bunaidh chun tacú leis an ailíniú leis an Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití atá le teacht.* Cuirtear i láthair i dTábla 22 na hábhair imní eile agus na moltaí a ghabhann leo.

**Tábla 22: Ábhair imní agus moltaí i ndáil le huimhearthacht**

| Ábhar imní | Moladh |
|---|---|
| Ní dhéantar tagairt do phatrún ach amháin a mhéid a bhaineann le cumarsáid | Déantar tagairt d'aithint patrún agus do naisc a dhéanamh faoi na spriocanna foghlama |
| Fágtar tagairtí do scileanna comhairimh ar lár<br><br>Ní dhéantar tagairt d'uimhreas ach amháin i ndáil le heolas a chur ar shiombailí<br><br>Ní dhéantar tagairt do theanga mhatamaiticiúil a thuilleadh | Déantar tagairt do chomhaireamh, uimhreas agus teanga mhatamaiticiúil faoi na spriocanna foghlama<br><br>Cuirtear isteach coincheap an uimhris sa sainmhíniú ar uimhearthacht ag teacht chun cinn sa ghluais |
| Fágtar ar lár tuiscint ar chúrsaí ama agus spáis | Cuirtear isteach arís é |

### 3.2.10.4 Litearthacht

Mhol freagróir amháin go gcoinneofaí an sainmhíniú is leithne ar litearthacht ón leagan bunaidh de *Aistear*, chun tacú leis an ailíniú leis an Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití atá le teacht.

> *Tá níos mó i gceist leis an litearthacht ná léamh agus scríobh a bheith agat. Fágtar ar lár san* Aistear *nuashonraithe sainmhíniú ar 'scileanna réamhléitheoireachta nó*

*luatha'. Ní mór é sin a choinneáil agus a leathnú, chun spéis i leabhair agus sa léitheoireacht, forbairt na dúile i leabhair, feasacht ar chló – an tuiscint go mbaineann brí le téacs, agus tagairt do scileanna litearthachta criticiúla a chur san áireamh.*

Cé go bhfuiltear ar son *teanga ó bhéal* a chur leis an abairt seo a leanas: *Bíonn dúshraith láidir sa teanga/sna teangacha ó bhéal tábhachtach agus foghlaimíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga go gasta faoi chumhacht agus faoi bhrí na siombailí, trí thaithí fhairsing ar leabhair* (lch 24), tá sé tábhachtach *béim a chur ar fheidhm ríthábhachtach na hidirghníomhachta (daoine fásta cairdiúla mothálacha, labhairt agus freagairt, srl.) i bhforbairt na teanga ó bhéal.*

### 3.2.10.5 Measúnú

D'fháiltigh triúr freagróirí roimh an *bpróiseas timthriallach measúnúcháin molta*, a ndeirtear faoi gur *uirlis úsáideach agus próiseas oideolaíochta oiriúnach é laistigh den chleachtas luathbhlianta.* Nocht freagróirí tuairimí maidir leis an tslí a dtarraingítear aird san *Aistear* nuashonraithe ar ról an oideora *go leor uaireanta agus tagairt á déanamh do 'tabhairt faoi deara' mar thúsphointe agus aithne á cur ar na páistí.* Thug siad le fios go dtugann an téarma 'tabhairt faoi deara' *cuireadh don oideoir aird a dhíriú agus am a thógáil chun aithne a chur ar an bpáiste, rud lena dtreisítear an coincheap faoi oideolaíocht mhall chaidreamhach.* Mar sin féin, léirigh freagróir amháin go raibh díomá orthu, agus cheap go raibh *neamhshuim á déanamh* ar an gcéim 'machnamh'.

*Mar a deirtear, 'Is é an machnamh a chuireann tús leis an bpróiseas arís…'. Tá an chuma air nach ann ach an t-aistriú chuig an gcéad timthriall eile, ach, táimidne den tuairim go bhfuil níos mó i gceist le céim an mhachnaimh ná bogadh ar aghaidh…*

*Molann* an freagróir sin *go láidir go dtabharfaí le fios sa dréacht athbhreithnithe/deiridh gurb é 'machnamh' an chuid chriticiúil den phróiseas taifeadta, ionas gur féidir léirthuiscint a bheith ag oideoirí ar a thábhachtaí atá sé.*

Tharraing beirt fhreagróirí aird ar an dúshlán a bhaineann le measúnú d'oideoirí agus d'iarr siad soiléiriú maidir leis an *méid atá i gceist le measúnú*, mar a d'iarr daoine eile. Agus iad ag díriú ar mheasúnú foirmitheach, dúirt freagróir eile, *ní labhraíonn aon duine faoin tslí a ndéanann tú é sin*, agus thug freagróir le fios go bhféadfadh *fochialla foirmiúla nó fochialla bunaithe ar chúrsaí acadúla* a bheith ag baint leis an téarma 'measúnú'.

*B'fhéidir nach mbeadh sé chomh scáfar céanna dá n-úsáidfí an téarma 'breathnóireacht leanúnach' in ionad 'measúnú leanúnach'.*

Tarraingíodh aird in aighneacht amháin gur deis é nuashonrú *Aistear* chun tacú le comhthuiscint ar fud an chórais ar chúrsaí measúnúcháin. Tugtar breac-chuntais i dTábla 23 ar níos mó moltaí a bhaineann le cúrsaí measúnúcháin.

**Tábla 23: Moltaí maidir le measúnú**

| |
|---|
| *Cuirtear uirlisí meastóireachta níos dírithe ar fáil in éineacht leis na huirlisí féinmheastóireachta leathana ó Threoir Chleachtais Aistear Síolta atá ann cheana.* |
| *Cuirtear samplaí níos nithiúla ar fáil maidir leis an tslí chun measúnú a thaifeadadh ar bhealach fiúntach* |

| |
|---|
| *Cuirtear feabhas ar eolas agus tuiscint oideora ar úsáid punann digiteach* |
| *Cuirtear san áireamh tagairt maidir le ról an oideora i ndáil le foghlaim shuntasach a thabhairt faoi deara, agus an t-eolas sin a thaifeadadh ina dhiaidh sin agus é a úsáid chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim na bpáistí* |
| *Machnaítear go bhféadfadh páistí a gcuid foghlama féin a thaifeadadh ag úsáid gléasanna digiteacha…leo sin is féidir a chur ar chumas na dtuismitheoirí aiseolas a thabhairt, rud a d'fhéadfadh cur le spéis na bpáistí agus a ligean do dhaoine fásta tuiscint a fháil ar stóir eolais/teoiricí feidhmiúla na bpáistí* |
| *Léirítear go soiléir go bhfuil ionchuimsiú an pháiste agus a dteaghlaigh sa phróiseas pleanála agus measúnúcháin ríthábhachtach don phróiseas* |

### 3.2.10.6 Íomhá agus ról an oideora


Cé go bhfuil *fís* Aistear, *mar uirlis chumasúcháin, in ionad treorach, ag teacht le cumas agus inniúlacht gach oideora*, thug freagróirí le fios gur gá íomhá an oideora a fheabhsú. Fad a admhaítear agus a thacaítear le *suí an oideora mar dhuine inniúil, muiníneach, gníomhaíoch agus machnamhach*, dúirt freagróir amháin, *ní chuirtear in iúl leis sin ról toiliúil an duine fhásta agus an súgradh á threorú, timpeallachtaí foghlama á ndearadh agus curaclaim á bpleanáil.* Laistigh de na moltaí, maidir le híomhá an oideora, *tugtar cur síos go príomha ar an méid a dhéanfaidh siad, rud a chiallaíonn go bhfuil sé teoranta.* Ar an dul céanna, ba mhaith le freagróir eile go léireofaí an t-oideoir mar *éascaitheoir…in ionad an duine sin a bheith ina láithreoir.* Mar gheall ar an *stair shaibhir, an taithí saoil agus na scileanna a chuireann lena* ról, mhol freagróir amháin go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar íomhá an oideora, ach mhol freagróir eile, *dá ndíreofaí ar an oideoir i dtéarmaí an róil luachmhair atá acu go bhféadfaí Oideoirí a spreagadh le mothú go bhfuil cumas acu nuair a léifidís é.* Ar bhealach níos leithne, mhol freagróir amháin *go gcuirfí ról an oideora san áireamh sna ceithre théama, fad a mheas freagróir eile, go raibh an ról atá acu ina chatalaíoch trína mbaintear cearta amach.*

Cuirtear i lár sa chéad fhochuid eile torthaí maidir leis an gcaoi ar féidir tacú le hoideoirí luath-óige i dtaca le hoibriú leis an gCreatchuraclam.

### 3.2.11 Tacú le hOideoirí

Phléigh beagnach gach aighneacht (n=22) leis an gcaoi chun tacú le hoideoirí oibriú leis an *Aistear* nuashonraithe.

Fíor 8: Tacaí a theastaíonn chun cabhrú le hoideoirí




Dar ndóigh, shainaithin formhór na bhfreagróirí go raibh gá le hacmhainní, lena n-áirítear am, ábhair, uirlisí úsáide, trealamh agus eiseamláirí. Anuas air sin, mhol ochtar freagróirí naisc ghréasáin leis na hacmhainní atá ann cheana, amhail treoirlínte don dea-chleachtais ó *Threoir Chleachtais Aistear Síolta, Creat Cáilíochta agus Rialála Tusla agus Treoirlínte Cigireachta na Roinne Oideachais*, sa Chreat agus sa treoir chleachtais. Sholáthrófaí leis sin *cur chuige comhtháite aontaithe, agus mar gheall air sin bheadh oideoirí ag measúnú eolas cuí cothrom le dáta go leanúnach de réir mar a thabharfaí suíomhanna gréasáin cothrom le dáta, srl.*

D'iarr triúr freagróirí *go gcuirfí oiliúint i bhfeidhm ar bhonn céimneach go comhtháite agus straitéiseach* ar bhonn náisiúnta, lena ngabhfaí oiliúint dóibh siúd a bhaineann le *foirmiú gairmiúil oideoirí sa bhreisoideachas agus san ardoideachas.* Mar a léirítear i bhFíor 8, shainaithin seisear freagróirí go raibh gá le FGL agus, astu sin, chuir triúr i dtábhacht go rá gá le pobal cleachtais, rud a ndearna triúr freagróirí eile tagairt dó freisin (n=6 ar an iomlán). Dá réir sin, d'fhéadfadh cineálacha éagsúla FGL a bheith ann, mar shampla, ceardlanna, seimineáir ghréasáin, sraitheanna podchraoltaí agus mar sin de. Mhol freagróir amháin FGL *do gach duine atá bainteach leis an ngairm Oideachais agus Cúraim Luath-óige (m.sh., oideoirí; soláthraithe oiliúna agus oideachais).* Thairis sin, ba cheart leagan Gaeilge den Chreat a bheith ar fáil chomh maith le FGL trí mheán na Gaeilge, *a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhonn grúpaí le naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht.*

Mhol triúr freagróirí laethanta FGL íoctha *i gcomhréir le teidlíocht gairmithe eile i gcontanam an oideachais*, agus chuir an triúr acu i dtábhacht gur cheart do na páirtithe leasmhara seachtracha uile (m.sh. Cigireachtaí) a bheith feasach ar an gCreat agus é a thuiscint, ionas go mbeadh comhthuiscint ann, as a dtiocfadh *cigireacht chaighdeánach chomhsheasmhach.* Maidir le suíomhanna Gaeilge, ba cheart don chigireacht *an comhthéacs tumoideachais ina bhfeidhmíonn na naíonraí a chur san áireamh.*

Ar deireadh, mhol seisear freagróirí sineirgí le heagraíochtaí agus struchtúir tacaíochta atá ann cheana, agus chuir beirt i dtábhacht, go sonrach, gur gá sineirgí idir tacaí atá ann cheana a fhiosrú, go háirithe Treoir Chleachtais *Aistear Síolta*. Chuir siad i dtábhacht *dá bhforbrófaí tacaí breise gan aird chuí ar acmhainní atá ann cheana, go bhféadfadh easpa soiléireachta a bheith ann dóibh siúd a*

*úsáideann Aistear agus go gcuirfí teorainn leis an rannpháirteachas le tacaíochtaí atá ann cheana agus/nó tacaí nua.*

## 3.3 Ceistneoirí ar líne


Rinneadh dhá cheistneoir ar líne, ceann do ghairmithe agus ceann do thuismitheoirí/caomhnóirí ag baint úsáid as Survey Hero. D'fhreagair 735 gairmí ceist amháin nó níos mó i gceistneoir na ngairmithe, agus d'fhreagair 248 tuismitheoir/caomhnóir ceist amháin nó níos mó i gceistneoir na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí.

### 3.3.1 Ceistneoir na nGairmithe

#### 3.3.1.3 Ceisteanna aitheantais


Cuireadh sraith ceisteanna aitheantais ar na gairmithe agus tuismitheoirí/caomhnóirí araon. Iarraidh ar ghairmithe a ról a chur in iúl agus bhí rogha acu níos mó ná freagra amháin a roghnú. Nuair a cuireadh ceist orthu maidir leis an ról reatha atá acu, dúirt 42% de ghairmithe gur Cleachtóir Luath-óige iad faoi láthair, dúirt 26% gur Bainisteoir Suímh Luath-óige iad agus Múinteoirí Bunscoile a bhí in 20% de na freagróirí.

Fíor 9: Ról reatha na ngairmithe





Iarraidh ar ghairmithe comhthéacs a suímh a chur in iúl agus bhí an rogha acu níos mó ná freagra amháin a phiocadh. Roghnaigh 33% de na freagróirí Réamhscoil sheisiúnach, roghnaigh 32% Suíomh cúraim lae lánaimseartha agus roghnaigh 21% Bunscoil.

### Fíor 10: Comhthéacs an tsuímh




Iarraidh ar ghairmithe an t-aoisghrúpa lena n-oibríonn siad a chur in iúl freisin agus bhí an rogha acu níos mó ná freagra amháin a phiocadh. Chuir 66% 'Réamhscoil' in iúl, dúirt 22% 'Naíonáin Shóisearacha' agus dúirt 21% 'Naíonáin Shinsearacha'.


### Fíor 11: Aoisghrúpa



### 3.3.1.2 An fhís do *Aistear*

D'aontaigh 57% de na freagróirí gairmiúla go láidir go 'gcuireann fís *Aistear* ar chumas oideoirí curaclam a fhorbairt chun tacú le foghlaim agus forbairt babaithe, naíonán agus páistí óga', agus d'aontaigh 31% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 411 freagairt ar an gceist sin.


**Fíor 12:** An fhís do *Aistear* (gairmithe)




### 3.3.1.3 Cuspóir *Aistear*

D'aontaigh 53% de na freagróirí gairmiúla go láidir 'gurb é cuspóir *Aistear* tacú le foghlaim agus le forbairt babaithe, naíonán agus páistí óga ó bhreith', agus d'aontaigh 35% de na freagróirí leis sin freisin.


**Fíor 13:** Cuspóir *Aistear* (gairmithe)



### 3.3.1.4 Tábhacht na n-idirghníomhaíochtaí agus na gcaidreamh

D'aontaigh 62% de na freagróirí gairmiúla go láidir go bhfuil 'tábhacht na n-idirghníomhaíochtaí agus na gcaidreamh idir babaithe, naíonáin, páistí óga, tuismitheoirí, oideoirí agus daoine tábhachtacha eile ina saol le feiceáil sna moltaí' agus d'aontaigh 28% de na freagróirí leis sin freisin.


**Fíor 14: Tábhacht na n-idirghníomhaíochtaí agus na gcaidreamh (gairmithe)**




### 3.3.1.5 Béim bhreise ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu

D'aontaigh 54% de na freagróirí gairmiúla go láidir go bhfuil '*béim bhreise leagtha ar bhabaithe, ar naíonáin agus ar pháistí óga mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu chun páirt fhiúntach a ghlacadh agus tionchar a imirt ar na cinntí a théann i bhfeidhm orthu le feiceáil sna moltaí*', agus d'aontaigh 31% de na freagróirí leis sin freisin.


**Fíor 15 Béim bhreise ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu (gairmithe)**



### 3.3.1.6 Coincheapa na hilchineálachta, an chothromais agus an ionchuimsithe

D'aontaigh 52% de na freagróirí gairmiúla go láidir go bhfuil 'coincheapa na hilchineálachta, an chothromais agus an ionchuimsithe le feiceáil sna moltaí', agus d'aontaigh 35% de na freagróirí leis sin freisin.


**Fíor 16: Coincheapa na hilchineálachta, an chothromais agus an ionchuimsithe (gairmithe)**




### 3.3.1.7 Lárnacht na foghlama trí mheán an tsúgartha agus eispéiris phraiticiúla

D'aontaigh an cion is mó freagróirí (68%) go láidir go leagtar béim ar lárnacht na foghlama trí mheán an tsúgartha agus trí eispéiris phraiticiúla agus déantar í a athdhearbhú sna moltaí.


**Fíor 17: Lárnacht na foghlama trí mheán an tsúgartha agus eispéiris phraiticiúla (gairmithe)**



### 3.3.1.8 Fócas breise ar thacú le leanúnachas an eispéiris agus dul chun cinn

D'aontaigh 48% de na freagróirí gairmiúla go láidir go bhfuil 'fócas breise ar thacú le leanúnachas an eispéiris agus dul chun cinn na foghlama le feiceáil sna moltaí', agus d'aontaigh 40% de na freagróirí leis sin freisin.


**Fíor 18:** Fócas breise ar thacú le leanúnachas an eispéiris agus dul chun cinn (gairmithe)




### 3.3.1.9 Frásaí agus seanfhocail as Gaeilge a chur san áireamh

Tá fócas ar aitheantas a thabhairt do stair agus do scéal cultúrtha agus teanga na hÉireann. Leis sin a léiriú, rinneadh frásaí agus seanfhocail as Gaeilge a leabú ar fud an leagain Bhéarla den Chreat (m.sh. *comhrá*, *grá*, *spraoi*). D'aontaigh 43% de na freagróirí go láidir gur cheart frásaí agus seanfhocail as Gaeilge a chur san áireamh/a leabú ar fud an leagain Béarla den Chreat, d'aontaigh 29% de na freagróirí leis sin freisin, d'easaontaigh 13%, d'easaontaigh 4% go láidir agus ní raibh 10% cinnte.

**Fíor 19:** Frásaí agus seanfhocail as Gaeilge a chur san áireamh (gairmithe)




### 3.3.1.10 Prionsabail *Aistear*

Rinneadh na Prionsabail a nuashonrú agus a chur le chéile arís ó 12 cheann go 9 gcinn. Sa chuid seo, cuirtear i láthair dearcthaí gairmithe maidir le Prionsabail mholta *Aistear* agus ráitis shonracha i ndáil leis na prionsabail sin. Fuarthas 340 freagairt ar an gcuid sin.

#### Prionsabal 1: Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda

D'aontaigh 40% de na freagróirí gairmiúla go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 1:. Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda', agus d'aontaigh 38% de na freagróirí leis sin freisin.


Fíor 20: Prionsabal 1 – Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda (gairmithe)



### Prionsabal 2: Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú

D'aontaigh 61% de na freagróirí go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 2: Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú', agus d'aontaigh 27% de na freagróirí leis sin freisin.


Fíor 21: Prionsabal 2 – Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú (gairmithe)




### Prionsabal 3: Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí

D'aontaigh 69% de na freagróirí go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 3: Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí', agus d'aontaigh 24% de na freagróirí leis sin freisin.


Fíor 22: Prionsabal 3 – Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí (gairmithe)



### Prionsabal 4: Teaghlach agus Pobal

D'aontaigh 64% de na freagróirí go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 4: Teaghlach agus Pobal', agus d'aontaigh 27% de na freagróirí leis sin freisin.


Fíor 23: Prionsabal 4 – Teaghlach agus Pobal (gairmithe)




### Prionsabal 5: Oideoirí Gníomhaíocha

D'aontaigh 44% de na freagróirí go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 5: Oideoirí Gníomhaíocha', d'aontaigh 34% de na freagróirí leis sin freisin, d'easaontaigh 8%, d'easaontaigh 4% go láidir agus ní raibh 11% cinnte.


Fíor 24: Prionsabal 5 – Oideoirí Gníomhaíocha (gairmithe)



### Prionsabal 6: Aistrithe

D'aontaigh 52% de na freagróirí go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 6: Aistrithe', agus d'aontaigh 34% de na freagróirí leis sin freisin.


Fíor 25: Prionsabal 6 – Aistrithe (gairmithe)




### Prionsabal 7: Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch

D'aontaigh 64% de na freagróirí gairmiúla go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 7: Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch', agus d'aontaigh 26% de na freagróirí leis sin freisin.


Fíor 26: Prionsabal 7 – Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch (gairmithe)



### Prionsabal 8: Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla

D'aontaigh 73% de na freagróirí go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 8: Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla', agus d'aontaigh 20% de na freagróirí leis sin freisin. Léiríodh leis sin an cion is airde freagróirí a d'aontaigh go láidir le ráiteas sa chuid sin.


Fíor 27: Prionsabal 8 – Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla (gairmithe)




### Prionsabal 9: Timpeallachtaí Foghlama

D'aontaigh 64% de na freagróirí go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 9: Timpeallachtaí Foghlama', agus d'aontaigh 26% de na freagróirí leis sin freisin.

Fíor 28: Prionsabal 9 – Timpeallachtaí Foghlama (gairmithe)



### 3.3.1.11 Téamaí *Aistear*


Cuirtear i láthair sa chuid seo dearcthaí na ngairmithe faoi Théamaí *Aistear* a mholtar.

Mar bhonn agus mar thaca faoi *Aistear*, tá ceithre Théama foghlama agus forbartha. Léiríodh le Céim 1 go bhfuil siad fós ábhartha a bheag nó a mhór. Rinneadh nuashonrú orthu chun na príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1 a léiriú. Fuarthas 322 freagairt ar an gcuid sin.

#### Na príomhtheachtaireachtaí agus na príomhsmaointe sna Prionsabail agus sna Téamaí

D'aontaigh 57% de na freagróirí go láidir go bhfuil 'na príomhtheachtaireachtaí agus na príomhsmaointe maidir le Prionsabail agus le Téamaí *Aistear* fite fuaite sa Chreat' agus d'aontaigh 35% de na freagróirí leis sin freisin. Léiríodh leis sin an cion is airde freagróirí a d'aontaigh go láidir le ráiteas sa chuid sin.


Fíor 29: Na príomhtheachtaireachtaí agus na príomhsmaointe (gairmithe)



### Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Fholláine

D'aontaigh 52% de na freagróirí go láidir 'go ndéantar cur síos sásúil ar fhoghlaim agus ar fhorbairt i dtaca le babaithe, naíonáin agus páistí óga sna hAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Fholláine', agus d'aontaigh 36% de na freagróirí leis sin freisin.


Fíor 30: Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Fholláine (gairmithe)




### Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Fhéiniúlacht agus don Mhuintearas

D'aontaigh 53% de na freagróirí go láidir 'go ndéantar cur síos sásúil ar fhoghlaim agus ar fhorbairt i dtaca le babaithe, naíonáin agus páistí óga sna hAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Fhéiniúlacht agus don Mhuintearas', agus d'aontaigh 39% de na freagróirí leis sin freisin.


Fíor 31: Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Fhéiniúlacht agus don Mhuintearas (gairmithe)



## Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Chumarsáid

D'aontaigh 53% de na freagróirí go láidir 'go ndéantar cur síos sásúil ar fhoghlaim agus ar fhorbairt i dtaca le babaithe, naíonáin agus páistí óga sna hAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Chumarsáid', agus d'aontaigh 37% de na freagróirí leis sin freisin.


Fíor 32: Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Chumarsáid (gairmithe)




## Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Taiscéalaíocht agus don Smaointeoireacht

D'aontaigh 55% de na freagróirí go láidir 'go ndéantar cur síos sásúil ar fhoghlaim agus ar fhorbairt i dtaca le babaithe, naíonáin agus páistí óga sna hAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Taiscéalaíocht agus don Smaointeoireacht', agus d'aontaigh 35% de na freagróirí leis sin freisin.

Fíor 33: Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Taiscéalaíocht agus don Smaointeoireacht (gairmithe)




### 3.3.1.12 Tacú le *Aistear* – Treoirlínte don Dea-Chleachtas

Cuirtear i láthair sa chuid seo dearcthaí na ngairmithe faoi na Treoirlínte don Dea-Chleachtas. Moltar sa Chreat nuashonraithe gur féidir tacú le *Aistear* trí na Treoirlínte don Dea-Chleachtas, Uirlisí Úsáide *Aistear*, *Treoir Chleachtais Aistear Síolta*, agus trí aird a tharraingt ar na coinníollacha níos leithne ina gcuirtear *Aistear* i bhfeidhm. Fuarthas 286 freagairt ar an gcuid sin.

#### Na smaointe móra atá leagtha amach in 'Comhpháirtíochtaí idir Tuismitheoirí agus Cleachtóirí'

D'aontaigh 43% de na freagróirí go láidir 'go dtacófar le hoideoirí an Creat nuashonraithe a úsáid leis na smaointe móra atá leagtha amach in 'Comhpháirtíochtaí idir Tuismitheoirí agus Cleachtóirí'', agus d'aontaigh 38% de na freagróirí leis sin freisin.


Fíor 34: Na smaointe móra atá leagtha amach in 'Comhpháirtíochtaí idir Tuismitheoirí agus Cleachtóirí' (gairmithe)



### Na smaointe móra atá leagtha amach in ‘Foghlaim agus Forbairt trí Idirghníomhaíochtaí’

D’aontaigh 44% de na freagróirí go láidir ‘go dtacófar le hoideoirí an Creat nuashonraithe a úsáid leis na smaointe móra atá leagtha amach in ‘Foghlaim agus Forbairt trí Idirghníomhaíochtaí’’, agus d’aontaigh 40% de na freagróirí leis sin freisin.


Fíor 35: Na smaointe móra atá leagtha amach in ‘Foghlaim agus Forbairt trí Idirghníomhaíochtaí’ (gairmithe)




### Na smaointe móra atá leagtha amach in ‘Foghlaim agus Forbairt trí Mheán an tSúgartha’

D’aontaigh 47% de na freagróirí go láidir ‘go dtacófar le hoideoirí an Creat nuashonraithe a úsáid leis na smaointe móra atá leagtha amach in ‘Foghlaim agus Forbairt trí Mheán an tSúgartha’’, agus d’aontaigh 38% de na freagróirí leis sin freisin. Léiríodh leis sin an cion is airde freagróirí a d’aontaigh go láidir le ráiteas sa chuid sin.


Fíor 36: Na smaointe móra atá leagtha amach in ‘Foghlaim agus Forbairt trí Mheán an tSúgartha’ (gairmithe)



### Na smaointe móra atá leagtha amach in 'Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí Mheán an Mheasúnaithe'

D'aontaigh 41% de na freagróirí go láidir 'go dtacófar le hoideoirí an Creat nuashonraithe a úsáid leis na smaointe móra atá leagtha amach in 'Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí Mheán an Mheasúnaithe'', agus d'aontaigh 40% de na freagróirí leis sin freisin.


Fíor 37: Na smaointe móra atá leagtha amach in 'Foghlaim agus Forbairt trí Mheán an Mheasúnaithe' (gairmithe)




### Le hUirlisí Úsáide *Aistear* atá molta tacófar le rannpháirteachas le *Aistear*

D'aontaigh 46% de na freagróirí go láidir 'go dtacófar le rannpháirteachas le *Aistear* le hUirlisí Úsáide *Aistear* atá molta', agus d'aontaigh 34% de na freagróirí leis sin freisin.

Fíor 38: Le hUirlisí Úsáide *Aistear* atá molta tacófar le rannpháirteachas le *Aistear* (gairmithe)



### 3.3.1.13 Tacú le *Aistear* – Tacú le hOideoirí

Cuirtear i láthair sa chuid seo dearcthaí na ngairmithe maidir leis an gcineál tacaí a theastaíonn chun tacú le hoideoirí luath-óige agus iad ag oibriú leis an gCreatchuraclam.

**Conas is féidir tacú le hoideoirí luath-óige?**

Fiafraíodh de ghairmithe conas is féidir tacú le hoideoirí luath-óige i dtaca le hoibriú leis an gCreatchuraclam. Fuarthas 200 freagairt téacs shaoir ar an gceist sin. Bhí na téamaí seo a leanas forleathan i measc na bhfreagairtí. Shonraigh 188 freagairt nó 59% 'Oiliúint' ar bhealach éigin.

**Tábla 24: Conas is féidir tacú le hoideoirí luath-óige? (gairmithe)**

| Téamaí | Freagróirí | % den iomlán |
|---|---|---|
| Oiliúint | 118 | 59% |
| An Creat a dhéanamh níos éasca le húsáid | 13 | 7% |
| Tuilleadh ama neamhtheagmhála | 12 | 6% |
| Soláthar uirlisí úsáide | 11 | 6% |
| Soláthar samplaí | 9 | 5% |
| Tuilleadh acmhainní | 5 | 3% |
| Tuilleadh maoinithe | 5 | 3% |
| Cur chun cinn/Seoladh | 4 | 2% |
| Níos lú riaracháin | 4 | 2% |
| Líonrú | 3 | 2% |
| Pá níos fearr | 3 | 2% |
| Cigireachtaí | 2 | 1% |
| Aiseolas | 1 | 1% |
| Rudaí eile | 10 | 5% |
| **Iomlán** | **200** | **100%** |

Bhí na téarmaí seo a leanas in go leor de na freagairtí téacs shaoir a bhain le **Oiliúint:** FGL, Seimineáir ghréasáin, Ceardlanna, Cúrsaí, Éigeantach, Aghaidh ar aghaidh, Treoir. I measc na bhfreagairtí a bhain le hoiliúint bhí iarrataí don mhéid seo a leanas:

- *Oiliúint i láthair go pearsanta le cur chuige aonchineálach*
- *FGL rialta, d'ardcháilíocht, a bhfuil fianaise mar bhonn eolais faoi*
- *Oiliúint phraiticiúil maidir leis an gcaoi chun straitéisí ionchuimsithe a chur chun feidhme i suíomhanna*
- *Ranganna oiliúna a ligean d'oideoirí taithí a fháil ar roinnt gníomhaíochtaí a d'fhéadfaidís a dhéanamh atá i gcomhréir leis an gCreatchuraclam nua molta*
- *Oiliúint ghairmiúil maidir le Aistear a chur chun úsáide i suíomhanna, lena n-áirítear ceardlanna d'oideoirí chun a gcuid eolais agus saineolais a fhorbairt ar bhealach níos fearr*
- *Socrú laethanta oiliúna éigeantaí do gach oideoir luath-óige, ar nós múinteoirí bunscoile, .i. laethanta inseirbhíse don fhoghlaim agus don fhorbairt.*

D'fhéadfaí an chéad téama is forleithne eile a rangú mar '**An Creat a dhéanamh níos éasca le húsáid**'. Shonraigh 13 fhreagairt nó 7% an téama sin ar bhealach éigin. Bhí na téarmaí seo a leanas in go leor de na freagairtí téacs shaoir a bhain leis an téama sin: Creat atá níos éasca a thuiscint agus níos éasca a úsáid, físeáin atá éasca le leanúint, níos lú páipéarachais, téarmaíocht atá oiriúnach don úsáideoir, úsáid teanga simplí.

D'fhéadfaí an chéad téama is forleithne eile a rangú mar '**Tuilleadh ama neamhtheagmhála**'. Shonraigh 12 fhreagairt nó 6% an téama sin ar bhealach éigin. Bhí na téarmaí seo a leanas in go leor de na freagairtí téacs shaoir a bhain leis an téama sin: am neamhtheagmhála, níos mó ama chun tuiscint iomlán a fháil, níos mó ama chun pleanáil chuí a dhéanamh, níos mó am pleanála.

D'fhéadfaí an chéad téama is forleithne eile a rangú mar '**Soláthar Uirlisí Úsáide**'. Shonraigh 11 fhreagairt nó 6% an téama sin ar bhealach éigin. Bhí na téarmaí seo a leanas in go leor de na freagairtí téacs shaoir a bhain leis an téama sin: soláthar uirlisí úsáide, smaointe agus samplaí praiticiúla, ábhair is féidir a chomhroinnt leis an bhfoireann, rochtain ar acmhainní ábhartha, amhail pleananna ceachta, smaointe do ghníomhaíochtaí agus uirlisí measúnúcháin.

D'fhéadfaí an chéad téama is forleithne eile a rangú mar '**Soláthar Samplaí**'. Shonraigh 9 bhfreagairt nó 5% an téama sin ar bhealach éigin. Bhí na téarmaí seo a leanas in go leor de na freagairtí téacs shaoir a bhain leis an téama sin: Tuilleadh samplaí do ghníomhaíochtaí, samplaí d'uirlisí pleanála agus cur chun feidhme, tuilleadh samplaí ón bhfíorshaol, neart samplaí, samplaí réalaíocha.

D'fhéadfaí an chéad téama is forleithne eile a rangú mar '**Tuilleadh acmhainní**'. Shonraigh 5 fhreagairt nó 3% an téama sin ar bhealach éigin. Bhí na téarmaí seo a leanas sna freagairtí téacs shaoir a bhain leis an téama sin: Tuilleadh acmhainní agus tuilleadh maoinithe, Maoiniú d'acmhainní, Maoiniú d'acmhainní maithe i ngach seomra ranga naíonán agus gach réamhscoil, Teastaíonn cúntóir ranga ó mhúinteoirí de ranganna idir naíonáin shóisearacha agus rang a haon, Feabhsaítear eispéiris foghlama na bpáistí go mór nuair a bhíonn duine fásta eile sa seomra in éineacht leis an múinteoir chun cabhrú leis na páistí a bheith rannpháirteach.

D'fhéadfaí an chéad téama is forleithne eile a rangú mar '**Tuilleadh maoinithe**'. Shonraigh 5 fhreagairt nó 3% an téama sin ar bhealach éigin. Bhí na téarmaí seo a leanas sna freagairtí téacs shaoir a bhain leis an téama sin: Maoiniú níos fearr, Maoiniú do sheirbhísí chun foráil a dhéanamh d'uaireanta oibre neamhtheagmhála chun pleanáil leordhóthanach agus ullmhú leordhóthanach a dhéanamh, Maoiniú sonrach a sholáthar do *Aistear*, Tuilleadh maoinithe, Tuilleadh ball foirne, maoiniú níos fearr.

D'fhéadfaí an chéad téama is forleithne eile a rangú mar '**Cur chun cinn/Seoladh**'. Shonraigh 4 fhreagairt nó 2% an téama sin ar bhealach éigin. Bhí na téarmaí seo a leanas sna freagairtí téacs shaoir a bhain leis an téama sin: Cur i bhfeidhm inrochtana uilíoch de *Aistear* i nGníomh ar bhonn céimneach...agus tá sé fíorthábhachtach iad sin a úsáid d'fheachtais fógraíochta agus feasachta, cinntiú go gcuirtear *Aistear* chun cinn ar bhealach dearfach, Cur i bhfeidhm foirmiúil *Aistear* ar bhonn céimneach ionas go mbeidh meas ag tuismitheoirí, cleachtóirí agus an pobal air, cur i bhfeidhm náisiúnta ar bhonn céimneach.


D'fhéadfaí an chéad téama is forleithne eile a rangú mar '**Níos lú riaracháin**'. Shonraigh 4 fhreagairt nó 2% an téama sin ar bhealach éigin. Bhí na téarmaí seo a leanas sna freagairtí téacs shaoir a bhain leis an téama sin: Níos lú páipéarachais – tá méadú ar an riarachán ina chúis le tnáitheadh, níos lú páipéarachais, níos mó scéalta foghlama, Níos lú páipéarachais le do thoil, Caitheann an fhoireann i bhfad an iomarca ama ag nascadh gníomhaíochtaí laethúla le *Aistear* agus fágann sé sin nach mbíonn aon am fágtha chun caidrimh fhiúntacha a fhorbairt toisc go mbímid de shíor ag taifeadadh nasc.

Is iad **Líonrú, Pá níos fearr, Cigireachtaí agus Aiseolas** na téamaí eile. Rangaíodh 9 bhfreagairt san iomlán faoi cheann de na ceithre théama sin. **Rudaí eile** a bhí sna 10 bhfreagairt eile agus is deacair iad a rangú.

### 3.3.1.14 Ailíniú le *Creatchuraclam na Bunscoile*

Tá *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus *Creatchuraclam na Bunscoile* dírithe ar earnálacha éagsúla. Tá siad ailínithe anois chun tacú le leanúnachas agus dul chun cinn gach páiste agus iad ag aistriú ón réamhscoil go bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tá an t-ailíniú sin le feiceáil go háirithe san fhócas sa dá Chreat ar oideolaíocht súgartha. Fiafraíodh de na rannpháirtithe 'cé chomh mór agus a aontaíonn/easaontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: Is léir go bhfuil ailíniú idir *Creatchuraclam na Bunscoile* agus *Aistear* Nuashonraithe atá molta'.  Dúirt 27% de na freagróirí 'Aontaím go láidir' mar fhreagairt ar an ráiteas 'Is léir go bhfuil ailíniú idir *Creatchuraclam na Bunscoile* agus *Aistear* nuashonraithe atá molta', agus dúirt 39% de na freagróirí 'Aontaím'.

Fíor 39: Ailíniú le *Creatchuraclam na Bunscoile* (gairmithe)




## 3.3.2 Ceistneoir do na tuismitheoirí/caomhnóirí

### 3.3.2.1 Suí an chomhthéacs

Fuarthas 248 freagairt ar an gceistneoir do na tuismitheoirí. Astu sin, d'fhreagair 236 tuismitheoir an cheist sin agus roghnaigh roinnt freagróirí freagraí iomadúla. Nuair a fiafraíodh de thuismitheoirí maidir le comhthéacs shuíomh a bpáiste/bpáistí, roghnaigh 43% de na freagróirí réamhscoil, roghnaigh 35% bunscoil agus roghnaigh 25% suíomh cúraim lae lánaimseartha.


Fíor 40: Cineál suímh a bhfreastalaíonn an páiste air (tuismitheoirí)




### 3.3.2.2 An gceapann tú go bhfuil tuairimí tuismitheoirí le haireachtáil sa Chreat nuashonraithe?

Té sé i gceist ag *Aistear* tacú le tuismitheoirí mar phríomhoideachasóirí a gcuid páistí le linn na luath-óige ó bhreith go sé bliana d'aois i ngach suíomh seachas bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Fiafraíodh de thuismitheoirí an gceapann siad go bhfuil tuairimí tuismitheoirí le haireachtáil sa Chreat nuashonraithe? Fuarthas 232 freagairt ar an gceist sin. Nuair a fiafraíodh de thuismitheoirí an gceapann siad go bhfuil tuairimí tuismitheoirí le haireachtáil sa Chreat nuashonraithe dúirt 36% de na freagróirí 'Nílim cinnte', d'aontaigh 23% go raibh siad le haireachtáil agus dúirt 16% gur cheap siad go raibh tuismitheoirí le haireachtáil beagáinín.

Fíor 41: An gceapann tú go bhfuil tuairimí tuismitheoirí le haireachtáil sa Chreat nuashonraithe? (tuismitheoirí)





## 3.3.2.2 Príomhtheachtaireachtaí na Moltaí – Dearcthaí na dtuismitheoirí

Léiríodh le Céim 1 go bhfuil *Aistear* iontaofa le himeacht aimsire agus fós ábhartha a bheag nó a mhór. Léiríodh sna freagraí go bhféadfaí cuid de na réimsí a fheabhsú ach iad nuashonrú, áfach. Cuirtear i láthair sa chuid seo dearcthaí na dtuismitheoirí ar na nuashonruithe a mholtar.

### An fhís do *Aistear*

57% de na tuismitheoirí a thug freagra, d'aontaigh siad go láidir go 'gcuireann fís *Aistear* ar chumas oideoirí curaclam a fhorbairt chun tacú le foghlaim agus forbairt babaithe, naíonán agus páistí óga', agus d'aontaigh 24% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 104 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 42: An fhís do *Aistear* (tuismitheoirí)



### Cuspóir *Aistear*

50% de na tuismitheoirí a thug freagra, d'aontaigh siad go láidir 'gurb é cuspóir *Aistear* tacú le foghlaim agus le forbairt babaithe, naíonán agus páistí óga ó bhreith', agus d'aontaigh 25% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 104 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 43: Cuspóir *Aistear* (tuismitheoirí)




### Tábhacht na n-idirghníomhaíochtaí agus na gcaidreamh

62% de na tuismitheoirí a thug freagra, d'aontaigh siad go láidir go bhfuil 'tábhacht na n-idirghníomhaíochtaí agus na gcaidreamh idir babaithe, naíonáin, páistí óga, tuismitheoirí, oideoirí agus daoine tábhachtacha eile ina saol le feiceáil sna moltaí' agus d'aontaigh 21% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 103 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 44: Tábhacht na n-idirghníomhaíochtaí agus na gcaidreamh (tuismitheoirí)



### Aitheantas gur saoránaigh iad babaithe, naíonáin agus páistí óga, a bhfuil cearta acu

47% de na tuismitheoirí a thug freagra, d'aontaigh siad go láidir go 'dtugtar aitheantas do bhabaithe, do naíonáin agus do pháistí óga mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu sna moltaí' agus d'aontaigh 29% de na freagróir leis sin freisin. Fuarthas 102 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 45: Aitheantas gur saoránaigh iad babaithe, naíonáin agus páistí óga, a bhfuil cearta acu (tuismitheoirí)




### Coincheapa na hilchineálachta, an chothromais agus an ionchuimsithe

52% de na tuismitheoirí a thug freagra, d'aontaigh siad go láidir go bhfuil 'coincheapa na hilchineálachta, an chothromais agus an ionchuimsithe le feiceáil sna moltaí', agus d'aontaigh 26% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 102 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 46: Coincheapa na hilchineálachta, an chothromais agus an ionchuimsithe (tuismitheoirí)



### Is léir gurb é an bealach is fearr do bhabaithe, do naíonáin agus do pháistí óga a bheith ag foghlaim ná trí mheán an tsúgartha

D'aontaigh an sciar is mó de na freagróirí (79%) go láidir leis an ráiteas 'Is léir sna moltaí gurb é an bealach is fearr do bhabaithe, do naíonáin agus do pháistí óga a bheith ag foghlaim ná trí mheán an tsúgartha agus trí eispéiris phraiticiúla', agus d'aontaigh 12% leis sin freisin. Fuarthas 103 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 47: Is léir gurb é an bealach is fearr do bhabaithe, do naíonáin agus do pháistí óga a bheith ag foghlaim ná trí mheán an tsúgartha (tuismitheoirí)




### Fócas breise chun tacú le leanúnachas an eispéiris, na foghlama agus an dul chun cinn

52% de na tuismitheoirí a thug freagra, d'aontaigh siad go láidir go bhfuil 'Fócas breise chun tacú le leanúnachas an eispéiris, na foghlama agus an dul chun cinn sna moltaí', agus d'aontaigh 29% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 102 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 48: Fócas breise chun tacú le leanúnachas an eispéiris, na foghlama agus an dul chun cinn (tuismitheoirí)



### Fócas ar aitheantas a thabhairt do stair agus do chultúr na hÉireann

D'aontaigh 25% de na freagróirí leis an ráiteas 'Tá fócas ar aitheantas a thabhairt do stair agus do chultúr na hÉireann sa Chreat', ní raibh 25% de na freagróirí cinnte, d'aontaigh 23% go láidir, d'easaontaigh 20% agus d'easaontaigh 7% go láidir. Fuarthas 102 freagairt ar an gceist sin.

Fíor 49: Fócas ar aitheantas a thabhairt do stair agus do chultúr na hÉireann (tuismitheoirí)




### 3.3.2.3 Prionsabail *Aistear* – Dearcthaí na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí

Rinneadh na Prionsabail a nuashonrú agus a chur le chéile arís ó 12 cheann go 9 gcinn. Sa chuid seo, cuirtear i láthair dearcthaí na dtuismitheoirí maidir le Prionsabail mholta *Aistear* agus ráitis shonracha i ndáil leis na prionsabail sin.

#### Prionsabal 1: Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda

50% de na tuismitheoirí a thug freagra, d'aontaigh siad go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 1: Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda', agus d'aontaigh 26% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 86 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 50: Prionsabal 1 – Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda (tuismitheoirí)



### Prionsabal 2: Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú

76% de na tuismitheoirí a thug freagra, d'aontaigh siad go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 2: Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú', agus d'aontaigh 16% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 86 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 51: Prionsabal 2 – Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú (tuismitheoirí)




### Prionsabal 3: Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí

77% de na tuismitheoirí a thug freagra, d'aontaigh siad go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 3: Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí', agus d'aontaigh 13% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 86 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 52: Prionsabal 3 – Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí (tuismitheoirí)



### Prionsabal 4: Teaghlach agus Pobal

D'aontaigh 80% de na freagróirí go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 4: Teaghlach agus Pobal', agus d'aontaigh 14% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 86 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 53: Prionsabal 4 – Teaghlach agus Pobal (tuismitheoirí)




### Prionsabal 5: Oideoirí Gníomhaíocha

73% de na tuismitheoirí a thug freagra, d'aontaigh siad go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 5: Oideoirí Gníomhaíocha', agus d'aontaigh 17% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 86 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 54: Prionsabal 5 – Oideoirí Gníomhaíocha (tuismitheoirí)



### Prionsabal 6: Aistrithe

D'aontaigh 80% de na freagróirí go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 6: Aistrithe', agus d'aontaigh 9% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 86 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 55: Prionsabal 6 – Aistrithe (tuismitheoirí)




### Prionsabal 7: Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch

79% de na tuismitheoirí a thug freagra, d'aontaigh siad go láidir go 'léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 7: Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch', agus d'aontaigh 14% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 86 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 56: Prionsabal 7 – Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch (tuismitheoirí)



### Prionsabal 8: Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla

D’aontaigh 86% de na freagróirí go láidir go ‘léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 8: Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla’, agus d’aontaigh 8% de na freagróirí leis sin freisin. Léiríodh leis sin an cion is airde freagróirí a d’aontaigh go láidir le ráiteas sa chuid sin. Fuarthas 87 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 57: Prionsabal 8 – Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla (tuismitheoirí)




### Prionsabal 9: Timpeallachtaí Foghlama

D’aontaigh 80% de na freagróirí go láidir go ‘léiríonn na 9 bPrionsabal de *Aistear* atá molta príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1, Prionsabal 9: Timpeallachtaí Foghlama’, agus d’aontaigh 15% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 87 freagairt ar an gceist sin.

Fíor 58: Prionsabal 9 – Timpeallachtaí Foghlama (tuismitheoirí)




### 3.3.2.4 Téamaí *Aistear* – Dearcthaí na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí

Cuirtear i láthair sa chuid seo dearcthaí na dtuismitheoirí faoi Théamaí *Aistear* a mholtar. Mar bhonn agus mar thaca faoi *Aistear*, tá ceithre Théama foghlama agus forbartha. Léiríodh le Céim 1 go bhfuil siad fós ábhartha a bheag nó a mhór. Rinneadh nuashonrú orthu chun na príomhtheachtaireachtaí ó Chéim 1 a léiriú. Rinneadh líon na spriocanna foghlama a laghdú. Moltar go mbeidís ina ráitis leathana agus infheicthe fós a thacófaí le forbairt agus le foghlaim babaithe, naíonán agus páistí óga.

#### Na príomhtheachtaireachtaí agus na príomhsmaointe sna Prionsabail agus sna Téamaí

48% de na tuismitheoirí a thug freagra, d'aontaigh siad go láidir go bhfuil 'na príomhtheachtaireachtaí agus na príomhsmaointe maidir le Prionsabail agus le Téamaí *Aistear* fite fuaite sa Chreat' agus d'aontaigh 40% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 73 freagairt ar an gceist sin.


**Fíor 59: Na príomhtheachtaireachtaí agus na príomhsmaointe sna Prionsabail agus sna Téamaí (tuismitheoirí)**



### Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Fholláine

D'aontaigh 70% de na freagróirí go láidir 'go ndéantar cur síos sásúil ar fhoghlaim agus ar fhorbairt i dtaca le babaithe, naíonáin agus páistí óga sna hAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Fholláine', agus d'aontaigh 22% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 73 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 60: Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Fholláine (tuismitheoirí)




### Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Fhéiniúlacht agus don Mhuintearas

70% de na tuismitheoirí a thug freagra, d'aontaigh siad go láidir 'go ndéantar cur síos sásúil ar fhoghlaim agus ar fhorbairt i dtaca le babaithe, naíonáin agus páistí óga sna hAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Fhéiniúlacht agus don Mhuintearas', agus d'aontaigh 23% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 73 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 61: Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Fhéiniúlacht agus don Mhuintearas (tuismitheoirí)




## Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Chumarsáid

68% de na tuismitheoirí a thug freagra, d'aontaigh siad go láidir 'go ndéantar cur síos sásúil ar fhoghlaim agus ar fhorbairt i dtaca le babaithe, naíonáin agus páistí óga sna hAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Chumarsáid', agus d'aontaigh 23% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 73 freagairt ar an gceist sin.


Fíor 62: Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Chumarsáid (tuismitheoirí)




## Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Taiscéalaíocht agus don Smaointeoireacht

D'aontaigh 62% de na freagróirí go láidir 'go ndéantar cur síos sásúil ar fhoghlaim agus ar fhorbairt i dtaca le babaithe, naíonáin agus páistí óga sna hAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Taiscéalaíocht agus don Smaointeoireacht', agus d'aontaigh 32% de na freagróirí leis sin freisin. Fuarthas 73 freagairt ar an gceist sin.

Fíor 63: Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don Taiscéalaíocht agus don Smaointeoireacht (tuismitheoirí)



### 3.3.2.5 Tacú le hOideoirí – Dearcthaí na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí

Cuirtear i láthair sa chuid seo dearcthaí na dtuismitheoirí maidir leis an gcineál tacaí a theastaíonn chun tacú le hoideoirí luath-óige agus iad ag oibriú leis an gCreatchuraclam.

#### Conas is féidir tacú le hoideoirí luath-óige?

Fiafraíodh de thuismitheoirí conas is féidir tacú le hoideoirí luath-óige agus iad ag oibriú leis an gCreatchuraclam. Fuarthas 41 freagairt téacs shaoir ar an gceist sin. Bhí na téamaí seo a leanas forleathan i measc na bhfreagairtí. Shonraigh 20 freagairt nó 49% 'Oiliúint' ar bhealach éigin.

Tábla 25: Conas is féidir tacú le hoideoirí luath-óige? (tuismitheoirí)

| Téamaí | Freagróirí | % den iomlán |
|---|---|---|
| Oiliúint | 20 | 49% |
| Acmhainní | 5 | 12% |
| Cumarsáid | 5 | 12% |
| Rudaí eile | 3 | 7% |
| Neamhaithnid | 8 | 20% |
| **Iomlán na bhfreagraí** | **41** | **1** |

Bhí na téarmaí seo a leanas in go leor de na freagairtí téacs shaoir a bhain le **Oiliúint:** Cúrsaí ar líne, tacaíocht foghlama, oiliúint rialta, FGL, forbairt ghairmiúil, oiliúint phraiticiúil, oideachas níos fearr. I measc na bhfreagairtí a bhain le hoiliúint bhí iarrataí don mhéid seo a leanas:

D'fhéadfaí an chéad téama is forleithne eile a rangú mar 'Acmhainní'. Shonraigh 5 fhreagairt nó 12% an téama sin ar bhealach éigin. Bhí na téarmaí seo a leanas i roinnt de na freagairtí téacs shaoir a bhain leis an téama sin:

D'fhéadfaí an chéad téama is forleithne eile a rangú mar 'Cumarsáid'. Shonraigh 5 fhreagairt nó 12% an téama sin ar bhealach éigin. Bhí na téarmaí seo a leanas i roinnt de na freagairtí téacs shaoir a bhain leis an téama sin:

Is iad seo a leanas na téamaí eile a tháinig chun cinn: Am neamhtheagmhála (1), Samplaí (1), Déan níos inrochtana (1). 'Ní fios' a bhí sna 8 bhfreagairt eile, nó 20%, agus is deacair iad a rangú.

#### Tuairimí eile ó na tuismitheoirí maidir leis na moltaí faoi *Aistear* a nuashonrú

Fiafraíodh de na tuismitheoirí an raibh aon tuairim eile acu maidir leis an moladh faoi *Aistear* a nuashonrú. Fuarthas 23 freagairt téacs shaoir ar an gceist sin, mar a leanas:

- *Tá sé róstruchtúrtha, tá an oiread sin taighde ann a thugann le fios nach bhfuil súgradh struchtúrtha chomh maith le súgradh taiscéalaíoch agus súgradh páistelárnach. Tá ár* Aistear *róchoinníollaithe. Tá coinne leis go ndéanfaidh an páiste an rud ar an tslí a bhfuil sé curtha ar bun ag an múinteoir/oibrí cúraim páistí*

- *Níos mó saoráidí cúraim páistí in Acaill*

- *Meall oideoirí chun bheith cothrom le dáta agus eolas ábhartha a léamh de réir mar is gá agus cúrsaí athnuachana a dhéanamh, ionas go mbeidh eolas cothrom le dáta acu i gcónaí agus oibreoidh siad ar bhonn níos fearr leis an gCreat toisc go mbeidh an t-eolas úr i gcónaí*

- *D'fhéadfadh suíomhanna cúraim páistí a bheith an-éagsúil lena chéile a mhéid a bhaineann lena gcuireann siad chun feidhme*

- *Ba cheart múinteoirí luathbhlianta a íoc as am neamhtheagmhála agus tréimhsí oiliúna*

- *Am leis na páistí. Cuirtear brú ar oideoirí gníomhaíochtaí eagraithe a bheith acu agus ní bhíonn an oiread taiscéalaíochta ag na páistí. Is bealach é dóibhsean chun am a bhainistiú freisin, tic sa bhosca go ndearna siad rud éigin. Go háirithe i gcás bainisteoirí. Lig do na páistí a bheith ag fiosrú gan srian agus a bheith ag taiscéalaíocht. Ní thuigeann oideoirí tábhacht aistrithe agus brú ama orthu. Caithfidh an fhoireann lón a fháil ach caithfidh na páistí dul a chodladh chun iad sin a fháil. Bíodh bá agat le tuismitheoirí agus iad ag fágáil a bpáistí ag do sheirbhís. Tá sé tochtmhar agus bhrisfeadh sé do chroí*

- *Braithfidh rath agus éifeacht* Aistear *ar thuiscint agus cumas an oideora chun é a chur chun feidhme*

- *Is éard atá sa téama fite fuaite 'saoránaigh ghníomhaíocha dhomhanda' ná innealtóireacht shóisialta in ionad na tairbhí a theastaíonn ó pháistí a sholáthar. Ba cheart díriú ar an bhfoghlaim luachmhar atá soiléir ar fud* Aistear*. Ní theastaíonn síolteagasc ó bhabaí. Tá ilchineálacht agus ionchuimsiú fíorthábhachtach chun na riachtanais bhunriachtanacha maidir le muintearas agus forbairt shláintiúil an duine aonair a chomhlíonadh, dar ndóigh. Nuair a chuirtear saoránacht dhomhanda chun cinn, baintear den ilchineálacht, den ionchuimsiú agus den tsaoirse smaointeoireachta. Neamh-inbhuanaithe*

- *Tuilleadh comhairliúcháin le hoideoirí ag teastáil*

- *Bain an idé-eolaíocht inscne, teoiric chriticiúil ciníocha agus ábhar gnéis ar fad as an gcuraclam*

- *Measaim go bhfuil na moltaí iontach. Cloíonn an réamhscoil ar a bhfreastalaíonn m'iníon leis an gCreat ar bhealach maith. Mar sin féin, is mar gheall ar mo chuid staidéir féin mar oideoir luath-óige, agus ní i mo cháil mar thuismitheoir, a bhfuil aon fheasacht agam maidir le* Aistear*. Ní dóigh liom go*

*bhfuil aon chur amach ag m'fhear céile ar* Aistear *ar chor ar bith. Mar sin, cé go ndeirtear go bhfuil tuismitheoirí tábhachtach sa chreat, measaim féin gur ghá tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi freisin*

- *Tuilleadh cumarsáide le tuismitheoirí maidir lena bhfuil ar bun ag páistí sa seomra ranga nó sa réamhscoil ar bhonn seachtainiúil. Fócas níos mó ar Aistear sna réamhscoileanna in ionad iarracht a dhéanamh an scríobh agus litreacha a mhúineadh. Is gá curaclam réamhscoile níos soiléire a bheith ann chun díriú ar phrionsabail* Aistear*, scileanna sóisialta, réamhléamh agus réamhscríobh. Tá réamhscoileanna ró-éagsúil lena chéile. Tá roinnt acu ag múineadh jolly phonics sula dtosaíonn múinteoirí na naíonán sóisearach ag múineadh fónaice fiú. Tá roinnt acu ag cur an scríobh chun cinn sula bhfuil na matáin i lámha na bpáistí forbartha*

- *Measaim gur moladh láidir é agus is maith liom go mór go bhfuil an Ghaeilge san áireamh anois. Choinneoinn na spriocanna ar fad mar cheap mé go raibh siad ar fad ábhartha agus gur thug siad forléargas leathan ar gach téama do na hoideoirí*

- *Nílim cinnte céard is* Aistear *ann. Níor chuala mé trácht air roimhe seo*

- *Bheadh sé tábhachtach eolas cothrom le dáta maidir leis an gcreat a thabhairt do thuismitheoirí freisin*

- *Cén fáth a bhfuil CNCM ag forbairt suíomh gréasáin eile do na cleachtóirí lena úsáid? Deir siad liom gur beag am atá acu chun an Treoir Chleachtais a úsáid mar atá sé. Tá an chuma air go bhfuil sé éagothrom agus gur cur amú acmhainní atá ann. Nach bhféadfaí na tacaí ar fad a chur san áit chéanna? Tá na prionsabail agus na téamaí an-mhaith. Mothaím go bhféadfainn iad sin a úsáid sa bhaile ach ba mhaith liom roinnt smaointí maidir leis sin a dhéanamh. Ba mhaith liom tacaíocht chun an Ghaeilge a úsáid freisin. Ní dóigh liom go bhfuil sé úsáideach roinnt focal a chur leis an téacs ach is maith liom go bhfuiltear ag ceiliúradh an Éireannachais.*

- *Ní thacaím le húsáid na bhfocal Gaeilge anseo is ansiúd sa téacs. Is cainteoir Gaeilge mé agus ní mhothaím go dtacaíonn sé sin leis an teanga. Ní mór am agus acmhainní a chur ar fáil chun oideoirí a uasoiliúint chun tacú leis an nGaeilge trí mheán an tsúgartha i réamhscoileanna agus naíolanna. Anuas air sin, tá díomá orm a fheiceáil go bhfuil sé i gceist ag CNCM suíomh gréasáin eile a fhorbairt. Dealraíonn sé ó na Ceisteanna Coitianta go ndéanfar sin i dteannta leis an Treoir Chleachtais. Níl sé sin úsáideach agus d'fhéadfadh sé teachtaireacht mheasctha a chur in iúl don earnáil.*

- *Tá an smaoineamh maidir le hUirlisí Úsáide Aistear, in éineacht le Treoir Chleachtais Aistear Síolta, mearbhlach agus éagothrom don earnáil. Tá oideoirí gnóthach go leor gan bheith ag féachaint ar dhá shuíomh gréasáin éagsúla freisin. Déanaigí athmhachnamh air sin, le bhur dtoil. Tá na frásaí Gaeilge sa cháipéis mearbhlach. Tá gá le hacmhainní a shonródh conas tacú le cultúr na hÉireann chun déanamh amhlaidh, in ionad cúpla focal anseo is ansiúd.*

- *Níl cur amach ag gach tuismitheoir ar* Aistear, *nó níl aon spéis acu ann*
- *Ba mhaith liom go mbeadh FGL éigeantach, go mbeadh dreasacht ann ina leith agus go ngabhfadh coinníollacha leis, a mhéid a bhaineann le cúrsaí fostaíochta*
- *Tá, é a bheith níos follasaí. Tarraingítear aird ar spárálacht sa chleachtas ar bhonn níos fearr. Ní mór tacú le haistrithe ach conas? Tá caidrimh lárnach, ach an bhfuil siad? Déan duine éigeantach as an bpríomhdhuine. Céard faoi rannpháirteachas pobail? Céard faoi íogaireacht chultúrtha? Céard faoi na daoine atá gortaithe a leigheas?*
- *Ba mhaith liom méadú ar na cineálacha eispéireas foghlama, chomh maith le héagsúlú na gcineálacha eispéireas foghlama sin, a fheiceáil agus iad a bheith ar fáil do pháistí óga.*

# Cuid 4: Achoimre feidhmiúcháin ar 'Comhairliúcháin Chéim 2 le babaithe, naíonáin, agus páistí óga'

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar thionscadal taighde náisiúnta a raibh sé mar aidhm ann dul i gcomhairle le guthanna babaithe, naíonán agus páistí óga agus rochtain a fháil ar na guthanna sin chun bonn eolais a chur faoi nuashonrú *Aistear*, *Creatchuraclam na Luath-Óige* (CNCM, 2009). Bhí an tionscadal iomlán struchtúrtha ina dhá chéim. I gCéim 1, cuimsíodh comhairliúchán le babaithe, naíonáin agus páistí óga faoina n-eispéiris in *Aistear*, agus cuimsíodh le Céim 2 fiafraí de bhabaithe, de naíonáin agus de pháistí óga faoina dtuairimí ar na hathruithe a mhol CNCM chun *Aistear* a nuashonrú.

## 4.1 Achoimre ar Chéim a hAon

I gCéim 1 den chomhairliúchán seo, éisteadh le guthanna babaithe, naíonán agus páistí óga, rinneadh iad a thaifeadadh agus cuireadh i dtoll a chéile iad mar iarracht chun critíc a dhéanamh ar *Aistear* agus chun eolas a dhéanamh don chaoi a bhféadfaí feabhas a chur air. Cuireadh dearadh Taighde Gníomhaíochta Rannpháirtithe (PAR) i bhfeidhm i gCéim 1, i gcomhpháirtíocht le hoideoirí luath-óige a raibh aithne ag na páistí orthu, agus a raibh siad ar a sáimhín só ina dteannta.

Bhain na hoideoirí luath-óige leas as cineálacha cur chuige maidir le taifeadadh oideolaíochta a forbraíodh trí Reggio Emilia (Edwards et al., 2011), agus as an gcoincheap de chur chuige Mósáiceach (Clark agus Moss, 2008), agus bhailigh na hoideoirí luath-óige sin sonraí ach úsáid a bhaint as a scileanna oideolaíochta chun taifead a choinneáil ar dhearcthaí na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga. Rinneadh ról 'na n-oideoirí comhthaighdeora' sin a choincheapú mar ateangairí de 'chéad (100) teanga na bpáistí' (Malaguzzi, 1996). Bhí sé tábhachtach gur bhraith siad féin agus gur bhraith na taighdeoirí gur *ateangairí iad ar ghuthanna na bpáistí* seachas faisnéiseoirí díreacha lena chinntiú gur leagadh an bhéim i gcónaí ar thuairimí na bpáistí, seachas ar eispéiris na ndaoine fásta. Bailíodh foinsí sonraí éagsúla, scéalta foghlama, grianghraif agus breathnuithe ina measc, chun léargas a chruthú ar dhearcthaí na mbabaithe, naíonán agus páistí óga. Comhroinneadh na dearcthaí sin le CNCM i dtuarascáil chéim 1 agus ba iad a rinne eolas do shraith forbairtí le haghaidh *Aistear*.

Chuir babaithe, naíonáin agus páistí óga in iúl go gcuireann *Aistear* creat iontach ar fáil do chleachtas na ndaoine fásta a thacaíonn lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt trí chaidrimh, súgradh, féintreoir agus trí rochtain ar thimpeallachtaí saibhre foghlama, laistigh agus lasmuigh. Chuir siad in iúl freisin go bhfuil roinnt réimsí ann ar gá machnamh a dhéanamh orthu agus *Aistear* á nuashonrú, ba iad sin: díriú níos mó ar a gcairdeas; cuidiú le hoideoirí tuiscint a fháil ar an gcuma atá ar oideolaíocht mhall chaidreamhach chothaitheach, agus cur ar a gcumas an oideolaíocht sin a chur i bhfeidhm; díriú ar réimsí níos leithe d'fhéiniúlacht lasmuigh den teaghlach agus den chultúr áitiúil; tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar a gcearta agus ar a bhfreagrachtaí mar shaoránaigh dhaonlathacha; leanúint de bheith ag méadú na béime ar mhodhanna cumarsáide seachas teanga, agus tacú le hoideoirí é sin a thaifeadadh; béim a leagan ar shaoirse ghluaiseachta agus rogha na bpaistí beag beann ar an suíomh ar leith ina bhfuil siad ag fáil rochtain ar *Aistear*; leanúint de bhéim a chur ar shúgradh, agus cur leis an bhfócas ar ábhair ionchuimsitheacha; agus athmhachnamh a dhéanamh ar ról an TFC in Oideachas agus i gCúram Luath-Óige.

## 4.2 Céim 2

Ar chríochnú Chéim 1 den phróiseas comhairliúcháin do CNCM, chomhtháthaigh siad na torthaí ó na comhairliúcháin ar fad, lena n-áirítear na comhairliúcháin le babaithe, naíonáin agus páistí óga, i

ndréacht nua de *Aistear* nuashonraithe. Is iad seo a leanas na príomhcheisteanna taighde le haghaidh Chéim 2 den chomhairliúchán le babaithe, naíonáin agus páistí óga:

- An aontaíonn an babaithe, naíonáin agus páistí óga leis na príomhathruithe a mhol CNCM sa dréacht nua de *Aistear* nuashonraithe?
- An bhfuil aon athrú molta ann a n-easaontaíonn siad leis?
- An bhfuil aon mheastachán breise ann a bheadh tábhachtach in *Aistear* nuashonraithe ó dhearcadh na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga nár cuireadh san áireamh sa dréacht?

Luaigh na rannpháirtithe ar fad i gcomhairliúchán Chéim 2, lena n-áirítear babaithe, naíonáin agus páistí óga go bhfuil machnamh le déanamh ar na príomhréimsí seo a leanas san fhorbairt a dhéanfaidh CNCM ar *Aistear* (féach Aguisín 1 le haghaidh tuilleadh sonraí):

- Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí
- Saoránacht: Mo Chearta agus Freagrachtaí atá ag teacht chun cinn
- Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú
- Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla
- Aistrithe: Leanúnachas an Eispéiris agus Dul chun cinn na Foghlama

Is é aidhm an chomhairliúcháin seo mar sin ná rochtain a fháil ar dhearcthaí babaithe, naíonán agus páistí óga ar na príomhathruithe molta ar *Aistear*.

### 4.2.1 Modheolaíocht

Mar ar tarraingíodh aird air i gCéim 1, tá fás ag teacht ar an gcritíc nach mbíonn i bpróisis chomhairliúcháin ach cur i gcéill agus rud atá fánach den chuid is mó ó thaobh stíle de, go háirithe agus plé á dhéanamh leis na páistí is óige (Wall et al., 2019). Agus leas á bhaint as samhail na rannpháirtíochta de chuid Lundy (Lundy, 2007), rinneadh machnamh ar cheithre ghné ar leith: Spás, Guth, Lucht spéise agus Tionchar lena chinntiú ní hamháin go gcloistear dearcthaí na mbabaithe agus na bpáistí, ach go n-éistear leo agus go ngníomhaítear dá réir. Ach an oiread le Céim 1, cuireadh dearadh Taighde Gníomhaíochta Rannpháirtithe (PAR) i bhfeidhm i gCéim 2 (Chevalier agus Buckles, 2013; O'Toole, 2020), le hoideoirí luath-óige agus ról na 'gcomhthaighdeoirí' acu. Cuireann tuarascáil Chéim 1 cur síos mionsonraithe ar fáil ar réasúnaíocht an chur chuige sin agus ar an gcaoi ar cuireadh i bhfeidhm sa chomhairliúchán é, agus mar sin, níor athluamar an ghné seo go mion i dtuarascáil Chéim 2. Go hachomair, thacaigh comhoibriú le hoideoirí atá ag obair agus a bhfuil aithne mhaith acu ar pháistí, leis an taighde comhairliúcháin seo le babaithe, naíonáin agus páistí óga, agus thug sé an spás dóibh a bheith ar a sáimhín só agus chun a ndearcthaí agus a dtuairimí féin a chur in iúl. Fuair na hoideoirí rochtain ar a ndearcthaí ach úsáid a bhaint as cuir chuige atá i bhfeidhm faoi láthair i leith taifeadadh oideolaíochta, ina measc grianghraif, breathnuithe, saothar ealaíne na bpáistí, físeáin, srl.

Chun tús a chur le Céim 2, chuir CNCM oideoirí comhtaighdeora ar fáil le réamhchóip de na tograí chun *Aistear* a nuashonrú. Ghlac siad páirt i gceardlann ar líne (féach Aguisín 2) a stiúir CNCM chun cabhrú leo tuiscint a fháil ar an hathruithe molta ionas go bhféadfaidís dearcthaí na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga ar na hathruithe céanna a shainaithint. Chun bailiú sonraí a struchtúrú le haghaidh Chéim 2, comhstruchtúradh foirm próifíle páiste (Aguisín 3) agus doiciméad treoraithe (Aguisín 4) leis na hoideoirí comhthaighdeora agus na cuspóirí treoraithe seo a leanas mar aidhm ann:

1. Rochtain ar dhearcthaí dílse na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga a chinntiú gan beag is fiú a dhéanamh díobh de bharr tuiscintí agus cláir ghnó daoine fásta;
2. A chinntiú go raibh deis ag babaithe, naíonáin agus páistí óga aontú agus easaontú leis na hathruithe molta ar Aistear;

3. A chinntiú nár sháraigh cleachtadh ionchuimsitheach na n-oideoirí an ilchineálacht de shampláil na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga gan tionchar a imirt ar ionchuimsitheacht an chleachtais sin.

Struchtúraíodh bailiú sonraí san foirm próifíle páiste bunaithe ar na príomhábhair a shainaithin CNCM le hathrú laistigh de *Aistear* nuashonraithe, ach le treoir sa cháipéis treorach chun frámú an fhiosraithe a chumasú ar gach ábhar ó dhearcadh an pháiste de.

Bhí ranna ar "thuairimí/eispéiris/dearcthaí eile a bhaineann leis an mbabaí, naíonán nó an páiste óg," san foirm próifíle páiste agus sa cháipéis treorach, inar fiafraíodh "Cé na heispéiris shuntasacha a bhí agam nach bhfuil bainteach leis na catagóirí thuas? An bhfuil aon dua nó dúshlán ann nach bhfuil le feiceáil in *Aistear*?" Is ar an gcaoi sin a rabhamar ag súil leis na 'tostanna' nó na 'bearnaí' a aimsiú, b'fhéidir nár clúdaíodh sna hathruithe molta. Ó tharla go raibh an phróifíl pháiste agus na doiciméid treorach ann, tacaíodh leis na hoideoirí chun sonraí saibhre a chur isteach faoi fhreagraí na bpáistí ar gach ceann de na hábhair shainaitheanta agus ar na hathruithe bainteacha, agus béim á leagan ar an ilchineálacht. Tionóladh fócasghrúpa leis na hoideoirí freisin lena chinntiú go rabhamar soiléir maidir leis na teachtaireachtaí a bhí á gcur in iúl ag na babaithe, naíonáin agus páistí óga, de réir mar a thuig siad féin iad. Rinneadh anailísiú agus catagóiriú ar shonraí faoi gach príomhathrú, agus rinneadh iad a léirmhíniú ionas go mbeidís láraithe i nguth an pháiste, agus ionas go dtriantánófaí iad le hais na dtorthaí a fuair fócasghrúpa oideoirí.

### 4.2.2 Sampláil

Agus muid ag forbairt ár samplála le haghaidh Chéim 2 tuilleadh, ghlacamar cur chuige spriocdhírithe cosúil leis an gcur chuige a úsáideadh i gCéim 1, agus é mar aidhm againn a chinntiú go raibh an tsampláil beacht, bailí agus ilchineálach. Tá réasúnaíocht mhionsonraithe don chur chuige cuspóiriúil le haghaidh samplála ar fáil sa tuarascáil le haghaidh Chéim 1. Arís, i gcás Chéim 2, ní mhaímid ar chor ar bith gur chuireamar sampláil ionadaíoch go staitistiúil ar fáil, ach gur chuir an straitéis samplála ar chumas na foirne taighde comhthéacsanna OCLÓ a roghnú a thacódh le ceangaltas CNCM chun ionadaíocht a dhéanamh ar an ilchineálacht. Iarradh ar gach suíomh a bhí páirteach i gCéim 1 páirt a ghlacadh i gCéim 2. As an 11 suíomh ar tugadh cuireadh dóibh, d'aontaigh ocht gcinn acu páirt a ghlacadh ann ach d'éirigh ceann amháin (naíonra Gaeltachta) as i rith an taighde. Agus muid ag leathnú ár suíomhanna samplála le haghaidh Chéim 2, rinneamar machnamh ar na laigí a bhí le feabhsú lena chinntiú gur chomhlíonamar an ceangaltas le haghaidh ilchineálachta:

- Theip orainn i gCéim 1 toiliú a fháil maidir le hionchuimsitheacht na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga a bhí mar chuid de phobal an Lucht Siúil/na Romach, agus theastaigh ionadaíocht go géar uathu i gCéim 2;
- Bhí an tsampláil i gCéim 1 agus ag tús Chéim 2 claonta i bhfabhar na bpáistí sa raon aoise 3-6 bliana, mar sin, chaithfí níos mó babaithe agus naíonán a chur san áireamh;
- Níor cuimsíodh le Céim 1 suíomh sraithe cúraim lae mór faoi úinéireacht phríobháideach, agus ní mór go ndéanfaí ionadaíocht ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga atá ag plé le *Aistear* i suíomh mar sin.

I gCéim 1, ní rabhamar in ann toiliú a fháil le bheith ag obair le haon pháiste de phobail an Lucht Siúil/na Romach laistigh de na suíomhanna samplála in ainneoin na n-iarrachtaí ina leith atá leagtha amach i dtuarascáil Chéim 1. Níl páistí as cúlraí an Lucht Siúil ag baint úsáid as a gcuid seirbhísí ach in 18% de na suíomhanna OCLÓ (Pobal, 2020), agus mar sin, bhí cur chuige samplála níos mionsonraithe, spriocdhírithe, a forbraíodh i gcomhar leis an Lucht Siúil ag teastáil le haghaidh Chéim 2, don ghné seo den ilchineálacht. Mar fhoireann taighde, táimid thar a bheith tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar an srianadh aitheanta sin i modheolaíocht Chéim 1. Thosaíomar trí bhualadh le duine den Lucht Siúil ag a raibh ardinniúlacht i réimse forbartha an oideachais agus an churaclaim. Ghlacamar páirt i gcomhiniúchadh ar aidhmeanna an chomhairliúcháin i

gcomhthéacs an drogaill a d'fhéadfadh a bheith ar thuismitheoirí ón Lucht Siúil chun muinín a chur nó páirt a ghlacadh i bpíosa taighde a bhí á stiúradh ag daoine de chuid an phobail shocraithe de bharr na n-eispéireas idirghlúine a bhí acu ar imeallú. A bhuí le tacaíocht ón saineolaí sin, shainaithin an fhoireann taighde ionadaithe tionscadail a bhaineann le Rannpháirtíocht Sláinte agus Phobail an Lucht Siúil agus arís eile rinne siad iniúchadh ar na féidearthachtaí a bhain le fhíor-rochtain a fháil ar ghuthanna na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga de chuid an Lucht Siúil laistigh de chur chuige atá freagrúil go cultúrtha. Tháinig siad ar chomhaontú chun tacú leis an bhfoireann taighde chun iniúchadh a dhéanamh ar réamhscoil ina raibh sciar mór páistí de chuid an Lucht Siúil agus a mbíonn an tionscadal á stiúradh ag oideoirí de chuid an Lucht Siúil. D'aontaigh an suíomh sin ansin páirt a ghlacadh i gCéim 2 den chomhairliúchán. Bhí oideoir comhthaighdeora ón réamhscoil a stiúrann an Lucht Siúil agus ionadaí ón tionscadal a bhaineann le Rannpháirtíocht Sláinte agus Phobail an Lucht Siúil páirteach i gceardlanna ar an *Aistear* nuashonraithe a chuir CNCM ar fáil agus na seisiúin thuasluaite, agus comhstruchtúraíodh na modheolaíochtaí. Ar an drochuair áfach, d'éirigh an réamhscoil a stiúrann an Lucht Siúil as gan údar a thabhairt agus gan dóthain ama chun suíomh eile a roghnú a mbeadh cuid shuntasach de pháistí an Lucht Siúil ag freastal air, rud a tháinig lena gceart eiticiúil. D'fhág sé seo go raibh aincheist íogair eiticiúil ann (Koushoult agus Juhl, 2021) i gcás na dtaighdeoirí, mar ar lámh amháin, tá an ceart chun éirí as ina bhunchloch d'fhothacaí an taighde seo agus ar an lámh ch eile, tá ceisteanna eiticiúla ar leith ag baint le heisiamh na nguthanna i gcás cohórt iomlán babaithe, naíonán agus páistí óga. Tar éis do na taighdeoirí go leor machnamh criticiúil a dhéanamh, thug na taighdeoirí aghaidh ar an gceist agus é mar aidhm againn an dá thrá a fhreastal seachas gné amháin a chomhlíonadh; bhí orainn bealach a fháil chun ceart na réamhscoile a stiúrann an Lucht Siúil a chomhlíonadh agus bealach a fháil freisin chun guthanna na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga de chuid an Lucht Siúil a chur san áireamh laistigh den amscála an-teoranta a bhí fágtha againn. Baineadh é sin amach trí leas a bhaint as caidrimh a bhí ann cheana idir an fhoireann taighde agus suíomh a raibh páistí an Lucht Siúil ag freastal air, ach bhí sé riachtanach go gcuirfí an mhodheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm in oiriúint, le tacaíocht dhíreach don oideoir comhthaighdeora ón bhfoireann taighde, agus amscála níos gaire chun sonraí a bhailiú.

Is fiú a lua freisin nach bhfuil guthanna na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga i suíomh Gaeilge san áireamh i sonraí Chéim 2. Dhiúltaigh an naíonra neamh-Ghaeltachta ó Chéim 1 leanúint ar aghaidh le Céim 2, agus ní dhearnamar iarracht an suíomh seo a ionadú de bharr go raibh an naíonra Gaeltachta tiomanta do Chéim 2 ag an tús, rud a chinntigh go ndéanfaí ionadaíocht ar dhearcadh na Gaeilge. Ach faraor, mar a luadh cheana, d'éirigh an naíonra Gaeltachta as i dtreo dheireadh an phróisis gan dóthain ama suíomh Gaeilge eile a lorg. Arís eile, is bhunchloch d'fhothacaí an taighde seo an ceart tarraingt siar as an taighde, agus déantar ionadaíocht mhaith ar eispéiris na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga i suíomhanna Gaeilge i gCéim 1 den chomhairliúcháin ina raibh dhá shuíomh dá shórt rannpháirteach. Rinneadh ionadaíocht mhaith ar gach gné ilchineálachta eile sa tsampláil, lena n-áirítear inscne, teanga, cúlra cultúrtha, struchtúr teaghlaigh, stádas socheacnamaíoch, agus míchumas/néara-éagsúlacht. Tá achoimre mhionsonraithe ar fáil sa tuarascáil iomlán, ach go hachomair, cuimsíodh leis an tsampláil 30 babaí, naíonán agus páiste óg le:

- 11 suíomh
- Raon aoise de 12 mhí go 6 bliana
- 19 mbuachaill / 11 chailín
- 11 chúlra chultúrtha/theangeolaíocha
- Rinneadh ionadaíocht ar mhíchumais amhail moilleanna fisiciúla (oll-luaileacha agus mínluaileacha), moilleanna/míchumais labhartha, deacrachtaí céadfacha, deacrachtaí iompraíochta, ailléirgí, deacrachtaí ceangail, agus imní.
- Struchtúir theaghlaigh éagsúla, lena n-áirítear aonaid teaghlaigh thraidisiúnta ina bhfuil tuismitheoir fir agus tuismitheoir mná, cónaí le teaghlach sínte, teaghlaigh aon tuismitheora agus teaghlaigh ina bhfuil tuismitheoir agus leastuismitheoir.

### 4.2.3 Anailís ar Shonraí

Rinneadh anailísiú ar na sonraí a bailíodh ó na babaithe, naíonáin agus páistí óga rannpháirteacha go téamach, agus na sonraí struchtúrtha ar na príomhthéamaí a shainaithin CNCM le hathrú san *Aistear* nuashonraithe, chomh maith le hábhar breise ionas go gcuirfí san áireamh réimsí luacha do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga, réimsí nár cuireadh san áireamh sna hathruithe molta le cur i bhfeidhm:

- Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí
- Saoránacht: Mo Chearta agus Freagrachtaí atá ag teacht chun cinn
- Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú
- Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla
- Aistrithe: Leanúnachas an Eispéiris agus Dul chun cinn na Foghlama
- Tuairimí/eispéiris/dearcthaí suntasacha eile a bhaineann leis an mbabaí, leis an naíonán, nó leis an bpáiste óg

Rinneadh anailísiú sonraí ar cheithre leibhéal.

1. Ba iad na hoideoirí comhthaighdeora a rinne an chéad leibhéal den anailísiú sonraí. Rinne siad catagóiriú ar gach mír de na sonraí loma trína léirmhíniú ar a hábharthacht le téama ar leith.
2. Ansin rinne an phríomhfhoireann taighde sintéisiú ar shonraí gach téama ar fud na suíomhanna, agus rinne siad idirdhealú idir eispéiris agus dearcthaí na mbabaithe agus na naíonán (breith go 3 bliana), agus eispéiris agus dearcthaí na bpáistí óga (3-6 bliana).
3. Ansin d'fhill an phríomhfhoireann taighde ar na sonraí loma chun léirmhíniú féideartha a thriantánú ar a bhféadfadh a bheith á chur in iúl ag na babaithe, naíonáin agus páistí óga. Bhí ábharthacht ar leith ag an leibhéal seo d'anailísiú sonraí leis an téama 'Saoránacht'.
4. Ansin rinneadh na torthaí sin a thriantánú le hais na sonraí ó fhócasghrúpa na n-oideoirí chun na mionsonraí a thug an hoideoirí ar a dtuiscintí ar na teachtaireachtaí a bhí á gcur in iúl ag na babaithe, naíonáin agus páistí óga a chomhtháthú.

## 4.3 Príomhthorthaí

Chuir na babaithe, naíonáin agus páistí óga in iúl ar go leor bealaí go raibh 'Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí' agus 'Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla Imirt' tábhachtach dóibh. Ba iad sin na téamaí ba shuntasaí sna sonraí.

Léirítear sa chomhairliúchán seo an luach a chuireann babaithe, naíonáin agus páistí óga ar chaidrimh iontaobhacha le daoine fásta, amhail tuismitheoirí agus oideoirí, agus tarraingíodh aird ar an gcaoi a raibh na caidrimh idir bailte agus suíomhanna ríthábhachtach dóibh. Tháinig an tábhacht atá le cairdeas agus ceangail le piaraí dar leis na babaithe, naíonáin agus páistí óga chun cinn mar théama arís agus arís eile freisin. Mar sin, tá na **caidrimh agus na hidirghníomhaíochtaí** le hoideoirí, piaraí, teaghlach agus leis an bpobal níos leithne an-tábhachtach do na babaithe, naíonáin agus páistí óga a ghlac páirt sa chomhairliúcháin. Tháinig gné an-fheiceálach chun cinn sa chomhairliúchán so, agus ba é sin a bheith ag díriú ar chaidrimh a bhfuil muinín astu a chothú trí oideolaíocht mhall chaidreamhach agus trí chaidrimh fheabhsaithe a chothú le cairde, pobail, agus comharsanachtaí.

Bhí tionchar ag meascán de **shúgradh agus eispéiris phraiticiúla foghlama** ar eispéiris na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga agus tharraing na torthaí aird ar an luach a chuireann siad ar bheith gníomhaíoch, ar a spás féin a bheith acu, ar an tsaoirse a bheith acu roghanna a dhéanamh, ar rochtain ar acmhainní a thabhairt dóibh, agus ar am a chur ar fáil freisin le hiniúchadh a dhéanamh ar a spéiseanna.

Ba théama casta í **saoránacht,** agus an tábhacht le luachanna freagrachta, comhbhá, measa agus rannpháirtíochta gníomhaí a chothú i mbabaithe, naíonáin agus páistí óga, rud a chuireann an bunús ar fáil dóibh a bheith ina mbaill rannpháirteacha de shochaí dhaonlathach agus iad ag dul in aois. Bhí sé deacair do na hoideoirí i dtosach a shainaithint conas a bhí baint ag an réimse seo le páistí, go háirithe na babaithe agus na naíonáin is óige. Ach léirigh anailís níos doimhne go bhfuil sé tábhachtach do na babaithe, naíonáin agus páistí óga go léirítear meas ar a ndearcthaí agus go ligtear cead dóibh a roghanna féin a dhéanamh, agus go gcuidíonn sé seo leo aireachtáil sábháilte le linn dóibh taithí a fháil ar eispéiris nua, agus éascaíonn sé tús na saoránachta ó na laethanta is luaithe. Chomh maith leis sin, i measc na dteachtaireachtaí ba láidre a bhí ag na babaithe, naíonáin agus páistí óga i gCéim 2 maidir le saoránacht bhí a ngníomhaíochas ar son na timpeallachta, an domhain nádúrtha agus na hinbhuanaitheachta.

Is prionsabail riachtanacha iad **Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú** i suíomhanna luath-óige chun bunús a chruthú chun cothroime, meas, agus muintearas a chur chun cinn i measc babaithe, naíonán agus páistí óga ó chúlraí éagsúla agus bhí sé sin ina théama suntasach, go háirithe maidir le rannpháirtithe ag a raibh cúlra imirceach agus daoine ag a raibh riachtanais bhreise. Sa chéad chás, cuireadh deiseanna ar fáil do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga chun a n-eolas cultúrtha a léiriú. Labhraíodh go minic ar an gcaoi a raibh tionchar dearfach ag ceiliúradh a dhéanamh ar agus aitheantas a thabhairt do thraidisiúin a dteaghlaigh ar a muinín agus ar a gcaidreamh lena bpiaraí agus lena dteaghlaigh. Ina theanna sin, bhí smacht ag na páistí agus ag na teaghlaigh ar an gcaoi a ndearnadh ionadaíocht ar a bhféiniúlacht chultúrtha, rud a d'fhág gur seachnaíodh steiréitíopaí cultúrtha. Tháinig feasacht agus léirthuiscint don ilchineálacht chun cinn freisin mar rudaí lárnacha d'ionchuimsiú rathúil na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga ag a raibh riachtanais bhreise. D'éirigh leis an modheolaíocht nua inar baineadh leas as an bhfoirm próifíle páiste agus as an gcáipéis treorach chun béim a leagan ar ghnéithe ilchineálachta ar fud na sonraí, ar fud suíomhanna agus aoisghrúpaí, agus ar fud na bpríomhábhar le haghaidh athrú molta.

Ar an iomlán, tá dul chun cinn na foghlama i suíomhanna luath-óige ina phróiseas dinimiciúil agus páisteláraithe ina léirítear meas ar láidreachtaí, ar spéiseanna agus ar threonna forbartha ar leith na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga ach tacaíocht agus treoraíocht a chur ar fáil dóibh ionas go mbainfidh siad a lánchumas amach. B'fhollasaí prionsabal na **nAistrithe** de chuid *Aistear* in aistrithe tagartha chuig suíomh OCLÓ nua, aistrithe a tharlaíonn mar chuid de gnáthaimh laethúla OCLÓ, agus aistriú chuig an mbunscoil. Léirigh na babaithe, naíonáin agus páistí óga rannpháirteacha go mbaineann siad leas as bheith ina ann socrú isteach i dtimpeallacht nua as a stuaim féin. Chuir siad in iúl go dtaitníonn a spás agus a n-am féin leo chun socrú isteach, bíodh sé sin i suíomh den chéad uair nó isteach agus amach as bheith ag spraoi.

Tá na **réimsí breise a bhfuil machnamh le déanamh orthu** a thug na babaithe, naíonáin agus páistí óga chun solais lasmuigh de na 'príomhathruithe' a shainaithin CNCM bainteach le réimsí a mholtar a choinneáil, amhail Féiniúlacht agus Muintearas, nó le réimsí atá le forbairt tuilleadh, amhail Teicneolaíocht agus Foghlaim Dhigiteach. D'fhéadfaí córais a chomhtháthú ionas go rachfar i gcomhairle le páistí, agus go mbeidís rannpháirteach i gcinnteoireacht laistigh dá suíomhanna luath-óige a bheith ina réimse breise amháin eile le machnamh a dhéanamh air.

**Mar achoimre**, cé gur chuir cumarsáid laethúil na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga sonraí suntasacha faoi na prionsabail "Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí", agus "Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla" ar fáil, bhí níos lú sonraí ar fáil faoi "Saoránacht", "Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú", agus "Aistrithe". Dhearbhaigh fócasghrúpa na n-oideoirí an toradh sin, agus mhaígh na hoideoirí gur mó an ábharthacht a bhí ag na prionsabail "Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí" agus "Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla" leis na páistí rannpháirteacha. Den chuid is mó, léiríodh i ndearcthaí na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga go rabhthas sásta leis na príomhathruithe ar *Aistear* a mhol CNCM, cé go raibh gá ann tacú leis na hoideoirí chun coincheap na saoránachta a shainaithint agus a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre, go háirithe i gcás na bpáistí is óige.

Téann **Caibidil 4** den tuarascáil ar aghaidh ó ghnéithe den phróisis chomhairliúcháin go hanailísiúu, ó dhearcthaí na dtaighdeoirí, a ndearna dearcthaí CNCM eolas dóibh, chomh maith le príomhimpleachtaí Chéim 2 den chomhairliúchán le haghaidh forbairt creatchuraclaim amach anseo.

# Cuid 5: Conclúid

Taifeadann an tuarascáil seo Céim 2 den chomhairliúchán maidir le *Aistear* a nuashonrú. Is é is aidhm do nuashonrú an chreatchuraclaim ná a chinntiú go dtacóidh sé go leanúnach le hoideachas luath-óige ar ardchaighdeán in Éirinn sna blianta amach romhainn. Ba é ba chuspóir don chomhairliúchán ná aiseolas a fháil ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí maidir leis na moltaí le haghaidh an *Aistear* nuashonraithe. Tugadh raon deiseanna do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí le linn an chomhairliúcháin chun a gcuid tuairimí a roinnt maidir le todhchaí an Chreata agus bhí rannpháirteachas forleathan ann ar fud na bhformáidí comhairliúcháin.

Faoi mar a bhí i gceist le comhairliúchán luath-óige eile a rinne CNCM, bhí sé tábhachtach cloisteáil ó bhabaithe, naíonáin agus páistí óga go díreach maidir leis na cineálacha eispéireas foghlama atá luachmhar dóibh ina saol. Tá snáithe sin an chomhairliúcháin lárnach i bpróiseas an nuashonraithe. Tá luach ag baint leis an réimse guthanna, a thugann peirspictíochtaí éagsúla, sa chomhairliúchán. Is é an toradh atá ann ná bailiúchán torthaí a leagann síos, in éineacht leis an Léirbhreithniú ar an Litríocht chun Tacú le Nuashonrú *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*, bunchlocha an-tábhachtach do na chéad chéimeanna eile a bheidh i gceist i bpróiseas an nuashonraithe.

Faoi mar a bhí i gceist le comhairliúchán luath-óige eile a rinne CNCM, bhí sé tábhachtach cloisteáil ó bhabaithe, naíonáin agus páistí óga go díreach maidir leis na cineálacha eispéireas foghlama atá luachmhar dóibh ina saol. Tá snáithe sin an chomhairliúcháin lárnach i bpróiseas an nuashonraithe. Tá luach ag baint leis an réimse guthanna, a thugann peirspictíochtaí éagsúla, sa chomhairliúchán. Tá sé tábhachtach freisin na guthanna nach bhfuil an ionadaíocht chéanna acu le daoine eile a aithint. Níl peirspictíochtaí babaithe, naíonáin agus páistí óga ó phobail nach gcloistear uathu go minic chomh feiceálach céanna le peirspictíochtaí daoine eile sa chomhairliúchán, ach go háirithe. Cé gur ghlac tuismitheoirí ó na pobail seo páirt, beidh rannphháirtíocht leanúnach agus mhéadaithe leis na pobail seo – páistí agus a gcuid tuismitheoirí- riachtanach de réir mar a thugtar an Aistear nuashonraithe isteach in earnáil na luath-óige sna blianta amach romhainn.

Is é an toradh atá ann ná bailiúchán torthaí a leagann síos, in éineacht leis an Léirbhreithniú ar an Litríocht chun Tacú le Nuashonrú *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*, bunchlocha an-tábhachtach do na chéad chéimeanna eile a bheidh i gceist i bpróiseas an nuashonraithe.

Fuarthas freagairtí dearfacha i ndáil leis an nuashonrú ar *Aistear* a mholtar, agus chuir go leor páirtithe leasmhara in iúl ní hamháin gur thacaigh siad leis na hathruithe ach measadh go raibh gá leo chun feabhas leanúnach a chur ar an oideachas luath-óige in Éirinn. Cuireann an t-aiseolas béim ar lárnacht *Aistear* chun eispéiris babaithe, naíonán agus páistí óga a mhúnlú, agus tarraingítear aird ar an ról ríthábhachtach atá aige san earnáil. Tá an-mheas ag gairmithe laistigh d'earnáil na luath-óige ar an gCreat agus meastar gur bunchloch é a chuireann go mór leis an bhfoghlaim ar ardchaighdeán sa luath-óige. Mar sin féin, faoi mar a bhíonn i gcás aon phróisis comhairliúcháin, nochtadh réimse leathan tuairimí. Cuireadh i láthair dearcthaí éagsúla maidir leis an téarmaíocht, ról na bhfeighlithe páistí, tacaí do *Aistear* agus tábhacht cheart na bpáistí. Leis an éagsúlacht tuairimí sin, lena léirítear a fhorleithne a bhí an comhairliúchán, cuirtear i dtábhacht an gá le machnamh agus plé cúramach chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe éagsúla de na nuashonruithe molta.

## 5.1 Gníomhartha agus príomhábhair mhachnaimh a tháinig as an gcomhairliúchán

Tá an anailís ar shonraí a tháinig as fócasghrúpaí, aighneachtaí scríofa, ceistneoirí ar líne agus comhairliúchán le babaithe, naíonáin agus páistí óga ina bunchloch threorach don fhoireann

Luath-Óige ag CNCM chun nuashonrú *Aistear* a chur chun cinn. Is príomhábhair mhachnamh agus príomhghníomhartha iad na nithe seo a leanas a thacóidh leis an bpróiseas nuashonrúcháin:

1. **Cearta páistí a neartú faoin gcreat:**

- Scrúdú a dhéanamh ar an *Aistear* nuashonraithe agus díriú ar chearta na bpáistí a neartú, comhtháthú follasach a chinntiú faoin gCreat i ndáil lena gcearta maidir le cosaint, soláthar agus rannpháirtíocht. Na hábhair mhachnaimh sin a ailíniú le hoideachas agus cúram luath-óige iomlánaíoch.

- Tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an gcoincheap 'cumas gníomhúcháin'/'gníomhaíoch' ó dhearcadh bunaithe ar chearta, lena ndéantar scrúdú ar an gcaoi a gcuirtear an coincheap sin i láthair agus a mínítear é ar fud na cáipéise.

2. **Machnamh ar an téarmaíocht:**

- Scrúdú a dhéanamh ar an téarmaíocht a úsáidtear ar fud na cáipéise, agus í a shoiléiriú, chun an inrochtaineacht fhoriomlán a fheabhsú dóibh siúd uile a úsáideann í. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar an téarma 'oideoir', agus ba cheart cur i láthair agus tuiscint thomhaiste a chinntiú lena gcuirtear san áireamh na róil lárnacha a bhíonn ag tuismitheoirí, caomhnóirí agus feighlithe páistí.

- Díriú go sonrach ar úsáid agus ar an míniú ar chomhionannas/ar chothromas.

- Athmhachnamh a dhéanamh ar an sainmhíniú ar 'tuismitheoir' a úsáidtear sa cháipéis.

3. **Tuilleadh aitheantais ar an oideoir i bhfís *Aistear***

- Aghaidh a thabhairt ar éilimh ar thuilleadh forbartha ar an íomhá den oideoir i bhfís *Aistear*. Athmhachnamh a dhéanamh ar an gcothromaíocht maidir le fís agus fócas an *Aistear* nuashonraithe, agus a chinntiú go gcuireann an cháipéis béim ar thábhacht agus infheictheacht oideoirí in éineacht leis an bhfócas ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga.

- Plé a dhéanamh ar spriocphobal beartaithe *Aistear*, agus aitheantas don ghá le soiléireacht maidir leis an dream ar a bhfuil sé dírithe go príomha; tuismitheoirí, oideoirí nó feighlithe páistí. Aghaidh a thabhairt ar na moltaí le haghaidh leaganacha éagsúla den cháipéis chun freastal orthu siúd atá ag lorg eolais agus orthu siúd a bhfuil sé i gceist acu í a úsáid lena bpáiste.

4. **Ábhair mhachnaimh i ndáil le teanga:**

- Scrúdú a dhéanamh ar úsáid sheasmhach fhiúntach focal agus frásaí Gaeilge sa cháipéis agus treoir/samplaí a thabhairt maidir leis an gcaoi ar féidir an Ghaeilge a chomhtháthú i ngnáthaimh laethúla.

- Bealaí a fhiosrú chun meas ar theangacha baile na bpáistí, chomh maith lena n-úsáid, a aithint agus a spreagadh, in éineacht le Béarla agus Gaeilge, faoin gCreat.

5. **Tuilleadh comhtháthaithe na bPrionsabal:**

- Bealaí a fhiosrú tuilleadh chun na Prionsabail a chomhtháthú ar fud na dTéamaí agus infheictheacht agus inrochtaineacht a fheabhsú d'oideoirí.

6. **An chuid maidir le tacú le *Aistear:***

- Tacaíocht agus eolas mionsonraithe a chur ar fáil maidir le coincheapa nua arna dtabhairt isteach sa chuid maidir le tacú le *Aistear*. Cur síos inrochtana ar phríomhthéarmaí agus príomh-choincheapa a thabhairt, agus béim a chur ar smaointe nasctha a bhaineann le cearta, cumas gníomhúcháin, saoránacht dhomhanda agus inbhuanaitheacht.

7. **Oideolaíocht chaidreamhach agus súgradh:**

- Tuilleadh sonraí a thabhairt maidir leis an gcoincheap a bhaineann le hoideolaíocht mhall chaidreamhach mar bhealach chun Prionsabail agus Spriocanna Foghlama *Aistear* a bhaint amach.

- Dearcadh ar shúgradh bunaithe ar chearta a leabú agus an tslí a gcuirtear an dearcadh sin chun feidhme go praiticiúil a shoiléiriú.

8. **Litearthacht agus Uimhearthacht:**

- Machnamh a dhéanamh ar na sainmhínithe ar litearthacht agus uimhearthacht a úsáidtear faoin gCreat, agus iad a ailíniú le beartais náisiúnta.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar Spriocanna Foghlama *Aistear* chun an fhoghlaim ríthábhachtach litearthachta agus uimhearthachta ar a dtugtar breac-chuntas in *Aistear* (2009) a chinntiú.

9. **Tuilleadh aitheantais don ilchineálacht comhthéacsanna ina n-úsáidfear *Aistear:***

- Ilchineálacht comhthéacsanna oideachais luath-óige a aithint, go háirithe do pháistí ó bhreith go 3 bliana d'aois, agus aitheantas follasach a thabhairt do ról na dtimpeallachtaí baile agus eispéiris lasmuigh de na suíomhanna foirmiúla.

- A bheith ag súil le gairmiúlú agus rialáil cúraim bunaithe ar an mbaile do pháistí óga, go háirithe iad siúd san aoisghrúpa ó bhreith go 3 bliana d'aois, agus ábharthacht an Chreata sna suíomhanna éagsúla sin a chinntiú.

10. **Measúnú, pleanáil agus taifeadadh:**

- Tús áite a thabhairt do thuilleadh treorach agus tacaíochta i bpríomhréimse an mheasúnúcháin, na pleanála agus an taifeadta, a shainaithnítear mar riachtanas minic agus ríthábhachtach.

- Chomhthuiscint ar mheasúnú sa suíomh luath-óige a bhunú, agus béim á cur ar shoiléireacht i gcuspóir an mheasúnúcháin agus na hoibre le gníomhaireachtaí eile chun tuiscint aontaithe a éascú.

11. **Leanúnachas an eispéiris agus dul chun cinn na foghlama:**

- Aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a tháinig chun cinn maidir le leanúnachas an eispéiris agus dul chun cinn na foghlama ar fud na luath-óige agus na bunscoile. Go sonrach, soiléireacht a sholáthar maidir leis an aistriú ó *Aistear* a úsáid i suíomh na bunscoile, i bhfianaise an ráitis a ainmníonn *Aistear* mar chreatchuraclam do gach uile pháiste ó bhreith go sé bliana d'aois i ngach suíomh seachas bunscoileanna agus scoileanna speisialta.

12. **ETIM:**

- Soiléireacht a sholáthar ar théarmaí ETIM sa Chreat.

- An t-acrainm ETIM a chur san áireamh sa Chreat, agus béim á cur ar thrasdisciplíneacht ETIM agus an cumas atá aige chun idiroibriú idir disciplíní na hEolaíochta, na Matamaitice, na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta a chothú.

13. **Teicneolaíochtaí digiteacha agus litearthachtaí digiteacha:**

- Freagairt do mholtaí lena n-éilítear sainmhíniú follasach ar théarmaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ar nós bréagáin leictreonacha, uirlisí digiteacha ar nós áireamhán agus meánna, agus teicneolaíocht dhíphlugáilte. Breac-chuntas a thabhairt ar aoisoiriúnacht gach ceann acu, agus treoir ó fhoinsí údarásacha, amhail an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), á cur san áireamh.

- Samplaí a thabhairt chun tacú le hoideoirí tuiscint a fháil ar úsáid chothrom thomhaiste na teicneolaíochta digití in oideachas luath-óige.

## 5.2 Coinníollacha fabhracha chun *Aistear* nuashonraithe a bhaint amach

Bíonn deiseanna, smaointeoireacht nua agus féidearthachtaí ann mar thoradh ar obair a dhéanamh i dtreo Fhís, Phrionsabail, Théamaí agus Spriocanna Foghlama an *Aistear* nuashonraithe. Mar sin féin, bíonn dúshláin, éiginnteacht agus cur isteach ag baint le hathrú freisin. Le linn phróiseas comhairliúcháin Chéim 2, cuireadh ceist ar na páirtithe leasmhara uile faoina gcuid tuairimí i ndáil leis na tacaí a bhfuil gá leo chun *Aistear* nuashonraithe a bhaint amach sa chleachtas. Ón gcomhairliúchán sin, shainaithin freagróirí roinnt coinníollacha fabhracha ar cheap siad iad a bheith riachtanach chun oideoirí a chumasú agus chun tacú leo obair a dhéanamh i gcomhar leis an gCreat:

1. Am agus spás chun dul i dtaithí ar na smaointe nua sa churaclam agus ar na hathruithe san *Aistear* nuashonraithe.

2. Rochtain leanúnach ar FGL maoinithe ar ardchaighdeán, agus deiseanna lena aghaidh, atá ar fáil in iomaí formáid, ar nós ceardlann, seimineáir ghréasáin, sraitheanna podchraoltaí, srl., chun freastal ar roghanna foghlama éagsúla. Rinne roinnt rannpháirtithe tagairt don tábhacht a bhaineann le FGL a sholáthar i nGaeilge.

3. Comhordú a dhéanamh ar rannchuidiú na gcomhpháirtithe oideachais i gcoitinne, na gCigireachtaí agus na seirbhísí tacaíochta agus iad ag obair le chéile chun athrú curaclaim a chur i bhfeidhm ach comhthuiscint ar an gCreat a fhorbairt.

4. Acmhainní agus eiseamláirí ar ardchaighdeán a sholáthar chun tacú le hoideoirí obair a dhéanamh leis an l*Aistear* nuashonraithe.

5. Cur i bhfeidhm náisiúnta comhleanúnach agus straitéiseach ar bhonn céimneach i ndáil le hoiliúint a chur chun feidhme, lena mbainfeadh oideoirí agus gairmithe sa bhreisoideachas agus san ardoideachas.

6. Pobal cleachtais a bhunú chun forbairt ghairmiúil leanúnach agus comhoibriú i measc oideoirí a éascú.

7. Sineirgí le heagraíochtaí agus struchtúir tacaíochta atá san earnáil luath-óige cheana a fhiosrú, go háirithe iad siúd a soláthraíonn Treoir Chleachtais *Aistear Síolta*, chun obair dhúbailte a sheachaint agus soiléireacht a chinntiú d'úsáideoirí *Aistear*.

8. Tacaíocht áirithe a fhorbairt do thuismitheoirí ar mian leo *Aistear* a úsáid sa bhaile.

## 5.3 An chéad chéim eile i ndáil le nuashonrú *Aistear*

Bainfear úsáid sna míonna amach romhainn as na torthaí ón dá shnáithe de Chéim 2 – (1) Comhairliúchán le hearnáil na luath-óige; (2) Comhairliúcháin le babaithe, naíonáin agus páistí óga chun an Creat nuashonraithe a thabhairt i gcrích. Tacóidh na páirtithe oideachais leis an obair sin agus déanfaidh siad í a chur chun cinn trí Mheitheal Forbartha *Aistear*, an Bord don Luath-Óige agus don mBunscoil, agus an Chomhairle in CNCM. I ndiaidh na tréimhse plé sin ar fud struchtúir CNCM, foilseofar an Creat nuashonraithe.

# Aguisíní

## Aguisín 1: Moltaí ó fhócasghrúpaí chun téarmaíocht / teanga a athrú (fócasghrúpaí)

| Moltaí chun téarmaíocht/teanga a athrú | |
|---|---|
| Ginearálta | Nílim cinnte gur féidir le *Aistear* 'dearcadh' ar pháistí nó oideoirí…athraigh an fhoclaíocht go 'cuireann i láthair/déanann ionadaíocht' b'fhéidir<br><br>Tá an focal 'fiúntach' caillte againn. Ní mór é a chur isteach arís (rud a thuigeann an páiste, a gcomhthéacs).<br><br>Ní mór féachaint ar 'taifeadadh na foghlama' arís. Tá sé an-uaillmhianach agus baineann leibhéal ard leis d'oideoirí nach bhfuil ag déanamh an chleachtais sin.<br><br>D'fhéadfaí níos mó airde a tharraingt ar mheonta<br><br>An dtugtar dóthain airde ar chúram san fhís? |
| Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda | Débhríochas an téarma 'gníomhaíoch' – ní leor é a bheith sa ghluais, ba cheart míniú a thabhairt go feiceálach sa cháipéis chun go ndéantar tagairt fhollasach don téarma agus go dtuigtear é.<br><br>· An dteastaíonn an focal 'domhanda'?<br><br>Úsáid ráiteas 'mé/mise' – an bhféadfadh sé sin neamart a dhéanamh i ndáil le comhoibriú/eispéireas coiteann páistí. An bhféadfaimis 'muid' a úsáid agus iad a chur in iúl mar ghuth na bpáistí.<br><br>· Tá sé tábhachtach sa chuid maidir le tacaíocht go ndéantar miondealú ar an téarma 'saoránach domhanda' sna slite ar féidir linn é sin a dhéanamh ar bhealach praiticiúil agus ar bhealach fiúntach, mar mura dtuigeann tú é i gceart, rachaidh tú thairis agus ní chuirfidh tú i bhfeidhm é. Is gá a mhíniú chun iad a chur chun feidhme ar bhealach nach mbeadh fánach.<br>Teastaíonn tacaíocht i ndáil le saoránach domhanda chun é a chur chun feidhme go fiúntach |
| Ráitis Ghutha an Pháiste | Moladh go bhféadfaí cumarsáid a úsáid in ionad 'guth' i ráiteas an pháiste baineann ráitis ghutha an pháiste leis an bpáiste féin amháin – cén bhaint atá ag an oideoir leo?<br><br>Ní léirítear oideolaíocht mhall chaidreamhach i ráitis ghutha an pháiste<br><br>Áirítear 'riachtanais' i ráitis ghutha an pháiste – ar cheart dúinn imeacht ó mhúnla easnaimh? |
| Ilchineálacht | •An cuí an fhoclaíocht 'ball de'?<br>· An ceart an focal 'cóir' a bheith sa chur síos ar 'sochaí chothrom'? |

| | |
|---|---|
| | · ‘timpeallacht ionchuimsitheach’ – cuir ‘foghlaim’ nó ‘iomlánaíoch’ ann b’fhéidir, toisc nach í an timpeallacht fhisiciúil atá i gceist le timpeallacht<br>“•Mothaíodh go raibh ‘comhbhá le daoine eile’ in easnamh”<br>“•Tá béim ar an duine aonair in ionad béim ar an tsochaí anseo – céard faoi chairde agus a bheith mar chuid de phobal?”<br>· An bhfuil an tagairt do rannpháirtíocht cruinn sa Phrionsabal sin? Tá níos mó i gceist le rannpháirtíocht ná rannpháirteachas (i ndáil le cearta). ‘An ceart go n-éistfí lena nguth’ atá i gceist leis. B’fhéidir go mbeadh Airteagal 2 – Ceart Comhionannais/Neamh-leithcheala cuí.<br><br>· Obair ar an ngluais ag teastáil – cothromas – ní maith an smaoineamh é comhionannas a chailleadh – ní mór iad a shainmhíniú ar bhealach níos soiléire<br>Ar son athrú ar an téarmaíocht ó chomhionannas go cothromas – an ceart ceartas a chur san áireamh?<br><br>· ionchuimsiú agus sainaithint ‘daoine den Lucht Siúil’. Dhá dhearcadh dhifriúla 1. Cén fáth iad a aonrú, nach gcumhdaítear iad faoi mhionlaigh eitneacha? VS 2. Ainmnigh agus cumasaigh iad.<br>Ar son an aitheantais do chultúir éagsúla, lena n-áirítear cultúir an Lucht Siúil<br><br>· An cuí an fhoclaíocht ‘ball de’?<br><br>Cuspóir – ar son a fhormhóir ach…tá an pointe deireanach eisiatach. Bheadh sé níos láidre dá mbainfí an focal ‘ár’.<br><br>o Sainmhíniú doiléir ar “Cruinneshamhail”, tuilleadh míniúcháin ag teastáil.<br><br>· Tugadh le fios go bhféadfadh ‘féiniúlacht’ a bheith in easnamh/go bhfuil tuilleadh machnaimh tuillte chun í a chur san áireamh sa chuid maidir le fís<br><br>Phléigh an grúpa an pointe urchair deireanach sa chuid maidir le cuspóir ‘Léiríonn meas ar ár stair agus ár scéal cultúrtha agus teanga agus, i suíomhanna Béarla, tugann isteach téarmaí Gaeilge mar chuid de seo’ go forleathan. Cheap an grúpa sin go raibh sé dearfach béim a chur ar chultúr na hÉireann ach gur cheart pointe urchair breise a chur san áireamh chun cultúir eile a chuimsiú agus chun cabhrú le féinaitheantas a fhorbairt do chách<br><br>Déan athbhreithniú ar an bpíosa faoi chultúr – b’fhéidir go bhféadfaí foclaíocht níos fearr a úsáid, mar shampla ilchineálacht cultúr cuí<br><br>Teaghlach agus Pobal<br>· Tugadh le fios go bhféadfaí gur ghá na ceithre líne dheireanacha den bhlurba a athrú toisc go bhfuil siad sách fada<br><br>· An chéad phointe urchair – In ionad ‘Is iad mo thuismitheoirí na daoine is tábhachtaí i mo shaol’ – caithfidh sé a bheith níos forleithne agus ní mór an focal teaghlach a úsáid, chun tuiscint níos forleithne ar an teaghlach, in ionad na dtuismitheoirí amháin, a thaispeáint<br><br>· Déan athmhachnamh ar úsáid an téarma ‘lánacmhainneacht a bhaint amach’ – tugann sé le fios gur coincheap statach é ach d’fhéadfaí rud éigin amhail |

| | |
|---|---|
| | 'coinneáil ag foghlaim' a úsáid chun a thaispeáint go ndéanaimid dul chun cinn i gcónaí agus nach mbítear ag díriú ar phointe deiridh a bhaint amach |
| Oideoir | Bhí íomhá an oideora tearcfhorbartha sa nuashonrú. Cuid de na fhocail dheasa san fhís don pháiste a bhogadh síos chuig an oideoir (an fócas ar chúram, grá gairmiúil, meas)<br><br>oideoirí ag tacú leis an bhfoghlaim – nach stiúrann siad í? Baineann sé sin le hoideolaíocht ghníomhaíoch agus oideolaíocht thoiliúil. Déanann siad níos mó ná tacaíocht a thabhairt. Stiúrann oideoirí an fhoghlaim, is comh-chomhoibrithe iad (oibríonn siad i gcomhpháirtíocht)<br><br>Tráchtann na moltaí ar oideoir 'muiníneach' ach tá easpa muiníne ann i measc oideoirí.<br><br>mhothaigh go raibh úsáid an téarma 'daoine tábhachtacha eile' achrannach, agus go raibh fochialla diúltacha ag baint leis. Measadh go raibh gá le teanga níos ionchuimsithí toisc go bhfuil 'feighlithe páistí' á dtabhairt isteach san earnáil ar bhonn gairmiúil. |
| Teaghlach agus Pobal | ceistigh 'tuismitheoir'<br>· Tá an sainmhíniú ar 'oideoirí' achrannach toisc go n-áirítear tuismitheoirí ach tagann na teachtaireachtaí salach ar a chéile sa cháipéis.<br>B'fhéidir go bhféadfaí a chasta agus atá an prionsabal sin a chur in iúl sa cháipéis<br>· An bhfuil an tagairt do rannpháirtíocht cruinn sa Phrionsabal sin? Tá níos mó i gceist le rannpháirtíocht ná rannpháirteachas (i ndáil le cearta). 'An ceart go n-éistfí lena nguth' atá i gceist leis. B'fhéidir go mbeadh Airteagal 2 – Ceart Comhionannais/Neamh-leithcheala cuí. |
| Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch | · An focal '*make*' – conas a léirmhíneofar sin? Nílim cinnte céard atá i gceist anseo.<br>Cén chiall a bhaintear as 'maith' – moladh rannpháirteach/réamhghníomhach mar mhalairtí<br>· An bhfuil 'ceangal' in easnamh – an bhfuil 'mé/mise' rólárnach?<br>· An bhfuil gá le píosa maidir le 'toiliú gníomhach leanúnach', 'rogha eolasach' |
| An Ghaeilge agus Teangacha eile | Tá níos mó Gaeilge uainn sa leagan Béarla, cosúil le Te Whāriki<br>Bheadh foclóir do fhrásaí Gaeilge go maith nó bheadh sé go maith dá n-úsáidfí iad ar bhealach níos forleithne.<br>· tá an téarma 'Stair teanga' róchúng – D'fhéadfaí teanga an Lucht Siúil/teanga chomharthaíochta na hÉireann a lua in éineacht leis an nGaeilge<br>Tugtar infheictheacht don Ghaeilge ach ní mór í a bheith níos follasaí. Mar shampla, Gaeilge a bheith ar na téamaí agus prionsabail nó 'súgradh' a úsáid in ionad '*play*' sa leagan Béarla.<br>Moladh focail eile amhail 'meas' mar fhocal a úsáideann daoine toisc nach léiríonn an focal Béarla an chiall ar an mbealach céanna<br>· Bród – is minic a nasctar é leis an bpobal LADT, ach féachadh air i gcomhthéacs níos leithne ansin mar 'an duine féin agus a n-aistear féin a dhéanamh amach' agus díríodh ar a dtuiscint féin orthu féin agus ar a bhféiniúlacht a fhorbairt<br>An mbeidh fáil air i dteangacha eile?<br>Smaoinigh ar inrochtaineacht teanga |

| | |
|---|---|
| | Níl an teanga sa cháipéis inrochtana do thuismitheoirí – tá gá le leagan dóibh siúd, tá sé ríthábhachtach go mbeadh eolas acu ar *Aistear* agus go dtuigfidís é – scríobh é ar bhealach a mbeadh tuismitheoir in ann é a mhíniú do thuismitheoir eile<br>Inrochtana ach ná bíodh sé ró-éasca.<br>Téamaí i nGaeilge – cosúil le Te Whāriki<br>Mol ainmneacha Gaeilge do phrionsabail agus téamaí<br>· tugadh le fios san aiseolas nach raibh roinnt de na haistriúcháin nádúrtha – go háirithe i ndáil leis na nathanna i dtreo an deiridh. An bhféadfaí féachaint ar sheanfhocail arís agus iad a úsáid.<br>Bhí plé ann maidir leis an bhfocal '*enacting*' sa leagan Béarla agus 'cur i bhfeidhm' sa leagan Gaeilge – mhothaigh na rannpháirtithe go raibh an leagan Béarla níos láidre.<br>Díríodh aird ar bhotún i ndáil leis an aistriúchán ar sheanfhocal Gaeilge ar leathanach 33.<br>Luadh an focal 'meitheal' freisin, agus cheap rannpháirtí amháin nach measfadh daoine go raibh ciall dhearfach leis i gcónaí. |
| Timpeallacht Foghlama<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>Amuigh faoin aer | D'fhéadfadh duine amháin a cheapadh go bhfuil dea-chuma ar áit, agus d'fhéadfadh duine eile a mhalairt a cheapadh. Ní mór do CNCM a shoiléiriú go bhfuiltear ag iarraidh timpeallacht shocair, ionchuimsitheach, áit a bhfuil ábhair nádúrtha, áit atá céadfach, solúbtha, inoiriúnaithe, agus inrochtana do chách. Tá dearcthaí maidir le dea-chuma róshuibiachtúil.<br><br>Déanamh athruithe chun an timpeallacht a chruthú<br><br>Cuir isteach an chumhacht chun an timpeallacht a úsáid mar an tríú múinteoir – déantar beag is fiú dá hacmhainneacht faoi láthair.<br><br>Is é ceangailte an prionsabal ach ceangailte le céard – níl sé soiléir?<br>Thug an téacs léirmhíniú róchúng ar 'Timpeallacht Foghlama'.<br>· 'timpeallacht ionchuimsitheach' – cuir 'foghlaim' nó 'iomlánaíoch' ann b'fhéidir, toisc nach í an timpeallacht fhisiciúil atá i gceist le timpeallacht<br><br>Amuigh faoin aer – cuirtear béim air sin i gcás an tsúgartha amháin – ba cheart eispéiris lasmuigh/laistigh a bheith éasca solúbtha, níor cheart baint a bheith acu leis an súgradh amháin i gcónaí |
| Tuismitheoir | • Is téarma uilechuimsitheach é tuismitheoir agus b'fhéidir gur fiú é a leathnú, mar shampla, aird a tharraingt ar chúramóirí, srl., a chumhdaítear ann freisin?<br>• Déantar tagairt san fhonóta do chinntí gairmiúla – an ndéanann tuismitheoirí cinntí gairmiúla?<br>• Bí an-soiléir maidir lena bhfuil i gceist leis an bhfocal tuismitheoir – is iad na mamónna a thugann aire do go leor páistí (orduithe cosanta). Bí a ionchuimsithí is féidir.<br>• Ar cheart dó aitheantas a thabhairt do phríomhchúramóirí in ionad 'tuismitheoirí' amháin – téarmaíocht.<br>• D'fhéadfadh an téarma oideoir tuismitheoirí a eisiamh.<br>• Bheadh leagan simplithe go maith mar is féidir leis an gcineál teanga daoine a chur ó dhoras. |
| Súgradh | • tá an guth an-oideachasúil, is ábhar imní é an t-aistriú ó shúgradh go spraíúil |

| | |
|---|---|
| | • Nílim cinnte gur féidir oideolaíocht mhall chaidreamhach a fheiceáil trí mheán an tsúgartha agus sa phrionsabal maidir le heispéiris phraiticiúla<br>• Tá súgradh uainn in ionad gníomhaíochtaí spraíúla – níl siad mar an gcéanna. Tá sé sin an-tábhachtach agus ní mór do CNCM aghaidh a thabhairt air. Tá 'spraíúil' le fáil sa nuashonrú 9 n-uaire. Baineann sé sin de thábhacht an tsúgartha!! Ní hionann spraíúil agus súgradh<br>• Ar cheart rioscach a chur san áireamh – an maolaíonn na focail fiontrach agus dúshlánach é?<br>• Ar son úsáid an téarma súgradh fiontrach in ionad Súgradh Rioscach toisc go bhféadfadh an téarma sin a bheith ina choscaire i ndáil le súgradh fiontrach i suíomhanna áirithe.<br>• is maith liom úsáid an téarma 'súgradh fiontrach'<br>• Luadh go bhfuil píosa tábhachtach in easnamh ar an gCreat i ndáil leis an tuiscint ar thábhacht an tsúgartha a chomhroinnt le tuismitheoirí<br>• Rinneadh tagairt don súgradh mar shúgradh ar bhonn fiosraithe sna moltaí. Tá mearbhall cruthaithe ag curaclam éiritheach ar bhonn fiosraithe san earnáil<br>• Moladh gur cheart an focal súgradh 'gan bhac' a chur san áireamh sa Chreat chun níos mó soiléireachta a fháil maidir leis an gcuma a bheidh ar an súgradh<br>Dearfach – Tagairtí an-dearfacha don súgradh agus don fhoghlaim atá bunaithe ar shúgradh – lena n-athdhearbhaítear an méid atá sa leagan bunaidh de *Aistear* |
| Prionsabail | • Tá ceisteanna machnamhacha in easnamh ar an gcáipéis agus moladh iad a chur leis na prionsabail agus téamaí. |
| Cuspóir | • Cuspóir – ar son a fhormhóir ach…tá an pointe deireanach eisiatach. Bheadh sé níos láidre dá mbainfí an focal 'ár'. |
| ETIM/an Mhatamaitic | úsáid an focal ETIM chun feasacht faoin téarma a chruthú<br>Tuilleadh 'Téarmaí mata' ag teastáil<br><br>Coincheapa 'joy exploring Science Technology Engineering Maths', idirdhealaíonn sé ETIM ach ba cheart tarraingt ar a chéile agus fágann sé sin go bhfuil sé níos mearbhlaí, tá siad nasctha. |
| Aistrithe | · D'fhéadfadh roinnt aistrithe a bheith in easnamh ar an bpíosa seo. Mar shampla, d'fhéadfadh páistí atá san ospidéal a bheith in easnamh ar an bpíosa sin maidir le haistrithe (fadtéarmach nó gearrthéarmach) agus b'fhéidir gur gá iad a léiriú?<br>· Nuair a 'labhraímid' faoi aistriú – mar a luaitear sa phointe urchair deireanach, níor cheart labhairt a bheith i gceist agus é sin amháin. Ní mór níos mó rudaí ná labhairt a bheith i gceist. Ba cheart plé agus tacaíocht phraiticiúil a bheith i gceist.<br>Luadh tábhacht aistrithe, go háirithe sa chóras oideachais trí mheán na Gaeilge i ndáil le caighdeán Ghaeilge na bpáistí nuair a théann siad isteach sa bhunscoil. Moladh gur cheart rud éigin a fhorbairt i ndáil leis an aistriú ón teach go dtí an réamhscoil.<br>is tábhachtach gné mhothúchánach agus iompraíoch na n-aistrithe a aithint<br><br>Cuspóir:<br>Le 'ó shuíomh amháin go suíomh eile' sa tríú pointe urchair, tugtar aistrithe seachtracha amháin le fios, ach is gá béim a chur ar aistrithe inmheánacha (laistigh de sheomra, laistigh de shuíomh agus le suíomhanna eile). |

| | |
|---|---|
| Teaghlaigh den Lucht Siúil/an Lucht Siúil | Bhí an comhrá dírithe ar ionchuimsiú agus sainaithint 'daoine den Lucht Siúil'. Dhá dhearcadh dhifriúla 1. Cén fáth iad a aonrú, nach gcumhdaítear iad faoi mhionlaigh eitneacha? VS 2. Ainmnigh agus cumasaigh iad.<br>•An cuí an fhoclaíocht 'ball de'?<br>Ar son an aitheantais do chultúir éagsúla, lena n-áirítear cultúir phobal an Lucht Siúil. Béim ar an ngá le freagairt chomhordaithe i ndáil le hacmhainní a fhorbairt. Measadh go raibh an téarma 'Stair teanga' róchúng – D'fhéadfaí teanga an Lucht Siúil/teanga chomharthaíochta na hÉireann a lua in éineacht leis an nGaeilge<br><br>Measadh gur gá béim a leagan ar an bhfíoras nach mór gach cultúr a cheiliúradh i dtimpeallacht ilchultúrtha agus gur gá an fíoras sin a chur i dtábhacht, ó tharla gur luadh gur minic a thuairiscítear go mbítear ag súil go bhforbródh páistí den Lucht Siúil agus páistí Romacha, go háirithe, cultúr ceannasach an tsuímh<br><br>An Lucht Siúil – ba cheart dúinn a dteanga agus a gcultúr a tharraingt isteach freisin<br><br>Polasaí an dorais oscailte – tá an caidreamh leis na tuismitheoirí a thábhachtaí agus atá an caidreamh leis na páistí. Ní mór dóibh muinín a bheith acu asat agus caithfidh tú teagmháil a dhéanamh leo uaireanta, m.sh., dul chuig an láithreán stad chun páistí den Lucht Siúil a spreagadh le freastal ar an scoil.<br><br>Tá an Eaglais Chaitliceach an-tábhachtach do theaghlaigh den Lucht Siúil, tá suíomh ar an láithreán stad, tá dealbha acu, deir siad paidreacha, tá irisleabhar darb ainm [Travellers'] Voice acu – tá grianghraif den bhainis, den bhaisteadh, srl., acu. Is breá leis na páistí a bheith ag féachaint orthu. Tagann na mamónna isteach le scéalta a insint faoi bheith siúlach. Tá ganntanas mór acmhainní ann chun tacú le hionchuimsiú an Lucht Siúil, leabhair, is gá don Chreat a chinntiú go bhfuil spás ann chun na nithe atá tábhachtach dóibh a chur san áireamh.<br>Tá naisc le daoine eile den Lucht Siúil ó theaghlaigh den Lucht Siúil, tá a gcuid féiniúlachta an-tábhachtach dóibh, is mian leo a gcultúr a chaomhnú<br><br>Ní úsáideann tuismitheoirí den Lucht Siúil an aip. Mar sin, roinn an t-eolas leo agus iad ag bailiú na bpáistí. |
| Folláine | Ar son na tagartha don fhéinrialú agus don chomhrialú. An bhféadfaí níos mó béime a chur air sin?<br><br>Focal amháin nár léigh mé atá tábhachtach i gcúrsaí folláine i ndáil le 'meas a bheith ar choirp agus iad a chothú' ná 'toiliú'. Luaitear 'toiliú gníomhach'.<br><br>Téama na folláine – an bhfuil an fhoclaíocht 'gné spioradálta' ag teacht rómhór leis an gciall reiligiúnach, ní fheicim aon réasúnaíocht maidir lena hionchuimsiú? Déan athmhachnamh air, d'fhéadfaí an focal ionadh nó aireachas a úsáid<br><br>Cá bhfuil an ghluaiseacht?<br><br>An bhféadfaí an focal buíochas a chur san áireamh?<br><br>Tá am an-tábhachtach – is gá é sin a lua tuilleadh. Am chun é a ghlacadh go réidh, am chun aireachas a dhéanamh – b'fhéidir go bhféadfaí níos mó de sin a chur ann tríd síos? |

| | |
|---|---|
| | Mothaíodh go raibh ‘comhbhá le daoine eile’ in easnamh” |

## Aguisín 2: Aghaidh ar na Prionsabail (fócasghrúpaí)

*Tabhair faoi deara go bhfuil na sleachta seo a leanas as nótaí na bhfócasghrúpaí táscach agus níl siad uileghabhálach agus b'fhéidir nach léiríonn siad gach tagairt sa tacar sonraí.

| Prionsabal | Ábhair imní/Moltaí/Machnamh |
|---|---|
| Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda | Ba cheart teanga na hinscne a chur leis an bprionsabal seo, Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda<br>Tabhair aitheantas gur ionann domhanda agus áitiúil i gcás roinnt páistí cheana féin – na bailte agus cathracha ilchineálacha a bhfuil cónaí orthu iontu<br>Ní mór an breisteangachas a lua<br>• 'Cónaím in Éirinn'... meastar gur 'eiliú' ata i gceist – cuir focail eile air chun é a dhéanamh níos ionchuimsithí agus ná húsáid an téarma 'ár gcultúr'<br>An gá an focal 'domhanda'?<br>• An bhfuil 'gníomhaíoch' ag teastáil – tá an téarma achrannach – céard is brí leis? seachas rogha a thabhairt do pháistí, céard atá i gceist leis anseo?<br>Cén chiall a bhaintear as 'maith' – moladh rannpháirteach/réamhghníomhach mar mhalairtí.<br>Ar son seasamh daonlathach, neamhchlaontacht, cumasú sa Phrionsabal<br>An bhfuil 'ceangal' in easnamh – an bhfuil 'mé/mise' rólárnach?<br>Moladh go bhféadfaí cumarsáid a úsáid in ionad 'guth' i ráiteas an pháiste<br>An bhfuil gá le píosa maidir le 'toiliú gníomhach leanúnach', 'rogha eolasach'<br>Bhí ceist ann maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an ráiteas sin róláidir i gcás babaithe agus naíonán. Ní mór machnamh a dhéanamh ar a bhfuil i gceist leis sin.<br>Tá sé tábhachtach sa chuid maidir le tacaíocht go ndéantar miondealú ar an téarma 'saoránach domhanda' sna slite ar féidir linn é sin a dhéanamh ar bhealach praiticiúil agus ar bhealach fiúntach, mar mura dtuigeann tú é i gceart, rachaidh tú thairis agus ní chuirfidh tú i bhfeidhm é. Is gá a mhíniú chun iad a chur chun feidhme ar bhealach nach mbeadh fánach. |
| Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú | Tugann Te Whāriki aitheantas do ghrúpaí dúchasacha – tá sé tábhachtach cultúr agus oidhreacht a cheiliúradh.<br>Pearsantacht an pháiste in easnamh – d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar an bPrionsabal seo<br>Ar son ionchuimsiú 'bacainní oideachais' – tá se tábhachtach é sin a aithint<br>An ceart an focal '*cóir*' a bheith sa chur síos ar 'sochaí chothrom'?<br>Ar son teanga dhearfach agus ionchuimsitheach |

| | |
|---|---|
| | • 'timpeallacht ionchuimsitheach' – cuir 'foghlaim' nó 'iomlánaíoch' ann b'fhéidir, toisc nach í an timpeallacht fhisiciúil atá i gceist le timpeallacht!<br>Mothaíodh go raibh 'comhbhá le daoine eile' in easnamh.<br>Áirítear 'riachtanais' i ráitis ghutha an pháiste – ar cheart dúinn imeacht ó mhúnla easnaimh?<br>Tá béim ar an duine aonair in ionad béim ar an tsochaí anseo – céard faoi chairde agus a bheith mar chuid de phobal?<br>An bhfuil an tagairt do rannpháirtíocht cruinn sa Phrionsabal sin? Tá níos mó i gceist le rannpháirtíocht ná rannpháirteachas (i ndáil le cearta). 'An ceart go n-éistfí lena nguth' atá i gceist leis.<br>B'fhéidir go mbeadh Airteagal 2 – Ceart Comhionannais/Neamh-leithcheala cuí.<br><br>Is maith liom an smaoineamh athrú ó chomhionannas go cothromas (ní chaitear le gach páiste ar an mbealach céanna) ach is gá tacaíocht a chur ar fáil dó.<br>Céard atá fiúntach sa chomhthéacs áitiúil? An bhféadfadh an nuashonrú glacadh le cur chuige neamhchlaontachta ar bhealach níos láidre. An bhfuil go leor ann maidir le comhthéacs agus oideachas bunaithe ar áit?<br>Déan athbhreithniú ar an bpíosa faoi chultúr – b'fhéidir go bhféadfaí foclaíocht níos fearr a úsáid, mar shampla ilchineálacht cultúr cuí. Shonraigh an grúpa nach bhfuil roinnt cleachtais chultúrtha cuí i sochaí na hÉireann, agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina ábhar machnaimh d'fhoclaíocht an téacs.<br>Cothromas – tá sé an-tábhachtach go bhfuil sé sin sa teideal<br>• Maidir leis an bprionsabal seo, cé go bhfuil sé fite fuaite trí Chreatchuraclam na Bunscoile agus sa chreat iar-bhunscoile, tosaíonn sé anseo sa luath-óige.<br>Tá deis ann chun féachaint air sin ar bhealach eile mar luach na hilchineálachta don fhoghlaim. Bíonn cur chuige easnaimh ann uaireanta – 'níl Béarla acu' – féachaint ar na buanna atá acu – bíodh meas ar an luach a bhaineann le teaghlaigh nua inár bpobal – Meas ar an difríocht – deis chun é sin a fhorbairt<br>Aithin go bhféadfadh sé a bheith dúshlánach i ndáil le suíomhanna m.sh. teanga agus cumarsáid<br>• D'fhéadfadh 'Dearcadh comhshamhlúcháin' a bheith ann – ní mór 'dóibhsean' (iad siúd a aistríonn go hÉirinn) iad féin a imeascadh inár gcultúr<br>Focail Ghaeilge in *Aistear* – léiríonn sé sin go bhfuil oidhreacht againn – is féidir díriú ar theangacha agus ar chultúir eile freisin uaireanta – ligtear dúinn aird a dhíriú air sin freisin nuair a úsáidtear an Ghaeilge in *Aistear*<br>An focal ilchineálacht – níltear cinnte conas é sin a thabhairt isteach chuig ár suíomh. Tosaíonn sé le 'caidrimh a fhorbairt leis an bpobal' – fíorshamplaí maidir leis an gcaoi a ndéantar sin sa suíomh – Bíonn níos mó ilchineálachta i measc an lucht saothair |

| | |
|---|---|
| | sna luathbhlianta i gcomparáid le bunscoileanna – ba cheart dúinn an luach sin a thuiscint agus níos mó úsáide a bhaint as. Léiríonn an Nua-Shéalainn sampla de thuiscint an luacha seo a bhaineann le ról na foirne i gcás ina bhfuil ilchineálacht ann i measc na n-oideoirí agus bíonn meas ar a gcuid eolais agus úsáidtear é<br>Ba mhaith le tuismitheoirí rudaí a fheiceáil agus iad ar bun. An bhfuil deiseanna ann chun imeachtaí ilchineálachta cultúrtha a cheiliúradh? Níos mó feasachta a thabhairt do chleachtóirí luathbhlianta Éireannacha maidir le cultúir éagsúla de réir mar a éiríonn Éire níos ilchineálaí. Bheadh caidrimh níos fearr le páistí agus tuismitheoirí ó chúlraí cultúrtha eile ann dá thoradh sin. An féidir oiliúint a chur ar chleachtóirí luathbhlianta chun go mbeadh níos mó feasachta acu ar an ilchultúrachas? Chun tacú le forbairt caidreamh.<br><br>ionchuimsiú agus sainaithint 'daoine den Lucht Siúil'. Dhá dhearcadh dhifriúla 1. Cén fáth iad a aonrú, nach gcumhdaítear iad faoi mhionlaigh eitneacha? VS 2. Ainmnigh agus cumasaigh iad.·• An cuí an fhoclaíocht 'ball de'?<br>An Lucht Siúil – ba cheart dúinn a dteanga agus a gcultúr a tharraingt isteach freisin<br>Féiniúlacht Tá an Eaglais Chaitliceach an-tábhachtach do theaghlaigh den Lucht Siúil, tá suíomh ar an láithreán stad, tá dealbha acu, deir siad paidreacha, tá irisleabhar darb ainm [Travellers'] Voice acu – tá grianghraif den bhainis, den bhaisteadh, srl., acu. Is breá leis na páistí a bheith ag féachaint orthu. Tagann na mamónna isteach le scéalta a insint faoi bheith siúlach. Tá ganntanas mór acmhainní ann chun tacú le hionchuimsiú an Lucht Siúil, leabhair, is gá don Chreat a chinntiú go bhfuil spás ann chun na nithe atá tábhachtach dóibh a chur san áireamh. Tá naisc le daoine eile den Lucht Siúil ó theaghlaigh den Lucht Siúil, tá a gcuid féiniúlachta an-tábhachtach dóibh, is mian leo a gcultúr a chaomhnú. |
| Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí | Tá sé tábhachtach daoine atá oiliúnach agus comhbhách a mhealladh chuig an ngairm<br>• Mar sin féin, tá a lán dúshlán ann faoi láthair i ndáil le soláthar foirne agus tá easpa foirne ann<br>• Bheadh sé go hiontach dá mbeadh na páistí in ann a bpríomhdhuine a fheiceáil agus idirghníomhú leo tar éis dóibh bogadh ar aghaidh<br>Níltear ag díriú ar pháistí a bhfuil sé níos dúshlánaí dóibh caidreamh a dhéanamh/a bheith ag idirghníomhú – m.sh. iad siúd a bhfuil riachtanais mhóra iompraíochta acu<br>• Aitheantas a thabhairt sa cháipéis nach mbíonn déanamh caidrimh simplí i gcónaí |

| | |
|---|---|
| | Luadh an tábhacht a bhaineann le cur chuige an 'príomhdhuine' – D'fhéadfaí tábhacht caidreamh le príomhghrúpa páistí/piaraí a chothú<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh deis uathúil ag feighlithe páistí chun tacú le caidrimh ar fud aoisghrúpaí measctha i suíomh grúpaí beaga.<br>Páistí a thabhairt amach sa phobal áitiúil níos minice. – Luadh freisin an deis chun an pobal a thabhairt isteach chuig suíomhanna Luathbhlianta, ach daoine ó ghairmeacha éagsúla a thabhairt isteach chun a gcuid scéalta a roinnt |
| Teaghlach agus Pobal | Bhí plé ann maidir leis an bhfoclaíocht i ndáil le 'tuismitheoirí'. Nuair a léann aithreacha 'tuismitheoirí' i ndáil leis an oideachas, tugann taighde le fios go nascann siad é sin le máithreacha agus gurbh fhéidir go mothóidís fágtha ar lár. • Tá an sainmhíniú ar 'oideoirí' achrannach toisc go n-áirítear tuismitheoirí ach tagann na teachtaireachtaí salach ar a chéile sa cháipéis. • 'stóir eolais' – cad as a dtagann páistí, cé na daoine a tháinig rompu – m.sh. urraim a thabhairt do bhaill teaghlaigh atá básaithe, scéalaíocht, braistint féiniúlachta agus muintearais – tagairt don tráma ó ghlúin go glúin. • An bhfuil an Prionsabal ró-indibhidiúlach i ndáil le féiniúlacht – is iomaí féiniúlachtaí atá againn.<br>Tarraingt ar chur chuige Reggio Emilio agus féachaint ar theaghlaigh mar chomhpháirtithe sa churaclam, conas mar a bhaintear sin amach 'ar an láthair' in Éirinn? B'fhéidir go bhféadfaí a chasta agus atá an prionsabal sin a chur in iúl sa cháipéis – go háirithe toisc go bhféachtar ar thuismitheoirí mar oideoirí sa churaclam. D'fhéadfadh an-tairbhe a bheith ag baint le cainteoirí seachtracha/ceannairí pobail a thabhairt isteach chuig an suíomh. Is féidir leis na cóimheasa daoine fásta is páistí a bheith ina mbac ar bhaill den phobal a thabhairt isteach chuig an suíomh<br>Is maith leis an ngrúpa úsáid an fhocail 'lúcháireach' sa chuid seo<br>• Tugadh le fios go bhféadfaí gur ghá na ceithre líne dheireanacha den bhlurba a athrú toisc go bhfuil siad sách fada<br>An chéad phointe urchair – In ionad 'Is iad mo thuismitheoirí na daoine is tábhachtaí i mo shaol' – caithfidh sé a bheith níos forleithne agus ní mór an focal teaghlach a úsáid, chun tuiscint níos forleithne ar an teaghlach, in ionad na dtuismitheoirí amháin, a thaispeáint<br>Déan athmhachnamh ar úsáid an téarma 'lánacmhainneacht a bhaint amach' – tugann sé fios gur coincheap statach é ach d'fhéadfaí rud éigin amhail 'coinneáil ag foghlaim' a úsáid chun a thaispeáint go ndéanaimid dul chun cinn i gcónaí agus nach mbítear ag díriú pointe deiridh a bhaint amach<br>An dara pointe urchair 'Cabhraíonn sé liom lánacmhainneacht a bhaint amach nuair a bhíonn m'oideoir(í) ag obair i gcomhpháirt le mo theaghlach, ag léiriú meas agus urraim dá gcuid tuairimí |

| | |
|---|---|
| | agus saineolais. Bíonn siad i gcónaí ag gníomhú le mo leas agus tá aithne agus eolas acu orm – ar na nithe a thaitníonn agus nach dtaitníonn liom.' – Cuimhnigh, b'fhéidir, ar bhealach éigin chun a léiriú leis an bhfoclaíocht gur páirtí leasmhar lárnach iad páistí i dteannta lena dteaghlach agus lena n-oideoirí<br>Tá ceangail leis an gcomharsanacht/leis an bpobal dearfach – bhí an smaoineamh maidir le 'stóir eolais' sa Léirbhreithniú ar an Litríocht agus is féidir iad a thabhairt isteach chuig suíomhanna anois tríd an bprionsabal 'Teaghlach agus Pobal'. Fágann sé go mbíonn 'stóir eolais' inbhraite d'oideoirí. |
| Oideoirí Gníomhaíocha | Tá gá le sainmhíniú soiléir gonta ar an téarma oideoir gníomhaíoch, sainmhíniú a bheadh le feiceáil sa téacs in ionad é a bheith ina fhonóta. Is gá a aithint leis go bhfuil eolas gairmiúil ag oideoirí ach gur gá braistint a bheith acu go bhfuil cumas acu. Tuigtear sin in *Aistear* agus stiúrtar sin ann, ach tá gá le tacaíocht ar fud an chórais.<br>Tá mé muiníneach go n-aimseoidh tú acmhainní oiriúnacha agus go gcabhróidh tú liom rochtain a fháil ar thacaíocht agus ar sheirbhísí gairmiúla nuair a bhíonn siad ag teastáil uaim' – d'fhéadfaí nach mbeadh an suíomh ná na hoideoirí in ann tacú le páistí a bhfuil riachtanais éagsúla acu i roinnt cásanna (b'fhéidir nach bhfuil na tacaí ar fáil). Nuair a fhéachtar ar an ráiteas sin ó dhearcadh an tuismitheora, cuireann sé ualach ollmhór ar an tuismitheoireacht agus ar an ionchas ar an méid a bhféadfadh nó nach bhféadfadh an tuismitheoir rochtain a fháil air – is gá dúinn a bheith cúramach maidir leis an dóigh a gcuirimid an t-ionchas sin in iúl. Úsáid ráiteas 'mé/mise' – an bhféadfadh sé sin neamart a dhéanamh i ndáil le comhoibriú/eispéireas coiteann páistí. An bhféadfaimis 'muid' a úsáid agus iad a chur in iúl mar ghuth na bpáistí.<br>Cumasaítear oideoirí leis an téarma 'Oideoirí Gníomhaíocha', agus dá thoradh sin bíonn siad in ann tionchar a imirt ar chaidrimh mhaithe srl. – Is gá d'oideoirí rudaí a dhéanamh níos moille agus a bheith sásta rudaí a dhéanamh níos moille chun an oideolaíocht mhall chaidreamhach a bhaint amach – Is gá d'oideoirí glacadh leis go bhfuil sé ceart go leor suí siar, éisteacht, féachaint agus a bheith muiníneach gur próisis ghníomhacha thábhachtacha iad sin Súgradh – |
| Aistrithe | Bhíothas go mór ar son Aistrithe a chur isteach<br>D'fhéadfadh roinnt aistrithe a bheith in easnamh ar an bpíosa seo. Mar shampla, d'fhéadfadh páistí atá san ospidéal a bheith in easnamh ar an bpíosa sin maidir le haistrithe (fadtéarmach nó gearrthéarmach) agus b'fhéidir gur gá iad a léiriú?<br>Nuair a 'labhraímid' faoi aistriú – mar a luaitear sa phointe urchair deireanach, níor cheart labhairt a bheith i gceist agus é sin amháin. Ní mór níos mó rudaí ná labhairt a bheith i gceist. Ba cheart plé agus tacaíocht phraiticiúil a bheith i gceist. |

| | |
|---|---|
| | Cheap na rannpháirtithe go bhfuil ag éirí go maith le Mo Scéal. Tugann sé aitheantas gairmiúil do na hoideoirí dar leo. Dúradh go bhfuil, ar an iomlán, caidreamh maith oibre ann idir na réamhscoileanna agus na bunscoileanna laistigh den chóras oideachais trí mheán na Gaeilge, ach gur gá é sin a fheabhsú lasmuigh den chóras sin.<br>Ar son a chuimsithe. Ní raibh aistrithe feiceálach toisc nár théama ann féin é<br>• Tuilleadh oibre déanta anois i ndáil le haistrithe<br>• Príomhphíosa – ag dul tríd an lá<br>• Is tábhachtach gné mhothúchánach agus iompraíoch na n-aistrithe a aithint freisin<br>• Ríthábhachtach chun líon na n-aistrithe a laghdú – iad a mhoilliú (oideolaíocht mhall chaidreamhach)<br>• Ar son chuimsiú na n-aistrithe uile, ní hamháin na haistrithe 'móra'<br>• Cé go bhfuil sé siad socraithe inniu ní hionann sin is a rá gurb amhlaidh a bheidh an scéal amárach – ní pointe ama iad aistrithe; tá siad leanúnach agus tarlaíonn siad gach lá<br>• Bímid ag súil le rudaí ó pháistí nach mbímid ag súil leo uainn féin<br>• Ní bhíonn smacht i gcónaí ag páistí ar an méid a thiteann amach le linn aistrithe nó ní thuigeann siad iad i gcónaí<br>• Tá an príomhdhuine fíorthábhachtach agus cuireann siad leis na haistrithe<br>• Chuir daoine eile leis an ábhar sin nuair a siúladh timpeall: o Aistrithe do pháistí 0-3 – déantar dearmad orthu sin uaireanta agus fócas ar íomhánna a úsáid chun tacú le páistí níos sine le linn aistrithe, ach teastaíonn cur chuige difriúil ó pháistí 0-3 chun tacú leo m.sh. ceol agus gluaiseacht a úsáid chun taithí a fhorbairt agus tacú leo a bheith ag súil le haistrithe rialta o Ba cheart tuilleadh béime a chur ar ról tábhachtach an oibrí bhunriachtanaigh o Aistriú chuig an mbunscoil – ba cheart an deis a bheith ag páistí cuairt a thabhairt ar an scoil chun tacú leis an aistriú sin (Is cosúil gur athraigh sé sin le linn Covid don suíomh áirithe sin agus nár atosaíodh air). Ba cheart beartas a bheith ann lena gcinntítear go dtarlaíonn sé sin. o Ní thuigeann oideoirí i gcónaí na naisc idir iompar/mothúcháin agus aistrithe.<br>Aistriú chuig an mbunscoil, is ansin a thiteann rudaí as a chéile. Éiríonn go maith leo anseo, bíonn tacaíocht AIM acu, bíonn cóimheasa maithe ann, is féidir leo dul amach, tuigtear na straitéisí a oibríonn. Téitear chuig an scoil agus tubaiste atá ann. Ní aistrítear eolas ná scileanna ná tacaíocht chuig an mbunscoil. Bíonn amchláir laghdaithe ag go leor dár bpáistí, cuirtear ar fionraí iad fiú agus bíonn eispéiris an-diúltach acu ar scoil. Ní fhorbraítear an obair sa réamhscoil nuair a théann siad ar scoil. Tá gá le níos mó nasc agus níos mó teagmhála idir suíomhanna |

| | |
|---|---|
| | agus scoileanna. Ba cheart breac-chuntas a thabhairt ar an méid is gá a dhéanamh in *Aistear.* Cén fáth nach féidir leis an duine AIM dul in éineacht leo don chéad chúpla bliain?<br>Teastaíonn i bhfad níos mó cabhrach leis an aistriú chuig an scoil – cuir tuilleadh eolais sa chreat chun go mbeidh an t-aistriú níos fearr. Éiríonn go maith le páistí anseo ach ní éiríonn chomh maith céanna leo ar scoil. Teastaíonn níos mó eolais ó thuismitheoirí maidir leis an gcaoi ar féidir leo cabhrú lena bpáistí a bheith réidh don scoil – ar cheart go mbeidís in ann a n-ainm a aithint nó a litriú. Ar cheart go mbeidís ag scríobh? Tá sé an-mhaith anseo ó thaobh cabhrú leo a bheith neamhspleách. Is féidir leo deochanna a dhoirteadh dóibh féin, bíonn siad ag glanadh, bíonn tascanna acu. Tacaíonn siad leo chun bheith neamhspleách agus roghanna a bheith acu. Tá an t-aistriú ó sheomra na mbabaithe chuig an gcéad seomra eile an-deacair freisin. Téann siad i ngleic leis ar bhealach níos fearr de réir mar a théann siad in aois. Téitear i ngleic leis an aistriú ó sheomra amháin go seomra eile ar bhealach maith – 3 seachtaine chun dul i dtaithí ar an seomra nua, bíonn foireann an tseanseomra in éineacht leo ar feadh tamaill. Ní bhíonn an t-aistriú chuig an scoil chomh réidh céanna. Bíonn an iomarca daoine sa rang. |
| Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch | An focal 'make' – conas a léirmhíneofar sin? Nílim cinnte céard atá i gceist anseo.<br>• Bród – is minic a nasctar é leis an bpobal LADT, ach féachadh air i gcomhthéacs níos leithne ansin mar 'an duine féin agus a n-aistear féin a dhéanamh amach' agus díríodh ar a dtuiscint féin orthu féin agus ar a bhféiniúlacht a fhorbairt<br>• Is aoibhinn liom an focal iomlánaíoch – Is féidir leis an bhfocal a bheith ina thacaíocht mhór d'oideolaíocht chaidreamhach<br>• Leis an bhfoclaíocht a úsáidtear cuirtear an páiste sa lár – tagann an fhoghlaim ón bpáiste<br>• Eispéireas an choirp ar fad – bíonn an corp ar fad ag foghlaim – tá se thar a bheith tábhachtach a bheith ag fiosrú leis an gcorp ar fad |
| Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla | Nílim cinnte gur féidir oideolaíocht mhall chaidreamhach a fheiceáil trí mheán an tsúgartha agus sa phrionsabal maidir le heispéiris phraiticiúla Tá am an-tábhachtach – is gá é sin a lua tuilleadh. Am chun é a ghlacadh go réidh, am chun aireachas a dhéanamh – b'fhéidir go bhféadfaí níos mó de sin a chur ann tríd síos?<br>Bheinn faichilleach maidir le húsáid an fhocail spraíúil, ní hionann é agus súgradh.<br>Ní súgradh í oideolaíocht spraíúil agus ní mór dúinn súgradh a chosaint in *Aistear* do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga.<br>B'fhéidir go bhfuil sé ceart go leor don bhunscoil ach níl dúinne. Tá súgradh uainn in ionad gníomhaíochtaí spraíúla – níl siad mar an gcéanna. Tá sé sin an-tábhachtach agus ní mór do CNCM |

| | |
|---|---|
| | aghaidh a thabhairt air. Tá 'spraíúil' le fáil sa nuashonrú 9 n-uaire. Baineann sé sin de thábhacht an tsúgartha!! Ní hionann spraíúil agus súgradh. Ar cheart rioscach a chur san áireamh – an maolaíonn na focail fiontrach agus dúshlánach é?<br>Is coincheap fíorshimplí ach fíorchumhachtach í an 'timpeallacht ullmhaithe'. Tá sé tábhachtach 'dul i riosca' agus tá measúnuithe tábhachtach freisin – is féidir le hárachas éifeacht dhiúltach a imirt air sin.<br>Is coincheap casta é súgradh agus d'fhéadfaí níos mó béime a chur ar ról an oideora i ndáil le tacú le súgradh. Is féidir leis an oideoir súgradh a leathnú agus a fheabhsú. |
| Timpeallachtaí Foghlama | Nithe dearfacha<br>Ar an iomlán, is rud dearfach é an bhéim ar bheith amuigh faoin aer<br><br>Tábhacht na timpeallachta foghlama do thuismitheoirí – Shonraigh tuismitheoir an méid seo a leanas 'Tá an t-atmaisféar anseo an-dearfach, tá go leor struis sa bhaile, mothaíonn tú ar do shuaimhneas nuair a thagann tú isteach anseo. Tá deiseanna le bheith ag forbairt anseo – níl aon spás lasmuigh le bheith ag rith thart sa bhaile. Tá deiseanna iontacha d'fhorbairt fhisiciúil anseo. Cairde – is breá leo a bheith ag spraoi lena chéile agus a bheith ag foghlaim óna chéile.'<br><br>Ábhar imní<br>Tá sé fíor-riachtanach am a chaitheamh amuigh faoin aer ach tá sé tábhachtach freisin go bhfuil ról suntasach ag an am laistigh. Mar shampla, tar éis méid mór ama a chaitheamh amuigh faoin aer. Ní mór a bheith cúramach léirmhíniú a sheachaint go bhfuil béim ar an am amuigh faoin aeir amháin.<br><br>maidir le fáil na saoirse idir limistéir amuigh faoin aer/laistigh de bharr na praiticiúlachta a bhaineann le cóimheasa idir an fhoireann a theastaíonn agus páistí<br>D'fhéadfaí an téarma 'a bhfuil caoi mhaith air' a thuiscint ar bhealach contráilte, ní theastaíonn cás ina mbeadh oideoir ag cur stop leis an súgradh/leis an bhfoghlaim chun 'caoi a chur ar an áit'<br><br>Moltaí<br>Tá gá le níos mó béime ar theaghlaigh agus iad a bheith léirithe sa timpeallacht<br><br>Ba cheart smaoineamh ar an suíomh iomlán agus an fhéidearthacht ann go mbeadh aoisghrúpaí measctha ann le linn an lae |

| | |
|---|---|
| | Saincheisteanna Eile<br><br>Mar sin féin, tá gá le comhsheasmhacht i ndáil le teachtaireacht *Aistear* agus an beartas forleathan – easpa ailínithe ann faoi láthair – ní áiteanna maithe le haghaidh cumas gníomhúcháin iad timpeallachtaí atá fíor-rialaithe<br><br>Pléadh an tábhacht maidir le tairbhiú den phobal áitiúil a mhéid a bhaineann le dul amach sa phobal leis na páistí agus cuireadh a thabhairt do dhaoine ón bpobal teacht isteach. Luadh an leabharlann, an siopa áitiúil, páirceanna, srl.<br><br>Ní mór don am laistigh deiseanna a chruthú don am amuigh faoin aer<br><br>D’fhéadfadh duine amháin a cheapadh go bhfuil dea-chuma ar áit, agus d’fhéadfadh duine eile a mhalairt a cheapadh. Ní mór do CNCM a shoiléiriú go bhfuiltear ag iarraidh timpeallacht shocair, ionchuimsitheach, áit a bhfuil ábhair nádúrtha, áit atá céadfach, solúbtha, inoiriúnaithe, agus inrochtana do chách. Tá dearcthaí maidir le dea-chuma róshuibiachtúil.<br><br>Déanamh athruithe chun an timpeallacht a chruthú Cuir isteach an chumhacht chun an timpeallacht a úsáid mar an tríú múinteoir – déantar beag is fiú dá hacmhainneacht faoi láthair. Is é ceangailte an prionsabal ach ceangailte le céard – níl sé soiléir?<br>Tá áit agus comhthéacs tábhachtach<br>thug an téacs léirmhíniú róchúng ar ‘Timpeallacht Foghlama’. Dúirt an grúpa nach áit fhisiciúil í an timpeallacht i gcónaí agus go bhféadfadh sí nithe eile a chuimsiú freisin amhail éiteas, na daoine laistigh di, na mothúcháin a bhíonn orainn, srl. |

# Aguisín 3: Leasuithe ginearálta ar an téacs, mar a mhol freagróirí sna haighneachtaí ar líne

## Réamhrá den *Aistear* nuashonraithe

Cuir isteach an ráiteas: '*baineann na nuashonruithe ar Aistear le saol atá ag síorathrú agus atá idircheangailte agus idirspleách ar bhonn domhanda*' (lch 5) arís sa Réamhrá a ghabhann leis an gCreatchuraclam nuashonraithe (lch 7).

Foclaíocht Mholta:

Aithnítear le *Aistear* go mbaineann teaghlaigh agus suíomhanna oideachais, ina bhfoghlaimíonn agus ina bhforbraíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga, le saol atá ag síorathrú agus atá idircheangailte agus idirspleách ar bhonn domhanda. Tá géarchéimeanna iomadúla roimh an gcine daonna faoi láthair (aeráid, bithéagsúlacht, sóisialta), géarchéimeanna nach mór dul i ngleic leo ar mhaithe le sláinte agus folláine na glúine atá ann faoi láthair, na nglúnta amach anseo agus an domhain mhóir. Is é is aidhm do *Aistear* bunchloch a bhunú don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus do rannpháirteachas i ndáil leis na dúshláin dhomhanda sin, ach luachanna Oideachais Saoránachta Domhanda a chothú, lena n-áirítear comhbhá, dlúthpháirtíocht, ionchuimsitheacht agus cumas gníomhúcháin foghlaimeoirí.

## Leathnaigh an cuspóir (lch 10)

Foclaíocht mholta:

Aithnítear go bhfuil cumas gníomhúcháin ag babaithe, naíonáin agus páistí óga, agus gur cheart iad a chumasú chun tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid rannpháirteachais sa domhan mór, agus ar a gcuid rannchuidithe leis, mar shaoránaigh dhomhanda

'Is é is cuspóir le h*Aistear*, tacú le foghlaim agus forbairt babaithe, naíonán agus páistí óga' (lch 10). Molaimid go gcuirfí isteach '*sa saol domhanda casta idircheangailte a bhíonn ag síorathrú*'.

## Aguisíní an Chreata

**Aguisín 1:** Tugann cur i láthair na samplaí san fhormáid reatha le fios gur 'pleananna ceachta' iad gach ceann acu. B'fhéidir gurb é an formáidiú is cúis leis sin nó b'fhéidir gurb amhlaidh atá sé toisc gurb é taifeadadh na foghlama an chéad sampla agus is dócha nach é sin a bhí beartaithe.

**Moladh:** Déantar tuilleadh machnaimh ar an gcaoi a gcuirtear na samplaí aonair sin i láthair chun an fhoghlaim bheartaithe a léiriú ar an mbealach is fearr do chleachtóirí.

Baineann **Aguisín 2** níos mó le foghlaim ghairmiúil i ndáil le hoideolaíocht mhall chaidreamhach

**Moladh:** Cuimhnigh ar é a chur i láthair mar *threoir do chleachtóirí maidir le hoideolaíocht mhall chaidreamhach* in ionad sampla

## Taifeadadh, pleanáil agus measúnú

Faichilleach maidir leis na ceapa tuisle a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an teachtaireacht a thuiscint mar tháirge in ionad próisis. An riosca go gceapfadh cleachtóirí gurb é an 'leabhar gearrthóg' an chuid is luachmhaire. Tábhachtach agus dúshlánach chun an chothromaíocht a bhaint amach sa réimse sin chun a chinntiú go mbíonn an measúnú fiúntach agus machnamhach, in ionad é a bheith ina ní comhlíontachta amháin.

## Grafaicí sa Chreat

Ar lch 8, Fíor 1, cuirtear i láthair struchtúr Dhréachtchreat *Aistear*. Is anseo atá an teideal/creat uileghabhálach, a bhfuil Téamaí agus Prionsabail mar bhonn faoi. Toisc go leagann an fíor sin an struchtúr amach, in ionad inneachar *Aistear*, molaimid sa spás lárnach 'Íomhá den Bhabaí, den Naíonán agus den Pháiste Óg' a chur in ionad 'Foghlaimeoirí gníomhaíocha, inniúla agus muiníneacha'. Sin é a mheasaimid a bheith i gceist le gné struchtúrach an tsuímh sin.

Más é is cuspóir don chreat aghaidh a thabhairt ar chearta páiste ar bhealach iomlánaíoch, mholfaimis 'babaithe, naíonáin agus páistí óga' a chur san íomhá sa lár (féach Fíor 2, lch 11) in ionad 'foghlaimeoirí gníomhaíocha, inniúla agus muiníneacha' toisc go dtugtar le fios leis sin gur foghlaimeoirí amháin iad páistí agus nach cruthaitheoirí ná príomhphearsana iad i ndáil lena ndul chun cinn féin.

## Comhroinnt eolais

**Moladh:** Tabhair aird ar chomhroinnt eolais idir COLÓ agus an bhunscoil mar mholadh foirmiúil – amhail an t-aistriú chuig an meánscoil.

## Gluais

Leathnaigh an sainmhíniú ar shaoránach domhanda sa ghluais chun béim láidir ar cheartas domhanda a chur san áireamh, chomh maith leis an ngá chun córais dhomhanda éagothroma ó nádúr a aithint agus béim ar scileanna smaointeoireachta criticiúla, comhbhá, dlúthpháirtíocht agus comhghníomhaíocht.

**Foclaíocht mholta:** *Bíonn feasacht agus tuiscint ag an saoránach domhanda ar an domhan i gcoitinne – agus déantar machnamh criticiúil ar a áit ann. Is saoránach ar domhan gach babaí, naíonán agus páiste óg. Bíonn ról gníomhach acu ina bpobal áitiúil agus bíonn siad rannpháirteach i dtionscnaimh ceartais náisiúnta agus dhomhanda chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas córasach. Bíonn comhbhá acu agus oibríonn siad i ndlúthpháirtíocht le daoine eile lenár ndomhan a dhéanamh níos suaimhní, níos inbhuanaithe agus níos cothroime.*

- Pointe 2. Cuir an fhoclaíocht seo isteach: Tá sé de cheart agam go gcosnófaí ar chlaonadh nó ar chlaontacht nó ar leithcheal nó ar dhochar mé agus go mbeadh a fhios agam go gcabhróidh tú go gníomhach liom nuair a bhíonn cúnamh ag teastáil uaim.
- Smaoinigh ar an bhfoclaíocht a athrú ionas go mbeidh sé níos follasaí i ndáil le cineálacha dochair; mar shampla, an ceart a bheith cosanta ar thuairimí éagothroma nó cúrsaí éagothroma
- Pointe 3. Moltar an fhoclaíocht nua seo a leanas: Cuir deiseanna bríocha ar fáil dom le go bhféadfaidh mé comhbhá a léiriú agus maireachtáil ar bhonn inbhuanaithe
- Pointe 4. D'fhéadfaí a thuiscint ón bhfoclaíocht gur 'iadsan' in aghaidh 'muidne' atá i gceist, ach ba cheart ráiteas uilechuimsitheach a bheith i gceist ansin. Fág amach an focal freisin

## ETIM

Cuir chuige oideolaíochta lena gcur san áireamh sa chreat nó sa treoir le haghaidh cleachtais

- Smaointeoireacht na bpáistí a cheistiú ach úsáid a bhaint as múscailtí
- Cleachtais spreagtha amhail ceisteanna, tuar agus hipitéis a thabhairt de réir mar dhéanann páistí iarracht an timpeallacht thart timpeall orthu a 'dhéanamh amach'
- Teipeanna a úsáid mar dheis le haghaidh foghlaim agus tuiscint atá níos leithne – cad
- atá ar eolas againn anois? (Réiteach fadhbanna)
- Smaointeoireacht chruthaitheach a spreagadh – smaoineamh faoi fhéidearthachtaí, a bheith solúbtha agus spraíúil
- agus smaoineamh ar naisc/comhcheangail nua.
- Ceisteanna oscailte; Cuir i gcás…? Ceapann tusa mar sin…?
- Conas atá na rudaí seo cosúil lena chéile…? Cad a cheapann tú a tharlódh dá…? Meas tú gurb é seo an t-aon bhealach amháin…? An féidir leat a insint dom conas…?
- Tábhacht ceisteanna oscailte, smaoineamh os ard, ceisteanna 'Ní fheadar?'
- múscailtí, comhsmaointeoireacht leanúnach, réasún, comhrá mata.
- Tá gá le samplaí nithiúla de mhúscailtí STEAM sna treoirlínte chomh maith le samplaí de cheisteanna cuí chun smaointeoireacht na bpáistí a leathnú agus chun tacú léi.

## Aguisín 4: Aiseolas maidir le Prionsabail na Luathfhoghlama agus na Luathfhorbartha:

| Prionsabal | Réimse Imní | Moladh |
|---|---|---|
| Saoránach Gníomhaíoch Domhanda<br><br>Ar son an phrionsabail sin, neartú na comhthuisceana ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga mar dhaoine neamhspleácha, baill luachmhara a bpobail agus na sochaí leithne, lena bhforbraítear an coincheap cumas gníomhúcháin, guth agus tionchar. Tá na smaointe sin ag teacht leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus OFI | Faoin bprionsabal sin, tugtar liosta de sheacht ngné atá ábhartha chun bonn eolais a chur faoi rannpháirtíocht.<br><br>Tá naoi bhforas leithcheala ann a chumhdaítear sna hAchtanna um Stádas Comhionann (2000-2018), agus tá sé cinn acu ar an liosta seo. Fágtar roinnt forais reachtaithe ar lár (.i. míchumas) agus áirítear forais eile anseo (.i. cruinneshamhail). | Athbhreithnigh an liosta agus soiléirigh conas a díorthaíodh an liosta sin |
| | Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an prionsabal sin sách leathan i gcomhthéacs páistí an-óg. | Smaoinigh ar é a athcheapadh mar 'Saoránach Gníomhaíoch Áitiúil agus Domhanda' |
| | Bheadh sé ina chabhair dá luafaí go sonrach faoin bprionsabal sin réimsí téamacha CNACL: cearta marthana; cearta forbartha; cearta cosanta; agus cearta rannpháirtíochta agus an dóigh ar féidir leis an Oideoir Gníomhaíoch na cearta sin a chur i ngníomh don bhabaí/naíonán chun tacú le babaithe agus naíonáin mar Shaoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda | Bíodh fréamhacha an chreata i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh chun cleachtóirí a stiúradh maidir leis an mbealach is fearr chun tacú le babaithe, naíonáin agus páistí óga a bheith ina saoránaigh ghníomhaíocha dhomhanda |

| | | |
|---|---|---|
| | Déanann an prionsabal tagairt do 'barúlacha, roghanna agus riachtanas'. D'fhéadfaí naisc níos follasaí a dhéanamh le Curaclam Teanga na Bunscoile a úsáideann an téarma 'Iarratais agus Ceisteanna'. | Cuir 'roghnachas' agus 'iarratais' sa téacs a ghabhann leis an bprionsabal seo chun teacht le tuairisceoir an toraidh foghlama sa tsraith teanga ó bhéal de Churaclam Teanga na Bunscoile |
| | | Aithin go gcuimsítear le 'cultúr' saol digiteach na bpáistí/a bheith ag maireachtáil i saol digiteach. Nuair a aithnítear saol digiteach na bpáistí sa phrionsabal seo cruthaítear an deis d'oideoirí chun stóir dhigiteacha eolais a fhorbairt, na cinn a thugann na páistí leo ón saol atá acu sa bhaile chuig an suíomh mar a léirítear sa phrionsabal **Oideoirí Gníomhaíocha**, **Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch** |
| | | Tabhair samplaí maidir leis an gcuma a bheidh ar na prionsabail sin sa chleachtas chun cuidiú le hoideoirí |
| Guth an Pháiste | Tá tionchar ag na pointí urchair faoi chló iodálach atá scríofa i nguth an pháiste agus neartaítear teachtaireacht an pháiste mar dhuine gníomhaíoch | Cuir isteach abairt ghearr roimh na pointí urchair sin, m.sh., 'Tá léiriú an phrionsabail seo i nguth an bhabaí, an naíonáin, an pháiste óig' nó lipéadaigh iad mar thorthaí foghlama nó cuspóirí foghlama ionas gur féidir leis na cleachtóirí tagairt a dhéanamh do na tuairisceoirí sin ina gcuid pleanála agus a gcuid tuairiscithe |
| | Is saoránach gníomhaíoch mé agus úsáidimse mo 'ghuth' lena léiriú duitse na nithe atá tábhachtach dom (lch 12)<br>Tugtar cumarsáid bhriathartha le fios le 'guth'. Ní hé sin an t-aon bhealach a gcuireann páistí a dtuairimí in iúl | Cuir isteach tagairt do 100 teanga na bpáistí |

| | | |
|---|---|---|
| | Cuir deiseanna bríocha ar fáil dom le go bhféadfaidh mé maireachtáil ar bhonn inbhuanaithe (lch 12) | Leathnaigh é chun an méid seo a leanas a chur san áireamh: Cuir deiseanna bríocha ar fáil dom le go bhféadfaidh mé *meas a léiriú ar an gcomhshaol agus foghlaim conas* maireachtáil ar bhonn inbhuanaithe |
| | Is saoránach gníomhaíoch mé agus úsáidimse mo 'ghuth' lena léiriú duitse na nithe atá tábhachtach dom (lch 12). | Athraigh é chun an méid seo a leanas a chur isteach: 'Is saoránach domhanda neamhspleách mé agus úsáidimse mo 'ghuth' lena léiriú na nithe atá tábhachtach dom'.<br><br>Moladh chun tuilleadh mínithe a thabhairt ar 'guth' chun fuaimeanna nó gothaí neamhbhriathartha, agus gluaiseachtaí nó gothaí cruthaitheacha, digiteacha, fisiciúla a áireamh. |
| | Léirítear meas agus déantar ceiliúradh ar ilchineálacht an teaghlaigh, an bhaile agus an phobail agus, san am céanna, déantar ár gcuid comhchosúlachtaí agus nascachta a thabhairt faoi deara agus a mhóradh' (lch 12). | Molaimid 'nascacht lenár bpobail áitiúla, náisiúnta agus domhanda. |
| | 'Cabhraigh liom an dóigh le héagóir a aithint, le cur ina héadan agus leis an bhfód a sheasamh dom féin agus do dhaoine eile' (lch 12) | D'fhéadfaí an deis a thapú anseo chun aird a tharraingt ar na héagóracha agus an neamhionannas atá sa tsochaí agus ar an domhan mór. |
| Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí<br><br>Forbraítear na prionsabail sa chéad dréacht de *Aistear*, lena neartaítear an tuiscint | | Leathnaigh an tuairisceoir chun an caidreamh idir an babaí, an naíonán, an páiste óg agus an domhan nádúrtha a áireamh, chun a léiriú go dtuigeann *Aistear* go bhfuil muidne, mar dhaoine daonna, mar chuid den domhan |

| | | |
|---|---|---|
| chaidreamhach ar Oideachas agus Cúram Luath-Óige…ar son an fhrása 'domhain shóisialta' mar gabhann sé an tuiscint gur ceann den iliomad comhthéacsanna ina mbíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga iad suíomhanna luathbhlianta | | nádúrtha agus go bhfuilimid nasctha leis, in ionad a bheith difriúil leis.<br><br>Leathnaigh an tuairisceoir chun gnéithe de na Treoirlínte don Dea-Chleachtas a áireamh sa chuid 'Ag Tacú leis an Inbhuanaitheacht' agus d'fhéadfadh sé sin an fhiosracht dhúchasach agus an grá dúchasach a bhíonn ag páistí óga sa domhan nádúrtha a neartú |
| | | Cuir naisc ann le samplaí lena gcuirtear in iúl céard is oideolaíocht mhall chaidreamhach ann |
| Aithnítear tábhacht na gcaidreamh agus na gceangal láidir luath – cuirtear béim ar luach na hoideolaíochta moille caidreamhaí ansin. | | Tabhair cur síos ar an téarma oideolaíocht toisc go bhféadfaí nach mbeadh cur amach ag roinnt oideoirí air. |
| | Tá an bunriachtanas atá ag babaithe, naíonáin agus páistí óga, mar atá, a bheith i gcomhluadar daoine eile, neadaithe i gceangail chomhbhácha agus cleachtas oideolaíoch mar a ndéantar caidrimh agus idirghníomhaíochtaí ceanúla freagrúla a chothú leis na príomhdhaoine ina saolta. Déantar cairdeas luath le babaithe, naíonáin agus páistí óga eile a thabhairt faoi deara agus a cheiliúradh (lch 13) | Athraigh sin go dtí an méid seo a leanas: Tá an bunriachtanas atá ag babaithe, naíonáin agus páistí óga a bheith i gcomhluadar daoine eile, neadaithe i gceangail chomhbhácha agus cleachtas oideolaíoch caidreamhach mar a ndéantar caidrimh agus idirghníomhaíochtaí ceanúla freagrúla a chothú leis na príomhdhaoine ina saolta. Déantar cairdeas luath le babaithe, naíonáin agus páistí óga eile a thabhairt faoi deara, a chothú agus a cheiliúradh. |
| | | Athraigh an fhoclaíocht ar lch 12 |

| | | |
|---|---|---|
| | | Tá sé de cheart ag gach uile bhabaí, naíonán agus páiste óg teacht a bheith aige nó aici ar eispéiris bhríocha agus a bheith rannpháirteach iontu go sábháilte d'fhonn a (h)acmhainneacht a réadú mar dhuine uathúil as nó aisti féin.<br><br>Déan mo chuid inniúlachtaí, féiniúlachtaí, riachtanas agus acmhainneachta a aithint agus léirigh meas ar an gceart chun muintearais atá agam. Cuir tacaí i bhfeidhm le go gcuirfear ar mo chumas mothú go bhfuil mé sábháilte agus a bheith páirteach agus rannpháirteach ar bhealach bríoch.<br><br>Is iad mo theaghlach, mo chultúr agus mo theanga(cha) d(h)úchais agus m'eitneacht na rudaí a fhágann gur mise Mé Féin! Aithin an duine atá ionam agus léirigh meas orm. Déan mé a cheiliúradh agus léirigh meas ormsa, ar mo theaghlach agus ar mo phobal. |
| | | Pointe 2, lch 13, cuir an fhoclaíocht nua seo a leanas isteach:<br><br>Tá ceangail láidre dhaingne bunriachtanach, ceangail leis na daoine tábhachtacha i mo shaol a thógann am le haithne a chur orm agus le bheith i mo chuideachta. Is féidir tacú leis na ceangail sin ach caidreamh iontaobhach, tacúil |

| | | |
|---|---|---|
| | | agus measúil a fhorbairt leis na daoine is tábhachtaí domsa, mo theaghlach agus cúramóirí eile san áireamh. |
| | D'fhéadfadh an moladh aird a tharraingt ar ról an duine fhásta sna hidirghníomhaíochtaí ar fud réimsí uile *Aistear* agus d'fhéadfaí níos mó béime a chur ar cháilíocht na n-idirghníomhaíochtaí. D'fhéadfaí é a chur in oiriúint freisin chun idirghníomhaíochtaí do pháistí atá néara-éagsúil a chur san áireamh. | Úsáid an téarma 'riachtanais bhreise' in ionad 'míchumas' toisc go nach bhfuil an cur chuige i suíomhanna faoi stiúir diagnóise – bíonn riachtanais bhreise ag go leor páistí, m.sh. tráma, riachtanais shóisialta agus riachtanais mhothúchánacha nach gcumhdaítear faoi 'míchumas' |
| Guth an Pháiste | Bainimse tairbhe as am agus spás le bheith i gcomhluadar daoine eile – gaolta, cairde, piaraí agus oideoirí mar aon le haithne a chur ar dhaoine eile i mo phobal áitiúil (lch 13) | Athraigh sin go dtí an méid seo a leanas: *Teastaíonn* am agus spás *uaim*… |
| | Tacaíonn tú liom chun mo chuid mothúchán a chomhrialú agus a fhéinrialú agus cabhraíonn liom foghlaim faoin gcaoi le bheith i gcuideachta daoine eile, le coimhlintí a ionramháil agus le fadhbanna a réiteach (lch 13) | Athraigh sin go dtí an méid seo a leanas: *Cuidigh* liom mo chuid mothúchán a chomhrialú… |
| | Bainimse tairbhe as am agus spás le bheith i gcomhluadar daoine eile – gaolta, cairde, piaraí agus oideoirí mar aon le haithne a chur ar dhaoine eile i mo phobal áitiúil (lch 13) | Moltar 'bainimse tairbhe as am agus spás liom féin, le daoine eile agus sa timpeallacht nádúrtha'.<br><br>D'fhéadfaí caidrimh níos leithne leis an domhan mór agus leis an bpobal domhanda a chur isteach ansin freisin. |
| | Ba mhaith liom cultúr mo mhuintire agus na nithe a cheiliúraimid a roinnt leatsa agus le mo chairde (lch 13). | Cuir isteach na focail 'chun aitheantas a thabhairt dár gceangail, agus dár gcosúlachtaí, chomh maith le saibhreas na ndifríochtaí eadrainn' |

| | | |
|---|---|---|
| Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú | Tá athrú teanga ann ó 'comhionannas' go 'cothromas' | Sonraigh an t-idirdhealú idir an dá fhocal sin ionas gur féidir le hoideoirí an tionchar a bhíonn ag cothromas a thuiscint |
| | Tá sé tábhachtach díriú ar choincheap an chothromais; an líne "Baineann an ilchineálacht, an cothromas agus an t-ionchuimsiú le sochaí chothrom a chruthú mar a ndéanfaí bacainní a shainaithint, go rachfaí i ngleic leo faoi thimpeallachtaí cumhachtaithe ionchuimsitheacha." | Soláthraítear bunráiteas fiúntach sna moltaí ach chuirfeadh tuilleadh eolais, maidir le samplaí sonracha lenar féidir é sin a dhéanamh, le fiúntas na físe sin |
| | Úsáideann an stát comhionannas deise fós lena léirítear beartas i ndáil le rochtain, rannpháirtíocht agus torthaí<br><br>Conas a rachfar i bhfeidhm ar úsáid na Cairte Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsithe a foilsíodh in 2016 mura n-úsáidtear an téarma 'comhionannas'? Is acmhainn iontach í d'oibrithe tacaíochta, Comhordaitheoirí Ionchuimsithe agus Oideoirí araon? | Coinnigh an téarma comhionannas<br><br>Déan idirdhealú níos soiléire idir comhionannas agus cothromas i dtaifeadadh *Aistear*, chun tacú le tuiscint i ndáil lena chuspóir agus lena thionchar agus chun treoirlínte atá ann cheana a thaispeáint m.sh. an Chairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe (2016) |
| | Tá na heispéiris óige a bhíonn ag babaithe, naíonáin agus páistí óga in Éirinn sa lá atá inniu ann éagsúil i réimsí difriúla | Déan machnamh ar na héagsúlachtaí sin sa cháipéis |
| | D'fhéadfaí a thuiscint ón gcáipéis in amanna gur páiste faoi leith i gceist, ag a bhfuil óige faoi leith… | Ba cheart ilchineálacht, cothromas agus ionchuimsiú a bheith ar fud an chreata, lena n-áirítear tríd an tacar prionsabal. |
| | Léirítear an tAcht um Stádas Comhionann 2000-2018 sa chuid ina bhfuil an achoimre, chomh maith leis na ngnéithe ar fad seachas 'míchumas' | Pléigh an friotal sin chun go bhféadfaí an ghné sin a chur san áireamh. |
| | Tá sé de cheart ag gach uile bhabaí, naíonán agus páiste óg teacht a bheith aige nó aici ar eispéiris bhríocha agus a bheith | Athraigh sin go dtí an méid seo a leanas: chun cabhrú leis nó léi a (h)acmhainneacht a bhaint amach mar dhuine uathúil as nó aisti féin |

| | | |
|---|---|---|
| | rannpháirteach iontu d'fhonn a (h)acmhainneacht a réadú mar dhuine uathúil as nó aisti féin (lch 12) | |
| | Bíonn an rannpháirtíocht bhríoch bunaithe ar fheasacht ar aois, inscne, stádas teaghlaigh, eitneacht, reiligiún, dearcadh saoil agus ballraíocht de phobal an Lucht Siúil (lch 12) | Cuir isteach míchumas anseo chun coincheap an ionchuimsithe a chuimsiú ina iomláine |
| Guth an Pháiste | Déan gach dá mbainimse amach a aithint agus a cheiliúradh, ag gach aois agus ag gach céim forbartha (lch 12) | Tabhair droim láimhe d'aoiseanna agus do chéimeanna |
| Oideoirí Gníomhaíocha<br><br>Fágann ionchuimsiú an phrionsabail seo go bhfuil luach agus seasamh ag baint leis an ról tábhachtach atá ag oideoirí | | Cuir béim ar an oideoir i dtéarmaí an róil luachmhair atá acu go bhféadfaí Oideoirí a spreagadh le mothú go bhfuil cumas acu nuair a léifidís é. |
| | Aithin agus tacaigh leis an oideoir mar: inniúil, muiníneach, gníomhaíoch agus machnamhach. Ní chuirtear in iúl leis sin ról toiliúil an duine fhásta agus an súgradh á threorú, timpeallachtaí foghlama á ndearadh agus curaclaim á bpleanáil | Tá treoraíocht an duine fhásta (mar shampla chun tacú le ZPD, comhsmaointeoireacht leanúnach) fíorthábhachtach i ndáil le hábhair ETIM agus meiteachognaíocht páistí |
| | Sa chleachtas, cuireann an t-oideoir prionsabail an churaclaim san áireamh d'aon ghnó do pháistí óga, amhail cothromaíocht agus comhtháthú réimsí gníomhacha agus éighníomhacha na gcuraclam; curaclaim faoi stiúir an pháiste agus faoi stiúir an mhúinteora, comhtháthú scíthe agus tráthúlachta, gníomhaíochtaí struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha | Déan ról gníomhaíoch an oideora follasach d'aon ghnó<br><br>Leag béim ar an bhfíoras gur gairmithe gníomhaíocha iad oideoirí Oideachais agus Cúraim Luath-Óige agus nach 'in loco parentis' atá i gceist<br><br>Déan idirdhealú soiléir idir ról gairmiúil an oideora agus ról na dtuismitheoirí. |
| | | Cuir 'riachtanais' isteach in éineacht le hinniúlachtaí, spéiseanna, féiniúlachtaí agus |

| | | |
|---|---|---|
| | | eispéiris faoi oideoirí gníomhaíocha, pointe urchair 2 |
| | An bhfuil roinnt focal ar iarraidh ón tríú pointe urchair/abairt: 'Tá mé muiníneach go n-aimseoidh tú acmhainní oiriúnacha agus go gcabhróidh tú liom rochtain a fháil ar thacaíocht agus ar sheirbhísí gairmiúla nuair a bhíonn siad ag teastáil uaim'. | Cuir isteach na focail 'chun tacú le mo chuid foghlama agus forbartha' isteach tar éis acmhainní cuí chun an pointe sin i ndáil le hOideoirí Gníomhaíocha a neartú/a dhéanamh níos soiléire |
| | | Pointe 3. Athbhreithnigh an fhoclaíocht:<br>Tá mé muiníneach go n-aimseoidh tú acmhainní oiriúnacha, chun tacú le m'fhéiniúlacht, agus chun cabhrú liom… |
| | | Pointe 4. Athbhreithnigh an fhoclaíocht:<br><br>Cabhraíonn sé liom nuair a bhíonn tú meabhrach ar do chuid claontachtaí féin agus ar chlaontachtaí daoine eile agus go gcosnaíonn tú mé má bhítear do mo ghortú mar gheall ar stiogmatú, eisiamh nó má bhíonn leithcheal á imirt orm. |
| Guth an Pháiste | Foghlaimím níos mó agus níos fearr nuair a aithníonn tú agus nuair a fhorbraíonn tú mo chuid inniúlachtaí, spéiseanna, féiniúlachtaí agus eispéireas (lch 14) | Mínigh an méid ata i gceist le 'foghlaimím níos mó agus níos fearr' – d'fhéadfaí míbhrí a bhaint as (tá an baol ann go bhféadfaí cuma na scoile a bheadh air) |
| | Tá mé muiníneach go n-aimseoidh tú acmhainní oiriúnacha agus *go gcabhróidh tú liom* rochtain a fháil *ar thacaíocht agus ar sheirbhísí gairmiúla* nuair a bhíonn siad *ag teastáil uaim* (lch 14). | Cuir cuma nua air mar a leanas: Agus i gcomhpháirt le tuismitheoirí agus teaghlaigh, cabhróidh tú liom rochtain a fháil ar thacaíocht agus ar sheirbhísí gairmiúla nuair a bhíonn siad ag teastáil uaim |

| | | |
|---|---|---|
| Aistrithe<br><br>Déanann an prionsabal seo na nithe seo a leanas go deisbhéalach: Tugann sé achoimre ar na haistrithe a bhíonn ann le linn an lae do bhabaí, naíonán agus/nó páiste óg agus an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do gach páiste le linn aistrithe.<br><br>Leagann sé síos bunchloch don tuiscint go mbíonn aistrithe leanúnach agus gur próiseas atá i gceist<br><br>Cuireann sé béim ar thábhacht aistrithe agus gur gá iad a láimhseáil i gceart | Tá gá le tuiscint níos fearr ar ról an oideachais agus an chúraim luath-óige mar chéad chéim ríthábhachtach i gconair oideachais babaithe, naíonán agus páistí óga agus tuiscint gur gá d'oideoirí agus do shuíomhanna an bhearna san aistriú a dhruidim ar bhealach eolasach tacúil – | Foclaíocht mholta: …ar mhaithe le leas an bhabaí, an naíonáin agus an pháiste óig. Dá bhrí sin, tá sé bunriachtanach go dtugann oideoirí agus daoine eile a bhfuil cos istigh acu i saol na luath-óige, na bunscoile agus na scoileanna speisialta, agus a bhfuil eolas acu, eolas do theaghlaigh, go dtreoraíonn siad teaghlaigh agus go gcabhraíonn siad le teaghlaigh ar bhealach tacúil, chun cinntí cuí a dhéanamh, agus gníomhartha a dhéanamh, a bhaineann leis na haistrithe sin. Súgradh faoi stiúir an pháiste…<br><br>Cuir isteach: *Aithin gur féidir nach dtuigfeadh baill de mo theaghlach roinnt córas agus go gceapfaidís go bhfuil aistrithe deacair agus b'fhéidir go mbeadh tacaí breise ag teastáil uathu chun cabhrú liom aistriú* |
| | | Déan tagairt do thábhacht an ullmhúcháin d'aistrithe, ar cheart iad a dhéanamh i gcomhpháirt le teaghlaigh<br><br>Déan tagairt don bhealach le tacú le haistrithe agus an chaoi le tacú leis an bpáiste i ndáil leis na haistrithe, d'fhéadfaí straitéisí praiticiúla a chur san áireamh m.sh. Pictiúr de sceideal amhairc. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Ceartaigh an botún cló san abairt seo: 'Learn about me and know what I want and need (at the moment it reads as ned) to make my transitions as positive and effective as they can be'. [Baineann an botún cló leis an leagan Béarla amháin].<br>Ceartaigh an botún cló san fhonóta ag bun an leathanaigh leis an mbliain 2018, is é 20218 atá scríofa [sa leagan Béarla] |
| | I bhfianaise na tábhachta a tugadh d'Aistrithe toisc gur prionsabal é anois san *Aistear* nuashonraithe, bheadh sé tábhachtach go mbeadh feidhm ag *Aistear* fós maidir le gach páiste idir aois 0 agus aois 6 i ngach suíomh ionas gur féidir tacú le haistrithe idir luathbhlianta, scoileanna speisialta agus suíomhanna bunscoile sóisearaí ar bhealach éifeachtúil | |
| | Chun dul chun cinn san fhoghlaim agus forbairt a chinntiú mar aon le leanúnachas ó thaobh eispéireas de, bíonn caidrimh chomhsheasmhacha ag teastáil agus freagracht chomhroinnte idir teaghlaigh, feighlithe páistí, oideoirí, suíomhanna agus scoileanna, le leas an bhabaí, an naíonáin agus an pháiste óig (lch 14) | Déan dhá abairt as sin ionas nach ndéanfaí aon nasc/aon cheangal idir babaithe/naíonáin agus an scoil |
| Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla | | |
| Nuair a chuirtear an prionsabal seo san áireamh tugtar aitheantas do luach an tsúgartha san fhoghlaim luath-óige agus cuirtear béim air freisin | | Thacódh tuilleadh eolais maidir le 'súgradh' leis an léitheoir tuiscint a fháil ar á thábhachtaí atá sé agus tuiscint a fháil ar an gcaoi ar meán foghlama é an súgradh féin. |

| | | |
|---|---|---|
| | Stiúrann na pointí sa phrionsabal seo oideoirí chun an súgradh a shocrú, ach ní aithnítear an ról luachmhar a bhíonn ag oideoirí agus iad ina gcomhpháirtí súgartha, nó i stiúradh an tsúgartha chun tacú le fiosrú an pháiste nó i bhfreagairt na spéiseanna agus an fhiosrúcháin a thagann chun cinn. | Bí níos follasaí nuair a luaitear luach an tsúgartha stiúrtha agus tacaíocht a thabhairt do scileanna súgartha na bpáistí; teastaíonn straitéisí ó roinnt páistí chun rochtain a fháil ar an súgradh agus chun é a leathnú<br><br>Luaigh súgradh stiúrtha, .i. 'Ba mhaith liom a bheith ag súgradh ach bím ag iarraidh tacaíocht uaitse uaireanta…' nó 'Bainim tairbhe as deiseanna súgartha stiúrtha chun cabhrú liom a bheith ag taiscéalaíocht, mo shamhlaíocht a úsáid, mo chuid smaointeoireachta a leathnú, a bheith ag fiosrú agus a bheith ag súgradh le daoine eile; bainim tairbhe as múscailtí nó cuirí chun súgartha…' |
| | Cabhraíonn na heispéiris seo leo a gcuid mothúchán a rialú agus a chomhrialú, a bheith ag forbairt mar smaointeoirí agus mar úsáideoirí teanga, a bheith ag forbairt go sóisialta, a bheith sona cruthaitheach samhlaíoch, agus an dúshraith a leagan chun cabhrú leo forbairt ina gcumarsáidithe agus ina dtaiscéalaithe éifeachtacha (lch 15-16). Is gá aird a dhíriú ar úsáid an téarma 'úsáideoirí teanga' | Déan tagairt do chumarsáid bhreisitheach srl., anseo<br>Déan tagairt d'eispéiris foghlama ábhartha fhiúntacha<br>Déan tagairt do churaclam éiritheach ar bhonn fiosraithe |
| Timpeallachtaí Foghlama | Ba cheart na téarmaí súgradh, ag súgradh, fonn súgartha a bheith fite fuaite sa phrionsabal seo…mar aitheantas do chur chuige éiritheach faoi stiúir an pháiste, agus ní mór aitheantas do pháistí mar shealbhóirí ceart, rogha agus guth a bheith le feiceáil sa chuid seo | Leasaigh é mar a leanas: 'I gcomhairle agus i gcomhpháirt lena chéile, déanann babaithe, naíonáin, páistí óga agus oideoirí spásanna a bhfuil dea-chuma orthu, atá dúshlánach éagsúil ionchuimsitheach agus a thacaíonn le neamhspleáchas, a phleanáil agus a chruthú agus déanann siad measúnú orthu. Déanann siad… |

| | | |
|---|---|---|
| | | Cuid 3. *Tá sé de cheart agam léiriú de mo theaghlach mo phobal, mo chúlra agus mo chultúr a fheiceáil sna hacmhainní súgartha, sna hacmhainní ceoil, sna leabhair, sna híomhánna ar an mballa agus sna hábhair mharc-chruthaithe a chuirfí ar fáil. Tríd an timpeallacht foghlama, forbraím tuiscint orm féin agus ar dhaoine eile nó dearbhaíonn sé cúlraí ilchineálacha. Orthu seo, bheadh grúpaí éagsúla inscne, cultúrtha, teanga, eitneacha, cúlraí socheacnamaíocha agus cumais agus áirítear orthu ábhair a chuireann go gníomhach in éadan na steiréitíopaí* |
| | | Tabhair naisc le deiseanna le haghaidh FGL – nó – íomhánna ón gcleachtas chun tacú le léitheoirí tuiscint a fháil ar céard is spás dúshlánach ionchuimsitheach a bhfuil dea-chuma air ann |
| | Bíonn tionchar ag an timpeallacht, taobh istigh agus amuigh faoin aer, ar an mbealach agus ar an méid a mbíonn páistí ag foghlaim. I gcomhairle agus i gcomhpháirt lena chéile, déanann babaithe, naíonáin agus páistí óga spásanna a bhfuil dea-chuma orthu agus atá dúshlánach ionchuimsitheach a phleanáil agus a chruthú (lch 16). | Cuir béim anseo ar thimpeallacht a thugann tacaíocht mhothúchánach freisin, agus cuir gnéithe ama san áireamh |
| | Déanann siad a mhór, freisin, de na féidearthachtaí sa timpeallacht áitiúil. Bíonn béim ar spásanna agus acmhainní nádúrtha, ar thiomantas i leith na hinbhuanaitheachta agus ar shúgradh gníomhach eachtrúil (lch 16). | Tabhair sainmhíniú ar shúgradh eachtrúil, téarma ba cheart a chur san áireamh sa ghluais téarmaí freisin |
| | Tacaíonn na timpeallachtaí seo le rannpháirtíocht bhríoch babaithe, naíonán agus páistí óga, lena bhforbairt iomlánaíoch agus lena bhfoghlaim faoi áit (lch 16). Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an tagairt don fhoghlaim faoi áit as alt agus fánach – tá cuma 'an bhreiseáin' air | |

| | | |
|---|---|---|
| Guth an Pháiste | Taitníonn sé liom a bheith i spásanna inar féidir saoirse a bheith agam chun gluaiseacht ón limistéar taobh istigh go dtí an spás amuigh faoin aer. Téann sé chun sochair dom a bheith amuigh faoin aer faoin uile chineál aimsire! (lch 16) | Athraigh sin go dtí an méid seo a leanas: Taitníonn sé liom a bheith i spásanna inar féidir saoirse a bheith agam chun gluaiseacht ón limistéar taobh istigh go dtí an spás amuigh faoin aer, *a mhéid is féidir*. Tá an cáilitheoir sin bunriachtanach toisc, ag brath ar an suíomh, nach féidir i gcónaí, nó nach cuí i gcónaí, saoirse gluaiseachta gan srian idir bheith laistigh agus lasmuigh a bheith ag an bpáiste |
| Teaghlach agus Pobal<br><br>Tugtar an deis do léitheoirí tuiscint a fháil ar thábhacht caidreamh luath i saol an pháiste chomh maith lena thábhachtaí atá sé go mbeadh na caidrimh/líonraí sin nasctha lena chéile – dearcadh na Teoirice maidir le Córais Éiceolaíocha de bhrí go n-imríonn comhthéacsanna an pháiste tionchar ar a chéile | | Déan tagairt don fhíoras go meastar gur príomhoideoirí na bpáistí iad na tuismitheoirí. |
| | Tugtar le fios go bhfuil gach óige mar an gcéanna, go bhfuil an cumas ceanna ag gach teaghlach agus go mbíonn siad i saol a mbabaithe, a naíonáin agus a bpáistí óga chomh minic lena chéile. Cé go n-aithnímid an iarracht atá déanta chun bheith níos ionchuimsithí, agus táimid ar son an fhrása ‘na daoine is tábhachtaí i mo shaol’ mar fhrása níos ionchuimsithí agus níos oscailte | Déan tagairt do na dúshláin a bhíonn roimh roinnt teaghlach<br><br>Úsáid ‘teaghlach/teaghlaigh’ mar an gnáth-théarma |
| Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch | | Le cur isteach: |

| | | |
|---|---|---|
| Tugtar tuiscint ar uathúlacht gach babaí, naíonáin agus páiste óig | | Dar liom féin, is oideachas é an cúram (páistí) – teastaíonn codladh rialta agus gnáthaimh uaim chun m'inchinn agus m'fhuinneamh a fhorbairt. Táim ag forbairt tuiscint orm féin, mo scileanna agus nósanna san áireamh, agus táim ag foghlaim conas mo chorp a láimhseáil – d'fhéadfadh timpistí a bheith agam agus b'fhéidir go dtógfaidh sé roinnt ama orm chun féinrialú agus chun scileanna a fhorbairt<br>Teastaíonn aclaíocht uaim chomh maith le bia folláin cothaitheach chun mo chorp agus m'intinn a chothú |
| | | Cuir isteach eolas maidir lena bhfuil i gceist le 'measúnú' mar is minic a bhféadfadh fochialla foirmiúla nó fochialla bunaithe ar chúrsaí acadúla a bheith ag baint leis an téarma sin do léitheoirí<br>Smaoinigh ar an téarma 'breathnóireacht leanúnach' a úsáid in ionad 'measúnú leanúnach' |

## Aguisín 5: Aiseolas a bhaineann le Téamaí *Aistear*

<table>
<tr><td colspan="2">Folláine<br><br>Téama an-chuimsitheach. Tá sé físeach ach comhlánaíonn sé curaclam na bunscoile le fianaise ar théamaí traschuraclaim. Léiríonn sé tábhacht na nasc idir an baile agus an scoil agus aithnítear tábhacht an bhaile. Aithnítear freisin tábhacht na foghlama amuigh faoin aer. Is mór againn go bhfuil sé iomlánaíoch i ndáil leis an gcur chuige atá aige i ndáil le folláine</td></tr>
<tr><td colspan="2">Leathnaigh an tuairisceoir chun a aithint go follasach go bhfeabhsaítear ár gcuid sláinte agus folláine nuair a bhímid nasctha le chéile agus leis an dúlra, go bhfuil an cine daonna nasctha leis an dúlra agus go bhfuilimid idirspleách ar an gcuid eile den domhan nádúrtha.<br>Luaigh go bhfuil nasc díreach idir sláinte an chomhshaoil agus meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil an duine, agus gur cuid bhunriachtanach de shláinte agus d’fholláine an duine is ea naisc shóisialta agus brí fhiúntach a eascraíonn as comhshaothar.<br>Cuir isteach tagairt do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (go háirithe Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 3, Sláinte Mhaith agus Folláine).</td></tr>
<tr><td>Fadhb</td><td>Moltaí</td></tr>
<tr><td>Déan athrú ar an bhfriotal chun ceangail láidre a dhéanamh in ionad caidrimh láidre a fhorbairt. Argóint: Nuair a chailltear ‘i gcomhpháirt le daoine fásta’ fágann sé sin gur gá don oideoir tacú le frásaí áirithe, m.sh. ba cheart don oideoir tacú le páistí chun riosca a bhainistiú.</td><td>Tabhair aghaidh air sin laistigh den téama toisc gur gá tacú le páistí chun rioscaí a mheas agus dul san fhiontar.</td></tr>
<tr><td>Tá i bhfad níos mó i gceist le folláine do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga ná a bheith ag ithe ‘go sláintiúil’ agus ba cheart féachaint go gníomhach leis an gcoincheap a bhaineann le caidreamh maith le bia a chruthú a chur in iúl Is féidir é sin a dhéanamh leis an bhfoghlaim amuigh faoin aer agus leis an súgradh a bhaineann le bia a chur agus a fhás, ag cur lena n-eispéiris fhisiciúla amuigh faoin aer agus iad a fheabhsú agus an coincheap a bhaineann leis an bhfoghlaim amuigh faoin aer a chur leis (in ionad a chur in iúl go ndéantar súgradh amuigh faoin aer agus go ndéantar foghlaim taobh istigh).</td><td>Ba cheart, go hidéalach, bia, agus an caidreamh dearfach is féidir a fhorbairt leis ag an gcéim forbartha ríthábhachtach seo, a lua go follasach sa réamhrá agus in aidhmeanna an téama seo.</td></tr>
<tr><td>Luadh ábhair imní maidir le fad agus soiléireacht na spriocanna nua. – Is fearr ‘gníomhach’ ná ‘aclaí’.</td><td></td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| Cuireadh béim ar dhúshláin i ndáil le téarmaí amhail ‘déantóir céille’ agus úsáid na Gaeilge ó am go ham | |
| Ceistítear an gá an téarma ‘nósanna’. | |
| Ceistítear a ábhartha atá sé tagairt a dhéanamh do theicneolaíocht dhigiteach faoi Aidhm 2, Sprioc Foghlama 1 | |
| Moltaí do leagan amach téacs níos fearr, uimhriú na spriocanna foghlama agus béim neamhspleách ar mhothúcháin forbartha na bpáistí | |
| Éilítear tuilleadh samplaí, go háirithe do naíonáin agus páistí óga. | |
| Aidhm 1 | Scar aistrithe agus mothúcháin óna chéile in Aidhm 1 agus tarraing aird níos soiléire ar oideoirí gníomhaíocha |
| Aidhm 2 | Coinnigh an friotal ó cháipéis bhunaidh *Aistear* agus tabhair cur síos níos mionsonraithe |
| Aidhm 3 | Ceistigh an gá an téarma ‘nósanna’<br><br>Lipéadaigh folláine mhothúchánach |
| | Lipéadaigh folláine mhothúchánach go follasach in Aidhm 3 agus stíl teanga níos inrochtana d’Aidhm 4. – Cuir béim ar fhócas leathan na n-aidhmeanna, lena gcumhdaítear caidrimh, féinfheasacht, folláine fhisiciúil, spiorad an phobail agus saoránacht dhomhanda. – Ba mhaith iad gníomhaíochtaí foghlama samplacha chun an teanga leathan a úsáidtear sa cháipéis a chomhlánú |
| Aidhm 4 | Úsáid stíl teanga atá níos inrochtana |
| Tugtar le fios leis an téarma ‘roghanna sláintiúla’ a úsáidtear anseo go bhfuil cosaint ag teastáil ó pháistí ar dhochar i ndáil le gléasanna digiteacha. Is é seo an chéad uair a luaitear úsáid na teicneolaíochta sa cháipéis agus tugtar contúirt in iúl leis láithreach. Cé go bhfuil imní faoi | Cuir isteach nóta machnaimh dearfach maidir leis an gcaoi ar féidir leis an teicneolaíocht tacú leis an bhfoghlaim agus leis an iniúchadh chun peirspictíocht níos tomhaiste agus níos réalaíche a chur ar fáil. Ba cheart an coincheap ‘súgradh iardhigiteach’ (féach Marsh et al 2019), ina |

| | |
|---|---|
| na tréimhsí a chaitear ag breathnú ar scáileáin bailí, is dúchasaigh dhigiteacha iad na páistí óga atá ag fás aníos in Éirinn. Táimid ar aon intinn gurb é freagracht an oideora é tacú leis an úsáid shábháilte theoranta a bhaineann páistí as na hábhair sin. Mar sin féin, is féidir leis an teicneolaíocht tacú le spéiseanna agus stóir eolais na bpáistí, agus iad a chothú, ar bhealaí láithreacha fiúntacha. | n-úsáideann páistí ábhair thraidisiúnta agus ábhair dhigiteacha i dteannta a chéile, ag dul siar agus aniar gan stró idir an dá chineál ábhair sin, a admháil. Tá sé sin mar chuid de shúgradh na bpáistí agus ba cheart é a léiriú i suíomhanna luath-óige agus inár gcreatchuraclam |
| | Leathnaigh an tuairisceoir chun a aithint go follasach go bhfeabhsaítear ár gcuid sláinte agus folláine nuair a bhímid nasctha le chéile agus leis an dúlra, go bhfuil an cine daonna nasctha leis an dúlra agus go bhfuilimid idirspleách ar an gcuid eile den domhan nádúrtha. |
| | Luaigh go bhfuil nasc díreach idir sláinte an chomhshaoil agus meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil an duine, agus gur cuid bhunriachtanach de shláinte agus d'fholláine an duine is ea naisc shóisialta agus brí fhiúntach a eascraíonn as comhshaothar. |
| Measaimid gur cheart deiseanna, chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a neadú trí chleachtais OFI, teanga agus leideanna, a thapú i dtéama na Folláine. Ba cheart dúinn glacadh leis go mairfidh an *Aistear* nuashonraithe os cionn deich mbliana freisin | Ba cheart OFI a bheith ar fud na cáipéise, lena n-áirítear sa téama seo agus sna hAidhmeanna a leanann.<br><br>Cuir isteach tagairt do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (go háirithe Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 3, Sláinte Mhaith agus Folláine), a bhfuil an cumas aige a bheith ag teacht agus ag nascadh leis an mbeartas náisiúnta is leithne maidir leis an gcur chuige 'uile-rialtais' i leith chur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, chomh maith le cuspóirí na Straitéise Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe - OFI go dtí 2030 (An Roinn Oideachais, 2022). |
| | Tabhair eiseamláirí agus cuntais dea-chleachtais lena léirítear oideolaíocht mhall chaidreamhach sa chleachtas chun tacú le hoideoirí |
| | Déan tagairt fhollasach don mheabhairshláinte agus/nó folláine mheabhrach nuair a dhéantar machnamh ar an bhfrása 'd'fhéadfadh dúshláin agus streachailt a bheith sa saol freisin' |

| | |
|---|---|
| | Tarraing aird fhollasach ar an gá le tacú le páistí agus iad ag déanamh caidrimh dhlútha agus ag aithint agus ag léiriú mothúchán. |
| D'fhéadfadh go leor dúshlán a bheith ag baint le haistrithe i gcás roinnt páistí, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu. | D'fhéadfaí cuimhneamh ar thagairt fhollasach a dhéanamh do na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le folláine le linn aistrithe. |
| Aidhm 3: Tá úsáid an fhocail 'ceiliúradh' achrannach. | Úsáid meas nó luach de rogha air sin. |
| | Aidhm 4: Bheadh sé go maith i bPointe 1 tagairt fhollasach a dhéanamh do pháistí agus iad 'ag déanamh' roghanna maidir lena gcuid foghlama, ní hamháin 'ag léiriú' roghanna, freisin |
| Níl cur i láthair na n-aidhmeanna comhsheasmhach. Áirítear in Aidhm 2 an cáilitheoir 'agus is féidir', ach níl sé sin sna trí aidhm eile. D'fhéadfaí a áitiú go ndéantar talamh slán d'eispéiris agus cumas an fhoghlaimeora óig, le cur i láthair na dtéamaí. D'fhéadfaí a mheas ón bhfréamh abairte 'trí chaidrimh chothaitheacha laistigh de thimpeallacht thacúil' go nglactar leis go dtagann na páistí ó bhaile dearfach agus go bhfuil meon dearfach ag na tuismitheoirí, arb é sin an cás is fearr ach ní mar sin a bhíonn sé i gcónaí. | |
| Tá nasc ródhlúth ag an bhfocal 'spiorad' leis an reiligiún agus leis an eaglais. | Bain an focal 'spioradálta' toisc go n-eisiatar leis iad siúd ar aindiachaithe iad nach bhfuil creideamh spioradálta acu.<br><br>Déan tagairt d'fholláine, ionadh, aireachas, srl., ina ionad sin. |
| Bheadh sé go maith cuid den fhriotal a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga, agus ar an téama foriomlán 'Folláine' a leasú ag pointí áirithe. Tuigimid gur fís don pháiste é *Aistear*, fís atá bunaithe ar bhuanna; ach déantar talamh slán de roinnt rudaí. Mar shampla: 'Léiríonn siad urraim freisin…'. Measaimidne GUR FÉIDIR le babaithe, naíonáin agus páistí óga urraim a léiriú ach nár cheart talamh slán a dhéanamh de sin. | Smaoinigh ar an méid seo a leanas: 'Is féidir leo urraim a léiriú freisin dóibh féin, do dhaoine eile agus dá dtimpeallacht, go háirithe nuair a thaispeántar gníomhartha measúla dóibh'. |

| | |
|---|---|
| Is gá aird a dhíriú ar an téarma 'cumas gníomhúcháin' agus 'gníomhaíoch' freisin. Mar shampla, 'Tá sé de cheart acu a bheith gníomhaíoch…' Mhaífimis GO BHFUIL siad gníomhaíoch; smaoinigh ar an bhfoclaíocht seo a leanas: 'Tá sé de cheart acu go n-aithneofaí agus go n-éascófaí a gcumas gníomhúcháin, ionchur a bheith acu…'. Agus níos faide ar aghaidh, dar tús 'Cuireann an fholláine fhisiceach ar a gcumas…'; | Cuimhnigh ar: '…a bheith eachtrúil, a gcumas gníomhúcháin agus a neamhspleáchas a léiriú, dúshláin a leagan síos…'. |
| Tugadh roinnt téarmaí isteach ar gá tuilleadh mínithe a thabhairt orthu agus comhthéacs a thabhairt ina leith, mar shampla *misniúil*. Faoi 'Folláine', deir sé 'bíonn siad misniúil' gan aon réamhrá faoin téarma '*misniúil*' ná '*brave'* agus an chiall atá leis sin. Is luach é misneach a bhfuil bríonna éagsúla ag baint leis ag brath ar an gcultúr agus cuirtear in iúl anseo gur cáilíocht dhúchasach i bpáistí é. Níl meas ag gach cultúr ar mhisneach go deimhin, agus tá tuiscintí ag roinnt cultúr ar an bhfocal 'misniúil' atá thar a bheith éagsúil leis an tuiscint a d'fhéadfadh a bheith againne air | Is gá cur síos a thabhairt, mar sin, ar an méid atá i gceist le 'misniúil' mar bhua nó luach i gcultúr na hÉireann agus an dóigh a bhféadfadh 'misniúil' a bheith éagsúil le 'misneach' mura bhfuil an bhrí cheannann chéanna acu. Ar an dara dul síos, ba cheart a aithint go bhféadfadh páistí a bheith muiníneach, inniúil agus gníomhaíoch ach d'fhéadfaí nach mbeidís misniúil. D'fhéadfaí a thabhairt le fios le misniúil nach bhféadfadh páistí a bheith cúthail nó gur cheart misneach a chur in ionad chúthaileacht na bpáistí mar mheon atá i gcodarsnacht leis sin. |
| | Tarraing níos mó airde ar naisc shóisialta chun béim a chur ar an gcaoi gur neacha caidreamhacha sóisialta muid agus go bhfuil ár gcaidrimh le daoine eile ina ngné bhunriachtanacha dár sláinte agus dár bhfolláine mar dhaoine daonna. |
| | Cuir béim níos láidre ar an gcomhbhá sa téama seo, go háirithe i dtéarmaí léiriú agus cleachtais na comhbhá. |
| Tacaíonn an súgradh fisiceach gníomhach agus eispéiris amuigh faoin aer a bhfolláine iomlánaíoch (lch 18). | Cuimhnigh ar 'súgradh ar mhaithe leis an súgradh' a chur isteach chun súgradh, nach bhfuil aon tionchar ag daoine fásta air, a spreagadh. |
| Ceangail dhaingne a fhorbairt agus taithí a fháil ar chaidrimh sheasmhacha chómhalartacha chothaitheacha lena dtacaítear le muinín agus nascacht le gaolta, cairde, oideoirí agus pobal (lch 19). | Cuir 'an dúlra' leis sin. |
| 'A gcorp a úsáid le bogadh/bheith gníomhach, le taithí a fháil, le fiosrú agus taiscéalaíocht a dhéanamh, agus lena bhfisiciúlacht a shíneadh trí thimpeallachtaí cumasaithe ionchuimsitheacha agus eispéiris spraíúla | Cuir súgradh amuigh faoin aer leis sin. |

<table>
<tr><td>lena spreagfaí cleachtadh, dúshláin, eachtraíocht agus máistreacht' (lch 19).</td><td></td></tr>
<tr><td>Tá sé de cheart acu a bheith gníomhaíoch agus ionchur a bheith acu i gceisteanna a mbíonn tionchar acu orthu (lch 18). Níl baint iomlán ag an dá chlásal lena chéile</td><td>Cuimhnigh ar an dá chlásal sin a scaradh óna chéile</td></tr>
<tr><td>Tá sé de cheart acu a bheith gníomhaíoch agus ionchur a bheith acu i gceisteanna a mbíonn tionchar acu orthu. Léiríonn siad urraim freisin dóibh féin, do dhaoine eile agus dá dtimpeallacht. Trína léiriú féin go cruthaitheach agus trí thaithí a fháil ar ghné spioradálta den saol, feabhsaítear braistint folláine babaithe, naíonán agus páistí óga. Soláthraítear deiseanna dóibh le cur lena mbraistint ar ionadh, draíocht, nósanna, buíochas agus taitneamh a bhaint as an saol (lch 18)<br><br>Tá sé tábhachtach dea-shláinte fhisiceach na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga a chur chun cinn (lch 18)</td><td>Moltar é a athrú go dtí an méid seo a leanas: Toisc gur foghlaimeoirí gníomhaíocha inniúla agus muiníneacha iad babaithe, naíonáin agus páistí óga, tá sé de cheart acu ionchur a bheith acu in ábhair a bhfuil baint acu leo.<br><br>Cuir an téarma 'spioradálta' leis an ngluais téarmaí<br><br>Moltar é a athrú go dtí an méid seo a leanas: Tá sé tábhachtach sláinte fhisiceach agus folláine na mbabaithe, na naíonán agus na bpáistí óga a chur chun cinn</td></tr>
<tr><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Féiniúlacht agus Muintearas<br><br>Úsáideadh teanga níos láidre i ndáil leis an gcur chuige i leith chearta na bpáistí, tarraingíodh aird freisin ar an tuiscint ar an luach a bhaineann leo agus le hathléimneacht, comhbhá agus atrua a fhorbairt. Tá sé fréamhaithe i ndearcadh a bhaineann le cearta na bpáistí agus a dhíríonn ar na tacaí a theastaíonn uaim chun go mbeidh mé in ann a bheith rathúil agus an chaoi a dtacaíonn an t-oideoir luathbhlianta leis an méid a bhíonn ag teastáil uaim.<br><br>Tá idéil láidre sa téama seo, rud a léiríonn an curaclam OSPS ag leibhéal na bunscoile. Maidir leis an mbéim ar an ionchuimsiú agus ar an ilchineálacht in éineacht leis an bhféiniúlacht agus muintearas a chothú, lena n-áirítear meas orthu féin agus ar dhaoine eile, tá naisc láidre aige sin leis na snáithe sa churaclam OSPS</td></tr>
</table>

| Foclaíocht leasaithe don téama seo | |
|---|---|
| *Is éard atá i gceist le Téama na Féiniúlachta agus an Mhuintearais ná babaithe, naíonáin agus páistí óga, atá ag forbairt a bhféiniúlachta féin trína gcuid caidreamh lena dteaghlach, a bpiaraí agus a bpobal, agus go mbraithfidís meanma meithle (rud a léiríonn spiorad agus teacht le chéile an phobail). Tá bonn eolais ag na hoideoirí bunaithe ar an bhfeasacht atá acu ar aois, teanga, inscne, stádas teaghlaigh, míchumas, stádas socheacnamaíoch. eitneacht, reiligiún, dearcadh saoil nó ballraíocht de phobal an Lucht Siúil* [Féach siar ar na tuairimí maidir leis na hAchtanna um Stádas Comhionann agus na naoi bhforas leithcheala, agus machnamh á dhéanamh ar an liosta sin, agus/nó soiléirigh na téarmaí a úsáidtear]. *Bíonn tuiscint dhearfach ag páistí ar cé hiad féin agus braitheann siad go n-aithnítear iad agus go bhfuil meas orthu mar gheall air sin.*<br><br>*Ón mbreith i leith, forbraíonn babaithe, naíonáin agus páistí óga tuiscint ar cé hiad féin. Imríonn caidrimh le daoine muinteartha, daoine fásta agus páistí eile, cairde, piaraí agus daoine dá bpobal ról ríthábhachtach i dtacú leo agus iad ag forbairt a bhféiniúlachta. Bíonn féiniúlachtaí iomadúla ag babaithe, naíonáin agus páistí óga …*<br><br>Ar fud *Aistear*, spreagtar oideoirí chun teachtaireachtaí dearfacha aitheantais, measa, grá agus spreagtha a chomhroinnt le babaithe, naíonáin agus páistí óga, chun tacú leo tuiscint dhearfach a bheith acu ar cé hiad féin; muinín a bheith acu go n-éistfear lena nguth, go gcloisfear é agus go bhfreagrófar iad. Tugann na teachtaireachtaí seo muinín dóibh freisin lena gcuid dearcthaí agus tuairimí a chur in iúl, le roghanna a dhéanamh agus le ról a bheith acu i múnlú a gcuid foghlama féin. Le *Aistear*, cuirfear cleachtas chun cinn lena gcuimsítear ilchineálacht agus machnamh ar mheonta i leith an chomhionannais agus na hilchineálachta. Tá aitheantas ann go mbíonn tionchar ag a leithéid de mheonta agus luachanna ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga, rud a thacaíonn le hoideoirí chun léargais, féinfheasacht agus scileanna a fhorbairt chun babaithe, naíonáin agus páistí óga a chumhachtú chun braistint láidir féiniúlachta agus muintearais a fhorbairt. Cabhraíonn sé seo lena chinntiú go mbíonn meas ar agus urraim ann do gach babaí, naíonán agus páiste óg agus go bhféadann siad an leithcheal agus an chlaontacht a aithint agus freagairt dóibh. | |
| Ról an Duine Fhásta | Cuir ról an duine fhásta i ngach ceann de na ceithre théama, agus tabhair aghaidh go sonrach ar an gcaoi ar féidir le hoideoirí tacú le Féiniúlacht agus Muintearas<br><br>(féach leathanach 20): chun an ról atá acu i bhforbairt fhéiniúlacht an pháiste agus an bhraistint mhuintearais a bhíonn acu a admháil. Mar shampla: “Tá sé tábhachtach domsa (an páiste) go ndéanann tú cumarsáid liom go foighneach, go mbíonn léirthuiscint agat dom, agus go |

| | |
|---|---|
| | léiríonn tú meas ar mo bhaile, mo theaghlach. Is droichead thú idir mo bhaile agus na háiteanna eile a chaithim mo chuid ama.” “Déan cumarsáid fúm féin (an páiste) agus faoi mo theaghlach go measúil, fiú mura bhfuil mé i láthair…” |
| Néara-éagsúlacht | Tarraing aird ar thábhacht na néara-éagsúlachta, agus tabhair mínithe agus samplaí de straitéisí. Cuir béim ar an ngá do pháistí a bheith ag foghlaim faoin néara-éagsúlacht in éineacht le daoine fásta |
| Timpeallacht | Cuir béim ar thábhacht timpeallachta cuí a chomhlíonann riachtanais gach páiste, lena n-áirítear páistí atá néara-éagsúil. Cuimhnigh ar an néara-éagsúlacht a chomhtháthú ar fud an chreata agus faoi théama na bpobal nua freisin, b’fhéidir |
| Ionchuimsiú agus Cothromas<br><br>Níl an chuma ar an scéal gur luadh cothromas sa réamhrá don téama seo, ach tá comhionannas ann faoi dhó<br><br>Ceist maidir le comhionannas a lua nuair is é cothromas an prionsabal sainaitheanta<br><br>Sonraímid go bhfuil an focal ‘míchumas’ sa sampla sin | Ba cheart Ilchineálacht, Comhionannas agus Cothromas a bheith sa téama seo toisc go mbaineann tuiscint an pháiste ar cé hiad féin le soláthar cúraim páistí a chuireann cleachtais ilchineálacha, chomhionanna agus chothroma chun cinn<br><br>Úsáid comhsheasmhacht teanga<br><br>Ba cheart é a bheith sa phrionsabal ilchineálachta, cothromais agus ionchuimsithe freisin. |

| | |
|---|---|
| Aithnítear teanga baile níos déanaí sa téama cumarsáide, ach, b'fhéidir gur fiú é a chur isteach anseo freisin<br><br>Dírítear go fóill ar chomhionannas deise in ionad comhionannas coinníollacha (Baker et al, 2001) mar fhreagairt lena léirítear na dúshláin a bhíonn i saolta páistí go leor, dúshláin a bhaineann leis an mbochtaineacht, soláthar díreach, easpa dídine, leithcheal | Tá deis anseo chun tagairt shonrach a dhéanamh d'Ilchineálacht Teanga mar aitheantas agus mar ómós don teanga baile a bhfuil ról suntasach aici i múnlú fhéiniúlacht an pháiste agus an muintearas a bhraitheann siad.<br><br>Cuir béim ar an gá le cur chuige i leith stóir eolais<br><br>Cuir i dtábhacht gur gá aird a tharraingt ar riachtanais páistí aonair, agus cuir béim ar mhachnamh láidir ar ionchuimsiú agus cothromas<br><br>Ba cheart nasc díreach a bheith idir an creat agus an Chairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus na Treoirlínte chun tacú le smaointeoireacht chomhleanúnach agus leanúnachas. Ba cheart tagairt a dhéanamh d'oideachas neamhchlaontachta go deimhin. Tá sé tábhachtach go smaoinítear ar fhriotal cuid de na pointí freisin agus go ndéantar iad níos follasaí, go háirithe a mhéid a bhaineann le freagairt don leithcheal agus do chiníochas mar shampla. Tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar 'cén fáth' agus 'conas' roinnt de na frásaí. Ba cheart na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a neadú anseo |
| Spriocanna Foghlama agus Aidhmeanna | Cuir isteach an téarma 'uathúil' in Aidhm 4 chun gné níos fiúntaí den fhéiniúlacht a ghabháil<br><br>Scar ceartas sóisialta ó Fholláine chun béim a chur ar a thábhachtaí atá sé |

| | |
|---|---|
| Tá béim láidir ar cheiliúradh go fóill | Mol líon níos lú spriocanna foghlama do gach aidhm ar mhaithe le soléiteacht fheabhsaithe<br><br>Is fiú 'cruthaitheacht' a chur san áireamh in éineacht le meonta eile a liostaítear sa tuairisceoir in Aidhm 4<br><br>Mol fócas níos láidre ar chur chuige an cheartais shóisialta agus oideolaíocht atá freagrúil go cultúrtha<br><br>Déan athmhachnamh ar an bhfocal 'ceiliúradh' sna tuairisceoirí in aidhm 2 |
| Téama an Phobail | Cuir béim ar thábhacht an téama i ndáil le pobal, teaghlach agus ilchineálacht. Moltar tuilleadh béime a chur ar ionchuimsiú agus fáilte a chur roimh theaghlaigh nua sna suíomhanna oideachais<br><br>Tarraing aird sa tuairisceoir sin ar thionchair idirnasc agus idirspleáchas an phobail dhomhanda i ndáil le féiniúlacht babaithe, naíonán agus páistí óga agus an dóigh a mbraitheann siad muintearas. Leis sin chomhtháthófaí an prionsabal 'saoránaigh ghníomhaíocha dhomhanda' tuilleadh ar fud an chreata |
| Pobal an Luchta Siúil<br><br>Tá deis ann chun insint dhearfach a bhaineann le hionchuimsiú agus infheictheacht don Lucht Siúil agus na Romaigh a chur in ionad insint dhiúltach | Cuir isteach íomhánna a bhfuil ceangal ag an Lucht Siúil agus na Romaigh leo; mar shampla, íomhá de charbhán a chur i gcreat *Aistear*. Ina theannta sin, d'fheabhsófaí úsáid ábhair a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil agus na Romaigh sna Luathbhlianta muintearas láidir i measc an Lucht Siúil agus na Romach in Oideachas Luathbhlianta. Ábhair amhail |

| | |
|---|---|
| | míreanna mearaí a léiríonn saol an Lucht Siúil nó na Romach, agus leabhair a léiríonn cultúr an Lucht Siúil agus na Romach<br><br>Faigh soiléiriú maidir leis an bhfáth a sainaithnítear daoine den Lucht Siúil go sonrach sa cháipéis |
| ETIM<br><br>Tuiscint mhéadaitheach ar an tábhacht a bhaineann le féiniúlacht ETIM a bhunú go luath i saol an pháiste…tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás cailíní agus páistí ó chúlraí mionlaigh…a léirítear i roinnt mhaith cáipéis beartais ón Roinn Oideachais ó 2016 i leith. | Is féidir le hacmhainní agus gléasanna digiteacha tacú le féiniúlacht an pháiste agus an muintearas a bhraitheann siad. Is féidir aipeanna a úsáid chun focail a thaifeadadh i dteanga baile an pháiste, is féidir íomhánna den bhaile a bhailiú agus a chomhroinnt ach úsáid a bhaint as ceamaraí digiteacha nó bogearraí amhail Padlet. Is féidir le páistí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun caidrimh a chruthú leis an bpobal áitiúil agus forleathan freisin, le haipeanna amhail Zoom |
| STEAM | Is gá tagairt a dhéanamh do STEAM sa téama seo. |
| Féiniúlachtaí Inscneacha<br><br>D'fhéadfaí níos mó béime a chur ar fhéiniúlachtaí inscneacha agus an tslí a gceistíonn oideoirí steiréitíopaí inscne agus súgradh inscneach, rud atá go mór i réim fós i roinnt suíomhanna Oideachais agus Cúraim Luath-Óige | Moltar foclaíocht leasaithe don téama seo… Ar fud *Aistear*, spreagtar oideoirí chun teachtaireachtaí dearfacha aitheantais, measa, grá agus spreagtha a chomhroinnt le babaithe, naíonáin agus páistí óga, chun tacú leo tuiscint dhearfach a bheith acu ar cé hiad féin; muinín a bheith acu go n-éistfear lena nguth, go gcloisfear é agus go bhfreagrófar iad. Tugann na teachtaireachtaí seo muinín dóibh freisin lena gcuid dearcthaí agus tuairimí a chur in iúl, le roghanna a dhéanamh agus le ról a bheith acu i múnlú a gcuid foghlama féin. Le *Aistear*, cuirfear cleachtas chun cinn lena gcuimsítear ilchineálacht agus machnamh ar mheonta i leith an chomhionannais agus na hilchineálachta. Tá aitheantas ann go mbíonn tionchar ag a leithéid de mheonta agus luachanna ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga, rud a thacaíonn le hoideoirí chun léargais, féinfheasacht agus scileanna a fhorbairt chun babaithe, naíonáin agus páistí óga a chumhachtú chun braistint láidir féiniúlachta agus muintearais a fhorbairt. Cabhraíonn sé seo lena chinntiú go mbíonn meas ar agus |

| | |
|---|---|
| | urraim ann do gach babaí, naíonán agus páiste óg agus go bhféadann siad an leithcheal agus an chlaontacht a aithint agus freagairt dóibh. Cabhraíonn sé seo lena chinntiú go mbíonn meas ar agus urraim ann do gach babaí, naíonán agus páiste óg agus go bhféadann siad steiréitíopaí, an chlaontacht agus an leithcheal a aithint agus freagairt dóibh go réamhghníomhach |
| Deirtear ar leathanach 20: 'Cabhraíonn sé seo lena chinntiú…go bhféadann [páistí] an leithcheal agus an chlaontacht a aithint agus freagairt dóibh'. Measaimid go bhfuil an friotail sin sách doiléir, d'oideoirí fiú. Conas a mheastar a 'fhreagródh' páistí do leithcheal? | Teastaíonn míniú níos mó<br><br>Moltar an abairt fhada ar leathanach 20 a bhriseadh síos ar mhaithe le soléiteacht agus cumarsáid a fheabhsú |
| | Leasaigh lch 20 mar a leanas:<br><br>"Tá sé tábhachtach domsa (an páiste) go ndéanann tú cumarsáid liom go foighneach, go mbíonn léirthuiscint agat dom, agus go léiríonn tú meas ar mo bhaile, mo theaghlach. Is droichead thú idir mo bhaile agus na háiteanna eile a chaithim mo chuid ama."<br><br>"Déan cumarsáid fúm féin (an páiste) agus faoi mo theaghlach go measúil, fiú mura bhfuil mé i láthair…" |
| Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe – Is gá díriú ar bhonn níos láidre ar ár bhféiniúlacht agus muintearas ar an domhan mór; na freagrachtaí atá orainn as an domhan agus mar shaoránach domhanda | Tá deiseanna ann, chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a neadú trí chleachtais OFI, teanga agus leideanna, a thapú sa téama Féiniúlacht agus Muintearas<br><br>Ba cheart OFI a bheith ar fud na cáipéise, lena n-áirítear sa téama seo agus sna hAidhmeanna a leanann |

| |
|---|
| Cumarsáid<br><br>Léirítear cumarsáid mar théama go fairsing ar fud na cáipéise, agus cuirtear béim ansin freisin ar thábhacht an pháiste sa lár agus is léir go gcuirtear cearta na bpáistí san áireamh. Táthar ar son na mbealaí iomadúla cumarsáide a cuireadh isteach, chomh maith leis an réimse modhanna léirithe. Cé go n-aithnítear na bealaí iomadúla a dhéanann páistí cumarsáid, tugann sé an deis chun cuimhneamh ar na bealaí iomadúla chun cumarsáid a dhéanamh |

| | |
|---|---|
| agus a gcuid foghlama a léiriú sa suíomh luathbhlianta. Tá sé tábhachtach go n-aithnítear gur féidir leis an gcumarsáid a bheith samhlaíoch agus measaimid go mbeidh sé thar a bheith fiúntach ‘timpeallacht ionchuimsitheach shaibhir cumarsáide’ a chruthú.<br><br>Fiosraíonn an téama an bhéim atá ar idirghníomhaíochtaí fiúntacha a chothú agus timpeallacht ina gcuirtear an fhoghlaim ar bhonn fiosraithe chun cinn a chruthú. Cuirtear béim ar riachtanais an pháiste aonair agus ar an bhfoghlaim chéadfach. Maidir leis an gcur síos ar oideoirí agus ar pháistí mar ghníomhaithe ina gcuid foghlama fein, tacaítear leis an gcoincheap iomlán i ndáil le taiscéalaíocht, smaointeoireacht agus fiosracht | |
| Litearthacht<br><br>‘Úsáideann siad modhanna iolracha chun cumarsáid a dhéanamh…plobaireacht; gogalach; teanga(cha)…agus cumarsáid bhreisitheach agus mhalartach’ (lch 24). | ‘Is é an caoineadh an chéad chéim i bhforbairt teanga agus is minic a ndéantar neamhaird air mar phríomhfhoirm den chumarsáid – Moltar é a athrú go ‘caoineadh, plobaireacht, gogalach…’. |
| | Leathnaigh an bhéim ar leabhair chun ‘timpeallacht atá saibhir ó thaobh ábhar clóite de’ a áireamh, lena gcuirtear an litearthacht chun cinn |
| Aidhmeanna | Aidhm 3: Déanfaidh babaithe, naíonáin agus páistí óga a dtuiscint ar an domhan a fhairsingiú trí chiall a bhaint as a gcuid eispéireas trí eispéiris litearthachta agus uimhearthachta a bhíonn ag teacht chun cinn, d’fhéadfaí bia agus amanna béile a shonrú go soiléir mar dheiseanna |
| | Aidhm 3: ba cheart cúram agus smaointeoireacht chriticiúil a chur i bhfeidhm maidir leis an rogha scéalta a roinntear le babaithe, naíonáin agus daoine óga. Ba cheart na scéalta sin a roghnú agus a úsáid chun anailís chriticiúil a chothú, chomh maith le tuiscint ar mheonta difriúla agus chun comhbhá, dlúthpháirtíocht, cothromas agus ceartas a bhaint amach, in ionad iad a úsáid chun steiréitíopaí agus paraidímí láidre a neartú. Soláthraíonn Oideachas Saoránachta Domhanda bealaí iomadúla chun tacú leis an anailís chriticiúil sin, agus chun Aidhm 4 a fheabhsú, a dhíríonn ar chruthaitheacht agus samhlaíocht, ar príomhghnéithe den Oideachas Saoránachta Domhanda iad. |

| | |
|---|---|
| Teicneolaíocht | Cuir isteach teicneolaíocht dhigiteach mar cheann de na bealaí iomadúla ar féidir le páistí a gcuid cumarsáide agus scileanna litearthachta digití a fhorbairt |
| | Tabhair aghaidh ar na hábhair imní i ndáil leis an mbéim láidir ar an teicneolaíocht agus tabhair treoraíocht shoiléir i ndáil le húsáid shábháilte shláintiúil<br><br>Cuir béim ar an ngá le cothromaíocht idir gníomhaíochtaí digiteacha agus gníomhaíochtaí gan scáileáin, agus aithin go bhfuil páistí ag fás aníos i ré dhigiteach<br><br>Iarr tuilleadh samplaí agus mínithe maidir le húsáid 'teicneolaíochtaí digiteacha' chun míthuiscint a sheachaint agus chun rannpháirteachas fiúntach a chur chun cinn |
| Mata/Uimhearthacht | Déan tagairt shonrach do pháistí agus daoine fásta a dhéanann cumarsáid trí chomhrá mata (de réir Dooley et al., 2014, arna fhoilsiú ag CNCM) agus a úsáid teanga eolaíochta laistigh de na hAidhmeanna, chun an meas ar ETIM sa chreatchuraclam a dhéanamh níos follasaí. Ní dhéantar ach tagairt amháin don uimhearthacht sa chuid a bhaineann le cumarsáid ach aithnítear go forleathan í mar mheán do na páistí a gcuid tuisceana a chur in iúl i saol na suíomhanna luath-óige |
| ETIM | Is féidir le tábhacht léirithe páistí ar a gcuid smaointeoireachta agus eolais i gcás ETIM, a chuireann lena scileanna meiteachognaíocha, tacú leis na hEalaíona agus leis an gcruthaitheacht ar bhealaí éagsúla. |
| Aidhm 3, Sprioc Foghlama 3 | Moltar soiléireacht i ndáil le teicneolaíocht dhigiteach a úsáid mar ábhar taitnimh |
| Aidhm 4, Sprioc Foghlama 2 | Tabhair míniú ar 'ealaín neamhbhuan' idir lúibíní |
| Comhtháthú na Teanga Baile | Cuir béim ar a thábhachtaí atá sé a bheith eolach ar theanga baile páiste agus í a chur sa churaclam |

| | |
|---|---|
| | Spreag comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí le haghaidh tacaíocht teanga, lena n-áirítear comhairle maidir le fuaimniú agus focail choitianta |
| Ionchuimsitheacht | Cuir béim ar thábhacht na hionchuimsitheachta sa chumarsáid, go háirithe do pháistí réamhbhriathartha<br><br>Tarraing aird ar a thábhachtaí atá sé modhanna éagsúla cumarsáide a aithint, lena n-áirítear teanga chomharthaíochta agus modhanna cumarsáide malartacha |
| Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú | Ba cheart ilchineálacht, cothromas agus ionchuimsiú a shní isteach i dtéama na cumarsáide agus d'fhéadfaí díriú níos mó ar an mbreisteangachas. Is gá a bheith ionchuimsitheach i ndáil leis an mbreisteangachas agus, dá bhrí sin, ba cheart machnamh a dhéanamh ar na tagairtí don Ghaeilge sa chuid seo. Tá teangacha oidhreachta cultúrtha eile in Éirinn amhail Caintis agus Gaimis an Lucht Siúil. Cuir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe isteach anseo |
| | Dírigh níos mó ar an gcumarsáid idirchultúrtha agus ar an mbreisteangachas, nach ndéantar mórán tagartha dó faoin téama seo. Ba cheart ilchineálacht chultúrtha agus ionchuimsiú a shní isteach tríd na téamaí agus ní hamháin sa téama Féiniúlacht agus Muintearas |
| Maidir leis an tagairt do '…tábhacht na Gaeilge…' ní hí sin oidhreacht chultúrtha cách, ní hí oidhreacht na dteaghlach a tháinig go hÉirinn ná na pobail/grúpaí eitneacha a bhí ina gcónaí ar an oileán seo go stairiúil. Cruthaítear tuiscint 'muidne agus iadsan' leis an bhfriotal sin, agus ní chuirtear ionchuimsiú chun cinn | Leasaigh é mar a leanas: '…tábhacht na Gaeilge mar chuid amháin d'oidhreacht chultúrtha na tíre seo'<br><br>Meabhraítear go bhfuil teangacha stairiúla eile ann a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha na hÉireann, lena n-áirítear Caintis agus Ultais/Ullans. |
| An Próiseas, seachas an Táirge<br><br>Tabhair faoi deara neamhthábhacht na béime ar phróiseas seachas táirge sa téacs | Neartaigh an coincheap i gcodanna eile den chreat |

| | |
|---|---|
| Aistrithe | Cuir aistrithe isteach agus mínigh coincheap an marc-chruthaithe ar bhealach gonta |
| Tadhall | Cuir isteach cumarsáid trí mheán an tadhaill toisc gur teicníc chumarsáide an-chumhachtach é sin |
| Gaeilge | D'fhéadfaí an tagairt a neartú agus tagairt fhollasach a dhéanamh do chur chun cinn na Gaeilge agus an tábhacht a bhaineann le meon dearfach i leith na teanga a chothú trí eispéiris spraíúla chuí ó na luathbhlianta ar aghaidh.  Cuir isteach tagairt do theangacha baile eile sa ghiota tosaigh freisin – Cé go ndéantar tagairt dóibh sna haidhmeanna, ba cheart iad a chur san áireamh sa chuid tosaigh mar gheall ar a lárnaí atá siad i muintearas an pháiste, sa chumas atá acu cumarsáid a dhéanamh agus teangacha a thuiscint |
| 'Tacaíonn *Aistear* leis an bhfoghlaim i dtaobh thábhacht na Gaeilge inár n-oidhreacht chultúrtha' (lch 24). | Cuir isteach an bealach a bhfuil ár n-oidhreacht nasctha leis an domhan mór nó aitheantas do chultúir eile a shaibhríonn ár gcuid oidhreachta féin |
| Sábháilteacht agus Folláine Páistí | Luaigh a thábhachtaí atá sé sábháilteacht agus folláine, idir fhisiciúil agus mhothúchánach, a chinntiú sna timpeallachtaí foghlama ina bhfuil siad i ndáil le cumarsáid a dhéanamh agus a gcuid riachtanas, smaointe agus mothúchán a chur in iúl do dhaoine eile |
| Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe | Tá deiseanna ann, chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a neadú trí chleachtais OFI, teanga agus leideanna, a thapú sa téama Cumarsáid. Ba cheart OFI a bheith ar fud na cáipéise, lena n-áirítear sa Téama seo agus sna hAidhmeanna a leanann |
| Oideolaíocht mhall chaidreamhach | I réamhrá an téama seo cuir isteach tagairt don bhealach a mbeadh tábhacht ar leith ag baint le hoideolaíocht mhall chaidreamhach i gcás cumarsáid a dhéanamh le páistí. Bheadh sé tábhachtach an coincheap comhsmaointeoireacht leanúnach (Siraj Blatchford et. al, 2002) a lua anseo freisin agus an fáth a bhfuil sé tábhachtach leas a bhaint aisti agus obair á déanamh le páistí óga. |

| | |
|---|---|
| Saorléiriú<br><br>Táthar ar son an aitheantais a thugtar do ghníomhaíochtaí cruthaitheacha amhail 'ealaín, marc-chruthú, damhsa, dráma, ceol, filíocht, pictiúr, scríbhneoireacht agus scéalta' (lch 24) mar mheán cumarsáide agus léirithe | Cuir isteach saorléiriú sna foirmeacha seo chun aitheantas a thabhairt d'am na cruthaitheachta ar bhealach ba mhian leis an mbabaí, naíonán, páiste óg |
| Straitéisí Cumarsáide<br><br>'Straitéisí éagsúla cumarsáide a chumasc chun roghanna, smaointe agus tuairimí a chur in iúl' (lch 24). | Cuir isteach 'agus chun meas a léiriú ar roghanna, smaointe agus tuairimí daoine eile' |
| Cé go n-aithníonn an téama sin cumarsáid ilmhódach, díríonn sé an iomarca ar theanga ó bhéal agus cumarsáid bhriathartha | |
| Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht<br><br>Cuirtear béim ar chreatchuraclam bunaithe ar chearta a sholáthróidh leanúnachas san fhoghlaim a leanfaidh ar aghaidh sa bhunscoil | |
| Aidhmeanna | Rachadh sé chun tairbh na bpáistí dá dtabharfaí breac-chuntas go sonrach ar an mbia mar aidhm don téama seo. |
| Aidhm 1 | San aidhm seo tá eispéiris ETIM agus tíreolaíocht agus stair ar chomhchéim ach níl aon treoraíocht faighte againn maidir leis na réimsí sin agus bunaithe ar an mbéim ar ETIM i mbeartas an rialtais, níl a dtábhacht ar chomhchéim |
| Aidhm 1 | Moltar an téarma ETIM a chur san áireamh in Aidhm 1 agus an aidhm a dhéanamh níos gonta |
| Aidhm 2, Sprioc Foghlama 1 | Athraigh 'teoiricí' go 'a dteoiricí feidhmiúla' |
| Aidhm 2, Sprioc Foghlama 2 | |

| | |
|---|---|
| Ceistítear úsáid na teicneolaíochta digití mar shampla in Aidhm 2, Sprioc Foghlama 2. | Moltar béim a chur ar ábhair oscailte agus eispéiris/acmhainní ón bhfíorshaol chun tús áite a thabhairt dóibh in ionad teicneolaíocht dhigiteach |
| Aidhmeanna 2 agus 4 | Moltar teanga níos soiléire agus níos gonta |
| Aidhm 3 | Tarraing aird ar thábhacht na n-eispéireas amuigh faoin aer |
| | Tabhair isteach na focail 'eolaíocht' agus 'mata' anseo |
| Sainaithint Smaointe Matamaiticiúla | Moltar smaointe agus coincheapa sonracha matamaiticiúla a ainmniú agus a shainaithint sna haidhmeanna/spriocanna foghlama nó sna treoirlínte/acmhainní breise |
| Aois agus Céim Forbartha | Iarrtar friotal nua ar abairt chun aois agus céim forbartha a léiriú in ionad aois chroineolaíoch |
| Soiléireacht na Teanga | Moltar trédhearcacht a chinntiú ach téarmaí coimhthíocha amhail 'flóra agus fána' a sheachaint. |
| Oideoirí Gníomhaíocha agus Aistrithe<br><br>Tabhair faoi deara infheictheacht oideoirí gníomhaíocha agus aistrithe i dtéamaí sonracha | Moltar feabhsuithe d'infheictheacht níos fearr |
| Teanga | Moltar an teanga a shimpliú i dtéama chun an teachtaireacht lárnach a chur in iúl ar bhealach níos éifeachtúla. |
| ETIM/STEAM<br>Is suntasach an easpa tagartha do STEAM. Cé go luaitear na réimsí ar leith sa chreat…tá an cur chuige in aghaidh an choincheapa STEAM atá ina chur chuige comhtháite nó trasdisciplíneach, a tharraingíonn ar eolas agus scileanna ó na réimsí ar leith ar bhealach praiticiúil a thacaíonn le réiteach fadhbanna, agus smaointeoireacht chriticiúil, srl., trí eispéiris phraiticiúla bunaithe ar shúgradh | |
| Míriú | In ionad an fhrása 'Foghlaimíonn siad faoi thíreolaíocht agus faoin oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe', úsáid 'Foghlaimíonn siad |

| | |
|---|---|
| | faoi thíreolaíocht agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe, trí chur chuige an oideachais le haghaidh forbairt inbhuanaithe' agus cuir leis an abairt seo: '…feasacht agus tuiscint ar a ról maidir le haire a thabhairt don domhan agus do neacha eile, lena n-áirítear daoine eile agus neacha beo eile' |

## Aguisín 6: Treoirlínte don Dea-Chleachtas

| | |
|---|---|
| Ginearálta | Cinntigh go bhfuil siad simplí d'úsáideoirí agus gur féidir iad a chur in oiriúint agus go bhfuil siad solúbtha, gur féidir iad a shaincheapadh do sheirbhísí chun a chinntiú nach teimpléad eile a bheidh ann nach mór a líonadh amach |
| Smaointe Móra | Mar chuid den Fhoghlaim agus Forbairt trí mheán an tSúgartha, smaoineamh mór ba cheart a áireamh ná ETIM luath-óige. Ní shainaithnítear ETIM go follasach sna prionsabail agus téamaí ná sa ghluais, ach áirítear iontu meonta, bealaí smaoinithe, súgradh agus cruthaitheacht, fiosracht, srl., a fhaightear in eispéiris foghlama ETIM |
| | Smaointe móra eile ba cheart a áireamh mar chuid den Fhoghlaim agus Forbairt trí mheán an tSúgartha ná litearthacht dhigiteach agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil mar ghné den litearthacht dhigiteach, oideolaíochtaí bunaithe ar shúgradh lena mbaineann teicneolaíochtaí digiteacha, eispéiris foghlama bunaithe ar thionscadail in Oideachas agus Cúram Luath-Óige, agus úsáid uirlisí róbatacha agus cuir chuige dhíphlugáilte i leith smaointeoireacht ríomhaireachtúil. Féach: ECFE (2023) *Starting Strong*: *Empowering Young Children in the Digital Age*, Le fáil: [https://read.oecd-ilibrary.org/education/empowering-young-children-in-the-digital-age_50967622-en](https://read.oecd-ilibrary.org/education/empowering-young-children-in-the-digital-age_50967622-en) #leathanach112 lgh 112-134 |
| | Féach agus déan nuashonrú ar ainmniú na smaointe móra i bhfianaise na n-athruithe ar an gcreat |
| | Cuir isteach an frása 'foghlaimeoirí gníomhaíocha, inniúla agus muiníneacha' leis an smaoineamh mór. De rogha air sin, dá gcuirfí i láthair na smaointe móra sa ghrafaic Tacú le *Aistear* ar leathanach 11, d'fhéadfaí an bealach a bhfuil siad sin laistigh nó lasmuigh den chreat a thabhairt le fios |
| Teanga Baile | Moltar tagairt fhollasach a dhéanamh dá thábhachtaí atá sé súgradh sa bhaile sa teanga baile a éascú (lch 31-37) |
| Téarmaíocht | Moltar cúlghearradh le mínithe agus luanna. Tá comhthuiscint ann agus ba cheart í a úsáid sa Chreat. |
| Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú | Déan tagairt d'oideachas neamhchlaontachta freisin (nó ina ionad sin) |
| | 'Aithníonn an t-oideoir tábhacht an teaghlaigh, an chultúir, na (d)teanga(acha), na luachanna, an chreidimh, na dtraidisiún, na n-eispéireas agus na spéiseanna a thugann babaithe, naíonáin agus páistí óga leo óna mbaile agus óna bpobal' (lch 9).<br><br>Cuir isteach na focail 'saol atá ag síorathrú agus atá idircheangailte agus idirspleách ar bhonn domhanda' (lch 5) |
| | 'Léiríonn meas ar ár stair agus ár scéal cultúrtha agus teanga agus, i suíomhanna Béarla, tugann isteach téarmaí Gaeilge mar chuid de seo' (lch 10). |

| | |
|---|---|
| | Moltar go gcuirfí isteach 'agus aithníonn na naisc atá againn leis an domhan mór'. |
| Timpeallachtaí ionchuimsitheacha foghlama a chruthú (lch 35) | Bunriachtanach chun ilchineálacht, cothromas agus ionchuimsiú a chur chun feidhme sa chleachtas. Is gá díriú ar bhonn níos láidre ar a chinntiú go bhfuil cothromas daingnithe sa suíomh Oideachais agus Cúraim Luath-Óige. Forbair an píosa sin tuilleadh agus bíodh sé níos infheicthe. In Aguisín 1, Sampla 2 (lch 45), déantar tagairt d'Oideolaíocht mhall chaidreamhach ar bhonn praiticiúil: Táimid ar son ionchuimsiú an tsampla sin i ndáil leis an Lucht Siúil ach deis nach dtapaítear é dar linn nach n-ainmnítear roinnt dúshlán don Lucht Siúil agus Oideachas agus Cúram Luath-Óige á rochtain. Cuirtear in iúl sna tuairimí an dúshlán a bhaineann leis an scaradh do Sadie agus dá máthair, agus a máthair ag triail ar an mbreisoideachas. Is fiú a luath freisin go bhféadfaí go bhfuil an teaghlach neirbhíseach mar gheall ar an eispéireas nua seo de thoradh na heagla roimh leithcheal dóibh siúd agus dá mbabaí, go háirithe. Tá sé tábhachtach íomhánna de pháistí den Lucht Siúil agus de pháistí Romacha a chur sa treoir chleachtais. Úsáid samplaí ón gcleachtas maidir leis an mbealach chun tacú le hionchuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach. |
| | Ní thapaítear an deis sa chuid seo chun aghaidh a thabhairt ar an ilchineálacht laistigh den timpeallacht ar bhealach níos iomlánaíche. Luaitear ann rannpháirtíocht fhiúntach agus ionadaíocht a fhorbrófar tuilleadh de réir mar a chuirtear béim air, ach is fiú tuilleadh plé a dhéanamh air sin, fiú má bhíonn sé gairid.<br><br>Ba cheart moltaí maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar ábhair chuí, agus iad a aimsiú, a lua anseo freisin. |
| Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí (lch 32). | Ceistítear cén fáth a bhfuil 'Ag tacú le hinbhuanaitheacht' faoi 'Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú…' sa réimse seo. Bheadh sé níos oiriúnaí é a chur faoi Foghlaim agus Forbairt trí Mheán an tSúgartha |
| | Tabhair samplaí praiticiúla agus treoirlínte maidir leis an mbealach chun comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí |
| Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí mheán an Mheasúnaithe (lch 36) | Tá an chuid róghonta – tá sé riachtanach tuilleadh treoraíochta a thabhairt |
| Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíochta (lch 33) | Ní léir cad as ar tháinig an frása, 'samhail fhreagrúil agus dhaonlathach oideachais agus cúraim' – níl sé sa Gluais Téarmaí (cé go bhfuil 'daonlathas' ann; ach ceistímid an sainmhíniú ar dhaonlathas ansin). Nuair a úsáidtear téarmaíocht cosúil leis sin, a bheadh ina téarmaíocht nua do go leor oideoirí b'fhéidir, agus nach mbeadh cur amach ag mic |

| | |
|---|---|
| | léinn an Oideachais agus an Chúraim Luath-Óige uirthi go cinnte, ní mór í a bhunú le mínithe agus tagairtí don fhianaise |
| Sampla 1: Taifeadadh na foghlama | An iomarca mionsonraí agus d'fhéadfadh cuma chasta iomarcach a bheith air. Srianta ama oideoirí, ba cheart eolas agus scileanna a mheas go cúramach agus acmhainní den sórt sin á ndearadh |
| Measúnú Foirmitheach | Tabhair treoirlínte maidir leis an mbealach a ndéantar sin |
| Sampla 2: Caidrimh a Chothú trí oideolaíocht mhall chaidreamhach | Teastaíonn struchtúr níos slachtmhaire le príomh-cheannteideal agus príomhfhócas |
| Sampla 3 Tacú leis an inbhuanaitheacht sa Luath-Óige | Is gá dó a bheith níos cuíchóirithe toisc go mbaineann sé de na prionsabail agus téamaí agus cuirtear níos mó sraitheanna leis |
| | Tugtar le fios gur gníomhaíocht chuí chun comhbhá a léiriú is ea a bheith páirteach in ócáidí tiomsaithe airgid. Is féidir le hócáidí tiomsaithe airgid steiréitíopaí agus neamhionannas córasach a dhaingniú ach d'fhéadfadh níos mó tairbhe a bheith ag baint le gníomhartha dlúthpháirtíochta, amhail feachtasaíocht le haghaidh athrú nó eolas a fháil faoin mbunchúis. |
| Sampla 4 A luachmhaire atá súgradh faoi stiúir an pháiste le babaithe a thuiscint | Baintear de na téamaí agus na prionsabail agus gearrtar an nasc le príomhchuspóir *Aistear*.<br><br>Moltar go dtiocfadh an teideal ó na treoirlínte bunaidh agus príomh-cheannteideal agus fo-cheannteideal agus ansin go nascfaí na prionsabail agus téamaí le chéile le cur síos gairid agus/nó grianghraf faoin dóigh a bhfuil siad nasctha |
| Inbhuanaitheacht agus an domhan nádúrtha | Tabhair samplaí praiticiúla agus cás-staidéir chun tacú le hoideoirí le heispéiris laethúla |
| | 'Mar shaoránaigh dhomhanda, bíonn freagracht atá ag teacht chun cinn maidir le hinbhuanaitheacht ag gach babaí, naíonán agus páiste óg' (lch 32). Is tábhachtach a lua anseo go bhfuil an freagracht ar an suíomh/ar an gcleachtóir a bheith ag smaoineamh ar na hábhair a úsáidtear, cé a tháirgeann iad, conas a aimsítear iad agus conas a athchúrsáiltear nó a athúsáidtear iad |
| | Comhtháthaigh an t-ábhar maidir le hinbhuanaitheacht sa treoraíocht maidir le Prionsabal 1 – Saoránach Gníomhaíoch Domhanda |
| Ról an duine fhásta | Dá mbainfí ról an duine fhásta sna prionsabail is gá an staid thábhachtach sin a shoiléiriú áit éigin eile. Ní mór béim a chur ar ról an duine fhásta sa súgradh, sa phleanáil agus i bhforbairt an churaclaim sna treoirlínte seo. |
| Hipearnaisc | Cuir isteach hipearnaisc le hábhair tacaíochta ábhartha ar fud na cáipéise (m.sh., QRF) |

# Aguisín 7: Impleachtaí do Luath-Thumoideachas/Suíomhanna Béarla (aighneachtaí scríofa)

Moltar an méid seo a leanas in aighneacht amháin:

- Forbairt leagan Gaeilge den *Aistear* nuashonraithe

- Ba cheart an leagan Gaeilge a phlé le painéal ó na naíonraí chun a chinntiú go bhfuil sé inléite agus inúsáidte, agus nach gá a bheith ag brath ar an leagan Béarla chun tuiscint a fháil air

- D'fhéadfadh oiriúnú in ionad aistriúchán díreach a bheith níos cuí i gcásanna áirithe, de réir mar a dhéantar i gcás dlínsí eile a bhfuil teangacha dúchais ann. D'fhéadfadh treoir i ndáil leis sin a bheith ar fáil ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA).

| Samplaí de leaganacha malartacha de théacs a d'fhéadfadh a bheith níos cuí don chomhthéacs teanga ina bhfeidhmíonn naíonraí | |
|---|---|
| Le *Aistear*, dearctar ar an luath-óige trí thrí aoisraon, a bhfuil forluí eatarthu, leis na difríochtaí a léiriú sa chaoi a ndéanann babaithe, naíonáin agus páistí óga dul chun cinn toisc go bhfoghlaimíonn agus go bhforbraíonn gach duine acu ar bhealach uathúil casta iomlánaíoch | Dearcann *Aistear* ar an luath-óige trí thrí aoisraon dhifriúla, a bhfuil forluí eatarthu, leis na difríochtaí a léiriú sa chaoi a ndéanann babaithe, naíonáin agus páistí óga dul chun cinn nó is amhlaidh go bhfuil an fhoghlaim agus an fhorbairt fhoriomlán a bhíonn acu casta, agus tá gach duine acu uathúil |

Ábhair Mhachnaimh do Shuíomhanna Luath-Thumoideachais

1. B'fhéidir go mbeadh gá le háiseanna agus tacaí difriúla bunaithe ar chomhthéacs teanga an naíonra (m.sh., cé acu sa Ghaeltacht nó lasmuigh di atá sé suite)

2. D'fhéadfadh leibhéil éagsúla inniúlachta sa Ghaeilge a bheith ag oideoirí, rud a fhágann go bhfuil gá le forbairt ghairmiúil leanúnach atá i gcomhréir leis an leibhéal atá ag an duine chun cabhrú leo saibhreas sa teanga a shealbhú

3. Tá neart easnamh ag baint leis na tacaí atá ar fáil do naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht, i láthair na huaire go háirithe. Is gá na tacaí sin a fhorbairt chun naíonraí a chaomhnú agus a neartú

Ábhair Mhachnaimh do Shuíomhanna Béarla

4. D'fhéadfaí nach bhfuil áiseanna atá ar fáil cheana féin do shuíomhanna luath-thumoideachais ábhartha ná inúsáidte dóibh

5. Glantosaitheoirí a bheidh i roinnt múinteoirí, daoine ó chúlraí teanga éagsúla nach bhfuil aon taithí acu ar an nGaeilge

6. B'fhéidir nach mbeadh sé d'acmhainn ag eagraíochtaí deonacha, a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta do shuíomhanna luath-thumoideachais, chun tacaíocht a thabhairt do shuíomhanna Béarla i ndáil le cur chun cinn na Gaeilge

# Aguisín 8: Aistriúcháin Ghaeilge mhalartacha a mholtar (aighneachtaí scríofa)

| Leathanach | Téacs reatha | Aistriúchán a mholtar |
|---|---|---|
| 32 | Tógann sé meitheal chun leanbh a thógáil It takes a village to raise a child | Seanfhocal Afracach nach bhfuil oiriúnach d'aistriúchán díreach agus tá ciall an aistriúcháin Gaeilge sách difriúil, go deimhin. Fág an Seanfhocal Afracach mar atá gan é a aistriú go Gaeilge |
| 33 | Ní neart go cur le chéile There is nothing we cannot do together | There's no strength without unity |
| 33 | An áit a bhfuil do chroí is ann a thabharfas do chosa thú<br><br>Your feet will bring you to where your heart is | Ceist maidir le hábharthacht |
| 34 | Mol an óige agus tiocfaidh sí<br><br>Praise the youth and they will succeed | Praise the young and they will flourish |

# Aguisín 9: Teimpléad aighneachtaí scríofa

**_Aistear_ á Nuashonrú Comhairliúchán Chéim 2**

**Teimpléad aighneachtaí scríofa le haghaidh eagraíochtaí, grúpaí agus daoine aonair**

Tá an teimpléad seo ann le cabhrú leat (agus le do chomhghleacaithe) aighneacht scríofa a fhorbairt maidir le h*Aistear* á Nuashonrú. Iarrtar ort d'aighneacht chomhlánaithe a chur trí ríomhphost chuig updatingaistear@ncca.ie

Tá an teimpléad bunaithe ar na Prionsabail, na Téamaí agus Tacú le h*Aistear*. Tugtar achoimre ghairid ar gach cuid mar thacaíocht le hoibriú ar an aighneacht. Sula gcuirfidh tú an teimpléad i gcrích léigh an dréacht nuashonraithe de *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* ag an nasc seo: https://ncca.ie/ga/an-luath-oige/forbairti-oideachais-luath-oige/aistear-a-nuashonru/comhairliuchan/

Ráiteas Cosanta Sonraí

Tá CNCM tiomanta do do phríobháideacht a chosaint agus ní bhailíonn sé aon fhaisnéis phearsanta fút tríd an teimpléad seo, seachas an t-eolas a chuireann tú féin ar fáil. Tabharfar aird ar aon eolas pearsanta a sholáthraíonn tú do CNCM de réir na gcaighdeán is airde slándála agus rúndachta, de réir RGCS (2016) agus an Achta um Chosaint Sonraí (2018).

Caithfidh CNCM, mar chomhlacht poiblí atá ag feidhmiú faoin Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus Faisnéis Phoiblí (2021), taighde a bhfuair maoiniú ón bpobal a fhoilsiú go poiblí. Déanfar na sonraí ar fad ón suirbhé seo a anaithnidiú agus a chomhiomlánú a thuilleadh sula bhfoilseofar iad agus ní chuirfear ar fáil iad go dtí go mbeidh an tuarascáil deiridh ar an gcomhairliúchán seo curtha i gcrích. Tá tuilleadh eolais faoi Bheartas Cosanta Sonraí CNCM le fáil anseo.

*Má tá tú ag nochtadh do chuid tuairimí mar **dhuine aonair**, cuir do chuid sonraí ar fáil thíos*

| | |
|---|---|
| **Ainm:** | |
| **Seoladh ríomhphoist:** | |
| **Ar mhaith leat a bheith liostaithe mar rannpháirtí sa chomhairliúchán ar shuíomh gréasáin CNCM?** | Ba mhaith/Níor mhaith |
| **Ar mhaith leat go bhfoilseofaí d'aighneacht scríofa ar shuíomh gréasáin CNCM?** | Ba mhaith/Níor mhaith |

*Má tá tú ag nochtadh do chuid tuairimí ar son **eagraíochta nó grúpa**, iarrtar ort sonraí na heagraíochta sin a chur ar fáil thíos*

| | |
|---|---|
| **Ainm** | |
| **Seoladh ríomhphoist:** | |
| **Ainm na heagraíochta/an ghrúpa:** | |
| **Ar mhaith le d'eagraíocht a bheith liostaithe mar rannpháirtí sa chomhairliúchán ar shuíomh gréasáin CNCM?** | Ba mhaith/Níor mhaith |
| **Ar mhaith le d'eagraíocht go bhfoilseofaí an aighneacht scríofa seo ar shuíomh gréasáin CNCM?** | Ba mhaith/Níor mhaith |

**Príomhtheachtaireachtaí na Moltaí**

Léiríodh le Céim 1 go bhfuil *Aistear* iontaofa le himeacht aimsire agus fós ábhartha a bheag nó a mhór. Léiríodh go bhféadfaí cuid de na réimsí a nuashonrú, áfach. Is é is aidhm leis an gcuid seo go dtuigfear do thuairimí faoi na nuashonraithe atá molta.

| |
|---|
| Cén méid a dhéanann na moltaí struchtúr *Aistear* a choimeád ach rannáin faoi leith a nuashonrú? |
| An dtarraingíonn na moltaí níos mó airde ar thábhacht na n-idirghníomhaíochtaí agus na gcaidreamh idir babaithe, naíonáin, páistí óga, tuismitheoirí, oideoirí agus daoine tábhachtacha eile ina saol? |
| An gcuireann na moltaí béim ar bhabaithe, naíonáin agus páistí óga mar shaoránaigh a bhfuil cearta acu chun páirt bhríoch a ghlacadh agus tionchar a imirt ar na cinntí a théann i bhfeidhm orthu? |
| An ndéanann na moltaí coincheapa na hilchineálachta, an chothromais agus an ionchuimsithe a leabú? |
| An ndéanann na moltaí béim a leagan ar lárnacht na foghlama tríd an súgradh agus trí eispéiris phraiticiúla agus í a athdhearbhú? |

| An dtacaíonn na moltaí le níos mó leanúnachais i dtaca le heispéireas agus dul chun cinn na foghlama do bhabaithe, naíonáin agus páistí óga? |
| --- |

**Prionsabail *Aistear***
Táthar tar éis líon na bprionsabal a leasú ó 12 go 9 gcinn agus iad a athfhrámáil. De bhreis air sin, tá sé d'aidhm leis na moltaí Téamaí *Aistear* a chomhtháthú go réidh saoráideach ar feadh na bPrionsabal. Ba mhór linn aiseolas a fháil uait i dtaobh na n-athruithe seo.
**Iarrtar ort d'aiseolas ar Phrionsabail *Aistear* a chur isteach anseo:**

| |
| --- |
| |

**Téamaí *Aistear***
Mar bhonn agus mar thaca faoi *Aistear*, tá ceithre Théama foghlama agus forbartha. Moltar go mbeidh na Spriocanna Foghlama faoi gach Téama ina ráitis leathana agus infheicthe fós a thacófaí le forbairt agus le foghlaim i dtaca le babaithe, naíonáin agus páistí óga. Moltar go mbeadh Prionsabail Aistear fite fuaite agus infheicthe ar fud Théamaí *Aistear*.
Is é is aidhm leis an gcuid seo, aiseolas mionsonraithe a fháil uait maidir le cé acu atá na príomhathruithe seo le feiceáil sna dréachtmholtaí.  Tá fáil ar na dréacht-tograí anseo mar eolas duit.

| **Iarrtar ort aiseolas sonrach a thabhairt maidir le gach Téama *Aistear*.** |
| --- |
| **Téama: Folláine** |
| **Téama: Féiniúlacht agus Muintearas** |
| **Téama: Cumarsáid** |
| **Téama: Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht** |

**Agus tú ag léamh na moltaí, an bhfuil Prionsabail *Aistear* fite fuaite agus infheicthe ar fud Théamaí *Aistear*?**

**Iarrtar ort aon aiseolas eile ba mhaith leat a roinnt linn i dtaca leis na moltaí a chur isteach anseo:**

# Tacú le *Aistear*

## Cuid 1: Treoirlínte don Dea-Chleachtas

Tá cur síos ar leathanaigh 27 go 33 ar na Treoirlínte don Dea-Chleachtas. Forbraíonn na Treoirlínte don Dea-Chleachtas roinnt smaointe tábhachtacha a tugadh isteach sna Prionsabail agus Téamaí. Léiríonn siad freisin teachtaireachtaí tábhachtacha, nó smaointe móra, eile ó Chéim 1 den chomhairliúchán le *Aistear* a nuashonrú, agus ó thaighde agus athruithe níos leithne sochaíocha agus beartas. Tá na smaointe móra leagtha amach de réir Threoir bhunaidh *Aistear* don Dea-Chleachtas.

- *Comhpháirtíochtaí idir Tuismitheoirí agus Cleachtóirí*
- *Foghlaim agus Forbairt trí mheán na hIdirghníomhaíochta*
- *Foghlaim agus Forbairt trí mheán an tSúgartha*
- *Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí mheán an Mheasúnaithe*.

Moltar go ndéanfaí iad seo a leathnú agus go gcuirfí leo trí acmhainní a forbraíodh do Thacar Uirlisí *Aistear*. Tá acmhainní samplacha le fáil in Aguisín 1 de na dréachtmholtaí.
**Iarrtar ort d’aiseolas foriomlán a thabhairt maidir leis na Treoirlínte Dea-Chleachtais.**

## Cuid 2: Tacú le hOideoirí

Mínítear ar leathanach 34 de na moltaí gur deis é an comhairliúchán seo chun faisnéis a bhailiú maidir leis na cineálacha tacaíochtaí a theastaíonn chun tacú le hoideoirí luath-óige i dtaca le hoibriú leis an gCreat.

**Iarrtar ort aiseolas a thabhairt maidir leis an gcaoi ar féidir tacú le hoideoirí luath-óige i dtaca le hoibriú leis an gcreatchuraclam. Mar shampla, cén sórt acmhainní b'fhiú a chur san áireamh sna Treoirlínte don Dea-Chleachtas?**

## Aguisín 10: Grafaic eolais a léiríonn Prionsabail Aistear le haghaidh Luathfhoghlama agus Luathfhorbartha




**Figure 2:** *Aistear's* Principles for Early Learning and Development

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment